# An Homafóibe agus an tIdirdhealú ar Fhorais an Treoshuímh Ghnéasaigh agus na Féiniúlachta Inscne i mBallstáit an AE

## Cuid II: An Scéal ó thaobh Cúrsaí Sóisialta

Aistriúchán gan fíorú

SÉANADH: COWI agus an *Danish Institute for Human Rights* [Institiúid na Danmhaire um Chearta Daonna] a sholáthair na sonraí agus an fhaisnéis atá sa tuarascáil seo. Is é FRA atá freagrach as na conclúidí agus na tuairimí.

**Séanadh:**
**I gcás ceisteanna maidir leis an aistriúchán seo téigh i gcomhairle le do thoil leis an leagan Béarla, atá mar bhunleagan agus leagan oifigiúil na cáipéise seo.**

Aistriúchán gan fíorú

Tá mórán eolais bhreise maider leis an Aontas Europach ar fail ar an idirlíon. (http://europa.eu).

FRA – Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha
Schwarzenbergplatz 11 – 1040 Vín – An Ostair
Teil +43 158030-0 – Facs +43 158030-699
info@fra.europa.eu – fra.europa.eu

TK-30-09-002-GA-N

© Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, 2009

D'fhonn grianghraif cuimsithe anseo a úsáid nó a atáirgeadh, caithfear cead a lorg go díreach ó shealbhóir an chóipchirt.

# Brollach

Ar an 18ú Nollaig 18 2008 chuala Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe dearbhú láidir arna dhréachtú ag an bhFrainc agus ag an Ísiltír thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a bhí comhurraithe ag sé thír is seasca as gach réigiún. Iarradh leis an dearbhú go ndéanfaí an homaighnéasacht a dhíchoiriúlú ar fud an domhain agus cáineadh gníomhaíochtaí lenar sáraíodh cearta an duine ar bhonn an treoshuímh ghnéasaigh nó na féiniúlachta inscne.

San Aontas Eorpach toirmisctear, faoi Airteagal 13 de Chonradh an CE, aon idirdhealú bunaithe ar an treoshuíomh gnéasach agus is é Cairt um Chearta Bunúsacha an AE an chéad chairt idirnáisiúnta um chearta an duine lena n-áirítear an téarma "treoshuíomh gnéasach" go follasach. Taispeántar sa staidéar ar chúrsaí dlí a d'fhoilsigh muid i mí Mheitheamh 2008 go soláthraíonn 18 mBallstát den AE cosaint cuíosach cuimsitheach cheana féin ar an idirdhealú ar fhorais an treoshuímh ghnéasaigh, agus i mí Iúil 2008, mhol an Coimisiún Eorpach go mbeidh cosaint níos láidre i bhfeidhm ar fud an AE ar an idirdhealú ar gach aon fhoras.

Tá an scéal ó thaobh cúrsaí sóisialta ina údar imní áfach. Le blianta beaga anuas, tháinig comharthaí scanrúla ó shraith imeachtaí i mBallstáit an AE, amhail cosc á chur ar mháirseálacha Bróid, fuathchaint ó pholaiteoirí agus ráitis éadulangacha ó cheannairí reiligiúin, agus d'adhain na comharthaí seo díospóireacht as an úr faoi a fhairsinge is atá an homafóibe agus an t-idirdhealú i gcoinne daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasghnéasacha agus tras-inscne san Aontas Eorpach. D'fhág imeachtaí den sórt sin gur ghlac Parlaimint na hEorpa rún in 2005 lenar cáineadh an homafóibe agus an t-idirdhealú ar bhonn an treoshuímh ghnéasaigh.

Dhá bhliain níos déanaí i samhradh 2007 d'iarr Parlaimint na hEorpa ar an nGníomhaireacht nuabhunaithe um Chearta Bunúsacha tuarascáil chuimsitheach chomparáideach a fhorbairt lena gclúdófaí gach Ballstát den AE maidir leis an scéal ó thaobh na homafóibe agus an idirdhealaithe ar bhonn an treoshuímh ghnéasaigh. Mar fhreagairt air sin, sheol an Ghníomhaireacht mórthionscadal taighde ar chúrsaí dlí agus sóisialta i rith 2007 agus 2008.

Bhí an tuarascáil chuimsitheach seo comhdhéanta de dhá chuid, anailís ar chúrsaí dlí agus ar chúrsaí sóisialta, agus cuirtear an tuarascáil i láthair Pharlaimint na hEorpa agus a Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile mar fhianaise go bhfuil gníomhartha ag teastáil ionas go n-urramófar, go gcosnófar agus go gcuirfear cearta bunúsacha daoine LADT trasna an AE chun cinn.

Tá an anailís ar chúrsaí sóisialta atá san fhoilseachán seo bunaithe ar shonraí agus ar fhaisnéis faoin gcomhthéacs atá i dtuarascálacha tíre do gach Ballstát den AE. Bailíodh ábhar uathúil trí agallaimh mar chuid den obair allamuigh le hEagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT, le Comhlachtaí Comhionannais agus

Aistriúchán gan fíorú

le húdaráis phoiblí i ngach Ballstát chomh maith le suibhé ceistneora ar pháirtithe leasmhara. Comhcheanglaíodh na sonraí nua seo le scrúdú críochnúil ar staidéir acadúla atá ann cheana féin agus ar shuirbhéanna an Eorabharaiméadair chun an dara cuid dár dtuarascáil a fhorbairt, anailís chuimsitheach ar chúrsaí sóisialta lena gcomhlánaítear anailís an FRA ar chúrsaí dlí a eisíodh i mí Mheitheamh 2008.

Taispeántar leis an obair nach bhfuil an scéal mar atá faoi láthair sásúil maidir le cearta an duine do leispiaigh, d'fhir aeracha, do dhéghnéasaigh, do thrasghnéasaigh agus do dhaoine tras-inscne. Baineann idirdhealú, bulaíocht agus ciapadh do go leor daoine LADT, agus, rud ar mó an t-údar imní é, braitheadh cásanna inar tharla ionsaithe fisiciúla freisin: Úsáidtear focail dhímheasúla maidir le daoine aeracha agus leispiacha i scoileanna. Féadann an ciapadh tarlú go laethúil ag an láthair oibre. Is minic nach mbíonn daoine atá i gcaidreamh in ann stádas a dhaingniú dá chéile mar pháirtithe dleathacha iomlána. I dtithe altranais, is annamh a bhíonn daoine ar an eolas faoi riachtanais daoine LADT. Sna cúinsí seo, bíonn an 'dofheictheacht' ina straitéis le fanacht beo. Níl sé seo inghlactha in Aontas Eorpach inar socraíodh gurb iad prionsabail na córa comhionainne agus reachtaíocht an neamh-idirdhealaithe bunús an Aontais.

Céard is gá a dhéanamh?

Má táthar le gníomhaíochtaí lena sáraítear cearta bunúsacha a chomhrac go héifeachtach, is é an chéad rud atá ag teastáil ná gealltanas láidir ón aos polaitíochta do phrionsabail na córa comhionainne agus an neamh-idirdhealaithe. Caithfidh ceannairí polaitíochta ar leibhéal an AE agus ar leibhéal náisiúnta seasamh láidir a ghlacadh i gcoinne na homafóibe agus an idirdhealaithe i gcoinne daoine LADT agus daoine tras-inscne, agus ar an gcaoi seo, beidh siad ag cabhrú le hathrú dearfach a bhaint amach ó thaobh dhearcaí agus iompar an phobail.

An dara rud atá ag teastáil ná eolas maith ar an scéal, bunaithe ar shonraí téagartha lena dtreorófar an próiseas le beartais agus gníomhartha a fhorbairt a bheidh bunaithe ar fhianaise. Tá an taighde seo ina chéim dhearfach thábhachtach sa treo seo. Ach tá sé fós riachtanach go bhforbróidh údaráis chomhionannais agus sainchomhlachtaí eile i gcuid mhaith Ballstát meicníochtaí le sonraí a bhailiú, go gcuirfidh siad taighde eolaíoch chun cinn, agus go spreagfaidh siad daoine LADT go gníomhach le teacht chun cinn agus gearáin a dhéanamh maidir le heachtraí ina ndearnadh idirdhealú orthu.

Leis na tuairimí atá sa tuarascáil seo, soláthraítear an cúnamh agus an saineolas riachtanach d'fhorais an AE agus do na Ballstáit, faoi mar is gá de réir ár Rialacháin, chun tacú leo agus bearta nó gníomhartha á ndéanamh acu laistigh dá réimsí inniúlachta faoi seach ionas go n-urramófar cearta bunúsacha go hiomlán.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann na Gníomhaireachta as a cuid oibre, le Caroline Osander, bainisteoir tionscadail ón

Aistriúchán gan fíorú

*Danish Institute for Human Rights* [Institiúid na Danmhairge um Chearta an Duine], agus leis an mbainisteoir tionscadail, Mikael Keller, agus leis an sainchomhairleoir Mads Ted Drud-Jensen ó *COWI*.

*Morten Kjaerum*
*Stiúrthóir, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha*

Aistriúchán gan fíorú

# Clár


**BROLLACH** .......... 3

**CLÁR** .......... 6

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN** .......... 7

**TUAIRIMÍ** .......... 18

**RÉAMHRÁ** .......... 25

Soiléiriú maidir le téarmaí agus coincheapa .......... 27

Modheolaíocht .......... 32

**CUID I: LEISPIAIGH, FIR AERACHA, DÉGHNÉASAIGH AGUS DAOINE TRASGHNÉASACHA/TRAS-INSCNE SAN AE** .......... 34

Dearcaí ar Dhaoine LADT .......... 34

An Fhuathchoireacht agus an Fhuathchaint .......... 46

Saoirse Chomhthionóil .......... 66

An Margadh Saothair .......... 73

Oideachas .......... 88

Sláinte .......... 98

Institiúidí Reiligiúnacha .......... 107

Spóirt .......... 112

Na Meáin .......... 117

Tearmann .......... 123

An tIl-Idirdhealú .......... 130

**CUID II: DAOINE TRAS-INSCNE: SAINCHEISTEANNA SONRACHA** .......... 138

**CONCLÚIDÍ** .......... 162

Iarscríbhinn 1 Údair na dTuarascálacha Tíre .......... 165

Iarscríbhinn 2 Ríomhcheistneoir do Pháirtithe Leasmhara .......... 168


Aistriúchán gan fíorú

# Achoimre Feidhmiúcháin

Cúlra

Tá prionsabal na córa comhionainne ina luach bunúsach den Aontas Eorpach. Is é Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh an chéad ionstraim idirnáisiúnta um chearta an duine lena dtoirmisctear an t-idirdhealú ar bhonn an "treoshuímh ghnéasaigh" go follasach ina Airteagal 21 (1):

> “Toirmiscfear aon idirdhealú atá bunaithe ar aon fhoras amhail gnéas, cine, dath, tionscnamh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó treoshuíomh gnéasach”.

Go dtí gur glacadh Conradh Amstardam, bhí fócas chaingne dlí an AE ina leith seo ar an idirdhealú a chosc ar fhorais náisiúntachta agus gnéis. Deonaíodh cumhachtaí nua don Chomhphobal le hAirteagal 13 de Chonradh Amstardam leis an idirdhealú, ar fhorais ghnéis, tionscnaimh chine nó eitnigh, reiligiúin nó chreidimh, mhíchumais, aoise nó treoshuímh ghnéasaigh, a chomhrac. Dá thoradh sin, achtaíodh dhá Threoir nua ón gCE sa réimse i gcoinne an idirdhealaithe: Treoir an AE maidir le Cothromas Ciníocha agus an Treoir maidir le Comhionannas Fostaíochta. Ní sholáthraítear cosaint ar an idirdhealú ar fhorais an treoshuímh ghnéasaigh leis an Treoir maidir le Comhionannas Fostaíochta ach i réimse na fostaíochta agus na hoibre amháin áfach.

I mí Mheitheamh 2007, d’iarr Parlaimint na hEorpa ar an nGníomhaireacht um Chearta Bunúsacha tuarascáil chuimsitheach, chomparáideach a fhorbairt maidir leis an scéal ó thaobh na homafóibe agus an idirdhealaithe bunaithe ar an treoshuoímh gnéasach i mBallstáit an Aontais Eorpaigh leis an aidhm go gcabhrófaí le Coiste Pharlaimint na hEorpa um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, agus é ag plé an ghá le Treoir lena gclúdófaí gach foras idirdhealaithe arna liostú in Airteagal 13 de Chonradh an CE le haghaidh gach earnáil ar tagraíodh di sa Treoir maidir le Cothromas Ciníocha 2000/43/CE. Is iad na hearnálacha seo ná oideachas, slándáil sóisialta, cúram sláinte agus rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí.

Mar fhreagairt air sin, d'ullmhaigh agus lainseáil an Ghníomhaireacht tionscadal mór i mí na Nollag 2007 a raibh dhá chuid ann, de réir a modheolaíochta idirdhisciplíní maidir le cúrsaí sóisialta agus dlí. Sa chéad chuid, a foilsíodh i mí Mheitheamh 2008, tá anailís chuimsitheach, chomparáideach ar an scéal mar atá i mBallstáit an Aontais Eorpaigh ó thaobh cúrsaí dlí. Bhí an anailís chomparáideach ó thaobh cúrsaí dlí bunaithe ar 27 staidéar náisiúnta ar chúrsaí dlí lenar clúdaíodh Ballstáit uile an AE agus a dréachtaíodh ar bhonn treoirlínte mionsonraithe arna soláthar ag an FRA. Is éard atá sa dara cuid, arb é an foilseachán láithreach é, ná anailís chuimsitheach, chomparáideach ar chúrsaí sóisialta, bunaithe ar shonraí a bhí ar fáil as gach cearn den Aontas Eorpach, chomh maith le taighde mar chuid den

Aistriúchán gan fíorú

obair allamuigh, agus is éard a bhí i gceist leis sin ná agallaimh agus comhráite comhstádais le príomhghníomhaithe ábhartha, a sheol an *Danish Institute for Human Rights* (*DIHR*) [Institiúid na Danmhairge um Chearta an Duine] agus an ghnólacht sainchomhairliúcháin idirnáisiúnta *COWI*.

Is éard a bheadh i liosta fíorchruinn de na saincheisteanna a chlúdaítear sa tuarascáil seo ná "an homafóibe, an trasfóibe, agus an t-idirdhealú ar fhorais an treoshuímh ghnéasaigh, na féiniúlachta inscne agus an léirithe inscne”. Tá sainmhínithe ar na coincheapa seo ar fad le fáil sa rannán ‘Soiléiriú Téarmaí’ den rannán ‘Réamhrá agus Téarmaí’. Sa chás gur gá, ar mhaithe le cruinneas maidir leis an mbrí, úsáidfear leagan iomlán na dtéarmaí seo ar fad. Ar mhaithe le cúrsaí ó thaobh stíle a éascú, i gcodanna den tuarascáil, áfach, glacfar leis go bhfuil na réimsí seo ar fad i gceist faoi theidil na ‘homofóibe’ agus ‘an idirdhealaithe ar fhorais an treoshuímh ghnéasaigh’; úsáidfear an téarma ‘an homafóibe agus saincheisteanna gaolmhara' chun na réimsí eile seo a chuimsiú uaireanta freisin.

1. Príomhthorthaí

Is fadhb don Aontas Eorpach é an scéal mar atá faoi láthair ó thaobh cúrsaí sóisialta do leispiaigh; d’fhir aeracha, do dhéghnéasaigh, agus do dhaoine thrasghnéasacha agus tras-inscne (LADT). Baineann idirdhealú, bulaíocht agus ciapadh do leispiaigh, d’fhir aeracha, do dhéghnéasaigh, agus do dhaoine thrasghnéasacha agus tras-inscne trasna an AE. Is minic a bhíonn ráitis dímheasúla, leasainmneacha á nglaoch ar dhaoine agus is maslaí nó drochíde ó bhéal a bhíonn i gceist leis seo, ach rud ar mó an t-údar imní é, is ea ionsaithe ó bhéal agus ionsaithe fisiciúla freisin. Faoi mar a taispeánadh le torthaí Shuirbhé an Eorabharaiméadair Iúil 2008 faoin Idirdhealú, measann breis is leathchuid de shaoránaigh an AE, ar an meán, go bhfuil an t-idirdhealú ar fhorais an treoshuímh ghnéasaigh forleathan ina dtír.

Léirítear lenár n-imscrúdú go mbaineann an *homafóibe* do dhaoine LADT ina saol laethúil; chomh maith leis an bhfaitíos agus col neamhréasúnach roimh agus leis an homaighnéasacht agus roimh agus le leispiaigh, fir aeracha agus déghnéasaigh, agus tagann an faitíos agus col sin as an gclaontacht. Baineann an *trasfóibe* do dhaoine tras-inscne ar bhealach cosúil lenar luadh thuas.

Téann an t-idirdhealú, an homafóibe agus an trasfóibe i bhfeidhm ar shaol agus ar roghanna daoine LADT i ngach réimse den saol sóisialta. Ó luathbhlianta a saoil ar aghaidh, múintear dóibh fanacht dofheicthe de bharr na bhfocal dímheasúil a úsáidtear le haghaidh daoine aeracha agus leispiacha i scoileanna; is minic a bhaineann ciapadh agus idirdhealú dóibh ag an láthair oibre; i gcuid mhaith tíortha, ní féidir leo a gcaidrimh lena chéile a dhaingiú mar pháirtithe dleathacha; is annamh a fheiceann siad daoine LADT á léiriú ar bhealach

Aistriúchán gan fíorú

dearfach sna meáin; nuair a bhíonn cóireáil á lorg acu dóibh féin nó dá bpáirtí, bíonn siad idir dhá chomhairle maidir le cé acu an nochtóidh siad iad féin i suímh ina ndéantar talamh slán de gur heitrighnéasach atá i ngach duine; i dtithe altranais, is annamh a bhítear tuisceanach agus ar an eolas faoina riachtanais. Agus más dídeanaithe iad atá ag lorg tearmainn ón ngéarleanúint i dtríú tíortha mar gheall ar a dtreoshuíomh gnéasach nó a bhféiniúlacht inscne, is minic nach gcreidtear iad nó, níos measa, go ndiúltaítear scun scan dóibh, fiú más coir í an homaighnéasacht sa tír ónar theith siad.

Is iomaí cuid den Eoraip agus suíomh sóisialta ina gcuireann an faitíos roimh an idirdhealú, roimh an homafóibe agus roimh an trasfóibe le ‘dofheictheacht’ daoine LADT. Is minic a ghlacann daoine LADT leis an 'dofheictheacht' mar ‘straitéis le fanacht beo’ mar gheall ar na rioscaí a fheictear dóibh a bheith ann go ndéanfar idirdhealú ina gcoinne. Is cuid é seo den chúis le líon measartha íseal na ngearán trasna an AE faoin idirdhealú ar fhorais an treoshuímh ghnéasaigh, na féiniúlachta inscne nó an léirithe inscne, i gcomparáid le gearáin faoin idirdhealú ar fhorais eile.

**Roinnt difríochtaí idir Ballstáit**

Tá bac curtha ar an gceart bunúsach ar shaoirse chomhthionóil i roinnt Ballstát ag údaráis phoiblí nó de bharr ionsaithe ó ‘fhrithléirsitheoirí'. Tuairiscíodh eachtraí den sórt sin i gcúig Bhallstát (an Bhulgáir, an Eastóin, an Laitvia, an Pholainn agus an Rómáin). Thairis sin, sna tíortha seo, agus i sé Bhallstát bhreise, (an Bhulgáir, Poblacht na Seice, an Chipir, an Ungáir, an Iodáil agus Málta), is freagairtí diúltacha a fuarthas beagnach i gcónaí ó roinnt polaiteoirí agus ó ionadaithe institiúidí nó grúpaí reiligiúnacha nuair a bhíothas ag éileamh go bhfeabhsófaí cearta daoine LADT.

I mBallstáit eile áfach, cheiliúir eagraíochtaí LADT imeachtaí bróid agus airí rialtais, páirtithe polaitíochta, agus i roinnt cásanna, eagraíochtaí reiligiúnacha ag glacadh páirte iontu: **san Ísiltír** ghlac triúr aire rialtais páirt in *Canal Pride* 2008 [Bród na Canálach] in Amstardam, agus iad ag feidhmiú ar son na comh-aireachta, agus ghlac méara Amstardam páirt ann freisin. **San Ostair**, bhí comhlacht comhionannais chathair Vín i measc 120,000 rannpháirtí Bhród 2008; **sa tSualainn**, d’oscail Aire Ghnóthaí an AE *EuroPride* [Eorabhród] Stócólm, imeacht a mheall breis is 80,000 rannpháirtí, Eaglais Liútarach na tíre ina measc; **Sa Spáinn**, ghlac an tAire Comhionannais páirt i mBród Mhaidrid 2008 chomh maith leis na céadta míle rannpháirtí as gach cearn den Eoraip; **sa Fhrainc**, ghlac breis is leathmhilliún duine páirt i mBród Aerach Pháras 2008 lena n-áirítear Méara Pháras.

Rinneadh anailís ar shaincheist eile cheana féin i staidéar an FRA ar chúrsaí dlí agus baineann sé le difríochtaí idir Ballstáit maidir le cearta páirtíochta. Ní dheonaíonn ceithre Bhallstáit déag (an Ostair, an Bhulgáir, an Chipir, an Eastóin, an Ghréig, an Ungáir,[1] Éire, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Málta,

Aistriúchán gan fíorú

[1] Bhí dlí á thabhairt isteach san Ungáir lenar foráladh le haghaidh lánúineacha aon-inscne a chlárú, ach d’aisghairm Cúirt Bhunreachtúil na hUngáire é seo i mí na Nollag 2008.

an Pholainn, an Rómáin, agus an tSlóvaic) aon chearta páirtíochta do dhaoine LADT, ach tá cearta pósta iomlána tugtha ag trí Bhallstáit (an Bheilg, an Ísiltír agus an Spáinn) do lánúineacha aon-inscne. Ciallaíonn easpa cearta páirtíochta nach mbíonn lánúineacha aon-inscne in ann teacht ar roinnt ceart agus sochar a bhíonn de bhuntáiste ag lánúineacha den inscne chontrártha.

Tá difríochtaí móra ann freisin idir Ballstáit an AE maidir le tuairim an phobail i gcoitinne faoi dhaoine LADT agus faoi shaincheisteanna a bhaineann leo. Mar shampla, fuarthas amach le Suirbhé an Eorabharaiméadair faoin Idirdhealú in 2006 go raibh tromlach an daonra san Ísiltír (82 faoin gcéad), sa tSualainn (71 faoin gcéad) agus sa Danmhairg (69 faoin gcéad) i bhfabhar pósadh lánúineacha aon-inscne, ach nach raibh ach mionlach beag ar a shon sa Rómáin (11 faoin gcéad), sa Laitvia (12 faoin gcéad) agus sa Chipir (14 faoin gcéad). Freisin, cé go raibh 91 faoin gcéad den daonra san Ísiltír compordach le duine homaighnéasach a bheith ina chomharsa acu, ní raibh an tuairim chéanna ach ag 36 den daonra sa Rómáin. Táirgeadh torthaí cosúil leo sin le Suirbhé an Eorabharaiméadair faoin Idirdhealú in 2008, agus ‘scála compoird’ deich bpointe á úsáid: Ba iad freagróirí na Sualainne (9.5), na hÍsiltíre agus na Danmhairge (9.3) na daoine ba ‘chompordaí’ leis an smaoineamh faoi homaighnéasach a bheith ina chomharsa acu, ach taifeadadh leibhéal ‘compoird’ i bhfad níos ísle sa Bhulgáir (5.3), sa Laitvia (5.5) agus sa Liotuáin (6.1).

**Roinnt difríochtaí laistigh de Bhallstáit**

Is fiú difríochtaí ***laistigh*** de Bhallstáit, a tháinig chun solais de bharr Shuirbhé an Eorabharaiméadair, a lua freisin. Baineann na difríochtaí seo le: (1) daoine a bhfuil dearcaí diúltacha acu ar dhaoine LADT (mar shampla, daoine breacaosta níos minice ná daoine óga, fir níos minice ná mná, daoine a bhfuil níos lú oideachas acu níos minice ná daoine a fuair oideachas maith); (2) na suímh, ina mbíonn claonadh go mbeidh dearcadh níos diúltaí ag daoine ar dhaoine LADT (mar shampla, nuair atá aire á tabhairt do leanaí nó leanaí á múineadh, nó freagairtí níos naimhdí ó gharghaolta ná ó chairde nó dochtúirí); agus (3) na daoine is mó a bhíonn thíos leis an bhfuathchoireacht agus le bulaíocht (mar shampla, daoine óga níos minice ná daoine breacaosta).

Dearcaí ar dhaoine LADT

De réir Shuirbhé an Eorabharaiméadair, bíonn difríochtaí suntasacha idir Ballstáit an AE maidir leis na dearcaí ar dhaoine LADT, ag brath ar an gcomhthéacs ina gcuirtear daoine LADT. Bíonn na torthaí is dearfaí le feiceáil nuair a chuirtear ceist ar dhaoine ar mhaith leo homaighnéasach mar chomharsa. Tagann na torthaí is diúltaí chun solais nuair a chuirtear ceist ar dhaoine ar chóir cead a bheith ag homaighnéasaigh leanaí a uchtú.

I dtíortha ina bhfuil reachtaíocht láidir lena gcosnaítear cearta daoine LAD, lena n-áirítear an ceart ar pháirtíocht dleathach, tá an claonadh ann go mbíonn dearcaí níos dearfaí ag daoine ar dhaoine LAD i gcoitinne.

Aistriúchán gan fíorú

Bíonn dearcaí ar dhaoine tras-inscne cuid mhaith níos diúltaí i gcomparáid le dearcaí ar leispiaigh, ar fhir aeracha agus ar dhéghnéasaigh.

## An fhuathchoireacht agus an fhuathchaint

Téann an fhuathchoireacht homafóibeach i bhfeidhm ar dhaoine LADT ar bhealaí éagsúla. Is é an cineál eachtra fuatha is coitianta a bhaineann do dhaoine ná ionsaithe ó bhéal, agus tarlaíonn sé i spásanna poiblí de ghnáth. Déantar ionsaithe ar dhaoine óga níos minice ná mar a dhéantar ar aoisghrúpaí eile (lena n-áirítear bulaíocht ar scoil), agus is dóichí go mbainfidh ionsaithe gnéasacha nó ionsaithe i suímh phríobháideacha do leispiaigh agus do mhná déghnéasacha ná d’fhir aeracha nó déghnéasacha. Fir óga i ngrúpaí is ea déantóirí na gcoireanna de ghnáth. Bhí roinnt mhaith cuntas ann le blianta beaga anuas faoi ionsaithe marfacha ar dhaoine tras-inscne.

Ceann de na príomhghnéithe a bhíonn i gceist leis an gcoireacht homafóibeach agus trasfóibeach ná an ghanntuairisceoireacht, faoi mar atá amhlaidh le cineálacha fuathchoireachta eile. Tá na huirlisí atá riachtanach le heachtraí den sórt sin a thuairisciú do na póilíní, ar nós foirmeacha féintuairisceoireachta nó an tuairisceoireacht ó thríú páirtí agus an tuairisceoireacht chuidithe, in easnamh i bhformhór na mBallstát. Ní thugtar dóthain oiliúna do phóilíní i bhformhór na mBallstát leis an bhfuathchoireacht a aithint agus maidir le bheith ag déileáil léi. Míniú eile ar an nganntuairisceoireacht ná go mbíonn drogall ar fhormhór na n-íospartach LADT a bhféiniúlacht ghnéasach a nochtadh, go minic toisc nach mbíonn údaráis tuisceanach dá gcás nó toisc nach bhfuil siad oilte le déileáil le heachtraí den sórt sin ar bhealach lena dtacófar leis an íospartach. Fadhb thromchúiseach is ea an ghanntuairisceoireacht toisc go bhfaightear torthaí oifigiúla dá barr nach léiríonn fíorfhairsinge na faidhbe. Lena chois sin, is beag taighde atá ann trasna an AE ar líon, ar thréithe, ar dhéantóirí nó ar íospartaigh fhuathchoireanna homafóibeacha nó trasfóibeacha.

Tá fadhb ann maidir le hionsaithe ar ionaid LADT i roinnt Ballstát. Loiteadh áitribh Eagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT, agus dódh ionaid chruinnithe eile go talamh nó rinneadh tromchiapadh nó ionsaithe tromchúiseacha ar na daoine a fhreastalaíonn ar na hionaid.

Tarlaíonn an fhuathchaint i gcoinne daoine LADT i ndíospóireachtaí polaitíochta a bhaineann le cearta daoine LADT, i measc comhthéacsanna eile, nó le linn frithléirsithe ag imeachtaí poiblí LADT amhail Bród. Bíonn ráitis homafóibeacha ó dhaoine mór le rá san aos polaitíochta agus reiligiúin le feiceáil sna meáin. I ráitis den sórt sin, is minic a chuirtear síos ar dhaoine LADT mar dhaoine mínádúrtha, a bhfuil galair orthu, atá claonaíoch, nasctha leis an gcoireacht, mímhorálta nó a chuirfidh an tsochaí trína chéile.

Réimse atá ina údar imní ar leith ná an tIdirlíon, mar ardán le fuathchaint a fhoilsiú. I rith an taighde mar chuid den obair allamuigh, rud a leag Eagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT agus Comhlachtaí Náisiúnta Comhionannais béim air ná, mar gheall ar na tréithe a bhaineann leis an

Aistriúchán gan fíorú

idirlíon, nach éasca daoine a bhíonn i mbun fuathchainte a aimsiú nó a ionchúiseamh.

An tSaoirse Chomhthionóil

Bhain daoine LADT feidhm as a gceart ar shaoirse chomhthionóil agus iad ag troid na homafóibe agus i mbun feachtas ar son cearta do dhaoine LADT – go háirithe le linn Paráideanna Bróid nó tionóil agus imeachtaí cosúil leo. Le blianta beaga anuas, cruthaíodh fadhbanna maidir le léirsithe dleathacha, síochánta LADT a eagrú san Eastóin, sa Laitvia, sa Liotuáin, sa Pholainn, sa Rómáin agus sa Bhulgáir de dheasca cosc nó constaicí riaracháin, cé gur éirigh le hEagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT, seachas i gcás na Liotuáine, na himeachtaí a reáchtáil sna Ballstáit sin sa deireadh.

I roinnt Ballstát, ní raibh údaráis phoiblí in ann, nó toilteanach, a chinntiú go mbeadh rannpháirtithe i léirsithe LADT sábháilte ar ionsaithe ó fhrithléirsitheoirí. Tá ionsaithe den chineál seo tarlaithe sa tSualainn, san Eastóin, sa Laitvia, sa Pholainn, i bPoblacht na Seice, san Ungáir, san Iodáil, sa Rómáin agus sa Bhulgáir le cúig bliana anuas. Is minic a cuireadh ráitis phoiblí homafóibeacha nó fuathchaint in iúl le linn eachtraí den sórt sin freisin.

I roinnt Ballstát, bhí fadhbanna ag Eagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT ó thaobh áitreabh a fháil ar cíos le haghaidh gníomhaíochtaí polaitíochta nó cultúir freisin, agus bhí fadhbanna ag eagraithe díospóireachtaí poiblí LADT agus iad ag iarraidh teacht ar ionaid chultúir agus pholaitíochta.

**An Margadh Saothair**

Fágann dofheictheacht daoine LADT agus leibhéal réasúnta íseal na ngearán taifeadta go bhfuil sé deacair fíorfhairsinge na homafóibe, na trasfóibe agus an idirdhealaithe bunaithe ar an treoshuíomh gnéasach agus féiniúlacht inscne a thomhas. Rud a d'fhéadfadh cuid den fheiniméan seo a mhíniú ná an easpa coitianta d'fheasacht ar chearta chomh maith leis an drogall a bhíonn ar dhaoine LADT a dtreoshuíomh gnéasach, a bhféiniúlacht inscne nó an bealach a léiríonn siad a (h)inscne a admháil i dtriail phoiblí. Tugtar le tuiscint i dtaighde agus i dtuarascálacha ó Eagraíochtaí Neamhrialtasacha gur minic a bhíonn daoine LADT thíos leis an homafóibe agus idirdhealú ag an obair ar roinnt bealaí: idirdhealú díreach, ciapadh, bulaíocht, fonóid á déanamh futhu agus iad a bheith fágtha amach as an gcomhluadar sóisialta d'aon turas.

Is iomaí láthair oibre nach meastar a bheith 'sábháilte' do bhaill foirne LADT. Cé go mbíonn éagsúlacht sna sonraí de réir an chomhthéacs náisiúnta, léirítear le staidéir agus le hagallaimh mar chuid d'obair allamuigh gur gnách drogall a bheith ar thromlach na ndaoine LADT a dtreoshuíomh gnéasach a nochtadh ina láthair oibre.

Eispéiris diúltacha roimhe seo, faitíos roimh an idirdhealú, an baol go ndífhostófar iad agus cáilíocht na timpeallachta oibre – imríonn na nithe seo ar fad ról sa phróiseas lena ndéanfaidh daoine LADT a gcinntí faoin oscailteacht,

Aistriúchán gan fíorú

agus tá fianaise ann gur féidir sláinte agus folláine ball foirne LADT a bheith thíos leis má choinnítear an treoshuíomh gnéasach faoi cheilt.

Dhá rud a théann i bhfeidhm ar dhaoine LADT ó thaobh a bheith ag breathnú ar a dtimpeallacht oibre mar thimpeallacht shábháilte uilechuimsitheach, ná beartais maidir leis an gcóir chomhionann agus éagsúlacht a bheith sa láthair oibre agus ról cinntitheach na bainisteoireachta maidir le beartais den sórt sin a chur chun feidhme. Taispeántar le fianaise go gcumhachtaítear daoine LADT, le reachtaíocht éifeachtach maidir le comhionannas fostaíochta, chun gearán foirmiúil a dhéanamh i gcásanna idirdhealaithe.

Oideachas

Tuairiscítear eachtraí bulaíochta agus ciaptha a bhaineann do dhaoine LADT i suímh oideachasúla trasna an AE. Tá an homafóibe agus an trasfóibe ó bhéal coitianta, agus is coitianta an focal '*gay*' [aerach] á úsáid ar bhealach dímheasúil.

Baineann iarmhairtí suntasacha leis an mbulaíocht agus leis an gciapadh do dhaoine óga LADT, agus téann sé i bhfeidhm ar a bhfolláine agus ar a fheabhas is a éiríonn leo ar scoil. D'fhéadfaidís a bheith imeallaithe sa tsochaí, drochshláinteach nó an scoil a fhágáil go luath dá dtoradh. Léirítear le taighde atá ann cheana féin agus le hagallaimh le hEagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT gur beag aird a thugann údaráis scoile trasna an AE ar an homafóibe agus ar an mbulaíocht i gcoinne daoine LADT. Taispeántar le taighde freisin nach mbíonn an fheasacht, spreagadh, scileanna agus uirlisí ag múinteoirí le fadhbanna den sórt sin a aithint agus le dul i ngleic leo.

Údar imní eile a ardaíonn Eagraíochtaí Neamhrialtasacha ná an t-easpa aitheantais agus ionadaíochta do dhaoine LADT san oideachas i dtromlach Bhallstáit an AE agus go mbíonn íomhánna dearfacha díobh in easnamh, toisc go gcuireann sé seo leis an easpa feasachta, mothálachta agus tuisceana a chuireann le himeallú sóisialta daltaí LADT. Is annamh a oiltear nó a ullmhaítear múinteoirí le saincheist na féiniúlachta agus an treoshuímh ghnéasaigh a phlé agus is annamh go mbíonn fonn orthu amhlaidh a dhéanamh.

Cúram Sláinte

Tugtar le fios le roinnt taighde go mbaineann an t-idirdhealú do dhaoine LADT le linn cúraim sláinte. Ar na heispéiris diúltacha a bhaineann dóibh, tá a dtreoshuíomh gnéasach a bheith lipéadaithe mar shuaitheadh aigne nó mar thinneas. Bíonn sé deacair fíorfhairsinge an idirdhealaithe i gcoinne daoine LADT le linn cúraim sláinte a dhéanamh amach áfach, toisc go mbíonn claonadh acu a dtreoshuíomh gnéasach a cheilt.

Nochtaítear i staidéir agus in agallaimh mar chuid den obair allamuigh go bhfaightear idir fhreagairtí dearfacha agus fhreagairtí diúltacha ó phearsanra cúraim sláinte nuair a nochtann duine LADT a threoshuíomh/treoshuíomh gnéasach nó a fhéiniúlacht/féiniúlacht inscne. Is féidir le dearcaí diúltacha ar

Aistriúchán gan fíorú

dhaoine LADT nó an baol a fheictear dóibh a bheith ann go léireofar dearcaí den sórt sin ina leith, a fhágáil go seachnaíonn roinnt daoine LADT cúram sláinte a lorg.

Lena chois sin, tá stádas sláinte ginearálta daoine LADT ina údar mór imní. I dtaighde atá ann cheana féin, comhghaolaítear an homafóibe, trasfóibe, ciapadh nó imeallú le sláinte mheabhrach agus fhisiciúil a bheith níos measa ag daoine LADT i gcoitinne. Thuairiscigh na hEagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT agus na húdaráis phoiblí ar cuireadh agallaimh orthu go raibh rátaí níos airde ó thaobh na drochshláinte meabhraí, an fhéinmharaithe agus na mí-úsáide substaintí i measc daoine LADT.

Ar deireadh, cruthaítear deacrachtaí, de bharr na heaspa aitheantais do pháirtithe aon-inscne mar '*neasghaol*', ó thaobh na rochtana ar fhaisnéis agus na cinnteoireachta faoi shláinte pháirtí agus faoi chóireáil dó nó di, chomh maith le fadhbanna maidir le cuairteanna san ospidéal.

**Institiúidí Reiligiúnacha**

Bíonn an-éagsúlacht idir freagairtí institiúidí reiligiúnacha ar dhaoine agus ar chearta daoine LADT. Glacann ionadaithe eaglaise páirt ghníomhach i gcuid mhaith Ballstát i ndíospóireachtaí polaitíochta a bhaineann le cearta daoine LADT, agus is minic a bhíonn siad i mbun gníomhaíochta agus stocaireachta le daoine a spreagadh le cur i gcoinne cearta den sórt sin a bheith á nglacadh. Chuaigh grúpaí reiligiúnacha i mbun feachtais i gcoinne imeachtaí LADT i roinnt cásanna freisin. Mar fhostóirí, bhain institiúidí reiligiúnacha úsáid ar uairibh as díolúiní i reachtaíocht i gcoinne an idirdhealaithe i gcoinne fostaithe LADT.

Ar an láimh eile, tá samplaí ann freisin d'institiúidí agus eagraíochtaí reiligiúnacha i mbun teagmhála réamhghníomhaí le daoine LADT.

Spóirt

Bíonn an homafóibe le fáil i gcomhthéacsanna spóirt agus is cosúil go mbíonn dúshláin shuntasacha i gceist do dhuine LADT atá oscailte faoi sin sa saol spóirt. Cuirtear an homafóibe in iúl ar bhealaí difriúla, i gcultúr an lucht leanúna agus i measc lúthchleasaithe araon, agus nuair a bhaintear úsáid as focail homafóibeacha le fonóid a dhéanamh faoi chéilí comhraic nó faoi réiteoirí.

Ceann de na príomhnithe a fuarthas amach maidir leis an spórt ná an easpa suntasach infheictheachta de dhaoine LADT. Feictear do dhaoine gur beag féidearthachtaí atá ag daoine LADT le bheith oscailte faoina dtreoshuíomh gnéasach sa saol spóirt mar gheall ar bhaol an chiaptha, na homafóibe nó go ndiúltóidh a chomhchomhaltaí club dóibh.

Nótálann Eagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT sa Spáinn agus sa Ríocht Antaithe nach mbíonn ach fócas teoranta ag cumainn spóirt chun an homafóibe

Aistriúchán gan fíorú

a chur ar an gclár oibre in aghaidh idirdhealaithe i gcomparáid le hiarrachtaí le dul i ngleic leis an gciníochas sa saol spóirt.

Na Meáin

Is féidir eachtraí ina dtarlaíonn caint homafóibeach a aimsiú sna meáin i roinnt Ballstát fós, agus meastar fós, go pointí éagsúla, gur tabú é an homaighnéasacht. Bíonn infheictheacht sna meáin in easnamh ag daoine LADT trasna an AE, cé go mbíonn fir aeracha níos infheicthe ná leispiaigh nó daoine tras-inscne.

Bíonn daoine LADT thíos le cineálacha éagsúla steiréitíopaí sna meáin. Nuair a bhaintear úsáid as léaráidí leath-earótacha in ailt lena gclúdaítear ábhair atá fíorthábhachtach do dhaoine LADT, cuirtear leis an gclaontacht agus atreisítear an smaoineamh nach mbíonn i gceist leis an treoshuíomh gnéasach ach gníomhaíocht agus roghanna gnéasacha. Rachfadh tuiscint níos fearr ar shaincheisteanna a bhaineann le daoine LADT chun tairbhe d'iriseoirí ar fud an AE ionas go mbeifí ag tuairisceoireacht ar bhealach ionadaíoch cothrom.

Tá fianaise ann freisin áfach go bhfuil rudaí ag athrú go mall agus nótáiltear le roinnt staidéar cheana féin go bhfuil méadú ar líon na léiriúchán sna meáin trasna an AE lena gcuimsítear peirspictíocht níos mionchruinne agus níos eolaí maidir le daoine agus saincheisteanna LADT.

Tearmann

Cé go n-aithníonn gach Ballstát an ghéarleanúint ar fhorais an treoshuímh ghnéasaigh agus na féiniúlachta inscne mar fhoras bailí le haghaidh tearmainn, tá nósanna imeachta maidir le hiarratais ar thearmann fós míshoiléir i gcuid mhaith Ballstát.

Bíonn deacrachtaí ar leith roimh dhaoine LADT sa phróiseas iarrtha tearmainn, toisc go bhféadfadh sé a bheith deacair faisnéis fíorphearsanta, faisnéis ghnéasach nó choiscthe a chur i láthair údarás poiblí go hoscailte. Ina theannta sin, is minic nach n-aithnítear an deacracht seo i dteicnící foirne agus agallóireachta. Is minic nach mbíonn ach cnámha an scéil ag na húdaráis faoi na coinníollacha do dhaoine LADT ina dtíortha tionscnaimh, agus is é an breac-eolas sin a úsáidtear agus iad ag cinneadh stádais duine mar dhídeanaí.

Diúltaíodh do chuid mhaith iarrthóirí tearmainn LADT toisc gur measadh nach bhféadfaí muinín a bheith ag na húdaráis as a maíomh gur homaighnéasach a dtreoshuíomh gnéasach nó toisc go rabhthas ag súil go mbeidís in ann maireachtáil ina dtír thionscnaimh mar homaighnéasaigh 'go príobháideach' (.i. agus a dtreoshuíomh faoi cheilt).

Bíonn easpa faisnéise ar iarrthóirí tearmainn LADT in ionaid choinneála agus d'fhéadfadh imeallú sóisialta agus drochíde baint dóibh mar gheall ar a dtreoshuíomh gnéasach nó a bhféiniúlacht inscne.

Aistriúchán gan fíorú

Il-Idirdhealú

Is grúpa ilghnéitheach iad daoine LADT agus d’fhéadfaidís a bheith i mbaol an idirdhealaithe ar dhá fhoras nó níos mó. Is féidir leis an idirdhealú agus an t-eisiamh a bheith níos measa má bhíonn stádas mar dhuine faoi mhíchumas, mar dhuine scothaosta nó mar bhall de mhionlach eitneach/reiligiúin ag duine in éineacht leis an bhféiniúlacht LADT.

Bíonn mionlaigh eitneacha i mbaol an idirdhealaithe ar fhorais an treoshuímh ghnéasaigh nó na féiniúlachta inscne laistigh de phobail a mionlaigh eitnigh agus i mbaol an idirdhealaithe ar fhorais chine nó chúlra eitnigh sa phobal LADT.

D’fhéadfadh an ‘*neamhghnéasú’* baint do dhaoine LADT faoi mhíchumas, ó fheighlithe agus ó bhaill den phobal LADT féin, i measc daoine eile. Thairis sin, cruthaíonn ionaid, beáir, agus áiteanna cruinnithe dorochtana LADT constaicí fisiciúla do dhaoine LADT faoi mhíchumas agus iad ag iarraidh páirt a ghlacadh sa phobal LADT.

Bíonn an t-imeallú sóisialta agus stéiréitíopáil ón bpearsanra agus ó chónaitheoirí eile roimh roinnt daoine LADT in áiseanna cúraim agus i dtithe cúraim do dhaoine scothaosta.

Aistriúchán gan fíorú

## Daoine Tras-Inscne

Le daoine tras-inscne, aírítear iad siúd a bhfuil féiniúlacht inscne acu atá difriúil ón inscne a sannadh nuair a tháinig siad ar an saol nó iad siúd ar mian leo a bhféiniúlacht inscne a léiriú ar bhealach atá difriúil leis an inscne a sannadh nuair a tháinig siad ar an saol. Chomh maith leis sin, áirítear daoine a chuireann iad féin i láthair ar bhealach nach dtagann lena mbítear ag súil leis an ról inscne a sannadh nuair a tháinig siad ar an saol, bíodh sin trí mheán éadaí, oiriúintí, cosmaidí nó tríd a gcolainn a bhunathrú. Áirítear leis seo, i measc go leor eile, daoine tras-inscne idir fireann agus baineann, chomh maith le trasghnéasaigh agus trasfheisteoirí.

Bíonn an trasfóibe agus an t-idirdhealú roimh dhaoine tras-inscne ar fhorais a bhféiniúlachta inscne agus a léirithe inscne agus ní gá go dtarlódh seo mar gheall ar a dtreoshuíomh gnéasach. Is féidir le daoine tras-inscne a bheith ina heitrighnéasaigh, ina homaighnéasaigh nó ina ndéghnéasaigh.

Tarlaíonn an t-idirdhealú i gcoinne daoine tras-inscne i ngach réimse dar imscrúdaíodh don tuarascáil seo ach bíonn siad thíos leis an bhfuathchoireacht agus leis an bhfuathchaint ach go háirithe. Bíonn an t-idirdhealú níos tréine i gcúrsaí sláinte agus fostaíochta. Taispeántar i suirbhéanna go mbíonn dearcaí níos diúltaí ar dhaoine tras-inscne ná mar a bhíonn ar dhaoine LADT.

Aistriúchán gan fíorú

# Tuairimí

De réir Airteagal 4(1)(d) de Rialachán 168/2007 ón gComhairle, tá sé curtha de chúram ar an nGníomhaireacht Eorpach um Chearta Bunúsacha tuairimí a fhoirmliú d'institiúidí an Aontais Eorpaigh agus do na Ballstáit. I bhfianaise thorthaí na hanailíse seo ar chúrsaí sóisialta, tá na tuairimí seo a leanas ag an nGníomhaireacht, lena gcois siúd a áiríodh mar chuid dá hanailís ar chúrsaí dlí.

1. Fáiltíonn an FRA roimh Thogra an Choimisiúin Eorpaigh an 2 Iúil 2008 le haghaidh Treorach ón gComhairle maidir le prionsabal na córa comhionainne idir daoine a chur chun feidhme beag beann ar reiligiún nó ar chreideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar threoshuíomh gnéasach.[2] Leathnófaí leis an Treoir nua seo réimse feidhme dhlí reatha an AE lena dtoirmisctear an t-idirdhealú ar na forais réamhluaite ach i réimsí na fostaíochta, na ceirde agus na gairmoiliúna amháin. Creideann an Ghníomhairecht go bhféadfaí Togra an Choimisiúin a fheabhsú tuilleadh leis na leasuithe a moladh i nDréacht-Tuarascáil Pharliamint na hEorpa an 14.01.2009.[3]

**An próiseas, lena gcuirtear reachtaíocht i gcoinne an idirdhealaithe chun feidhme, a láidriú**

2. Ba chóir feachtas múscailte feasachta an Choimisiúin Eorpaigh "*For Diversity. Against Discrimination*" ["Ar son na hÉagsúlachta. I gCoinne an Idirdhealaithe"] a seoladh in 2003, a láidriú tuilleadh agus a nascadh le gníomhaíochtaí ábhartha rialtais agus sa tsochaí shibhialta sna Ballstáit.

3. Ba chóir don Choimisiún Eorpach cuimhneamh ar a iarrachtaí a threisiú ó thaobh múnlaí deachleachtais a roinnt go héifeachtach le Ballstáit i leith reachtaíocht an AE i gcoinne an idirdhealaithe a fheidhmiú, go háirithe trí *EQUINET*, líonra Eorpach na gComhlachtaí Comhionannais náisiúnta.

4. Spreagtar Ballstáit, nach ndearna amhlaidh cheana féin, le cuimhneamh ar raon feidhme na gComhlachtaí Comhionannais atá ann cheana féin a leathnú go n-áireofaí an t-idirdhealú ar fhorais an treoshuímh ghnéasaigh mar chuid dá

Aistriúchán gan fíorú

---

[2] *Proposal for a Council Directive on implementing the principle of equal treatment between persons irrespective of religion or belief, disability, age or sexual orientation* [Togra le haghaidh Treorach ón gComhairle maidir prionsabal na córa comhionainne idir daoine a chur chun feidhme beag beann ar reiligiún nó ar chreideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar threoshuíomh gnéasach] {SEC(2008) 2180} {SEC(2008) 2181} /* COM/2008/0426 final - CNS 2008/0140 */ar fáil ag http://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=CELEX:52008PC0426:EN:HTML (20.01.2009)

[3] Parlaimint na hEorpa, Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, 2008/0140(CNS)
14.1.2009, *Draft Report on the proposal for a Council directive on implementing the principle of equal treatment between persons irrespective of religion or belief, disability, age or sexual orientation* [Dréacht-Tuarascáil maidir leis an togra le haghaidh Treorach ón gComhairle maidir prionsabal na córa comhionainne idir daoine a chur chun feidhme beag beann ar reiligiún nó ar chreideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar threoshuíomh gnéasach], ar fáil ag http://www.europarl.europa.eu/sides/getDoc.do?type=COMPARL&mode=XML&language=EN&reference=PE418.014 (20.01.2009)

sainchúram agus ar acmhainní leordhóthanacha a dheonú ionas go mbeifear in ann idir thacaíocht dhlíthiúil agus thacaíocht shíceashóisialta a sholáthar d'íospartaigh an idirdhealaithe.

5. Spreagtar Ballstáit le feachtais mhúscailte feasachta a fhorbairt maidir le saincheisteanna LADT, nó cinn atá ann cheana féin a láidriú. Ba chóir go mbeadh eagraíochtaí LADT tugtha isteach le bheith páirteach san obair le tionscadail den sórt sin a phleanáil agus a chur chun feidhme, rud a chruthóidh comhpháirtíochtaí láidre ilghníomhaireachtaí.

6. Spreagtar Ballstáit le tionscnaimh mhúscailte feasachta agus oiliúna a fhorbairt nó cinn atá ann cheana féin a láidriú, lena ndíreofar ar oifigigh phoiblí ar gach leibhéal rialtais go sonrach maidir le hábhair LADT agus na prionsabail agus oibleagáidí a bhaineann leis an gcóir chomhionann agus leis an neamh-idirdhealú agus atá i reachtaíocht náisiúnta, i ndlíthe an AE agus in ionstraimí idirnáisiúnta um chearta an duine (lena n-áirítear cásdlí Chúirt Bhreithiúnais na hEorpa agus cásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine), agus eagraíochtaí LADT a thabhairt isteach le bheith páirteach san obair le gníomhartha den sórt sin a phleanáil agus a chur chun feidhme.

7. Spreagtar Ballstáit le '*hiniúchóireachtaí éagsúlachta*' a sheoladh agus beartais um chóir chomhionann agus éagsúlacht a fhorbairt le haghaidh gach foras idirdhealaithe ina riarachán poiblí ar gach leibhéal, rud a sholáthróidh sampla 'den chleachtas is fearr' d'fhostóirí eile.

**An fhuathchoireacht á comhrac**

8. Ba chóir do Bhallstáit cuimhneamh ar shainmhínithe simplí cuimsitheacha oibriúcháin ar an bhfuathchoireacht a fhorbairt, rud a bheidh le húsáid ag an bpobal agus coireanna den sórt sin á dtuairisciú agus ag na póilíní agus iad á dtaifeadadh, chomh maith le huirlisí éifeachtachta le héascú leis an tuairisceoireacht, amhail foirmeacha féintuairisceoireachta agus áiseanna tuairisceoireachta do thríú páirtithe rud a thabharfaidh de chumas don phobal an fhuathchoireacht a thuairisciú ag ionaid seachas stáisiúin póilíní.

9. Ba chóir do Bhallstáit tabhairt faoi bhearta praiticiúla chun feasacht a mhúscailt i measc údarás um fhorfheidhmiú an dlí maidir le saincheisteanna LADT agus oiliúint leordhóthanach a sholáthar do phóilíní maidir le bheith ag déileáil le heachtraí fuathchoireachta go héifeachtach, go háirithe maidir le tacaíocht d'íospartaigh agus eachtraí den sórt sin a thaifeadadh go córasach. Maidir leis seo, d'fhéadfaí tarraingt as obair fhairsing an ESCE maidir leis an bhfuathchoireacht agus as an Lámhleabhar a d'fhobair ILGA-Eoraip maidir le monatóireacht agus tuairisceoireacht ar eachtraí homafóibeacha agus trasfóibeacha.

10. Ba chóir do Bhallstáit a chinntiú go n-imscrúdóidh oifigigh um fhorfheidhmiú an dlí an choireacht homafóibeach de réir an ardchaighdeáin chéanna is a bhíonn i gceist le cineálacha eile coireachta. Éascóidh comhoibriú níos dlúithe trí, mar shampla, chomhpháirtíochtaí ilghníomhaireachta lena

Aistriúchán gan fíorú

dtugtar eagraíochtaí LADT isteach le páirt ghníomhach a ghlacadh sa phróiseas, go háirithe maidir le tacaíocht d'íospartaigh, leis an bpóilíneacht toisc go méadófar an iontaoibh is gá le tuairisceoireacht na coireachta homafóibí a fheabhsú.

**An ceart ar shaoirse chomhthionóil a chosaint**

11. Ba chóir do Bhallstáit, agus go háirithe d'údaráis áitiúla agus réigiúnacha, staid eagraíochtaí LADT a éascú agus iad ag iarraidh imeachtaí suntasacha a eagrú, amhail Bród, lena gcruthaítear feasacht méadaithe sa phobal ar shaincheisteanna LADT agus lena gcumhachtaítear daoine LADT, go háirithe nuair nach bhfaigheann eagraíochtaí den sórt sin aon tacaíocht airgeadais ná tacaíocht eile ón stát, trí acmhainní nó cosaint ar fhrithléirsithe homafóibeacha a sholáthar.

12. Ba chóir go mbeadh aird ag Ballstáit, agus go háirithe ag údaráis áitiúla agus réigiúnacha, ar Mholadh 211 (2007) Chomhdháil Údaráis Áitiúla agus Réigiúnacha Chomhairle na hEorpa[4] maidir leis an tsaoirse chomhthionóil agus chainte do leispiaigh, do dhaoine aeracha, déghnéasacha agus tras-inscne lenar n-iarrtar, inter alia: go bhfeidhmeofar na *Guidelines on Freedom of Peaceful Assembly* [Treoirlínte maidir leis an tSaoirse Chomhthionóil Síochánta] (atá le teacht) arna ndréachtú ag Painéal ESCE/na hOifige um Institúidí Daonlathacha agus um Chearta Daonna [ODIHR] maidir leis an tsaoirse chomhthionóil; go n-imsrúdófar go dian gach cás foréigin nó fuathchainte i rith imeachtaí LADT nó imeachtaí a bhaineann le cúrsaí LADT; bearta dearfacha faoi mar is gá de réir na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine chun an tsaoirse chomhthionóil agus chainte éifeachtach a ráthú ar leibhéal stáit, áitiúil agus réigiúnach; comhairliúchán le grúpaí LADT le linn do bhearta dlíthiúla a bheith á n-athchóiriú, lena gcuirtear isteach ar an tsaoirse chainte nó chomhthionóil.

**Nósanna imeachta agus coinníollacha tearmainn a fheabhsú**

13. Ba chóir do Bhallstáit critéir agus treoirlínte nithiúla a fhorbairt maidir leis an gcóir atá le tabhairt d'iarrthóirí tearmainn LADT agus maidir le saincheisteanna ó thaobh an treoshuímh ghnéasaigh agus na féiniúlachta inscne a láimhseáil sna nósanna imeachta iarratais. Maidir leis seo, d'fhéadfadh údaráis treoir a ghlacadh ón *UNHCR Guidance Note on Refugee Claims Relating to Sexual Orientation and Gender Identity* [Treoirnóta UNHCR maidir le hÉilimh ó Dhídeanaithe a Bhaineann leis an Treoshuíomh Gnéasach agus leis an bhFéiniúlacht Inscne][5] atá an-úsáideach ar fad agus a foilsíodh an 21 Samhain 2008.

Aistriúchán gan fíorú

---

[4] Ar fáil ag https://wcd.coe.int/ViewDoc.jsp?id=1099699&Site=COE&BackColorInternet=DBDCF2&BackColorIntranet=FDC864&BackColorLogged=FDC864 (05.02.2009)

[5] Ardchoimisinéir na Náisiún Aontaithe maidir le Dídeanaithe, *UNHCR Guidance Note on Refugee Claims Relating to Sexual Orientation and Gender Identity* [Treoirnóta UNHCR maidir le hÉilimh ó Dhídeanaithe a Bhaineann leis an Treoshuíomh Gnéasach agus leis an

14. Ba chóir do Bhallstáit a chinntiú go mbeidh oifigigh a phléann le himircigh agus le hiarrthóirí tearmainn LADT ar an eolas faoi shaincheisteanna ó thaobh an treoshuímh ghnéasaigh agus na féiniúlachta inscne agus go gcuirfear oiliúint chuí orthu chun déileáil leis na daoine seo.

15. Ba chóir do Bhallstáit aird ar leith a thabhairt ar riachtanais agus ar saincheisteanna speisialta daoine LADT atá á gcoimeád in ionaid choinneála.

**An chóir chomhionann a chinntiú sa mhargadh saothair**

16. Ba chóir do chomhpháirtithe sóisialta rannpháitíocht ghníomhach daoine LADT a éascú ina n-eagraíochtaí agus fostaithe san earnáil phoiblí agus phríobháideach a spreagadh le beartais um éagsúlacht agus chóir chomhionann a ghlacadh agus a chur chun feidhme sa láthair oibre.

Aistriúchán gan fíorú

---

bhFéiniúlacht Inscne], 21 Samhain 2008, ar fáil ag: http://www.unhcr.org/refworld/docid/48abd5660.html (05.02.2009)

**An chóir chomhionann a chinntiú i gcúrsaí sláinte**

17. Ba chóir do Bhallstáit eagraíochtaí agus institiúidí inniúla a spreagadh le peirspictíocht LADT a chur isteach mar chuid de shuirbhéanna náisiúnta sláinte.

18. Ba chóir do Bhallstáit an scéal maidir le rochtain ar sheirbhísí sláinte a scrúdú chomh maith leis na saincheisteanna sonracha a bhíonn roimh dhaoine LADT, go háirithe a gcumas le stádas 'neasghaoil' a éileamh, agus iad ag plé le hionadaithe oibrithe gairmiúla sa chúram sláinte agus eagraíochtaí LADT. Maidir leis seo, d'éascódh comhpháirtíochtaí ilghníomhaireachta den sórt sin le beartais spriocdhírithe a fhorbairt chun cúram sláinte ardchaighdeáin a sholáthar a fhreagróidh do riachtanais sonracha daoine LADT.

19. Ba chóir do Bhallstáit a chinntiú freisin go gcuirfidh soláthraithe cúraim sláinte a mbaill foirne liachta agus neamhliachta ar an eolas faoi shaincheisteanna eitice agus éagsúlachta agus iad a oiliúint ina dtaobh chun a bhfeasacht ar shaincheisteanna LADT a mhúscailt, agus chun soláthar seirbhísí do dhaoine LADT a fheabhsú.

20. Ba chóir do Bhallstáit a chinntiú go n-urramófar gach ceart ar thoiliú eolasach maidir le hobráidí ar leanaí idirghnéasacha. Ba chóir do chumainn liachta a chinntiú go mbeidh a gcomhaltaí ar an eolas go hiomlán maidir le treochtaí reatha san eitic, i dteiripí agus i gcúram do dhaoine idirghnéasacha.

21. Spreagtar Ballstáit le riocht agus fadhbanna sonracha seanóirí LADT a chur san áireamh faoi chuimsiú chreat na ngníomhaíochtaí agus na mbeartas chun saol seanóirí a fheabhsú.

**An chóir chomhionann agus rannpháirtíocht a chinntiú sa saol spóirt**

22. Spreagtar Ballstáit le hoibriú le heagraíochtaí spóirt agus le clubanna lucht leanúna chun eachtraí homafóibeacha agus an fhuathchaint in imeachtaí spóirt a chomhrac, ag tacú leo feachtais mhúscailte feasachta a fhorbairt agus riail na 'neamhfhulaingthe d'eachtraí fuatha' a fheidhmiú.

23. Ba chóir d'eagraíochtaí nó d'institiúidí spóirt cuimhneamh ar chláir mhúscailte feasachta maidir le saincheisteanna LADT a fhorbairt do bhaill foirne, do chóitseálaithe agus do lúthchleasaithe, chomh maith le beartais um éagsúlacht agus go háirithe beartais um chiapadh gnéasach i ndáil leis an treoshuíomh gnéasach agus leis an bhféiniúlacht inscne.

24. Ba chóir d'eagraíochtaí nó d'institiúidí spóirt na bearta cuí a dhéanamh lena chinntiú go mbeidh lúthchleasaithe agus cóitseálaithe in ann mothú go bhfuil sé sábháilte a bheith oscailte faoina bhféiniúlacht ghnéasach, má roghnaíonn siad amhlaidh a dhéanamh, gan faitíos a bheith orthu faoi iarmhairtí diúltacha.

Aistriúchán gan fíorú

25. Ba chóir d’eagraíochtaí nó d’institiúidí spóirt a chinntiú nach mbeidh treoshuíomh gnéasach nó féiniúlacht inscne chóitseálaithe nó lúthchleasaithe ina fhachtóir agus incháilitheacht le haghaidh foirne, post mar chóitseálaí nó gradam lúthchleasaíochta á cinneadh.

**Tuairisceoireacht sna meáin a fheabhsú**

26. Spreagtar na meáin le tagairt do dhaoine agus do shaincheisteanna LADT a áireamh mar chuid dá gcóid chleachtais/iompraíochta agus oiliúint fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil san éagsúlacht a sholáthar d’iriseoirí chun feasacht ar shaincheisteanna LADT a mhúscailt agus fuathchaint a sheachaint. Maidir leis seo, soláthraítear treoir úsáideach sa *Council of Europe Manual on Hate Speech*[6] [Lámhleabhar Chomhairle na hEorpa maidir leis an bhFuathchaint], a tháinig amach le déanaí.

**An chóir chomhionann agus rannpháirtíocht a chinntiú san oideachas**

27. Ba chóir don Choimisiún Eorpach cuimhneamh ar an Modh Comhordaithe Oscailte a fheidhmiú chun an malartú de dheachleachtais a éascú maidir le straitéisí agus beartais lena dtéitear i ngleic le rátaí luathfhágála scoile agus le himeallú sóisialta daoine LADT óga a bhaineann leis an mbulaíocht, idirdhealú agus eisiamh.

28. Ba chóir don Choimisiún Eorpach cuimhneamh ar an Modh Comhordaithe Oscailte a fheidhmiú freisin chun an malartú a éascú de chleachtais agus de bheartais arna bhforbairt ag Ballstáit a bhfuil beartais sonracha maidir le daoine LADT glactha acu i réimse an oideachais, amhail Éire, an tSualainn agus an Ríocht Aontaithe.

29. Ba chóir do Bhallstáit a chinntiú go soláthraíonn scoileanna timpeallacht shábháilte, thacúil agus dhearbhchothaitheach do dhaoine LADT óga agus go dtéitear i ngleic le haithisiú agus imeallú na homaighnéasachta agus féiniúlachtaí difriúla inscne. Maidir leis seo, ba chóir d’údaráis scoile beartais nithiúla frithbhulaíochta a chur i bhfeidhm lena ndeirtear go soiléir nach nglacfar le leasainmneacha homafóibeacha a bheith á nglaoch ar dhaoine, ná le bulaíocht agus ciapadh homafóibeach. Ba chóir d’údaráis scoile bealaí a sholáthar do dhaoine óga, a aithníonn iad féin mar dhaoine LAD, le teacht ar mheicníochtaí tacaíochta agus ar fhaisnéis freisin.

30. Ba chóir do Bhallstáit a chinntiú nach ndéantar neamhaird i gcuraclaim scoile ar shaincheisteanna ó thaobh an treoshuímh ghnéasaigh agus go léirítear daoine LADT le meas agus dínit de réir luachanna bunúsacha an Aontais Eorpaigh um chóir chomhionann, neamh-idirdhealú agus urraim ar an éagsúlacht. Maidir leis seo, ba chóir d’údaráis scoile comhchodanna a n-oideachais fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil um chearta daonna a fhorbairt tuilleadh agus treoir a ghlacadh ó lámhleabhar oideachais Chomhairle na hEorpa um chearta daonna ‘*COMPASS*’.

Aistriúchán gan fíorú

[6] Anne Weber (2009), Manuel sur le discourse de haine, Comhairle na hEorpa

**Eolas a fheabhsú trí thaighde agus trí shonraí a bhailiú**

31. Spreagtar an Coimisiún Eorpach le tuilleadh taighde ar shaincheisteanna LADT a chur chun cinn i gcomhthéacs an tSeachtú Creat-Chlár dá chuid le haghaidh taighde agus na forbartha teicneolaíochta (2007-2013) faoina chlár eolaíochtaí socheacnamaíocha agus daonnachtaí agus le cuimhneamh ar réimse sonrach a fhorbairt do thaighde a bheidh dírithe ar chúrsaí LADT agus daoine tras-inscne san Ochtú Creat-Chlár (2014-2020) faoin gclár eolaíochtaí socheacnamaíocha agus daonnachtaí. Ba chóir a nótáil, toisc gur féidir le taighde LADT a bheith 'dall' ar shaincheisteanna maidir le daoine tras-inscne, nár chóir neamhaird a dhéanamh de na fadhbanna seo a bhaineann le daoine tras-inscne go sonrach (amhail aitheantas inscne).

32. Ba chóir do Bhallstáit taighde, a bheidh cáilíochtúil agus cainníochtúil de réir mar is cuí, a spreagadh agus a mhaoiniú maidir leis an idirdhealú bunaithe ar an treoshuíomh gnéasach, ar an bhféiniúlacht inscne agus ar an léiriú inscne i ngach cuid den saol agus maidir le fairsinge, tréithe, cúiseanna agus tionchair na homafóibe agus na trasfóibe.

Aistriúchán gan fíorú

# Réamhrá

> *'Respect for the rights of persons, regardless of their sexual orientation, is one of the main criteria for respect for human rights in general… above all, it is necessary to continue to combat stereotypes and prejudices in all possible ways. Homophobia is a prejudice that I consider to be particularly revolting and unjustified.'* ['Tá an urraim do chearta daoine, gan aird ar a dtreoshuíomh gnéasach, ar cheann de na príomhchritéir don urraim ar chearta an duine i gcoitinne… thar aon rud eile, is gá leanúint ar aghaidh le steiréitíopaí agus claontachtaí a chomhrac ar gach bealach is féidir. Measaim gur claontacht í an homafóibe atá thar a bheith gránna agus éagórach.']

Vladimír Špidla, Coimisinéir an AE um Fhostaíocht, Ghnóthaí Sóisialta agus Chomhdheiseanna[7]

> *'It is sometimes said that the protection of the human rights of lesbians, gays, bisexuals and transgender people (LGBT) amounts to introducing new rights. That is a misunderstanding. The Universal Declaration of Human Rights and the agreed treaties establish that human rights apply to everyone and that no one should be excluded.'* ['Deirtear uaireanta gurb ionann cearta daonna leispiach, daoine aeracha, déghnéasacha agus tras-inscne (LADT) a chosaint agus cearta nua a thabhairt isteach. Míthuiscint is ea é sin. Bunaítear le Dearbhú Uile-choiteann Chearta an Duine agus leis na conarthaí comhaontaithe go mbaineann cearta an duine le gach duine agus nár chóir duine ar bith a eisiamh.']

Thomas Hammarberg, Coimisinéir Chomhairle na hEorpa um Chearta an Duine[8]

Tá sé ríthábhachtach go mbaileofar sonraí oibiachtúla iontaofa maidir leis an homafóibe, trasfóibe agus idirdhealú go dtuigfear agus go gcosnófar cearta

[7] Óráid an Choimisinéara Vladimír Špidla ag an gcomhdháil idirnáisiúnta faoi chearta LADT i Montréal, ar fáil ag http://www.ILGA-Eoraip.org/Europe/News/International-Conference-on-LGBT-Rights-Montreal/Speech-by-Commissioner-Vladimir-Spidla-at-the-international-conference-on-LGBT-rights-in-Montreal (04.01.2009)

[8] *Viewpoint* 2008 [Seasamh 2008] ar fáil ag http://www.coe.int/t/commissioner/Viewpoints/080514_en.asp (14.08.2008)

Aistriúchán gan fíorú

daoine LADT. Den chéad uair san Aontas Eorpach, tá sonraí agus faisnéis bailithe agus anailísithe as torthaí ilghnéitheacha taighde ar shaincheisteanna LADT bunaithe ar léirmheas ar an litríocht, ar cheistneoirí, ar thuarascálacha tíortha[9] arna seoladh ag taighdeoirí náisiúnta, agus ar agallaimh le Comhlachtaí Comhionannais Naisiúnta, le hEagraíochtaí Neamhrialtasacha agus le húdaráis phoiblí i ngach ceann den 27 Bhallstát chomh maith le torthaí ó dhá chruinniú comhstádais lenar tugadh saineolaithe ón tsochaí shibhialta LADT le chéile.

Tá príomhchuid na tuarascála seo eagraithe de réir téamaí lena gclúdaítear na téamaí sonracha seo a leanas, agus téarmaí leathana chomh maith:

- Dearcaí ar dhaoine LADT
- An fhuathchoireacht agus an fhuathchaint
- Saoirse chomhthionóil
- Margadh Saothair
- Oideachas
- Sláinte
- Institiúidí Reiligiúnacha
- Spóirt
- Na Méain
- Tearmann
- Il-Idirdhealú

Tá an trasfóibe agus an t-idirdhealú ar fhorais na féiniúlachta inscne agus an léirithe inscne ina gcuid den phríomhábhar lárnach sa tuarascáil tríd síos agus pléitear saincheisteanna sonracha i rannán ar leithligh.

Tá sonraí agus faisnéis i ngach rannán ó agallaimh le páirtithe leasmhara (Eagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT, údaráis phoiblí agus Comhlachtaí Náisiúnta Comhionannais), ó cheistneoirí, agus ó thuarascálacha tíortha arna ndréachtú ag taighdeoirí náisiúnta, chomh maith le taighde agus sonraí eile atá ann cheana fein. Féach Iarscríbhinn 1 le haghaidh liosta na dtaighdeoirí náisiúnta.

9 *DIHR* [Institiúid na Danmhairge um Chearta Daonna] agus COWI a choimisiúnaigh na tuarascálacha tíortha agus scaoileann an FRA iad ar mhaithe le trédhearcacht. Leis na húdair is ea na léirmhínithe agus tuairimí atá ann agus ní gá go léirítear seasamh nó tuairim an FRA leo.

Aistriúchán gan fíorú

Tugtar na saincheisteanna suntasacha chun suntais i ngach rannán in éineacht le samplaí as staidéir, as suirbhéanna, as figiúirí oifigiúla nó as cásanna aonair ó Bhallstáit eagsúla, ar chóir breathnú orthu mar léirithe ar chlaonta agus ar choinníollacha coitianta do dhaoine LADT i mBallstáit indibhidiúla agus trasna an AE.

Sa tuarascáil, cuirtear síos ar ghnéithe sóisialta lárnacha an scéil mar atá sé maidir le cearta agus cosaint ar an idirdhealú agus cé acu an mbaineann an homafóibe, an trasfóibe agus an t-idirdhealú do dhaoine LADT agus cén bealaí a bhaineann siad dóibh agus conas a théann sé i bhfeidhm ar a saol. Sa mhéid seo, cuireann an tuarascáil leis an anailís chuimsitheach ar chúrsaí dlí a foilsíodh níos luaithe agus comhlánaíonn an tuarascáil an anailís sin freisin.[10] Agus iad in éineacht le chéile, soláthraíonn siad an fhianaise atá riachtanach go bhforbróidh an FRA a tuairimí maidir leis an mbealach le dul i ngleic leis na fadhbanna a aithníodh.

# Soiléiriú maidir le téarmaí agus coincheapa

Tugann an FRA faoina cuid oibre maidir leis an idirdhealú bunaithe ar ghnéas, ar thionscnamh cine nó eitneach, ar reiligiún nó chreideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar threoshuímh ghnéasach agus i gcoinne daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad agus ar aon mheascán de na forais seo (il-idirdhealú) ar bhonn chaighdeáin an AE agus chaighdeáin idirnáisiúnta leis an idirdhealú a chomhrac, an chóir chomhionann a chur chun cinn agus cearta bunúsacha a ráthú. Tá sainmhínithe, téarmaí agus coincheapa sna caighdeáin seo, lena soláthraítear creat do mhódheolaíocht FRA maidir le sonraí a bhailiú agus a anailísiú.

**Idirdhealú**[11] **-** is éard atá ann ná cóir is lú fabhar a thabhairt do dhuine nó do ghrúpa seachas a chéile ar fhorais éagsúla, lena n-áirítear treoshuíomh gnéasach (**idirdhealú díreach**), nó sa chás go bhféadfadh foráil, ar cosúil í a bheith neodrach, grúpa daoine a chur faoi mhíbhuntáiste ar na forais idirdhealaithe chéanna, ach amháin sa chás go dtugtar údar oibiachtúil leis **(idirdhealú indíreach)**.[12] Measfar gur cineál idirdhealú é an **ciapadh** nuair a tharlaíonn iompraíocht gan iarraidh a bhaineann le haon cheann de na forais leis an aidhm nó leis an éifeacht go sáraítear dínit duine agus go gcruthaítear timpeallacht imeaglaithe, naimhdeach, táireach, náiritheach nó maslach. Is féidir le heachtra aonair amháin a bheith i gceist leis an gciapadh nó go leor eachtraí i gcaitheamh

Aistriúchán gan fíorú

[10] Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (2008), *Homophobia and Discrimination on Grounds of Sexual Orientation in the EU Member States: Part 1 – Legal Analysis, FRA 2008* [An Homafóibe agus an tIdirdhealú ar Fhorais an Treoshuímh Ghnéasaigh i mBallstáit an AE: Cuid 1 – Anailís ar Chúrsaí Dlí, FRA 2008]

[11] Sainmhíniú ar an idirdhealú—díreach agus indíreach— arna fheidhmiú de réir mar a leagadh amach sa Chreat-Treoir maidir leis an Idirdhealú; Treoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta don chóir chomhionann san fhostaíocht agus i slí bheatha

[12] Féach http://ec.europa.eu/employment_social/fundamental_rights/faq/faq1_en.htm (12.08.2008)

tréimhse ama. Is iomaí cineál ciapadh ann, amhail: bagairtí, imeaglú, nó drochíde ó bhéal; focail nó magadh gan iarraidh faoin treoshuíomh gnéasach, faoin bhféiniúlacht inscne nó faoin léiriú inscne.[13]

**Fuathchoireacht –** tagraíonn an fhuathchoireacht a dhírítear ar dhaoine LADT d'aon chion coiriúil, lena n-áirítear cionta i gcoinne an duine nó maoine, inar roghnaíodh an t-íospartach, áitreabh nó targaid an chiona mar gheall ar nasc, ceangal, comhcheangal, tacaíocht nó ballraíocht, bíodh sin fírinneach nó meabhairbhraite, atá acu le, do nó de ghrúpa LADT .[14]

**Eachtra fuatha –** aon eachtra, ionsaí nó gníomh—cibé acu an sainmhínítear é mar rud coiriúil faoi reachtaíocht náisiúnta nó nach sainmhínítear—i gcoinne daoine nó maoine agus íospartach, áitreabh nó targaid a roghnaíodh mar gheall ar nasc, ceangal, comhcheangal, tacaíocht nó ballraíocht, bíodh sin fírinneach nó meabhairbhraite, atá acu le, do nó de ghrúpa LADT. Clúdaítear raon léirithe éadulaingthe leis an téarma, idir eachtraí ar leibhéal íseal a spreagtar ag claontacht agus ghníomhartha coiriúla.[15]

**Fuathchaint –** tagraíonn sé do léirithe poiblí lena leatar, lena ngríosaítear, lena gcuirtear chun cinn nó lena seastar le fuath, idirdhealú nó naimhdeacht do mhionlaigh — mar shampla ráitis ó cheannairí polaitíochta nó reiligiúin a bheith le feiceáil sa phreas nó ar an Idirlíon. Níl aon sainmhíniú ann atá comhaontaithe ag cách. Deirtear i Moladh 1997 ó Choiste Airí Chomhairle na hEorpa[16] maidir leis an téarma "[it] *shall be understood as covering all forms of expression which spread, incite, promote or justify racial hatred, xenophobia, anti-Semitism or other forms of hatred based on intolerance, including: intolerance expressed by aggressive nationalism and ethnocentrism, discrimination and hostility against minorities, migrants and people of immigrant origin*" [bainfear de chiall as go gclúdaítear leis gach cineál léiriú lena leatar, lena ngríosaítear, lena gcuirtear chun cinn nó lena seastar le fuath do chine, leis an tseineafóibe, leis an bhfrith-Sheimíteachas nó le cineálacha eile fuatha atá bunaithe ar an éadulaingt, lena n-áirítear: an éadulaingt arna léiriú leis an náisiúnachas agus eitnealárnachas ionsaitheach, an t-idirdhealú i gcoinne mionlach, imirceach agus daoine de bhunadh imirceach agus an naimhdeacht dóibh."] Ina cásdlí, níor glacadh sainmhíniú beacht ach

Aistriúchán gan fíorú

[13] Féach http://ec.europa.eu/employment_social/fundamental_rights/faq/faq1_en.htm (12.08.2008)

[14] Sainmhíniú bunaithe ar: an Eagraíocht um Shlándáil agus Chomhoibriú san Eoraip/Oifig um Institúidí Daonlathacha agus um Chearta Daoine (2008), '*Hate Crimes in the OSCE Region - Incidents and Responses. Annual Report for 2007*' [Fuathchoireanna i Réigiún na hEagraíochta um Shlándáil agus Chomhoibriú san Eoraip – Eachtraí agus Freagairtí. Tuarascáil Bhliantúil i gcomhair 2007']; úsáideann Comhairle na hEorpa sainmhíniú na hEagraíochta um Shlándáil agus Chomhoibriú san Eoraip/na hOifige um Institúidí Daonlathacha agus um Chearta Daoine freisin.

[15] Sainmhíniú bunaithe ar: an Eagraíocht um Shlándáil agus Chomhoibriú san Eoraip/Oifig um Institúidí Daonlathacha agus um Chearta Daoine (2008), *Hate Crimes in the OSCE Region - Incidents and Responses. Annual Report for 2007* [Fuathchoireanna i Réigiún na hEagraíochta um Shlándáil agus Chomhoibriú san Eoraip – Eachtraí agus Freagairtí. Tuarascáil Bhliantúil i gcomhair 2007]

[16] Bunaithe ar an sainmhíniú atá i Moladh Uimh. R(97)20 de Choistí Airí de Chomhairle na hEorpa do Bhallstáit maidir leis an 'bhFuathchaint'

d'fheidhmigh an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine an téarma seo maidir le cineálacha léirithe lena leatar, lena ngríosaítear, lena gcuirtear chun cinn nó lena seastar le fuath atá bunaithe ar an éadulaingt, lena n-áirítear éadulaingt do reiligiún. Lainseáil Comhairle na hEorpa lámhleabhar i mí na Samhna 2008 maidir leis an bhfuathchaint[17] lena ndéantar an pointe, cé nár dhéileáil an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine leis an ngné seo fós, go dtagann an chaint homafóibeach faoi chatagóir ar féidir a mheas mar fhuathchaint freisin.

Úsáidtear roinnt coincheap sa tuarascáil freisin nár aithníodh in ionstraimí an AE fós nó in ionstraimí idirnáisiúnta lena socraítear caighdeáin agus níl aon luach acu ó thaobh an dlí:

**Treoshuíomh gnéasach –** tagraíonn 'treoshuíomh gnéasach' do chumas gach duine tarraingt dhomhain mhothúchánach, gheanúil agus ghnéasach do dhaoine eile a chothú, agus don dlúthchaidreamh agus caidreamh gnéis le daoine d'inscne dhifriúil nó den inscne chéanna nó de níos mó ná inscne amháin.[18]

**Homaighnéasacht agus déghnéasacht –** is minic a chuimsítear iad seo, in éineacht leis an téarma tras-inscne, sna comhthéarmaí 'daoine LADT' i gcúrsaí acadúla agus polaitíochta — agus is éard atá i gceist ná leispiaigh, fir aeracha, déghnéasaigh agus daoine tras-inscne. Grúpa ilchineálach atá ann a bhailítear le chéile faoin teideal LADT go minic i gcúrsaí sóisialta agus polaitíochta ar leibhéal áitiúil agus idirnáisiúnta.

**Trasghnéasach –** duine ar fearr leis nó léi inscne eile seachas an inscne breithe agus a mhothaíonn gur gá dó nó dí tabhairt faoi athruithe fisiciúla ar an gcolainn chun an mothúchán seo a léiriú, amhail cóireail hormóin agus/nó máinliacht.

**Daoine tras-inscne –** áirítear leo seo daoine a bhfuil féiniúlacht inscne acu atá difriúil leis an inscne a sannadh nuair a tháinig sé nó sí ar an saol agus na daoine sin ar mian leo a bhféiniúlacht inscne a léiriú ar bhealach atá difriúil leis an inscne a sannadh dóibh nuair a tháinig siad ar an saol. Tá na daoine sin a mhothaíonn go gcaithfidh siad, nó gur fearr leo, nó a roghnaíonn iad féin a chur i láthair ar bhealach atá difirúil lena mbeadh daoine ag súil leis an ról gaolta leis an inscne a sannadh nuair a tháinig siad ar an saol, cibé acu trí bhíthin éadaí, oiriúintí, cosmaidí nó bunathrú ar a gcolainn. Áirítear leis seo, i measc

Aistriúchán gan fíorú

[17] Tuilleadh faisnéise ar fáil ag https://wcd.coe.int/ViewDoc.jsp?Ref=PR799(2008)&Language=lanEnglish&Ver=original&Site=DC&BackColorInternet=F5CA75&BackColorIntranet=F5CA75&BackColorLogged=A9BACE (3.02.2009)

[18] *The Yogyakarta principles on the Application of International Human Rights Law in relation to Sexual Orientation and Gender Identity,* [Prionsabail Yogyakarta maidir le Dlíthe Idirnáisiúnta um Chearta an Duine a Fheidhmiú i ndáil leis an Treoshuíomh Gnéasach agus leis an bhFéiniúlacht Inscne] ar fáil ag http://www.yogyakartaprinciples.org/principles_en.htm (22.11.2008)

go leor eile, daoine tras-inscne atá idir fear agus bean, daoine trasghnéasacha, agus trasfheisteoirí.[19]

**Trasfheisteoir –** duine a ghléasaíonn é nó í féin, go rialta, cé go ndéanann amhlaidh go páirt-aimseartha, in éadaí a bhaineann leis an inscne chontrártha den chuid is mó, seachas an inscne breithe.

**Léiriú inscne –** is féidir é a shainmhíniú sa chaoi ina léiríonn gach duine daonna é/í féin i dtéarmaí *inscnithe* – is é sin lé rá, an bealach lena léiríonn gach duine iad féin laistigh de na féidearthachtaí difriúla a thairgtear leis an speictream inscne – cosúil le fearúlacht, banúlacht, andraigíneacht, etc.[20] Tagraítear leis an léiriú inscne do ghnéithe infheicthe (amhail cuma, éadaí, caint agus iompar) fhéiniúlacht inscne an duine.[21] Sa tuarascáil seo, tagraítear leis an léiriú inscne go háirithe do na daoine sin a thrasnaíonn an líne inscne dépholach traidisiúnta – mar shampla, tá féiniúlacht inscne fir ag fir ar trasfheisteoirí iad, ach léiríonn siad a mbanúlacht trí éadaí mná a chur orthu féin ar uairibh agus comharthaíocht choirp bhanúil a ghlacadh chuchu chomh maith le bealaí lena léirítear ról na mban.[22]

**Féiniúlacht inscne –** tagraíonn sé do thaithí inmheánach indibhidiúil gach duine ar an inscne, rud a mhothaítear go domhain, a d'fhéadfadh freagairt don inscne arna sannadh nuair a tháinig duine ar an saol, nó nach bhféadfadh, lena n-áirítear an bhraistint phearsanta don cholainn (a bhféadfadh, má roghnaítear faoi shaoirse é, bunathrú ar chuma nó ar fheidhm na colainne trí mhodhanna liachta, máinliachta nó eile a bheith i gceist leis) agus bealaí eile lena léirítear inscne, lena n-áirítear éadaí, caint agus gothaíocht.[23] Ní hionann féiniúlacht inscne agus treoshuíomh gnéasach, agus féadfaidh daoine tras-inscne iad féin a aithint mar dhaoine heitrighnéasacha, déghnéasacha nó homaighnéasacha.

[19] Sainmhíniú bunaithe ar *Transgender Europe* [Eoraip Tras-Inscne] ar fáil ag http://www.transgendereurope.org/viewpage.php?page_id=8 (20.09.2008)
Tá an focal 'trasinscneacht' le feiceáil sa tuarascáil seo freisin agus tagraíonn sé do dhuine a bhfuil féiniúlacht nó léiriú tras-inscne aige nó aici.

[20] Cabral, M. *International Gay and Lesbian Human Rights Commission* [Coimisiún Idirnáisiúnta um Chearta an Duine do Dhaoine Aeracha agus Leispiacha]: *Gender Expression and Human Rights*, [Léiriú Inscne agus Cearta an Duine] http://www.iglhrc.org/files/iglhrc/program_docs/GEHR%20E.doc (17.12.08)

[21] *Gender Expression Toolkit Ending Discrimination on the Basis of Gender Expression*, [Foireann Uirlisí maidir leis an Léiriú Inscne Deireadh á Chur leis an Idirdhealú ar Bhonn an Léirithe Inscne] http://www.gillfoundation.org/usr_doc/2008Gender_Expression_Toolkit.pdf (17.12.08)

[22] Mustola, K. "Outline results of a questionnaire targeted at gender minorities" in J. Lehtonen agus K. Mustola *"Straight people don't tell, do they ...?": Negotiating the boundaries of sexuality and gender at work* ["Torthaí imlíneacha ceistneora a díríodh ar mhionlaigh inscne"] in J. Lehtonen agus K. Mustola ["Ní insíonn daoine díreacha, an insíonn …?": Idirbheartaíocht faoi theorainneacha na gnéasachta agus na hinscne ag an obair] Aireacht Saothair, an Fhionlainn, 2004

[23] *The Yogyakarta principles on the Application of International Human Rights Law in relation to Sexual Orientation and Gender Identity,* [Prionsabail Yogyakarta maidir le Dlíthe Idirnáisiúnta um Chearta an Duine a Fheidhmiú i ndáil leis an Treoshuíomh Gnéasach agus leis an bhFéiniúlacht Inscne] ar fáil ag http://www.yogyakartaprinciples.org/principles_en.htm (22.11.2008)

Aistriúchán gan fíorú

Meastar gur saincheisteanna inscne atá i saincheisteanna maidir le daoine tras-inscne mar sin seachas ceist ó thaobh an treoshuímh ghnéasaigh.

**Heitreanormatacht** – an rud a fhágann gur cosúil go bhfuil an heitrighnéasacht comhleanúnach, normálta, agus pribhléideach. Is éard atá i gceist leis ná an bonn tuisceana go bhfuil gach duine heitrighnéasach "ó nádúr" agus gurb é an heitrighnéasacht an rud idéalach, os cionn na homaighnéasachta nó na déghnéasachta.'[24]

**Heitrighnéasachas** – is féidir é a shainmhíniú mar idirdhealú i bhfabhar daoine heitrighnéasacha agus i gcoinne daoine homaighnéasacha, bunaithe ar an mbonn tuisceana gurb é an heitrighnéasacht an t-aon nós maireachtála 'normálta' dá bhfuil ann. D'áireofaí an méid seo a leanas san idirdhealú "heitrighnéasach" i gcoinne daoine LADT, mar shampla, cásanna ina ndéantar idirdhealú díreach agus indíreach, faoi mar atá sainmhínithe i dtreoracha an AE i gcoinne an idirdhealaithe.'

**Il-idirdhealú -** téarma lena gcuirtear síos ar an idirdhealú a tharlaíonn ar bhonn go leor foras agus iad i bhfeidhm ar leithligh. Tagraítear leis an **idirdhealú idirdheasctha** do chás ina bhfuil cuid mhaith foras i bhfeidhm agus ag idirghníomhú lena chéile ag an am céanna sa chaoi go bhfuil siad doscartha. [25]

**Homafóibe –** an faitíos agus col neamhréasúnach roimh agus leis an homaighnéasacht agus roimh agus le daoine leispiacha, aeracha agus déghnéasacha (LAD) bunaithe ar an gclaontacht.[26]

**Trasfóibe –** is féidir cur síos a dhéanamh air mar fhaitíos neamhréasúnach roimh dhaoine nach n-iompraíonn iad féin de réir a n-inscne nó a sháraíonn nósanna inscne, amhail faitíos roimh, nó col le mná fearúla, fir bhanúla, trasfheisteoirí, trasinscnigh, trasghnéasaigh agus daoine eile nach bhfuil de réir steiréitíopaí inscne atá ann cheana féin faoin inscne a bhí acu nuair a tháinig siad ar an saol. Níl sé i gceist go dtabharfaí le fios agus an focal 'fóibe' á úsáid sa chomhthéacs seo go bhfuil neamhord ar an duine trasfóibeach agus/nó ar an íospartach trasfóibe.[27]

Aistriúchán gan fíorú

---

[24] Bunaithe ar: L. Berlant, M. Warner (1998) *'Sex in Public', in Critical Inquiry* ['Gnéas go Poiblí', i bhFiosrúchán Criticiúil], *24, 2. T. Rosenberg (2002) Queerfeministisk Agenda,* Stócólm. *RFSL* [Cónaidhm na Sualainne um Chearta do Dhaoine Leispiacha, Aeracha Déghnéasacha agus Tras-Inscne] *(2007) Open Up Your Workplace: Challenging Homophobia and Hetero-normativity* [Oscail Suas Do Láthair Oibre: Ag Cur Dúshláin Faoin Homafóibe agus faoin Heitreanormatacht]

[25] Coimisiún Eorpach (2007) '*Tackling Multiple Discrimination. Practices, policies and laws'*, ['Ag Dul i nGleic leis an Il-idirdhealú. Cleachtais, beartais agus dlíthe'] ar fáil ag http://ec.europa.eu/employment_social/fundamental_rights/pdf/pubst/stud/multdis_en.pdf (12.09.2008)

[26] Tarraingíonn an sainmhíniú seo as rún Pharlaimint na hEorpa maidir leis an homafóibe san Eoraip (P6_TA(2006)0018 (PE 368.248))

[27] Hill, D, Willoughby, B. (2005) *The Development and Validation of the Genderism and Transphobia Scale, in Sex Roles* [Forbairt agus Bailíochtú Scála an Inscníochais agus na Trasfóibe, i Róil Ghnéis], Iml. 53, Uimh. 7-8, Deireadh Fómhair 2005, an Ísiltír: Springer

**Idirdhealú braite nó suibiachtúil** – an mothúchán suibiachtúil go bhfuil idirdhealú á dhéanamh i gcoinne duine, agus d'fhéadfadh sé bheith amhlaidh nach mbeadh idirdhealú i gceist faoi mar a shainmhínítear sa dlí é.[28]

# Modheolaíocht

Bhíothas ag brath ar ábhar cúlra don anailís láithreach, ábhar a bailíodh tríd na gníomhaíochtaí taighde seo a leanas san oifig agus mar obair allamuigh, agus fíoraíodh agus anailísíodh na sonraí ina dhiaidh:

Léirmheas ar an litríocht

Cuireadh tús leis an taighde le léirmheas mionsonraithe ar an litríocht ábhartha. D'éascaigh é seo an próiseas a tháinig ina dhiaidh leis na treoirlínte a fhorbairt don obair allamuigh agus do na tuarascálacha tíre.

Tuarascálacha tíre

Coimisiúnaíodh tuarascáil socheolaíochta maidir leis an scéal reatha do shaineolaithe neamhspleácha i ngach Ballstát, rud a sholáthair saibhreas faisnéise ó thaobh an chomhthéacs, chomh maith le sonraí oifigiúla agus faisnéis ar thaighde acadúil agus ar thaighde eile.

Suirbhé leictreonach ar pháirtithe leasmhara

Rinneadh suirbhé ar Eagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT, ar Chomhlachtaí Náisiúnta Comhionannais agus ar údaráis phoiblí trí cheistneoir leictreonach leis an aidhm is go mbaileofaí 'measúnacht na bpáirtithe leasmhara' faoin scéal ó thaobh cúrsaí sóisialta. Seoladh 343 ceistneoir amach. As a measc siúd, freagraíodh 84 go hiomlán, freagraíodh cuid de 132 (as 216 san iomlán) agus níor freagraíodh 127. Soláthraítear léargas luachmhar leis na freagairtí ar na príomhréimsí atá ina n-údar imní do pháirtithe leasmhara trasna an AE.

Obair allamuigh

Chun na sonraí a bailíodh sna tuarascálacha tíre agus sa suirbhé leictreonach a fhorlíonadh, seoladh agallaimh dhoimhne trasna an AE le hionadaithe Eagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT, údarás poiblí agus Comhlachtaí Náisiúnta Comhionannais.

Cruinnithe comhairliúcháin comhstádais

Aistriúchán gan fíorú

[28] E. Olli, B. K. Olsen (eds.) (2005) *Towards Common Measures for Discrimination: Exploring possibilities for combining existing data for measuring ethnic discrimination, Danish Institute for Human Rights*. [I dTreo na gComhbheart don Idirdhealú: Ag féachaint ar fhéidearthachtaí le sonraí atá ann cheana féin a chomhcheangal leis an idirdhealú eitneach a thomhas, Institiúid na Danmhairge um Chearta an Duine]

Pléadh deachleachtais agus moltaí le coinníollacha a fheabhsú do dhaoine LADT, a aithníodh i rith an phróisis bhailithe sonraí agus na hoibre allamuigh, a thuilleadh le hEagraíochtaí Neamhrialtasacha as gach cearn den AE ag dhá chruinniú comhairliúcháin chomhstádais i gCóbanhávan i mí Mheitheamh 2008, lenar éascaíodh eolas a mhalartú agus sineirgí a fhorbairt. Bhí na cruinnithe úsáideach freisin sa mhéid is gur soláthraíodh tuilleadh faisnéise le haghaidh anailíse d'fhoireann an tionscadail.

**Comhairle na hEorpa**

Foinse thábhachtach eile de shonraí ábhartha ná Comhairle na hEorpa, agus fuair foireann an tionscadail faisnéis uaithi maidir le dearcaí na Comhairle ar an homafóibe, trasfóibe, agus idirdhealú bunaithe ar an treoshuíomh gnéasach agus ar an bhféiniúlacht inscne chomh maith lena dearcaí ar thionscnaimh leis na fadhbanna sin a chomhrac. Cuireadh agallaimh ar an gCoimisinéir um Chearta an Duine, Thomas Hammarberg, freisin.

Aistriúchán gan fíorú

# CUID I: Leispiaigh, fir aeracha, déghnéasaigh agus daoine trasghnéasacha/tras-inscne san AE

## Dearcaí ar Dhaoine LADT

Tugtar aghaidh ar dhearcaí an daonra i gcoitinne ar dhaoine LADT i suirbhéanna arna seoladh ag leibhéal Eorpach nó náisiúnta mar pharaiméadar ar threoshuímh chomhaimseartha luachanna. Déantar suirbhé le roinnt staidéar ar dhearcaí ar an homaighnéasacht nó ar chleachtais homaighnéasacha go díreach, ach is bealach eile é chun dearcaí ar homaighnéasaigh a mheasúnú ná scála na *cóngrachta sóisialta* a úsáid, ag cur ceisteanna amhail: 'Cén duine ar mhaith leat/nár mhaith leat a bheith ina c(h)omharsa leat?'


*Suirbhé Eorpach: homaighnéasaigh mar chomharsana*

Cuireadh an cheist sa suirbhé Eorabharaiméadair is déanaí ó 2008[29] 'conas a d'aireofá go pearsanta faoi homaighnéasach (fear aerach nó bean leispiach) mar chomharsa?' Taifeadadh na freagairtí ar scála ó '1' le haghaidh '*an-mhíchompordach*' go '10' le haghaidh '*an-chompordach*'. Roinneadh na freagairtí ina gcúig ghrúpa, an dath ba dhorcha ag léiriú na ndaoine ba chompordaí agus an dath ab éadroime ag léiriú na ndaoine ba mhíchompordaí, agus tá na dearcaí seo léirithe sa léarscáil thíos:

Aistriúchán gan fíorú

[29] Eorabharaiméadar 296 (2008), caibidil 9, ar fáil ag http://ec.europa.eu/public_opinion/archives/ebs/ebs_296_en.pdf (24.01.2009)

Dearcaí ar homaighnéasach a bheith mar chomharsa




| | Insert translation | | Insert translation |
|---|---|---|---|
| **Country Results** | **Torthaí na Tíre** | Latvia | An Laitvia |
| Sweden | An tSualainn | Bulgaria | An Bhulgáir |
| Denmark | An Danmhairg | Romania | An Rómáin |
| The Netherlands | An Ísiltír | Eochair Eolais na Léarscáile | |
| Luxembourg | Lucsamburg | Níos airde ná 9.0 | |
| France | An Fhrainc | Níos ísle ná 6.0 | |
| Belgium | An Bheilg | | |
| United Kingdom | An Ríocht Aontaithe | | |
| Spain | An Spáinn | | |
| Ireland | Éire | | |
| Malta | Málta | | |
| Germany | An Ghearmáin | | |
| **European Union (27)** | **Aontas Eorpach (27)** | | |
| Slovenia | An tSlóivéin | | |
| Austria | An Ostair | | |
| Finland | An Fhionlainn | | |
| Estonia | An Eastóin | | |
| Greece | An Ghréig | | |
| Cyprus | An Chipir | | |
| Poland | An Pholainn | | |
| Italy | An Iodáil | | |
| Czech Republic | Poblacht na Seice | | |
| Portugal | An Phortaingéil | | |
| Slovakia | An tSlóvaic | | |
| Hungaria | An Ungáir | | |
| Lithuania | An Liotuáin | | |

Aistriúchán gan fíorú

De réir an Eorabharaiméadair, san AE mar aonad iomlán, dúirt 11 faoin gcéad go mbeidís míchompordach agus homaighnéasach mar chomharsa acu (freagra idir 1-3 ar an scála tugtha), agus bheadh 67 faoin gcéad compordach (freagra idir 7-10 ar an scála tugtha).

Is iad na tíortha mar a mbeadh an cion is airde d'fhreagróirí compordach le comharsa homaighnéasach a bheith acu, ná **an Ísiltír** agus **an tSualainn** (91 faoin gcéad) agus **an Danmhairg**, **an Bheilg** agus **an Fhrainc** ina ndiaidh.

Ag ceann eile an scála, is í **an Rómáin** an tír ina bhfuil an cion is airde d'fhreagróirí atá míchompordach le homaighnéasach a bheith mar chomharsa acu (36 faoin gcéad), agus **an Liotuáin**, **an Laitvia, an Bhulgáir** agus **an Ungáir** ina diaidh.

De réir thorthaí seo an Eorabharaiméadair, ar an meán, bíonn dearcadh níos diúltaí ag fir ná mná, bíonn glúine breacaosta níos diúltaí ná glúine atá níos óige, daoine a bhfuil níos lú oideachais acu níos diúltaí ná daoine a bhfuil níos mó oideachais acu, agus daoine a bhfuil dearcaí na heite deise acu níos diúltaí ná daoine a bhfuil dearcaí na heite clé acu.

**Dea-chleachtas: Feachtas múscailte feasachta. Sa Pholainn**, d'eagraigh an *Campaign Against Homophobia* [Feachtas i gCoinne na Homafóibe] an chéad fheachtas múscailte feasachta "*Let them see us*" ["Feicidís Muid"] in 2003 lenar cuireadh glacacht le daoine aeracha agus leispiacha chun cinn. Taispeánadh tríocha pictiúr de lánúineacha aeracha agus leispiacha agus greim láimhe acu ar a chéile i ngailearaithe agus ar mhórchláir fhógraíochta sna cathracha is mó sa Pholainn. D'adhain an feachtas díospóireacht teasaí sna meáin maidir le saincheisteanna LAD.[30]

Ní thomhaistear an próiseas lena nochtar dearcaí ar ghrúpaí difriúla, amhail daoine LADT, díreach trí thagairt do '*duine díobh a bheith mar chomharsa agat*'. Faightear pictiúr níos fearr má leathnaítear suirbhé den chineál seo amach go gcuimseofar sraith de shuímh níos ilghnéithí. Mar léiriú air sin, **sa Chipir**, le staidéar a ullmhaíodh d'Oifig an Ombudsman, cíoradh suímh éagsúla lenar taispeánadh, mar shampla, go mbeadh freagróirí níos míchompordaí le homaighnéasaigh a bheith ag tabhairt aire dá leanbh nó á m(h)úineadh nó a bheith ina ngarghaolta leo ná mar a bheidís le homaighnéasaigh a bheith ina gcairde acu nó ina ndochtúirí, agus go mbeadh freagróirí níos compordaí le homaighnéasach a bheith ina c(h)omhghleacaí nó ina c(h)omharsa acu.[31]

*Suirbhéanna Eorpacha: pósadh agus uchtú leanaí ag lánúineacha aon-inscne*

Soláthraíonn dearcaí ar phóstaí lánúineacha aon-inscne agus ar lánúineacha den sórt sin a bheith ag uchtú leanaí leid eile faoin nglacacht le daoine LADT sa tsochaí. Luaitear in Eorabharaiméadar 2006:

Aistriúchán gan fíorú


[30] Féach http://niechnaszobacza.queers.pl/index_en.htm (23.10.2008).
[31] *Cyprus College Research Center (2006) 'Attitudes and Perceptions of the Public toward Homosexuality', Cyprus College* [Ionad Taighde Choláiste na Cipire (2006) 'Dearcaí ar an Homaighnéasacht agus Braistintí an Phobail faoi'], Coláiste na Cipire]

*'The survey […] shows that openness towards homosexuality tends to be quite limited. On average, only 32% of Europeans feel that homosexual couples should be allowed to adopt children throughout Europe. In fact, in 14 of the 25 Member States less than a quarter of the public accepts adoption by homosexual couples. Public opinion tends to be somewhat more tolerant as regards homosexual marriages: 44% of EU citizens agree that such marriages should be allowed throughout Europe. It should be noted that some Member States distinguish themselves from the average result by very high acceptance levels: the Netherlands tops the list with 82% of respondents in favour of homosexual marriages and 69% supporting the idea of adoption by homosexual couples. Opposition is strongest in Greece, Latvia (both 84% and 89%, respectively) and Poland (76% and 89%).'*[32] [‘Taispeántar sa suirbhé […] go bhfuil an claonadh ann go mbíonn an oscailteacht don homaighnéasacht sách teoranta. Ar an meán, ní mhothaíonn ach 32% d’Eorpaigh gur chóir go gceadófaí do lánúineacha homaighnéasacha leanaí a uchtú ar fud na hEorpa. Faoi mar a tharlaíonn sé, i gceithre chinn déag den 25 Bhallstát glacann cion is lú ná an ceathrú cuid den phobal le lánúineacha homaighnéasacha a bheith ag uchtú leanaí. Tá an claonadh ann go mbíonn tuairim an phobail beagán níos fulangaí maidir le póstaí homaighnéasacha: aontaíonn 44% de shaoránaigh na hEorpa gur chóir go gceadófaí póstaí den sórt sin ar fud na hEorpa. Ba chóir a nótáil go bhfuil roinnt Ballstát suaithinseach i measc na meántorthaí agus go bhfuil leibhéil ghlacachta an-ard acu: an Ísiltír atá ar bharr an liosta agus 82% d’fhreagróirí i bhfabhar póstaí hómaighnéasacha agus 69% ag glacadh leis an smaoineamh go n-uchtódh lánúineacha homaighnéasacha leanaí. Sa Ghréig agus sa Laitvia is mó atá daoine ina gcoinne, (84% agus 89% faoi seach don dá cheist) agus sa Pholainn (76% agus 89%)’]

Aistriúchán gan fíorú

[32] Eorabharaiméadar 66 (2006), lch. 43-46, ar fáil ag http://ec.europa.eu/public_opinion/archives/eb/eb66/eb66_en.pdf , (16.12.2008)

Dearcaí maidir le póstaí lánúineacha aon-inscne a cheadú ar fud na hEorpa[33]




| | Insert translation | | Insert translation |
|---|---|---|---|
| **Country Results** | **Torthaí na Tíre** | Lithuania | An Liotuáin |
| The Netherlands | An Ísiltír | Poland | An Pholainn |
| Sweden | An tSualainn | Greece | An Ghréig |
| Denmark | An Danmhairg | Bulgaria | An Bhulgáir |
| Belgium | An Bheilg | Cyprus | An Chipir |
| Luxembourg | Lucsamburg | Latvia | An Laitvia |
| Spain | An Spáinn | Romania | An Rómáin |
| Germany | An Ghearmáin | | |
| Czech Republic | Poblacht na Seice | | |
| Austria | An Ostair | Eochair Eolais na Léarscáile | |
| France | An Fhrainc | 71-100 Faoin gcéad | |
| United Kingdom | An Ríocht Aontaithe | “ “ | |
| Finland | An Fhionlainn | “ “ | |
| **European Union (27)** | **Aontas Eorpach (27)** | “ “ | |
| Ireland | Éire | “ “ | |
| Italy | An Iodáil | | |
| Slovenia | An tSlóivéin | | |
| Portugal | An Phortaingéil | | |
| Estonia | An Eastóin | | |
| Slovakia | An tSlóvaic | | |
| Hungaria | An Ungáir | | |
| Malta | Málta | | |

Aistriúchán gan fíorú

[33] Eorabharaiméadar 66 (2006), lch. 43, ar fáil ag http://ec.europa.eu/public_opinion/archives/eb/eb66/eb66_en.pdf , (16.12.2008)

Bíonn dearcaí ar homaighnéasaigh 'mar chomharsana' agus dearcaí ar 'phóstaí lánúineacha aon-inscne' sna Ballstáit difriúla, arna dtaifeadadh le suirbhé an Eorabharaiméadair, comhghaolaithe go mór le leibhéal na gceart teaghlaigh a mbíonn daoine LADT in ann teacht orthu. Tá an claonadh ann go bhfaightear na dearcaí is dearfaí i mBallstáit ina bhfuil aitheantas dleathach de chineál éigin ann do pháirtíochtaí aon-inscne. D'fhéadfadh é sin tabhairt le fios go bhfuil gaol idir dearcaí an phobail agus aitheantas do pháirtíochtaí. Faoi mar a dúirt an tOmbudsman[34] **sa Spáinn**, is cosúil gur tháinig feabhas ar dhearcaí ar dhaoine LADT de bharr an pósadh a bheith tugtha isteach do lánúineacha aon-inscne.

'*The culture of the country has changed in a definable way as a result of civil partnerships. And here is what I think is really interesting, that the change in the culture and the civilising effect of it has gone far greater than the gay and lesbian community. In other words, by taking a stand on this issue and by removing a piece of prejudice and discrimination, and by enabling people to stand proud as what they are, it has had an impact that I think profoundly affects the way the country thinks about itself*'.[Tá cultúr na tíre athraithe ar bhealach in-sainmhínithe de thoradh páirtíochtaí sibhialta. Agus seo an rud atá fíorspéisiúil ar fad dar liom, go bhfuil an t-athrú sa chultúr agus éifeacht sibhialaithe an athraithe sin tar éis dul i bhfeidhm ar chúrsaí i bhfad amach ón bpobal aerach agus leispiach. I bhfocail eile, tríd an bhfód a sheasamh maidir leis an gceist seo agus trí fáil réidh le píosa claontachta agus idirdhealaithe, agus trí daoine a chumasú le seasamh go bródúil astu féin mar atá siad, chuaigh sé i bhfeidhm ar chúrsaí ar bhealach a dhéanann fíordhifear dar liom don bhealach a smaoiníonn muintir na tíre futhu féin.'] Tony Blair *Stonewall Equality Dinner* [Dinnéar Comhionannais Stonewall] 22 Márta 2007 (Cowan 2007: lch.1)[35]

Aistriúchán gan fíorú

Maidir leis an gceist ó thaobh leanaí a uchtú, fuarthas leis an Eorabharaiméadar nár aontaigh ach 31 faoin gcéad d'fhreagróirí trasna an AE, ar an meán le:


'*The proposition that homosexual couples should be authorised to adopt children receives extremely different levels of agreement from one country to another: it ranges from 7% in Poland and Malta to 69% in the Netherlands. Sweden is the only other country where (just) more than half supports the view that 'the adoption of children should be authorised for homosexual couples throughout Europe'* ['Faigheann an moladh gur chóir go n-údarófaí do lánúineacha homaighnéasacha leanaí a uchtú leibhéil chomhaontaithe fhíordhifriúla ó thír go chéile: tá sé idir 7% sa Pholainn agus Málta agus 69% san Ísiltír. Is é an tSualainn an t-aon tír eile ina dtacaíonn (díreach) os cionn a

[34] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh le El Defensor del Pueblo [an tOmbudsman], Márta 13, 2008

[35] Cowan, K. (2007) *British attitudes to lesbian and gay people* [Dearcaí mhuintir na Breataine ar dhaoine leispiacha agus aeracha] www.stonewall.org.uk

leath leis an dearcadh 'gur chóir go n-údarófaí, ar fud na hEorpa, do lánúineacha homaighnéasacha leanaí a uchtú.'][36]

Dearcaí maidir le cead a thabhairt do lánúineacha homaighnéasacha leanbh a uchtú




| | Insert translation | | Insert translation |
|---|---|---|---|
| **Country Results** | **Torthaí na Tíre** | | |
| The Netherlands | An Ísiltír | Poland | An Pholainn |
| Sweden | An tSualainn | | |
| Denmark | An Danmhairg | | |
| Austria | An Ostair | | |
| Belgium | An Bheilg | | |
| Spain | An Spáinn | | |
| Germany | An Ghearmáin | | |
| Luxembourg | Lucsamburg | Eochair Eolais na Léarscáile | |
| France | An Fhrainc | Faoin gcéad | |
| United Kingdom | An Ríocht Aontaithe | | |
| **European Union (27)** | **Aontas Eorpach (27)** | | |
| Ireland | Éire | | |
| Italy | An Iodáil | | |
| Finland | An Fhionlainn | | |
| Czech Republic | Poblacht na Seice | | |
| Portugal | An Phortaingéil | | |
| Slovenia | An tSlóivéin | | |

Aistriúchán gan fíorú

[36] Eorabharaiméadar 66 (2006), lch. 45, ar fáil ag: http://ec.europa.eu/public_opinion/archives/eb/eb66/eb66_en.pdf (16.12.2008)

| | | | |
|---|---|---|---|
| Estonia | An Eastóin | | |
| Hungaria | An Ungáir | | |
| Lithuania | An Liotuáin | | |
| Slovakia | An tSlóvaic | | |
| Bulgaria | An Bhulgáir | | |
| Greece | An Ghréig | | |
| Cyprus | An Chipir | | |
| Latvia | An Laitvia | | |
| Romania | An Rómáin | | |
| Malta | Málta | | |

*Suirbhéanna náisiúnta eile ar dhearcaí*

Nuair a scrúdaítear gnéithe eile de dhearcaí daoine ar dhaoine LADT, tugtar le fios le suirbhéanna náisiúnta go bhfuil dearcaí diúltacha ar dhaoine LADT forleathan i gcomhthéacsanna éagsúla.

I suirbhé **sa Bhulgáir**[37], níor mhaith le 42 faoin gcéad d'fhreagróirí homaighnéasach a bheith mar chara nó mar chomhghleacaí acu agus ní ghlacfadh 47 faoin gcéad leis dá mba homaighnéasach é a leanbh. I suirbhé **sa Ríocht Aontaithe**[38] lenar clúdaíodh Albain, dúirt leathchuid na bhfreagróirí go mbeidís míshásta faoi dhuine gaolta leo a bheith i gcaidreamh fadtéarmach le duine trasghnéasach. I suirbhé **sa Danmhairg**,[39] níor cheap 53 faoin gcéad d'fhir idir 15-24 bliana d'aois go raibh sé inghlactha comhriachtain a dhéanamh le duine den inscne chéanna, ach ní raibh an tuairim chéanna ach ag 21 faoin gcéad de mhná óga. De réir staidéir **sa Ghearmáin**,[40] cheap 32 faoin gcéad de na freagróirí gur déistineach an radharc é beirt homaighnéasach ag pógadh. Fuarthas le staidéar **sa Liotuáin**[41] gur mheas 47 faoin gcéad de na freagróirí gur tinneas í an homaighnéasacht agus chreid siad gur chóir cóireáil liachta a chur ar homaighnéasaigh; níor mhaith le 62 faoin gcéad a bheith ina mbaill d'aon eagraíocht a raibh baill homaighnéasacha ann; ní raibh 69 faoin gcéad ag iarraidh homaighnéasaigh a bheith ag obair i scoileanna; bhí 50 faoin gcéad i gcoinne homaighnéasaigh a bheith ag obair san fhórsa póilíneachta.

[37] *Sociological Agency Skala (2007) Attitude toward the minority groups and discriminatory mindsets in the Bulgarian society, Sociological survey under the project From antidiscrimination to equal opportunities – innovative methods and effective practices of the Commission for Protection Against Discrimination, Sofia.* [Gníomhaireacht Socheolaíochta Skala (2007) Dearcadh ar na grúpaí mionlaigh agus meoin idirdhealaitheacha i sochaí na Bulgáire, Suirbhé socheolaíochta faoin tionscadal Ón bhfrith-idirdhealú go dtí comhdheiseanna – modhanna nuálacha agus cleachtais éifeachtacha an Choimisiúin um Chosaint ar an Idirdhealú]

[38] C. Bromley, J. Curtice, L. Given (2007) *Attitudes to discrimination in Scotland: 2006, Scottish Social Attitudes Survey, Edinburgh: Scottish Government Social Research*. [Dearcaí ar an idirdhealú in Albain: 2006, Suirbhé na hAlban ar Dhearcaí Sóisialta, Dún Éideann: Taighde Sóisialta Rialtas na hAlban]

[39] Sundhedsstyrelsen [An Bord Náisiúnta Sláinte] (2006) Ung2006. De 15-24-åriges seksualitet, Cóbanhávan

[40] Institut für interdisziplinäre Konflikt und Gewaltforschung [IKG] (2006) 'Indikatoren des Syndroms Gruppenbezogene Menschenfeindlichkeit im Vergleich', ar fáil ag http://www.uni-bielefeld.de/ikg/index.htm (15.06.2006).

[41] *The Market and Opinion Research Centre 'Vilmorus Ltd.' (2006) Discrimination against Various Social Groups in Lithuania, Vilnius* [an tIonad Taighde ar Mhargaí agus ar Thuairimí 'Vilmorus Teo.' (2006) Idirdhealú i gcoinne Grúpaí Sóisialta Éagsúla sa Liotuáin]

Aistriúchán gan fíorú

Taispeánadh le *European Values Study* [Staidéar ar Luachanna na hEorpa] a rinneadh níos luaithe sa **Ghréig** go raibh glanchontrárthacht ann idir dearcaí i measc daoine ar aois dhifriúil agus daoine le leibhéal oideachais difriúil. Dar le tromlach na bhfreagróirí (58.6 faoin gcéad), ní raibh an homaighnéasacht "inchosanta", ach tá seo i bhfad níos airde i measc daoine os cionn 50 (84.7 faoin gcéad) ná mar atá do dhaoine faoi bhun 30 bliana d'aois (44.7 faoin gcéad) rud a thugann le fios go bhféadfadh dearcaí a bheith ag athrú de réir a chéile[42].

Seachas na difríochtaí idir na Ballstáit, tugtar le fios leis na suirbhéanna go bhfuil an homafóibe agus an mhíghnaoi ar dhaoine LADT forleathan. Tagann pictiúr cosúil leis chun cinn as an suirbhé leictreonach ar pháirtithe leasmhara: Mheas tríocha faoin gcéad go nglacann 'mionlach' den daonra le leispiaigh nó nach bhfuil 'glacacht ar bith' ann. Tá an figiúr d'fhir aeracha níos airde ag 40 faoin gcéad agus ag 38 faoin gcéad do dhéghnéasaigh, agus tá an figiúr do dhaoine tras-inscne an-íseal ar fad ag 73 faoin gcéad.

Ní aon údar iontais na torthaí seo. Ach, cheana féin in 2000, bhí an Coiste Airí de Chomhairle na hEorpa tar éis an chaoinfhulaingt agus gníomhú a áiteamh: *'Homosexuality can still give rise to powerful cultural reactions in some societies or sectors thereof, but this is not a valid reason for governments or parliaments to remain passive. On the contrary, this fact only underlines the need to promote greater tolerance in matters of sexual orientation.*' ['Faightear freagairtí cumhachtacha i gcultúr roinnt sochaithe nó i gcodanna díobh don homaighnéasacht fós, ach ní cúis bhailí é seo go bhfanfadh rialtais nó parlaimintí éighníomhach. A mhalairt ar fad, ní dhéanann an fhíric seo ach béim a leagan ar an ngá le caoinfhulaingt níos mó a chur chun cinn ó thaobh cúrsaí maidir leis an treoshuíomh gnéasach.'][43]

**Dea-chleachtas:** I mí Eanáir 2005, lainseáil ILGA **na Portaingéile** feachtas sna meáin, a raibh staisiúin teilifíse, raidió, meáin phreasa agus Idirlín i gceist leis, agus iad ag comhoibriú leis an ngníomhaireacht fógraíochta *W/Portugal* [W/An Phortaingéil], a bhí ag cabhrú leis an bhfeachtas le hobair pro bono. Bhí taispeántais gheana idir lánúineacha leispiacha agus aeracha mar chuid den fheachtas sna meáin teilifíse agus meáin chlóite chun infheictheacht daoine LADT a bhreisiú trí léiriúcháin dhearfacha.[44]

Ba chóir rannchuidiú suntasach an Choimisiúin Eorpaigh, le feabhsú a dhéanamh ar dhearcaí an phobail ar ghrúpaí éagsúla mionlaigh, lena n-áirítear daoine LADT, a thabhairt chun suntais freisin. Bhí ainmniúchán 2007 mar an Bhliain Eorpach um Chomhdheiseanna do Chách, agus na gníomhaíochtaí múscailte feasachta a tháinig in éineacht leis, ina rannchuidithe luachmhara le

[42] *European Values Study* [Staidéar ar Luachanna na hEorpa] (1999) ar fáil ag www.jdsurvey.net/web/evs1.htm (13.11.2008)
[43] *Situation of lesbians and gays in Council of Europe Member States, Parliamentary Assembly Recommendation 1474 (2000)* [Cás daoine leispiacha agus aeracha i mBallstáit Chomhairle na hEorpa, Moladh 1474 (2000) Thionól Pharlaimint na hEorpa], Ghlac an Coiste Airí an freagra an 19 Meán Fómhair 2001 ag an 765ú cruinniú de Theachtaí na nAirí.
[44] Féach http://www.youtube.com/watch?v=Xtv2OjDV6t0 (17.10.2008)

Aistriúchán gan fíorú

dearcaí a athrú. Tá camchuairt uile-Eorpach na trucaile lenar tugadh cuairt ar chathracha trasna na mBallstát in 2007 agus 2008 ar cheann den iomaí uair go ndeachthas i dteagmháil leis an bpobal i gcoitinne go díreach chun feasacht a mhúscailt faoi shaincheisteanna a bhaineann leis an idirdhealú. Mhaoinigh an Coimisiún Eorpach imeachtaí náisiúnta múscailte feasachta trasna na mBallstát freisin.[45]

*Iarmhairtí a bhaineann le dearcaí diúltacha*

Faoi mar a d'inis na hEagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT ar cuireadh agallaimh orthu mar chuid den obair allamuigh dúinn, ceann de na straitéisí cosanta a úsáideann daoine LADT chun an t-idirdhealú a sheachaint ná a bheith 'dofheicthe' agus iad amuigh go poiblí, ag obair nó ar scoil. Faoi mar a tugadh faoi deara i staidéar **sa tSlóivéin**[46], ar ar tugadh an teideal oiriúnach *'The unbearable comfort of privacy'* [Compord dofhulaingthe an phríobháideachais]*: '…gays and lesbians resort to mimicry to adjust to the hetero-normativity of public spaces. They outwardly redefine their partnership and re-contextualise it as "just a friendship*" ['…téann daoine aeracha agus leispiacha i muinín na haithrise le dul in oiriúint do heitreanormatacht spásanna poiblí. Déanann siad ath-shainmhíniú ar a bpáirtíocht don saol amuigh agus déanann ath-chomhthéacsú air mar rud "nach bhfuil ann ach cairdeas".] Is i gcúinsí ar cosúil iad a bheith sách sábháilte, agus ansin amháin, a thugann roinnt daoine LADT cead dóibh féin gean a léiriú lena dtabharfar leid faoina stádas gnéasach. Bíonn daoine aeracha agus leispiacha, mar riail, ar an eolas faoin timpeallacht i gcoitinne agus faoin heitreanormatacht a chinneann an timpeallacht seo.'

Ní ar shaol daoine LADT amháin a théann straitéisí seo na 'dofheictheachta' i bhfeidhm, áfach, ach ar a mhéad agus is féidir cineálacha d'idirdhealú indíreach, atá bunaithe ar an treoshuíomh gnéasach, a bhrath.

*Homaighnéasaigh mar Bhaill Teaghlaigh*

Tá an teaghlach ríthábhachtach d'aon duine, cé acu leanbh, déagóir nó duine fásta atá i gceist, ó thaobh tacaíocht mhothúchánach a sholáthar. Dhearbhaigh na hEagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT ar cuireadh agallaimh orthu trasna an AE gur saincheist mhór iad na freagairtí ó na teaghlaigh agus téann siad i bhfeidhm ar fholláine daoine LADT go mór. Taispeántar le taighde **sa Pholainn**,[47] **sa Phortaingéil**,[48] **i Málta**,[49] **sa Liotuáin**,[50] **sa Ríocht**

[45] Féach Coimisiún Eorpach, '*Communicating Equality and Non-Discrimination in the EU'* [An Comhionannas agus Neamh-Idirdhealú á Chur in Iúl san AE'], ag http://ec.europa.eu/employment_social/fundamental_rights/pdf/pubst/broch/thembroch08_en.pdf (12.01.2009)

[46] R. Kuhar, A. Svab (2005) *The Unbearable Comfort of Privacy: Everyday Life of Gays and Lesbians*, [Compord Dofhulaingthe an Phríobháideachais: Saol Laethúil Daoine Aeracha agus Leispiacha] Politike: Liúibleána, lch. 95-96, ar fáil ag: http://www2.mirovni-institut.si/eng_html/publications/pdf/MI_gay_eng.pdf (12.01.2009)

[47] M. Abramowicz (2007) *Situation of bisexual and homosexual persons in Poland - 2005 and 2006 report, Warsaw: Campaign Against Homophobia & Lamda Warsaw* [Cás daoine déghnéasacha agus homaighnéasacha sa Pholainn – tuarascáil 2005 agus 2006, Vársá: Feachtas i gCoinne na Homafóibe & Lamda Vársá]

Aistriúchán gan fíorú

**Aontaithe**,[51] **san Iodáil**,[52] **sa tSlóivein**,[53] **sa Laitvia**,[54] **sa Ghearmáin**,[55] **sa tSlóvaic**,[56] agus **sa Fhrainc**[57] go gceileann líon suntasach daoine LADT a dtreoshuíomh gnéasach ar ghaolta ionas go seachnóidh siad eispéireas an idirdhealaithe laistigh dá dteaghlach. Taispeántar leis na staidéir seo freisin, áfach, go nglacann an teaghlach le tromlach na bhfreagróirí a bhíonn oscailte faoina dtreoshuíomh gnéasach.

Baineann iarmhairtí mothúchánacha le diúltú ón teaghlach, ach d'fhéadfadh daoine a bheith gan dídean dá thoradh freisin. Taispeánadh le staidéar[58] **sa Ríocht Aontaithe** gur fágadh 29 faoin gcéad d'fhreagróirí leispiacha agus 25 faoin gcéad d'fhreagróirí aeracha fir gan dídean nuair 'a tháinig siad amach' dá dtuismitheoirí. **Sa tSlóvaic**, taispeánadh le staidéar[59] gur díbríodh 20 faoin gcéad dá fhreagróirí LAD óna mbaile nuair 'a tháinig siad amach'.

Aistriúchán gan fíorú

---

48 F.V. Silva, P. Policarpo, T.L. Monteiro (2006) Inquérito Nacional sobre Experiencias da Homossexualidade em Portugal, Lisbia: Centro de Investigação e Estudos de Sociologia, Instituto Superior Ciências do Trabalho e da Empresa

49 Malta Gay Rights Movement [Gluaiseacht Chearta Aeracha Mhálta] (2003) *Sexual Orientation Discrimination in Malta: A Report on Discrimination, Harassment, and Violence against Malta's Gay, Lesbian and Bisexual Community. Malta:* Union Press (2003) [Idirdhealú ar bhonn an Treoshuímh Ghnéasaigh i Málta: Tuarascáil faoin Idirdhealú, Ciapadh agus Foréigean i gCoinne Phobal Aerach, Leispiach agus Déghnéasach Mhálta. Málta]

*50 A. Zdanevicius (eag.) (2007) Nematomi piliečiai: apie homofobija ir homoseksualiu zmoniu diskriminacija Lietuvoje* [Saoránaigh Dofheicthe: Faoin Homafóibe agus Idirdhealú i gCoinne Daoine Homaighnéasacha sa Liotuáin], Kaunas: VDU

51 S. Dick (2008) *Homophobic hate crime - The Gay British Crime Survey* 2008, Stonewall. [An Fhuathchoireacht homafóibeach – Suirbhé Aerach na Breataine faoin gCoireacht 2008]

52 C. Saraceno (eag.) (2003) Diversi da chi? Gay, lesbiche, transsesuali in un'area metropolitana, Milan: DeriveApprodi

53 R. Kuhar, A. Svab (2005) *The Unbearable Comfort of Privacy: Everyday Life of Gays and Lesbians* [Compord Dofhulaingthe an Phríobháideachais: Saol Laethúil Daoine Aeracha agus Leispiacha], Liúibleána: Politike

54 A. Locmelis (2002) "*Sexual Orientation Discrimination in Latvia", in: Sexual Orientation Discrimination in Lithuania, Latvia and Estonia, Vilnius: The Open Society Institute & Kimeta Society* ["An tIdirdhealú ar bhonn an Treoshuímh Ghnéasaigh sa Laitvia", in: Idirdhealú ar bhonn an Treoshuímh Ghnéasaigh sa Liotuáin, sa Laitvia agus san Eastóin, Vilnius: Institiúid na Sochaí Oscailte & Cumann Kimeta]

55 Senatsverwaltung für Schule, Jugend und Sport, Fachbereich für gleichgeschlechtliche Lebensweisen Berlin [SENSJS] (2001) Sie liebt sie. Er liebt ihn. Eine Studie zur psychosozialen Situation junger Lesben, Schwuler und Bisexueller in Berlin. Beirlín: Údar.

56 A. Daucikova, P. Jójárt, M. Siposova (2002) *Report on Discrimination of Lesbians, Gay Men and Bisexuals in Slovakia, Bratislava: Documentation and Information Centre*. [Tuarascáil faoin Idirdhealú i gcoinne Leispiach, Fear Aerach agus Déghnéasach sa tSlóvaic, an Bhratasláiv: Ionad Doiciméadúcháin agus Faisnéise]

57 An Fhrainc, tuarascáil tíre

58 S. Averill (2004) *How can young people be empowered to achieve justice when they experience homophobic crime? Thesis, Middlesex University*, [Conas is féidir daoine óga a chumhachtú chun ceartas a bhaint amach nuair a bhaineann coir homafóibeach dóibh? Tráchtas] ar fáil ag: http://www.schoolsout.org.uk/research/docs/Partnersper sent20Anper sent20updateper sent20toper sent20tacklingper sent20homophobia.pdf (30.07.2008)

59 A. Daucikova, P. Jójárt, M. Siposova (2002) *Report on Discrimination of Lesbians, Gay Men and Bisexuals in Slovakia, Bratislava: Documentation and Information Centre*. [Tuarascáil faoin Idirdhealú i gcoinne Leispiach, Fear Aerach agus Déghnéasach sa tSlóvaic, an Bhratasláiv: Ionad Doiciméadúcháin agus Faisnéise]

Thairis sin, taispeánadh le taighde **ón mBeilg**[60] nach mbíonn daoine LADT ag brath ar bhaill teaghlaigh an oiread céanna agus gur mó a bhíonn siad ag brath ar chairde agus tacaíocht sóisialta á lorg acu.

**Conclúidí**

Bíonn dearcaí ar dhaoine LADT an-éagsúil trasna na mBallstát agus bíonn siad ag brath ar an gcomhthéacs ina gcuirtear daoine LADT freisin. Tagann na torthaí is dearfaí chun solais nuair a chuirtear an cheist ar fhreagróirí ar mhaith leo homaighnéasach a bheith mar chomharsa acu. Tagann na torthaí is diúltaí chun solais nuair a chuirtear an cheist orthu ar chóir cead a thabhairt do homaighnéasaigh leanaí a uchtú. Bíonn difríochtaí sna dearcaí freisin de réir aoise agus bíonn dearcadh níos dearfaí ag daoine óga ar dhaoine LADT ná mar a bhíonn ag daoine breacaosta. D'fhéadfadh aitheantas ar pháirtíocht dhleathach a bheith ina fhachtóir dearfach a théann i bhfeidhm ar dhearcaí freisin.

Bíonn sé de nós ag daoine LAD a dtreoshuíomh gnéasach a cheilt ar a dteaghlach, agus baineann rud do go leor díobh arb idirdhealú óna dteaghlach atá ann dar leo, uaireanta i bhfoirm an diúltaithe nó foréigin fiú.

Bíonn dearcaí diúltacha ar dhaoine tras-inscne cuid mhaith níos fairsinge ná dearcaí diúltacha ar leispiaigh, ar fhir aeracha agus ar dhéghnéasaigh.

Aistriúchán gan fíorú

[60] A. Dewaele (2007-2008) De sociale netwerken van holebi's - Over vriendschap en andere bloedbanden. Antwerpen University: Faculteit Politieke en Sociale Wetenschappen, Departement Sociologie

# An Fhuathchoireacht agus an Fhuathchaint

Tugtar aghaidh sa rannán seo ar roinnt diminsean a bhaineann leis an bhfuathchoireacht agus leis an bhfuathchaint, lena n-áirítear leitheadúlacht na n-ionsaithe fisiciúla ar dhaoine LADT, tréithe na n-ionsaithe agus na n-ionsaitheoirí féin, nósanna imeachta le heachtraí fuathchoireachta a thuairisciú agus modhanna na bpóilíní nó údarás eile le freagairt do thuairiscí den sórt sin, agus ionsaithe ar ionaid LADT.

I naoi mBallstát den AE[61] (**An Bheilg, an Danmhairg, an Spáinn, an Fhrainc, an Ísiltír, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSualainn,** chomh maith le cuid den **Ríocht Aontaithe** - Tuaisceart Éireann), tá forálacha sa dlí coiriúil lena socraítear gur cion coiriúil é fuath, foréigean nó idirdhealú a ghríosú ar fhorais an treoshuímh ghnéasaigh (fuathchaint) chomh maith leis an dlí go mbreithneofar intinn homafóibeach mar fhachtóir forthromaitheach sa choireacht choiteann (fuathchoireacht).

I gceithre Bhallstát den AE (**an Ghearmáin, an Eastóin, Éire, an Liotuáin**), tá forálacha sa dlí coiriúil lena socraítear gur cion coiriúil é fuath, foréigean nó idirdhealú a ghríosú ar fhorais an treoshuímh ghnéasaigh (ach ní bhreithnítear intinn homafóibeach leis an dlí mar fhachtóir forthromaitheach sa choireacht choiteann).


Breithnítear intinn homafóibeach mar fhachtóir forthromaitheach sa choireacht choiteann i mBallstát amháin den AE (**an Fhionlainn**) (ach níl aon fhorálacha ann lena socraítear gur cion coiriúil é fuath, foréigean nó idirdhealú a ghríosú ar fhorais an treoshuímh ghnéasaigh).

I dtrí Bhallstát déag den AE (an Laitvia, Lucsamburg, an Pholainn, Poblacht na Seice, an tSlóvaic, an Ostair, an Ungáir, an tSlóivéin, an Iodáil, an Bhulgáir, an Ghréig, an Chipir agus Málta) ní cion coiriúil ná fachtóir forthromaitheach é.

Aistriúchán gan fíorú

[61] Le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir le reachtaíocht féach Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (2008) *Homophobia and Discrimination on Grounds of Sexual Orientation in the EU Member States: Part I - Legal Analysis* [An Homafóibe agus an tIdirdhealú ar Fhorais an Treoshuímh Ghnéasaigh i mBallstáit an AE: Cuid I - Anailís ar Chúrsaí Dlí].

## Reachtaíocht maidir leis an bhfuathchoireacht agus leis an bhfuathchaint homafóibeach




Aistriúchán gan fíorú

| | Insert translation | | Insert translation |
|---|---|---|---|
| **Country Results** | **Torthaí na Tíre** | Lithuania | An Liotuáin |
| The Netherlands | An Ísiltír | Italy | An Iodáil |
| Sweden | An tSualainn | Finland | An Fhionlainn |
| Denmark | An Danmhairg | Portugal | An Phortaingéil |
| Austria | An Ostair | Slovenia | An tSlóivéin |
| Belgium | An Bheilg | Estonia | An Eastóin |
| Spain | An Spáinn | Hungaria | An Ungáir |
| Germany | An Ghearmáin | Slovakia | An tSlóvaic |
| Luxembourg | Lucsamburg | Bulgaria | An Bhulgáir |
| France | An Fhrainc | Greece | An Ghréig |
| United Kingdom | An Ríocht Aontaithe | Cyprus | An Chipir |
| **European Union (27)** | **Aontas Eorpach (27)** | Latvia | An Laitvia |
| Ireland | Éire | Romania | An Rómáin |
| Czech Republic | Poblacht na Seice | Malta | Málta |
| Criminal offence to incite hatred, violence or discrimination on grounds of sexual orientation (hate speech) and homophobic intent an aggravating factor in common crime (hate crime) | | Cion coiriúil fuath, foréigean nó idirdhealú a ghríosú ar fhorais an treoshuímh ghnéasaigh (fuathchaint) agus intinn homafóibeach ina fhachtóir forthromaitheach sa choireacht choiteann (fuathchoireacht). | |
| Criminal offence to incite hatred, violence or discrimination on grounds of sexual orientation (hate speech) | | Cion coiriúil fuath, foréigean nó idirdhealú a ghríosú ar fhorais an treoshuímh ghnéasaigh (fuathchaint) | |
| Homophobic intent an aggravating factor in common crime (hate crime) | | Intinn homafóibeach ina fhachtóir forthromaitheach sa choireacht choiteann (fuathchoireacht). | |
| Neither a criminal offence or an aggravating factor | | Gan a bheith ina chion coiriúil ná ina fhachtóir forthromaitheach. | |

Sonraí staitisticí oifigiúla maidir leis an bhfuathchoireacht agus leis an bhfuathchaint

Is tearc iad sonraí staitisticí oifigiúla maidir le tuairiscí póilíní agus nósanna imeachta na gcúirteanna. Maidir le cásanna cúirte faoin bhfuathchaint, níl sonraí oifigiúla ach ag an Liotuáin amháin. Tionscnaíodh 15 chás choiriúla déag san iomlán in 2007. Thánig ciontú de thoradh cáis amháin.[62] Maidir le hionchúisimh i gcásanna fuathchainte, níl sonraí oifigiúla ach ag an **Ríocht Aontaithe** amháin. Tionscnaíodh 988 cásanna cúirte coiriúla san iomlán in 2007, ar ciontaíodh duine in 759 díobh.[63] Táirgtear sonraí oifigiúla maidir le heachtraí fuathchainte agus fuathchoireachta arna dtuairisciú do na póilíní **sa tSualainn** agus bhain 723 tuairisc phóilíní le heachtraí homafóibeacha in 2007.[64] Sa tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 30 Meitheamh 2008, thuairiscigh na póilíní **san Ísiltír** 150 eachtra homafóibeach (foréigean, drochíde nó ciapadh).[65]

Tagann cuid den easpa staitisticí oifigiúla i mBallstáit eile chun cinn toisc nach meastar cionta fuathchainte agus fuathchoireachta mar choir nó mar fhachtóir forthromaitheach nó nach n-imdhealaítear gearáin de réir an cheannfhátha agus iad á mbailiú (ní féidir idirdhealú a dhéanamh idir ceannfháthanna ciníocha agus homafóibeacha, mar shampla, sna staitisticí mar sin).

Tá sáruirlisí forbartha, leis an bhfuathchoireacht a thuairisciú, ag tíortha a thaifeadann líon suntasach eachtraí, an **Ríocht Aontaithe** mar shampla[66], e.g. le foirmeacha féintuairisceoireachta agus suímh thuairisceoireachta do thríú páirtithe, lena gcuirtear ar chumas an phobail tuairisc a thabhairt ag ionaid seachas stáisiúin phóilíní trí chomhpháirtíocht shainghníomhaireachtaí ábhartha, agus is féidir é a dhéanamh gan mionsonraí pearsanta an íospartaigh a

Aistriúchán gan fíorú

---

[62] An Liotuáin, tuarascáil tíre

[63] Bailíonn an *Crown Prosecution Service (CPS)* [Seirbhís Ionchúisimh na Corónach], a choimeádann sonraí do Shasana agus don Bhreatain Bheag, faisnéis staitistiúil faoin gcoireacht homafóibeach i gcoitinne agus ní imdhealaíonn an fhaisnéis de réir an cineál cion a dhéantar, e.g. fuathchaint. Glacann an *CPS* leis an sainmhíniú seo a leanas ar an gcoireacht homafóibeach agus cásanna á n-ionchúiseamh ina bhfuil eilimint homafóibeach: *'Any incident which is perceived to be homophobic or transphobic by the victim'*. [Aon eachtra a bhfeictear don íospartach gurb eachtra homafóibeach nó trasfóibeach atá ann.'] (Teachtaireacht ríomhphoist leis an *CPS*, 24.01.2008, agus leis an *Justice Department of the Scottish Government* [Roinn Dlí agus Cirt Rialtas na hAlban] 07.02.2008). Féach freisin: Eagraíocht um Shlándáil agus Chomhoibriú san Eoraip/Oifig um Institúidí Daonlathacha agus um Chearta Daoine (2008) *Hate Crimes in the OSCE Region - Incidents and Responses. Annual Report for 2007* [Fuathchoireanna i Réigiún na hEagraíochta um Shlándáil agus Chomhoibriú san Eoraip – Eachtraí agus Freagairtí. Tuarascáil Bhliantúil i gcomhair 2007], lch. 46; agus an Ríocht Aontaithe, tuarascáil tíre.

[64] Turascáil 2008:15 ó Brottsförebygganderådet, Hatbrott 2007, lch. 81-90, ar fáil ag http://www.bra.se/extra/measurepoint/?module_instance=4&name=Hatbrott_2007_webb.pdf&url=/dynamaster/file_archive/080716/6141d937f1ed069853de33f15d209d28/Hatbrott%255f2007%255fwebb.pdf (12.12.2008)

[65] Politieacademie (2008) 'Rapportage homofoob geweld. Politiegegevens. Periode 1 januari - 1 juli 2008'

[66] Fiú sa Ríocht Aontaithe, meastar nach dtuairiscítear 85 faoin gcéad de choireanna homafóibeacha, féach http://www.barnet.gov.uk/index/community-living/safety/harassment-help/harassment-help-homophobia.htm (05.02.2009) mar shampla.

nochtadh. Ní imscrúdóidh póilíní an choir ach le toiliú an íospartaigh. Ligeann an Tuairisceoireacht Tríú Páirtí d'íospartaigh muinín agus spreagadh a fháil chun coireacht a thuairisciú, agus is féidir le gníomhaireachtaí eagraíochtaí tacaíochta cuí a aithint a bheidh ar na cinn is fearr le cabhrú le híospartaigh. Faightear pictiúr níos cruinne nuair a fheabhsaítear tuairisceoireacht na fuathchoireachta, rud a chuireann ar chumas póilíní agus ar pháirtithe eile freagairt níos éifeachtaí a thabhairt trína bheith ag díriú ar thargaidí go réamhghníomhach agus faisnéis á dtreorú. Lena chois sin, tá sainmhínithe simplí éifeachtacha oibriúcháin forbartha ag an RA le heachtraí homafóibeacha a thuairisciú:

- *Is éard is eachtra homafóibeach ann ná aon eachtra a bhfeictear don íospartach nó do dhuine ar bith eile gurb eachtra homafóibeach atá ann.*

- *Is éard is eachtra trasfóibeach ann ná aon eachtra a bhfeictear don íospartach nó do dhuine ar bith eile gurb eachtra eachtra trasfóibeach atá ann.*

**Suirbhéanna agus foinsí eile sonraí**

Níl aon suirbhé comparáideach ann ar leibhéal an AE maidir leis an bhfuathchoireacht. Dá ainneoin sin, seoladh staidéir i gcuid mhaith Ballstát, agus fuair gach uile cheann díobh gurbh ann don fhuathchoireacht agus d'eachtraí fuatha — toradh a thagann le measúnachtaí na nEagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT agus na gComhlachtaí Náisiúnta Comhionannais ar fad a bhíonn ag plé leis an tsaincheist i ngach Ballstát, lena n-áirítear na tíortha mar nach bhfuil aon sonraí staitistiúla ar fáil.[67]

I staidéar **sa Bhreatain**,[68] thuairiscigh an tríú cuid d'fhreagróirí leispiacha agus an ceathrú cuid d'fhreagróirí arbh fhir aeracha iad gur bhain fuathchoir nó eachtra fuatha dóibh le trí bliana anuas. Thuairiscigh duine as gach 12 déghnéasach gur bhain eachtra fuatha homafóibeach dóibh le trí bliana anuas. I staidéar **sa Pholainn**,[69] thuairiscigh 18 faoin gcéad d'fhreagróirí LAD gur bhain foréigean fisiciúil dóibh le dhá bhliain anuas mar gheall ar a dtreoshuíomh gnéasach — as a measc siúd, thuairiscigh 42 faoin gcéad trí

[67] Níor aithníodh aon sonraí staitistiúla maidir leis an bhfuathchaint agus leis an bhfuathchoireacht san Ostair, sa Bhulgáir, sa Chipir, i bPoblacht na Seice, san Fhionlainn, sa Fhrainc, sa Ghréig, san Ungáir, sa Laitvia, sa Liotuáin, i Lucsambrug, sa Phortaingéil, sa Rómáin nó sa Spáinn. Tá sonraí ar an bhfuathchoireacht i gcoinne daoine tras-inscne thar a bheith tearc.

[68] Sampla de 1,721 aosach leispiach, aerach agus déghnéasach as gach cearn den Bhreatain a d'fhreagair in 2008 agus agallamh ar an idirlíon á úsáid, a tugadh do bhaill phainéal *YouGov* ar a raibh 185,000 duine. S. Dick (2008) *Homophobic Hate Crime - The Gay British Crime Survey 2008*, Stonewall [An Fhuathchoireacht Homafóibeach – Suirbhé Aerach na Breataine faoin gCoireacht 2008], ar fáil ag http://www.stonewall.org.uk/documents/homophobic_hate_crime__final_report.pdf (06.02.2009).

[69] Sampla de 1,002 freagróir. M. Abramowicz (eag.) (2007) *Situation of bisexual and homosexual persons in Poland, Kampania Przeciw Homofobii & Lambda Warsaw*.[Cás daoine déghnéasacha agus homaighnéasacha sa Pholainn].

Aistriúchán gan fíorú

heachtra nó níos mó. I suirbhé Idirlín **sa Danmhairg**,[70] thuairiscigh 12 faoin gcéad d'fhreagróirí LADT gur bhain ionsaithe fisiciúla dóibh ar fhorais a dtreoshuímh ghnéasaigh nó a bhféiniúlachta inscne uair amháin ar a laghad, agus thuairiscigh 39 faoin gcéad gur bhain ionsaithe ó bhéal dóibh uair amháin ar a laghad. I suirbhé **Iodálach** ó Turin,[71] thuairiscigh 51 faoin gcéad d'fhreagróirí fir agus 33 faoin gcéad d'fhreagóirí mná gur bhain foréigean homafóibeach dóibh. I staidéar **sa tSlóivéin**, thuairiscigh 53 faoin gcéad d'fhreagóirí leispiacha agus aeracha gur bhain foréigean dóibh mar gheall ar a dtreoshuíomh gnéasach.[72]

Is léir nach dtaispeántar leis na torthaí thuas ach an chuid is lú d'fhíor-fhorleitheadúlacht na n-eachtraí fuatha, ach tugtar leid leo faoi fhairsinge na faidhbe ar fud an AE, chomh maith le leid nach sna tíortha sin amháin inar reáchtáladh taighde a tharlaíonn an fhuathchoireacht agus eachtraí fuatha. Thairis sin, bhí na hEagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT ar fad ar tugadh cuairt orthu ar an eolas faoi eachtraí fuatha ina mBallstát féin, fiú sa chas nár seoladh aon taighde sonrach.

Nótáil Parlaimint na hEorpa in 2007 'a proliferation of hate speech targeting the lesbian, gay, bisexual and transgender (LGBT) community in a number of European countries' ['go raibh fuathchaint lena ndírítear ar an bpobal leispiach, aerach, déghnéasach agus tras-inscne (LADT) ag leathadh i roinnt tíortha Eorpacha'] agus thug an Pharlaimint úsáid 'inflammatory or threatening language or hate speech,' ['cainte gríosaithí nó bagarthaí nó fuathchainte'] ag daoine mór le rá chun suntais chomh maith le 'the failure by the police to provide adequate protection against violent demonstrations by homophobic groups' ['teip na bpóilíní le cosaint leordhóthanach a sholáthar ar léirsithe foréigneacha ó ghrúpaí homafóibeacha']. Tharraing an Pharlaimint aird ar leith ar Mhatteo, saoránach Iodálach 16 bliana d'aois as Turin, 'who recently committed suicide and left two suicide notes citing as the reason for his suicide the bullying that he suffered because of his sexual orientation; [the fact that] civil society organisations in the United Kingdom have signalled an increase in instances of homophobic bullying in secondary schools throughout the United Kingdom; [as well as the incident of] a gay man [who] was bludgeoned to death in the Netherlands solely for his sexual orientation and feminine appearance'[73] ['a chuir lámh ina bhás féin le déanaí agus a d'fhág dhá nóta

Aistriúchán gan fíorú

[70] Suirbhé Idirlín ar 9,473 freagróirí arna reáchtáil ag an tairseach déanta coinní ar an Idirlíon do dhaoine LADT boyfriend.dk i gcomhar leis an *Danish Broadcasting Corporation* [Corparáid Chraoltóireachta na Danmhairge] (2007), ar fáil ag: http://boyfriend.dk/dr/result.php (15.01.2008).

[71] Sampla de 514 freagróir, C. Saraceno (eag.) (2003) 'Diversi da chi? Gay, lesbiche, transessuali in un'area metropolitana', Milan: Guerini

[72] A. Švab, R. Kuhar (2005) *The Unbearable Comfort of Privacy: Everyday Life of Gays and Lesbians*, [Compord Dofhulaingthe an Phríobháideachais: Saol Laethúil Daoine Aeracha agus Leispiacha] Politike: Liúibleána, ar fáil ag: http://www2.mirovni-institut.si/eng_html/publications/pdf/MI_gay_eng.pdf (22.12.2008)

[73] Féach Rún Pharlaimint na hEorpa, '*Homophobia in Europe*' [An Homafóibe san Eoraip], a glacadh 26 Aibreán 2007, P6_TA(2007)0167 chomh maith le Rún Pharlaimint na hEorpa, '*Homophobia in Europe*', [An Homafóibe san Eoraip] a glacadh 18 Eanáir 2006, P6_TA(2006)0018

féinmharaithe lenar luadh an bhulaíocht a d'fhulaing sé mar a gheall ar a threoshuíomh gnéasach mar chúis lena fhéinmharú; [an fhíric] go bhfuil comhartha tugtha ag eagraíochtaí sochaí sibhialta sa Ríocht Aontaithe faoi mhéadú ar líon na n-eachtraí bulaíochta homafóibí i meánscoileanna ar fud na Ríochta Aontaithe; [chomh maith leis an eachtra] faoi fhear aerach san Ísiltír ar tugadh súisteáil dó go bhfuair sé bás mar gheall ar a threoshuíomh gnéasach agus an chuma bhanúil a bhí air agus mar gheall air sin amháin'].

Chuir *Comhairle na hEorpa* imní cosúil leis in iúl maidir le fuathchoireacht den sórt sin. Tarraingíodh aird i dtuarascáil ó Chomhairle na hEorpa in 2008 ar an bhfíric:[74] '*In Riga, extremists hurled faeces and eggs at gay activists and their supporters when they were seen were leaving a church service. Some years ago a Swedish hockey player was stabbed to death in Vasteras after he had made known that he was homosexual. In Oporto, Portugal, a group of boys attacked and killed a homeless Brazilian transgender woman and left the body in a water-filled pit.*' ['I Ríge, chaith antoiscigh fearadh agus uibheacha le gníomhaígh aeracha agus lena lucht tacaíochta nuair a chonacthas iad ag teacht amach as seirbhís eaglasta. Sádh imreoir haca Sualannach roinnt blianta ó shin go bhfuair sé bás tar éis dó a thabhairt le fios gur homaighnéasach a bhí ann. In Oporto, sa Phortaingéil, d'ionsaigh agus mharaigh grúpa buachaillí bean tras-inscne Bhrasaíleach a bhí gan dídean agus d'fhág siad an corp i gclais uisce.'].

Aistriúchán gan fíorú

[74] T. Hammarberg, Coimisinéir Chomhairle na hEorpa um Chearta an Duine Rights (2008) *Hate Crimes - racism, anti-Semitism, anti-Gypsyism, Islamophobia and homophobia:* [Fuathchoireanna – An ciníochas, frith-Sheimíteachas, frith-Ghiofógachas, Ioslamafóibe agus homafóibe] http://www.coe.int/t/commissioner/Viewpoints/080721_en.asp (03.09.2008)

Tréithe na n-ionsaithe

Nochtar le staidéir agus suirbhéanna **ón mBeilg**,[75] **ón tSualainn**,[76] **ón nGearmáin**,[77] **ón Ísiltír,**[78] **ón bPolainn**,[79] ón **Ríocht Aontaithe**,[80] **ón tSlóivéin**[81] agus ó Bhallstáit eile: gurb é an t-eispéireas is coitianta ná ionsaitheacht ó bhéal; is in áiteanna poiblí a tharlaíonn ionsaithe de ghnáth; is dóichí go mbainfidh ionsaithe i suímh phríobháideacha do leispiaigh agus do mhná dhéghnéasacha ná d'fhir aeracha nó déghnéasacha; is dóichí freisin go mbainfidh ionsaithe gnéasacha nó bagairtí faoi ionsaithe gnéasacha dóibh; Déantar ionsaithe ar dhaoine óga níos minice ná mar a dhéantar ar aoisghrúpaí eile.

*of young people from my town have harassed me many times to "persuade" me that there is no place for lesbians here. They've assaulted me verbally and physically. Once, I was beaten, too. They threatened that they would rape me to show how good it is to be with a man, because I need a man.*' ['Is iomaí uair a chiap grúpa daoine óga ó mo bhaile mé le "cur ina luí" orm nach bhfuil aon áit do leispiaigh anseo. Rinneadh siad ionsaithe ó bhéal agus ionsaithe fisiciúla orm. Buaileadh mé uair amháin freisin. Bhagair siad go n-éigneoidís mé le taispeáint dom cé chomh maith is a bhí sé a bheith le fear, toisc go bhfuil fear ag teastáil uaim.'] (Bean, An Pholainn)[82]

Déantóirí

Fuarthas leis na staidéir thuas nach mbíonn aithne ag an íospartach ar dhéantóirí de ghnáth, cé gur gaolta, comhghleacaithe nó có-mhic léinn iad i roinnt cásanna.[83] Fir (agus fir óga i ngrúpaí) is ea na déantóirí den chuid is mó.

---

[75] M. Poelman & D. Smits (2007) Agressie tegen holebi's in Brussel-Stad, Antwerp: Apeldoorn.

[76] E. Tiby (1999) Hatbrott? Homosexuella kvinnor och mäns berättelser om utsatthet för brott, Stócólms universitet: Kriminologiska institutionen

[77] *MANEO - Das schwule Anti-Gewalt-Projekt in Berlin* (2007)[MANEO – an Tionscadal Aerach in aghaidh Foréigin i mBeirlín], ar fáil ag: http://www.maneo.de/highres/index.html (14.07.2008)

[78] L.Buijs, J.W.Duyvendak, G.Hekma (2008) Als ze maar van me afblijven. Amsterdam: Universiteit van Amsterdam, *Amsterdam School for Social Science Research* [Scoil Amstardam um Thaighde ar an Eolaíocht Sóisialta]

[79] M. Abramowicz (eag.) (2007) *Situation of bisexual and homosexual persons in Poland, Kampania Przeciw Homofobii & Lambda Warsaw.*[Cás daoine déghnéasacha agus homaighnéasacha sa Pholainn].

[80] S. Dick (2008) *Homophobic hate crime - The Gay British Crime Survey* 2008, Stonewall. [An Fhuathchoireacht homafóibeach – Suirbhé Aerach na Breataine faoin gCoireacht 2008]

[81] A. Švab, R. Kuhar (2005) *The Unbearable Comfort of Privacy: Everyday Life of Gays and Lesbians*, [Compord Dofhulaingthe an Phríobháideachais: Saol Laethúil Daoine Aeracha agus Leispiacha] Politike: Liúibleána, ar fáil ag: http://www2.mirovni-institut.si/eng_html/publications/pdf/MI_gay_eng.pdf (14.07.2008)

[82] Arna lua in M. Abramowicz (eag.) (2007) *Situation of bisexual and homosexual persons in Poland, Kampania Przeciw Homofobii & Lambda Warsaw* [Cás daoine déghnéasacha agus homaighnéasacha sa Pholainn].

[83] Tarlaíonn sé réasúnta minic gur baill teaghlaigh agus piaraí a dhéanann fuathchoireanna agus is rud é sin lena n-idirdhealaítear an fhuathchoireacht, arb é an treoshuíomh gnéasach nó

Aistriúchán gan fíorú

Ar bhonn na n-eachtraí fuathchoireachta a tuairiscíodh don suíomh gréasáin a cruthaíodh ag *Landsforeningen for Bøsser og Lesbiske* [An Eagraíocht Náisiúnta do Dhaoine Aeracha agus Leispiacha] **sa Danmhairg,** tháinig an eagraíocht ar an gconclúid seo a leanas: "[*The reported incidents] indicate that men are the verbal and physical perpetrators. Most often men in groups and most often [ethnic majority] white Danes. […] The typical story concerning gay men takes place in the public space, in cruising areas or outside gay bars. Lesbians are more often exposed to verbal assaults and often in private settings [including threats of] sexual assault*." ["Tugtar le fios [sna heachtraí a tuairiscíodh] gur fir iad déantóirí na n-ionsaithe ó bhéal agus na n-ionsaithe fisiciúla. Fir i ngrúpaí is minice agus Danmhairgigh bhána [arb iad an tromlach eitneach iad] is minice […] Tarlaíonn an scéal tipiciúil maidir le fir aeracha sa spás poiblí, i limistéir chrúsála nó lasmuigh de bheáir aeracha. Is mó a dhéantar ionsaithe ó bhéal ar leispiaigh, agus ionsaithe gnéasacha go minic i suímh phríobháideacha [lena n-áirítear bagairtí faoi ionsaí gnéasach."]

Ba chóir dhá shaincheist eile a thabhairt chun suntais: ar dtús, déantóirí ó ghrúpaí antoisceacha na heite deise a bhíonn ag díriú ar dhaoine LADT, agus an dara ceann, saincheist na mionlach eitneach mar dhéantóirí.

Tá roinnt mhaith samplaí ann faoi ghrúpaí antoisceacha na heite deise a bheith ag ciapadh nó ag ionsaí grúpaí agus ionad LADT, lena n-áirítear eachtraí **sa tSualainn, sa Pholainn, san Eastóin** agus **san Iodáil.** Naisc roinnt mhaith agallaithe tarlú na fuathchoireachta i gcoinne daoine LADT le feiniméan an ultra-náisiúnachais, na seineafóibe nó an chiníochais.[84]

Maidir le mionlaigh eitneacha a bheith ina ndéantóirí fuathchoireachta LADT, in ainneoin a laghad taighde ábhartha atá ann, is minic a léirítear le díospóireachtaí poiblí go bhfuil dearcaí ar an homaighnéasacht ina gcomhartha faoi dhifríochta idir ghrúpaí an tromlaigh eitnigh agus na mionlach eitneach,[85] agus uaireanta aithnítear mionlaigh eitneacha mar dhéantóirí foréigin i gcoinne daoine LADT i gcuntais ó íospartaigh. Ní chomhcheanglaítear fachtóirí eile amhail aicme sóisialta, oideachas, stádas fostaíochta nó creidimh reiligiúin leis an eitneachas sa taighde atá ann cheana féin.

Tuairiscíodh sa stáidear **Gearmánach** *MANEO*[86] maidir leis an bhfuathchoireacht i gcoinne fear aerach agus déghnéasach i mBeirlín go

féiniúlacht ghnéasach an ceannfháth don déantóir, ó chineálacha eile fuathchoireachta arb é an ciníochas nó an frith-Sheimíteachas, mar shampla, an ceannfháth don déantóir.

[84] Cruinnithe mar chuid den obair allamuigh le SEKÜ (EE), *RFSL* [Cónaidhm na Sualainne um Chearta do Dhaoine Leispiacha, Aeracha Déghnéasacha agus Tras-Inscne] (SE), Kampania (PO), Arcigay/Arcilesbica (IT).

[85] Sa Danmhairg agus san Ísiltír mar shampla, rud ar cuireadh síos air in: M.T. Drud-Jensen & S.P. Knudsen (2005) Ondt i røven. Folk der har ondt i røven over bøsser - bøsser der har ondt i røven over folk. Copenhagen: Høst & Søn. And P. Mepschen (2008) *Sex and the Other - Homosexuality and Islam in Dutch public discourse, Master thesis* [Gnéas agus an Dream Eile – An Homaighnéasacht agus Ioslam i ndioscúrsa poiblí na hÍsiltíre, Tráchtas Máistreacha]

[86] Tá 23,949 freagróir sa sampla. *MANEO - Das schwule Anti-Gewalt-Projekt in Berlin* (2007) [MANEO – an Tionscadal aerach i gCoinne Foréigin i mBeirlín], ar fáil ag http://www.maneo.de/highres/index.html (14.07.2008).

Aistriúchán gan fíorú

bhfacthas do dhaoine gur bhain cúlra mionlaigh eitnigh le déantóirí i 16 faoin gcéad d'eachtraí.[87]

I dtuarascáil **ón Ísiltír**[88] faoi Amstardam, bhí ró-ionadaíocht i gceist maidir le fír óga de bhunadh Maracó a bhí ina n-amhrasáin faoi fhoréigean frithaerach. An chonclúid a dtángthas air sa tuarascáil ná: '*Perpetrators of anti-gay violence are not inspired by religious beliefs. Those perpetrators who are Muslim have only a superficial knowledge of the Koran and rarely go to mosque. The motives of the Moroccan perpetrators are almost the same as those of the indigenous Dutch perpetrators: views and emotions regarding sex and gender. However, Moroccan boys mention anal sex and the visibility of homosexuality as what they regard as the most reprehensible aspects of homosexuality, and not feminine behaviour. Their overrepresentation is due to the street culture of the areas where many Moroccan boys live*.' ['Ní creidimh reiligiúin is údar inspioráide do dhéantóirí foréigin fhrithaeraigh. Níl ach breac-eolas ar an gCórán ag na déantóirí sin ar Moslamaigh iad agus is annamh a théann siad chun an mhoisc. Tá na ceannfháthanna a spreagann na déantóirí Maracacha beagnach mar an gcéanna leo siúd a spreagann na déantóirí ar de dhúchas na hÍsiltíre iad: dearcaí agus mothúcháin maidir le gnéas agus inscne. Luann buachaillí Maracacha an gnéas tóna agus infheictheacht na homaighnéasachta mar na gnéithe is incháinte den homaighnéasacht dar leo, agus ní iompar banúil. Tá ró-ionadaíocht na ndéantóirí Maracacha mar gheall ar chultúr sráide na limistéar mar a gcónaíonn go leor buachaillí Maracacha.']

Aistriúchán gan fíorú

---

[87] Der Beauftragte für Integration und Migration in Berlin (2005) *Integration und Migration in Berlin*, Zahlen - Daten - Fakten) [Imeascadh agus Imirce i mBeirlín]. Cé nach ionann cúlra mionlaigh eitnigh meabhairbhraite agus cúlra imirceach a bheith i gceist go hoifigiúil, tugann na figiúir le fios nach bhfuil ró-ionadaíocht ag daoine a chuirtear i gcatagóir mar 'dhaoine ó mhionlach eitneach' nó 'imirceach' sna staitisticí fuathchoireachta ó Bheirlín.

[88] L.Buijs, J.W.Duyvendak, G.Hekma (2008) Als ze maar van me afblijven. Amsterdam: Universiteit van Amsterdam, *Amsterdam School for Social Science Research* [Scoil Amstardam um Thaighde ar an Eolaíocht Shóisialta] lch. 128

Ag tuairisciú na fuathchoireachta

De réir taithí Eagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT agus roinnt údarás poiblí ar cuireadh agallamh orthu don tuarascáil seo, is beag eachtra fuathchoireachta a thuairiscítear do na póilíní nó d'údaráis phoiblí eile. Dearbhaítear seo le staidéir freisin.[89]

Sa staidéar **Polannach** ar tagraíodh dó thuas,[90] níor tuairiscíodh 85.1 faoin gcéad de chásanna do na póilíní. De réir staidéar **na Ríochta Aontaithe**,[91] níor thuairiscigh ach 23 faoin gcéad d'íospartaigh eachtraí fuatha do na póilíní, agus tugann foinsí eile, faoi mar a luadh roimhe, figiúir níos ísle fós.

D'fhéadfadh roinnt fachtóirí a bheith ina n-údar leis seo:

- Do roinnt íospartach, is de dheasca an stiogma shóisialta agus na claontachta i gcoinne daoine LADT, a dhéanann siad cinneadh gan iad féin a aithint mar LADT, agus seachnaíonn siad eachtraí a thuairisciú ionas go laghdófar an baol go bhfaighfear a dtreoshuíomh gnéasach nó a bhféiniúlacht inscne amach nó go nochtóidh siad féin é.

- Baineann eachtraí fuatha do roinnt daoine LADT chomh minic nach mbacann siad le hiad a thuairisciú. Ar na cúiseanna sin, nó mar gheall ar rud ar a dtugtar 'an homafóibe inmheánaithe', ní aithníonn roinnt íospartach eachtraí fuatha mar choireanna nó mar idirdhealú, ach mar chuid de na cúinsí sóisialta a eascraíonn as an léirstean coitianta ar dhaoine LADT, agus dá bharr sin, 'mar chuid den saol'.

- D'fhéadfadh an t-eolas a bheith easnamhach maidir le conas agus cá háit le heachtraí a thuairisciú. I bhformhór na mBallstát, ciallaíonn easpa cultúir na 'seirbhíse poiblí' sna póilíní gur beag iarracht a dhéantar leis an bpobal a chur ar an eolas agus go háirithe grúpaí a bhíonn i mbaol na fuathchoireachta faoi bhealaí leis an bhfuathchoireacht a thuairisciú. Sa chás seo, b'fhéidir nach bhfuil i gceist ach nach bhfuil a fhios acu siúd, a mbaineann fuathchoir dóibh mar gheall ar a dtreoshuíomh gnéasach nó a bhféiniúlacht inscne, conas agus cé dó an eachtra a thuairisciú.

- D'fhéadfadh drogall a bheith ar dhaoine eile aghaidh a thabhairt ar na póilíní toisc gur bhain homafóibe dóibh ó oifigigh phóilíneachta roimhe nó toisc go bhfuil faitíos orthu go bhfaighidh siad freagairt homafóibeach uathu. Tá freagairtí den sórt sin ó na póilíní tuairiscithe ag íospartaigh

[89] Mar shampla, na staidéir ar an bhfuathchoireacht a luadh thuas agus cruinnithe mar chuid den obair allamuigh le Mozaika (an Laitvia, 12 Márta 2008), Aireacht Gnóthaí Sóisialta (an Eastóin, 11 Márta 2008), BGO Gemini (an Bhulgáir, 30 Aibreán 2008), Arcigay/Arcilesbica (an Iodáil, 5 Márta 2008)

[90] M. Abramowicz (eag.) (2007) *Situation of bisexual and homosexual persons in Poland, Kampania Przeciw Homofobii & Lambda Warsaw* [Cás daoine déghnéasacha agus homaighnéasacha sa Pholainn].

[91] S. Dick (2008) *Homophobic hate crime - The Gay British Crime Survey* 2008, Stonewall. [An Fhuathchoireacht homafóibeach – Suirbhé Aerach na Breataine faoin gCoireacht 2008]

Aistriúchán gan fíorú

chomh maith le neamhthoilteanacht le gearán a chomhdú nó drogall a bheith orthu creidiúint go raibh ceannfháth homafóibeach leis an gcoir.[92]

Mar shampla, thuairiscigh na hEagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT *OLKE* **sa Ghréig** agus *ACCEPT* [GLAC] sa Rómáin go gcuireann oifigigh phóilíneachta imfaitíos ar dhaoine agus go gciapann siad iad in áiteanna poiblí arb eol dóibh iad a bheith ina n-ionaid chruinnithe d'fhir aeracha.[93] I staidéar **ón Eastóin**, thuairiscigh 25 faoin gcéad d'fhreagróirí LAD go bhfuair siad freagairtí naimhdeacha ó na póilíní agus fuathchoireanna á dtuairisciú acu.[94] Sampla:

*know that for the simple fact of holding hands and kissing your same sex lover at 11:30 pm in a park you can be spat on, beaten, fined, called "faggot, sissy, and depraved freak", and some words I am really ashamed of mentioning, by the police*?' [‘An raibh a fhios agat go bhféadfadh na póilíní seile a chaitheamh leat, thú a bhualadh, fíneáil a ghearradh ort, ainmneacha “buachaill bán, piteog, agus fraeic urghránna”, agus roinnt focal a mbeadh fíornáire orm a lua, a thabhairt ort díreach toisc go bhfuil greim láimhe agat ar do leannán, ar den inscne chéanna leat é, agus tú á phógadh ar 11.30 pm i bpáirc?] (Fear, 17, An Rómáin)[95]

Bhí torthaí measctha sa suirbhé leictreonach ar na páirtithe leasmhara maidir le hiarrachtaí na n-údarás poiblí le haghaidh a thabhairt ar an bhfuathchoireacht i gcoinne daoine LADT. Dúirt 53 faoin gcéad go measann údaráis phoiblí ábhartha fuathchoireanna mar réimse imní atá 'réasúnta ábhartha' nó 'an-ábhartha' agus tuairiscíonn 30 faoin gcéad go measann údaráis phoiblí nach bhfuil eachtraí den sórt sin ach beagán ábhartha nó go bhfuil siad neamhábhartha ar fad.

Cuireann easpa na tuairisceoireachta leis na deacrachtaí maidir le fairsinge agus tréithe na n-ionsaithe ar fud an AE a mheasúnú, toisc gur minic nach ann do staitisticí oifigiúla agus cás-dlí.

Duirt go leor údarás poiblí i rith agallamh mar chuid den obair allamuigh nach bhfuil uirlisí riaracháin chun fuathchoireanna a thuairisciú sách forbartha agus

Aistriúchán gan fíorú

[92] Féach e.g. *ENAR* [Líonra na hEorpa i gCoinne an Chiníochas] (2006) *Shadow Report: Bulgaria* 2006 [Scáth-Thuarascáil: an Bhulgáir], ar fáil ag: http://cms.horus.be/files/99935/MediaArchive/national/Bulgaria_2006.pdf (14 .07.2008)

[93] Cruinnithe mar chuid den obair allamuigh: an Ghréig, 14 Aibreán 2008, agus an Rómáin, 12 Aibreán 2008

[94] Kotter, L. (2002): "*Sexual Orientation Discrimination in* Estonia*", in: Sexual Orientation Discrimination in Lithuania, Latvia and Estonia. Open Society Institute & Kimeta Society* [“Idirdhealú ar bhonn an Treoshuímh Ghnéasaigh san Eastóin”, in: Idirdhealú ar bhonn an Treoshuímh Ghnéasaigh sa Liotuáin, sa Laitvia agus san Eastóin. Institiúid na Sochaí Oscailte & Cumann Kimeta]

[95] *UK Gay News (2006) Discrimination: Gays Fined for Cuddling in a Park While Straight Couple Ignored for Having Sex,* [Nuacht Aerach na RA (2006) Idirdhealú: Fíneáil Gearrtha ar Dhaoine Aeracha as a Bheith ag Muirniú a Chéile i bPáirc agus Neamhaird Tugtha ar Lánúin Díreach a Bhí i mBun Comhriachtana] ar fáil ag http://ukgaynews.org.uk/Archive/2006july/2901.html (07.08.2008).

go mbíonn siad deacair iad a úsáid.[96] Tugtar le fios le hagallaimh le hEagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT, Comhlachtaí Náisiúnta Comhionannais agus údaráis phoiblí i bhformhor na mBallstát nach bhfuil na póilíní oilte go maith chun déileáil leis an bhfuathchoireacht agus nach bhfuil na huirlisí tuairisceoireachta riachtanacha acu.

**Dea-chleachtas: Fuathchoireanna á gclárú ag póilíní: Sa tSualainn** in earrach 2007, chuir póilíní Stócólm tús le 'haonad fuathchoireachta'. D'fheabhsaigh go leor údarás póilíneachta a nósanna imeachta tuairisceoireachta trí rud a chur isteach ina nósanna imeachta le heachtraí a thuairisciú, a fhágann go bpreabann fuinneog aníos ar an scáileán nuair a chlóscríobhtar eochairfhocail shonracha i dtuarascáil amhail 'aerach' nó 'imirceach'; caithfidh an t-oifigeach atá á thuairisciú faisnéis bhreise a chomhlánú ansin chun an t-eachtra a shainaithint, rud a chiallaíonn gur chóir tuilleadh ceisteanna a chur ar an íospartach nó ar an bhfaisnéiseoir. Tá oifigigh a bhfuil sainfhreagracht as fuathchoireanna acu sannta ag cuid mhaith údarás póilíneachta. Lena chois sin, déanann líon chomh mór le 20 ionchúisitheoir **sa tSualainn** speisialtacht sa réimse lena ndéileáiltear leis an bhfuathchoireacht, ceann i ngach dlínse.[97]

Aistriúchán gan fíorú

[96] Cruinnithe mar chuid den obair allamuigh le Brottsförebygganderådet and Integrations- och Jämställdhetsdepartementet, Enheten för diskrimineringsfrågar (an tSualainn, 6 Márta 2008), agus *Office of National Statistics* [Oifig Staidrimh Náisiúnta] (Ríocht Aontaithe, 1 Aibreán 2008)

[97] An tSualainn, tuarascáil tíre

**Dea-chleachtas: An fhuathchoireacht á tuairisciú go hanaithnid:** Nochtadh le taighde mar chuid den obair allamuigh go bhfuil tionscadal píolótach tionscanta **san Ísiltír** lenar feidir fuathchoireanna a thuairisciú go hanaithnid ar an Idirlíon ionas gur féidir faisnéis a bhailiú, fiú mura mbíonn íospartaigh ag iarraidh tuairisciú do na póilíní go díreach.[98] Ar an gcaoi chéanna, **sa Danmhairg,** bhunaigh an *Municipality of Copenhagen* [Bardas Chóbanhávan] suíomh gréasáin go mbeadh daoine in ann eachtraí fuatha a thuairisciú go hanaithnid[99] **Sa tSlóivéin**, tá an clár *Povej naprej!* [Gníomhachtaigh!] tionscanta ag an eagraíocht neamhrialtasach LADT *Legebitra*, chun an tuairisciú d'fhuathchoireanna agus eachtraí idirdhealaithe i gcoinne daoine LADT a éascú trí agallamh a chur ar íospartaigh go hanaithnid.[100]

**Dea-chleachtas: Ábhar oiliúna agus faisnéise: Sa Fhrainc,** d'fhorbair comhpháirtíocht d'fhiontair phríobháideacha, de cheardchumainn phóilíneachta agus de chumainn aeracha agus leispiacha *'Victim's Guide'* ['Treoir d'Íospartaigh']. De réir agallamh mar chuid den obair allamuigh, tá modúil mhúscailte feasachta faoin homaighnéasacht agus faoin homafóibe áirithe mar chuid dá churaclaim oideachais ag an **Gendarmerie [Póilíní] Naisiúnta sa Fhrainc** ó 2006.[101] Nochtar le hagallaimh mar chuid den obair allamuigh gur thug an Comhlacht Náisiúnta Comhionannais, *Centre for Equal Opportunities and Opposition to Racism* [Ionad um Chomhdheiseanna agus Obair i gCoinne an Chiníochais], **sa Bheilg**, faoi thionscnamh oiliúna póilíní cosúil leis sin.[102]

Maidir le nósanna imeachta cúirte, taispeánadh le staidéar sa tSualainn[103] go mbíonn céatadán na n-eachtraí fuatha a thugtar chun trialach an-éagsúil idir dlínsí póilíneachta, agus nár breithníodh eilimint an fhuatha nó na homafóibe sa triail uaireanta agus pianbhreith á gearradh, cé go raibh sé ina cheannfháth leis an gcoir a rinneadh.

98 Cruinniú mar chuid den obair allamuigh leis an *Commission for Equal Treatment* [an Coimisiún um Chóir Chomhionann] (an Ísiltír, 1 Aibreán)
99 Féach http://www.registrerdiskrimination.kk.dk/?sc_lang=en (17.10.2008)
100 Féach http://www.drustvo-legebitra.si/index.php?option=com_content&task=view&id=148&Itemid=0 (17.10.2008)
101 Cruinniú mar chuid den obair allamuigh le Inter-LGBT agus L'Autre Cercle, (an Fhrainc, 10 Márta 2008)
102 Cruinniú mar chuid den obair allamuigh le *Centre for Equal Opportunities and Opposition to Racism* [Ionad um Chomhdheiseanna agus Obair i gCoinne an Chiníochais], (an Bheilg, 3 Aibreán)
103 E. Tiby (2006) En studie av homofoba hatbrott i Sverige, Stócólm: Forum för levande historia

Aistriúchán gan fíorú

**Dea-chleachtas: Beartas um ionchúiseamh:** Tá beartas eisithe ag an *Crown Prosecution Service* [Seirbhís Ionchúisimh na Corónach] sa **Ríocht Aontaithe** maidir le cásanna Fuathchoireachta Homafóibí agus Trasfóibí a ionchúiseamh. Mínítear leis an gcáipéis an bealach a phléann an *Crown Prosecution Service* (*CPS*) [Seirbhís Ionchúisimh na Corónach] le cásanna a bhaineann leis an bhfuathchoireacht homafóibeach agus trasfóibeach agus deirtear ann go bhfuil rún daingean ag an *CPS* a páirt a imirt le coireanna, lena mbaineann eilimint homafóibeach nó trasfóibeach, a laghdú trí chiontóirí a thabhairt os comhair na cúirte.[104]

Aistriúchán gan fíorú

[104] Féach http://www.cps.gov.uk/publications/docs/htc_policy.pdf (06.10.2008).

*Ionsaithe ar ionaid LADT*

Tá cuid mhaith cuntas ann faoi ionsaithe ar ionaid LADT i roinnt Ballstát – idir áitribh Eagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT nó suímh an phobail a loiteadh agus a chiapadh nó ionsaithe ar dhaoine LADT ag ionaid.

Níl sa chás inar loiteadh áitreabh na craoibhe áitiúla de *Riksförbundet För Seksuellt Likaberättigande* [Cónaidhm na Sualainne um Chearta do Dhaoine Leispiacha, Aeracha Déghnéasacha agus Tras-Inscne] **sa tSualainn**, nuair a briseadh a fuinneoga agus gairis loiscneacha á gcaitheamh leí, ach sampla amháin.[105] Trí fhaisnéis a bailíodh in agallaimh mar chuid den obair allamuigh, is féidir cásanna a lua inar dódh suíomh stairiúil san Iodáil (*The Coming Out*) [An Teacht Amach] ar leis an bpobal LADT sa Róimh é i mí Fheabhra 2008, agus le déanaí, ionsaithe nuafhaisisteacha eile ar ionaid éagsúla LADT.[106] Creideann Eagraíochtaí Neamhrialtasacha LAD na hIodáile *Arcigay* agus *Arcilesbica* go bhfuil méadú ag teacht ar an bhforéigean i gcoinne eagraíochtaí agus suímh an phobail LADT.[107]

An Fhuathchaint

Cuimsíonn an téarma 'fuathchaint', faoi mar a úsáidtear sa rannán seo é, speictream níos leithne de ghníomhartha ó bhéal lena dtarraingítear as nó lena léirítear an homafóibe agus/nó an trasfóibe i ndioscúrsa táireach nó drochmheasúil poiblí.

Bunaithe ar shonraí atá ar fáil, is féidir trí chineál fuathchainte a aithint ar a laghad mar chinn a mbaineann tábhacht ar leith leo i gcomhthéacs homafóibeach: fuathchaint ó dhaoine mór le rá, fuathchaint ó ionadaithe poiblí reiligiúin agus fuathchaint fhoilsithe, go hanaithnid go minic, ar an Idirlíon.

Fuathchaint ó dhaoine mór le rá sa phobal agus san aos reiligiúin

Tá monatóireacht déanta ag roinnt Eagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT agus taighdeoirí ar ráitis sa phreas nó in áiteanna eile. Sa **Laitvia** agus **sa Liotuáin**, tá patrúin urlabhartha aitheanta ag na hEagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT *Mozaika* (an Laitvia) agus ag *The Lithuanian Gay League* [Conradh Aerach na Liotuáine] agus iad ag scrúdú ráiteas i gcoinne daoine LADT agus léirithe

Aistriúchán gan fíorú

105 *Riksförbundet För Seksuellt Likaberättigande* (Nord) [Cónaidhm na Sualainne um Chearta do Dhaoine Leispiacha, Aeracha Déghnéasacha agus Tras-Inscne] Hatbrott! Vad gör jag? Information och råd för homosexuella, bisexuella och transpersoner (Paimfléad gan dáta a fhoilsithe ag www.rfsl.se/nord).

106 Cruinniú mar chuid den obair allamuigh le Arcigay agus Arcilesbica, Márta 5, 2008. Féach freisin: http://www.arcigay.it/incendio/incendio-al.coming-out-roma, http://www.repubblica.it/2006/05/gallerie/cronaca/incendio-coming/1.html, agus http://www.arcigay.it/dossier-omofobia-italia-2006-2008 ( 20.07.2008)

107 Cruinniú mar chuid den obair allamuigh le Arcigay agus Arcilesbica, Márta 5, 2008

homafóibeacha eile arbh fhédir nach dtiocfaidís ar fad faoi chuimsiú shainmhíniú dlíthiúil na fuathchainte go baileach.[108]

Fuarthas leis na tionscadail mhonatóireachta seo gur polaiteoirí caomhacha agus daoine caomhacha mór le rá ón aos reiligiúin (Caitliceach, Liútarach nó Críostaí Soiscéalach) is mó a chuireann ráitis i gcoinne daoine LADT in iúl. Den chuid is mó sna ráitis seo, bítear ag tarraingt as an téama gur bagairt don tsochaí iad daoine agus nósanna maireachtála LADT. Faoi mar a chuireann *Mozaika* i bhfocail é: '*it became clear that certain types of arguments were being used over and over again to speak out against lesbians and gays'* ['ba léir go raibh cineálacha áirithe argóintí á n-úsáid arís agus arís eile chun labhairt amach i gcoinne daoine leispiacha agus aeracha'.][109] Ina measc seo tá argóintí:[110]

- arb éard is aidhm leo ná aonchineálacht agus iomláine eitneach an náisiúin agus an stáit a chaomhnú trí dhaoine aeracha agus leispiacha a eisiamh nó a stádas a ísliú sa tsochaí;

- lena mbítear ag tarraingt as an gcreideamh Críostaí chun tacú le daoine aeracha agus leispiacha a eisiamh as an 'bpobal morálach' agus tuigtear go bhfuil an náisiún ar fad i gceist ansin;

- lena dtagraítear do mhorálacht neamhsonraithe, agus luachanna teaghlaigh á lua go minic mar argóint chun daoine aeracha agus leispiacha a eisiamh nó a stádas a ísliú sa tsochaí.

Lena chois sin, is cosúil i roinnt ráiteas gur 'bagairt ón iarthar' daoine LADT do 'thodhchaí dheimeagrafach' an náisiúin:

> *say a clear "no" to all those wise men from the West, who want to suggest that our people undertake voluntary suicide because, as you know, children do not come from homosexualists [sic]'* ['Caithfimid diúltú scun scan do na saoithe críonna sin ar fad ón Iarthar, atá ag iarraidh moladh go gcuirfeadh ár muintir lámh lántoiliúil ina mbás féin, toisc, mar is eol duit, nach dtagann leanaí ó homaighnéasóírí' [sic]] (Ball Parlaiminte ón Laitvia, i seisiún iomlánach den Pharlaimint, 31.05.2006)[111]

Aistriúchán gan fíorú

---

[108] Mozaika (2007) *Homophobic Speech in Latvia: Monitoring the Politicians* [Caint Homafóibeach sa Laitvia: Monatóireacht ar na Polaiteoirí] A. Tereskinas (2007) "*Not Private Enough?" Homophobic and Injurious Speech in the Lithuanian Media, Vilnius: Lithuanian Gay League* ["Gan a bheith Sách Príobháideach?" Caint Homafóibeach agus Dhíobhálach i Meáin na Liotuáine, Vilnius: Conradh Aerach na Liotuáine]

[109] Mozaika (2007) *Homophobic Speech in Latvia: Monitoring the Politicians* [Caint Homafóibeach sa Laitvia: Monatóireacht ar na Polaiteoirí], lch. 4

[110] Mozaika (2007) *Homophobic Speech in Latvia: Monitoring the Politicians* [Caint Homafóibeach sa Laitvia: Monatóireacht ar na Polaiteoirí], lch. 5

[111] Mozaika (2007) *Homophobic Speech in Latvia: Monitoring the Politicians* [Caint Homafóibeach sa Laitvia: Monatóireacht ar na Polaiteoirí], lch. 31

In argóintí i gcoinne imeachtaí Bród a cheadú, cuireadh an cheist seo: an saincheist í ó thaobh chearta an duine do mhionlaigh atá inti nó an é nach bhfuil ann ach 'claonadh mímhorálta', rud a ionannaíonn homaighnéasaigh le halcólaigh agus andúiligh drugaí.

*rches in Latvia must be seen as unlawful and must not be permitted, because first of all, they are aimed against morality and the family model which exists in our nation and is enshrined in the fundamental law of the state, the Constitution. Second, homosexuality is against the natural order and, therefore, against the laws of God. Third, homosexuals also claim unlawfully to have the rights of a minority. A minority is made up of those who are different from the majority of people because of nationality, language, race, skin colour and other neutral characterisations, but not of moral evaluation. That means that there can be no minority of alcoholics, homosexuals, drug addicts or any other people if the minority is based on immoral inclinations*.' ['Caithfear breathnú ar mháirseálacha Bróid sa Laitvia mar mháirseálacha neamhdhleathacha agus ní mór iad a chosc, toisc, ar an gcéad dul síos, go bhfuil siad dírithe i gcoinne na moráltachta agus eiseamláir an teaghlaigh mar atá sé inár náisiún agus atá cumhdaithe i ndlí bhunúsach an stáit, an Bunreacht. Thairis sin, tá an homaighnéasacht i gcoinne an oird nádúrtha agus, mar sin, i gcoinne dhlíthe Dé. Rud eile ná go maíonn na homaighnéasaigh go neamhdhleathach freisin go bhfuil cearta mionlaigh acu. Tá mionlach comhdhéanta díobh siúd atá difriúil le tromlach na ndaoine mar gheall ar náisiúntacht, ar theanga, ar chine, ar dhath craicinn agus ar thréithe neodracha eile, ach ní mar gheall ar a meastóireacht faoin moráltacht. Ciallaíonn é sin nach féidir aon mhionlach acólach, homaighnéasach, andúiligh drugaí nó aon daoine eile a bheith ann má bhíonn an mionlach bunaithe ar chlaonta mímhorálta.'] (Litir phoiblí a seoladh chuig polaiteoirí, arna síniú ag Cairdinéal agus ag roinnt mhaith sagart den Ealgais Chaitliceach Rómhánach **sa Laitvia**)[112]

Tá sé tábhachtach a nótáil nach bhfuil samplaí de ráitis dhímheasúla phoiblí maidir le daoine LADT, amhail na cinn a luadh thuas, teoranta don **Laitvia** beag ná mór. Leis an bhfaisnéis a bailíodh tríd an obair allmuigh, aithníodh samplaí de chásanna inar tugadh ráitis den sórt sin **i Málta**, **san Iodáil**, **sa Liotuáin**, **sa Pholainn, sa Chipir**, **sa Ghréig** agus **sa Rómáin**,[113] ó pholaiteoirí caomhacha nó ó dhaoine mór le rá ó shainaicmí creidimh na gCaitliceach nó na gCríostaithe Ceartchreidmheacha de ghnáth. Tá na cineálacha ráiteas agus an argóinteacht a úsáideadh mórán mar an gcéanna leo siúd a aithníodh le tionscadal monatóireachta *Mozaika*. Ní haon údar iontais é gur taispeánadh sna hagallaimh le hEagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT agus Comhlachtaí Náisiúnta Comhionannais sna tíortha seo, mar a bhfuil an homaighnéasacht ina cnámh spairne mhór i gcúrsaí polaitíochta ar fhorais na moráltachta, gur fadhb

[112] Gníomhaireacht nuachta LETA, Bealtaine 27, 2008
[113] Cruinnithe mar chuid den obair allamuigh le *Malta Gay Rights Movement* [Gluaiseacht Chearta Aeracha Mhálta] (3 Márta 2008), Arcigay/Arcilesbica (an Iodáil, Márta 5 2008), *Lithuanian Gay League* [Conradh Aerach na Liotuáine] (13 Márta 2008), *Campaign Against Homophobia* [Feachtas i gCoinne na Homafóibe] (17 Márta 2008), *Cypress Gay Liberation Movement* [Gluaiseacht na Cipire um Shaoradh Daoine Aeracha] (10 Aibreán 2008), OLKE (an Ghréig, 14 Aibreán 2008), *ACCEPT* [GLAC] (an Rómáin, 12 Aibreán 2008)



Aistriúchán gan fíorú

níos práinní agus níos suntasaí í an fhuathchaint homafóibeach, go háirithe nuair a úsáidtear í chun frithbheartaíocht a fhorbairt i gcoinne imeachtaí Bród, faoi mar a cuireadh síos air sa rannán maidir le saoirse chomhthionóil.

Níl léiriú an fhuatha ar dhaoine LADT teoranta do pholaiteoirí ná do cheannairí reiligiúin ar ndóigh. Mar léiriú air sin:

- Sa saol siamsaíochta: Bhí sé ina raic nuair a thug ball de choiste roghnúcháin chomórtais phríobháidigh amhránaíochta ar an teilifís **sa Ghearmáin** ('*Deutschland Sucht Den Superstar*' [an Ollréalta á Lorg ag an nGearmáin)]) '*fag, singing like a pig*!' [buachaill bán, ag amhránaíocht ar nós muice!'] ar rannpháirtí sa seó.[114]

- Sna meáin: 'Ba chóir na homaighnéasaigh a chur chun báis' ceannlíne i nuachtán **na Rómáine** Evenimentul Zilei ar 11 Bealtaine, 2004, in alt maidir le himeachtaí poiblí LADT.[115]

- Ó dhaoine mór le rá: In 2005, ionchúisíodh tráchtaire iomráiteach **sa Phortaingéil** as a fhógairt go poiblí go raibh homaighnéasaigh tinn agus as iad a chur i gcomparáid le péidifiligh agus andúiligh drugaí.[116]

Aistriúchán gan fíorú

---

[114] I nGearmáinis: 'Vollschwuchtel, singt wie ein Schwein' (craoladh ar RTL, 2008), luaite sa Ghearmáin, tuarascáil tíre

[115] An Rómáin, tuarascáil tíre

[116] J.E.F. Gouveia (2005) 'Qualquer dia a pedofilia vau acabar por ser legalizada', in O Independente, 18 Feabhra 2005

An fhuathchaint ar an Idirlíon

Saincheist atá ina údar imní ar leith ná leathadh na fuathchainte homafóibí ar an Idirlíon. Is beag taighde atá ann faoin tsaincheist seo, ach taispeántar le taighde mar chuid den obair allamuigh gur ardaigh roinnt Eagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT,[117] Comhlachtaí Náisiúnta Comhionannais[118] chomh maith le staidéar eile é mar réimse atá ina údar imní tromchúiseach. Nótáladh i staidéar amháin in 2006[119]: '*A quick check on any search engine provides numerous web pages that target their propaganda against immigrants, Jews, Muslims or homosexuals inciting hate and encouraging violence against these groups*.' [‘Má dhéanann duine cuardach gasta ar aon inneall cuardaigh, faightear an-chuid leathanach idirlín a dhíríonn a gcuid bolscaireachta i gcoinne na n-imirceach, na nGiúdach, na Moslamach nó na homaighnéasach agus a ghríosaíonn fuath agus a spreagann foréigean i gcoinne na ngrúpaí seo.’]

Tuairiscíodh leis an staidéar sin freisin, mar shampla, gur nótáil *Dutch Complaints Bureau* [Biúró Gearán na hÍsiltíre] **san Ísiltír** go raibh ábhar den sórt sin a fhoilsítear i spás Idirlín na hÍsiltíre ag dul i méad go seasta.

Tá líon suntasach tráchtaireachtaí i gcoinne daoine LADT, a foilsíodh ar an Idirlíon, nótáilte ag cuid mhaith Comhlachtaí Náisiúnta Comhionannais agus Eagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT freisin. De réir mar a bhí i gcomhthéacsanna eile, úsáideann cuid mhaith líonraí atá i gcoinne daoine LADT an tIdirlíon le haghaidh cumarsáide, chun líonrú agus daoine a thabhairt le chéile le gníomhú. Áirítear sna samplaí: *NoPride Association* [Cumann Neamhbhróid] **na Laitvia** nó *Partido Nacional Renovador* **na Portaingéile** a d’fhógair léirsiú i gcoinne ‘bhrúghrúpa na homaighnéasach agus na bpéidifileach’ ar bhlag náisiúnach in 2005. Tuairiscíodh leathanach gréasáin antoisceach na heite deise sa **tSualainn** in 2006 as fuath i gcoinne daoine homaighnéasacha a ghríosú.[120]

Tá imscrúduithe ex officio seolta ag *The Office of the Equal Opportunities Ombudsperson* [Oifig an Ombudsman um Chomhdheiseanna] **sa Liotuáin** agus thionscain sé imeachtaí i gcoinne na fuathchainte ar shuímh ghréasáin. Nochtar le faisnéis a bailíodh i rith agallamh áfach go mbíonn sé deacair go minic cásanna den sórt sin a thabhairt chun na cúirte toisc go mbíonn acmhainní agus diongbháilteacht nach beag ag teastáil chun na húdair iarbhír, atá freagrach as na nótaí tráchta, a aithint.[121]

[117] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh le SEKÛ mar shampla (an Eastóin, 10 Márta 2008)

[118] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh le *the Equal Opportunities Ombudsperson* [an tOmbudsman Comhdheiseanna] mar shampla (an Liotuáin, 14 Márta 2008)

[119] M. Zarrehparvar (2006) '*A Nondiscriminatory Information Society'* [Sochaí Faisnéise Neamh-Idirdhealaitheach], in R.F. Jørgensen *Human Rights in the Global Information Society* [Cearta an Duine i Sochaí Faisnéise an Domhain], Londain: The MIT Press, lch. 226

[120] *Brottsförebyggande rådet* [Comhairle Náisiúnta na Sualainne um Chosc ar an gCoireacht], 2008 Hatbrott 2007 - En sammanställning av anmälningar med främlingsfientliga, islamofobiska, antisemitiska och homofobiska motiv

[121] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh leis an *Equal Opportunities Ombudsperson* [Oifig an Ombudsman um Chomhdheiseanna] (an Liotuáin, 14 Márta 2008)

Aistriúchán gan fíorú

Conclúidí

Tá an fhuathchoireacht i gcoinne daoine LADT ina fheiniméan forleathan a théann i bhfeidhm ar fhir aeracha, ar leispiaigh, ar fhir agus ar mhná déghnéasacha agus ar dhaoine tras-inscne ar bhealaí éagsúla.

Fachtóir níos tromchúisí san fhadhb is ea easpa na tuairisceoireachta do na póilíní nó d'údaráis eile i leith eachtraí – tá an drogall a bhíonn ar íospartaigh LADT iad féin agus na heachtraí a thuairisciú ina mhíniú air sin, nó faillí na n-údarás póilíneachta chomh maith.

Níl uirlisí, le heachtraí a thuairisciú do na húdaráis, sách forbartha, cé gur féidir le ganntuairisceoireacht na fuathchoireachta bac mór a chur ar chumas na n-údarás troid ina coinne go héifeachtach.

Is beag eolas ná taighde atá ann ar fhairsinge, ar thréithe, ar dhéantóirí nó ar íospartaigh na fuathchoireachta trasna an AE.

Tá fadhb ann maidir le hionsaithe ar ionaid LADT i roinnt Ballstát. Loiteadh áitribh Eagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT, agus dódh ionaid chruinnithe eile go talamh nó rinneadh tromchiapadh nó ionsaithe tromchúiseacha ar na daoine a fhreastalaíonn ar na hionaid. Tá eachtraí aitheanta san **Iodáil** agus **sa tSualainn** sa staidéar seo.

Feiniméan atá ina údar imní ar leith ná an fhuathchaint ó dhaoine mór le rá, toisc go dtéann sé i bhfeidhm ar thuairimí an phobail agus gur rud diúltach é a spreagann an éadulaingt. I ráitis phoiblí i gcoinne daoine LADT, is minic a chuirtear síos ar dhaoine LADT mar dhaoine mínádúrtha, a bhfuil galair orthu, atá claonaíoch, nasctha leis an gcoireacht, mímhorálta nó a chuirfidh an tsochaí trí chéile.

Tá an tIdirlíon ina réimse imní ar leith. Baintear úsáid as an Idirlíon chun fuath a ghríosú agus ní go héasca a aimsítear ná a ionchúisítear na déantóirí.

Aistriúchán gan fíorú

# Saoirse Chomhthionóil

Tugtar aghaidh sa rannán seo ar an scéal maidir le léirsithe agus imeachtaí poiblí LADT, na ceiliúrthaí Bróid go príomha, agus saincheist na rochtana ar áitreabh agus a n-infhaighteacht mar ionaid le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann le cúrsaí LADT.

**Paráideanna Bróid agus léirsithe agus imeachtaí poiblí LADT eile**

Traidisiún is ea an Bród Aerach a théann siar go Meitheamh 1969 nuair a léirsigh daoine LADT i Nua Eabhrac sna sráideanna ar feadh roinnt mhaith laethanta i gcoinne chiapadh dianseasmhach na bpóilíní ar dhaoine agus ar ionaid LADT. An bhliain dár gcionn, comóradh an t-éirí amach le léirsithe i gcuid mhaith cathracha i Meiriceá, agus ó shin i leith, leath léirsithe bliantúla i gcoinne na homafóibe agus ar son cearta do dhaoine LADT ar fud an domhain. Tá na léirsithe 'Bróid' seo forbartha anois cosúil le hócáid shóisialta nó féile i gcuid mhór Ballstát agus baineann feidhm bhreise leo atá an-tábhachtach do dhaoine agus do ghrúpaí LADT ó thaobh an pobal a mhéadú agus a chumhachtú. Trí agallaimh, ba léir gurb Eagraíochtaí Neamhrialtasacha áitiúla LADT a eagraíonn imeachtaí nó léirsithe bliantúla i mbeagnach gach Ballstát den AE, agus tarlaíonn a bhformhór gan aon fadhbanna maidir le póilíní nó ceadanna ó údaráis áitiúla agus i roinnt cásanna is amhlaidh go n-eagraítear iad agus údaráis áitiúla ag comhoibriú leo.[122]

Eagraítear léirsithe faoi theidil éagsúla, ar nós Máirseáil na hÉagsúlachta, Paráid an Bhogha Báistí, Páráid Chomhionannais nó Lá Shráid Chríostóir agus manaí, spriocanna agus cineálacha éagsúla léirithe i gceist. Maidir leis seo, glactar le rannpháirtíocht an AE féin i gceiliúrthaí den sórt sin mar chomhartha tacaíochta don éagsúlacht ó thaobh an treoshuímh ghnéasaigh. B'amhlaidh an cás i bParáid Chanáil Amstardam 2005 nuair a ghlac bád '*For Diversity. Against Discrimination*' ['Ar son hÉagsúlachta. In Aghaidh an Idirdhealaithe'] páirt mar chuid d'fheachtas an Choimisiúin Eorpaigh i leith an neamh-idirdhealaithe.[123] Le blianta beaga anuas, áfach, tharraing roinnt imeachtaí aird diúltach nach beag i mBallstáit eagsúla den AE, agus tá an chonspóid faoi cheiliúrthaí áirithe Bróid ina comhartha anois faoi a lárnaí is atá an homaighnéasacht mar shaincheist pholaitiúil.

Tá roinnt mhaith rudaí atá ina n-údair imní maidir le freagairtí na mBallstát d'imeachtaí Bróid le blianta beaga anuas: teip roinnt údarás leis an gceart tionóil a ráthú do dhaoine LADT, an teip le cosaint a ráthú do dhaoine LADT ar fhrithléirsitheoirí agus daoine mór le rá ón aos polaitíochta nó reiligiúin ag baint úsáid iarbhír as léirsithe poiblí daoine LADT le dearcaí agus gníomhartha i gcoinne daoine LADT a spreagadh.

Coisc

[122] Faisnéis a bailíodh i rith na hoibre allamuigh
[123] Féach http://www.stop-discrimination.info/31.0.html (12.01.2009)

Aistriúchán gan fíorú

Bhí cásanna ann le blianta beaga anuas inar chuir údaráis bhardasacha cosc, ar dtús ar a laghad, ar léirsithe agus ar shlógaí síochánta ó ghrúpaí a bhí ag tacú le cearta do dhaoine LADT:

**An Liotuáin**: Dhiúltaigh údaráis bhardasacha i Vilnius údarú a thabhairt d'imeachtaí poiblí LADT ar dhá ócáid. Rinne na heagraithe gearán sa dara cás, ach dhiúltaigh na cúirteanna don ghearán.[124]

**An Laitvia**: De réir faisnéise a bailíodh i rith agallamh, chuir údaráis bhardasacha cosc ar an bParáid Bhróid i Ríga in 2005 agus in 2006.[125]

**An Bhulgáir**: In 2005 chuir méara chathair Varna cosc ar oscailt bhoth faisnéise *Pink Point* [Pointe Bándearg]. Chuir na heagraithe gearán faoi bhráid an *Commission for Protection Against Discrimination* [Coimisiún um Chosaint i gCoinne an Idirdhealaithe], agus ciontaíodh Bardasacht Varna in idirdhealú indíreach. Tá an cás fós ar feitheamh mar gheall ar imeachtaí achomairc.[126]

**An Rómáin**: Chuir údaráis bhardasacha cosc ar Mháirseáil Éagsúlachta i mBúcairist.[127]

**An Pholainn**: Chuir údaráis bhardasacha i Vársá cosc ar Mháirseálacha Comhionannais LADT in 2004 agus in 2005. Cuireadh cosc ar mháirseáil cosúil leis i gcathair Poznan in 2005.[128]

San áireamh leis na cúiseanna a tugadh leis na coisc bhí: sábháilteacht na rannpháirtithe, sárú na moráltachta poiblí agus caomhnú an oird phoiblí. Tá sé tábhachtach a nótáil, áfach, gur athraíodh roinnt de na coisc agus gnásanna eile um shrianadh a chuir tuilleadh castaí sa scéal (mar shampla i mBúcairist, Vársá agus Ríga) tar éis aighneachtaí ó Eagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT, brú

Aistriúchán gan fíorú

---

124 E. Ziobiene (2008) *Legal Study on Homophobia and Discrimination on Grounds of Sexual Orientation, Report on Lithuania, FRALEX Legal Report*. [Staidéar ar Chúrsaí Dlí ó thaobh na Homafóibe agus an Idirdhealaithe ar Fhorais an Treoshuímh Ghnéasaigh, Tuarascáil faoin Liotuáin, Tuarascáil FRALEX ar Chúrsaí Dlí] Freisin: Cruinnithe mar chuid den obair allamuigh leis an *Lithuanian Gay League* [Conradh Aerach na Liotuáine] (an Liotuáin, 13 Márta 2008) agus le *The Equal Opportunities Ombudsperson* [an tOmbudsman Comhdheiseanna] (an Liotuáin 14 Márta 2008)

125 Cruinnithe mar chuid den obair allamuigh sa Laitvia: *Tiesībsarga birojs* [Oifig an Ombudsman] (12 Márta 2008) agus an Eagraíocht Neamhrialtasach LADT Mozaika (12 Márta 2008)

126 S. Kukova (2008) *Legal Study on Homophobia and Discrimination on Grounds f Sexual Orientation, Report on Bulgaria*, [Staidéar ar Chúrsaí Dlí ó thaobh na Homafóibe agus an Idirdhealaithe ar Fhorais an Treoshuímh Ghnéasaigh, Tuarascáil faoin mBulgáir], Tuarascáil Tíre Fralex ar Chúrsaí Dlí. Freisin: Cruinniú mar chuid den obair allamuigh leis an Eagraíocht Neamhrialtasach LADT BGO Gemini, Aibreán 28, 2008, agus le *the Commission for Protection Against Discrimination* [an Coimisiún um Chosaint i gCoinne an Idirdhealaithe] Aibreán 29, 2008

127 An Rómáin, tuarascáil tíre agus cruinniú mar chuid den obair allamuigh leis an Eagraíocht Neamhrialtasach LADT *ACCEPT* [GLAC] (Aibreán 7 2008)

128 M. Abramovicz (eag.) (2007) *Situation of Bisexual and Homosexual Persons in Poland* [Cás daoine Déghnéasacha agus Homaighnéasacha sa Pholainn]; tuarascáil 2005 agus 2006, Vársá: Feachtas i gCoinne na Homafóibe agus *Lambda Warsaw Association* [Cumann Lambda Vársá]

idirnáisiúnta, cinntí cúirte, tuairimí ó chomhlachtaí Náisiúnta Comhionannais nó idirghabhálacha ó airí.[129]

I gcás Baczkowski agus Daoine Eile v. An Pholainn, Iarratas uimh 1542/06, Breithiúnas an 3 Bealtaine 2007, rialaigh an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine gur sáraíodh Ailt 11,13 agus 14 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine leis na coisc ar Mháirseálacha agus ar thionóil Chomhionannais i Vársá in 2005.[130]

Baic ó thaobh cúrsaí riaracháin

Nochtadh in agallaimh gur baineadh úsáid as baic ó thaobh cúrsaí riaracháin **san Eastóin** in 2007, agus go raibh drogall ar phóilíní áitiúla comhoibriú le heagraithe Bróid agus gur éiligh siad go bhfostóidís cuideachta slándála phríobháideach.[131] Chuir na heagraithe gearán faoi bhráid an tSeansailéara Cheartais. Bhunaigh an Seansailéar nár lean an *Põhja Politseiprefektuur* [Maoracht Phóilíneachta an Tuaiscirt] caighdeáin an dea-rialachais nuair a dhiúltaigh siad don chomhoibriú le heagraithe na paráide.[132]

Rinne an Seansailéir Ceartais pointe eile freisin, cé gur chosúil go raibh na húdaráis ar an eolas faoina n-oibleagáidí diúltacha, i.e. gan cur isteach ar an bparáid, ní raibh siad ar an eolas faoina n-oibleagáid dhearfach le timpeallacht a sholáthar inar féidir le daoine taitneamh a bhaint as cearta na saoirse comhthionóil agus cearta gaolmhara (mar shampla, trí léirsitheoirí a chosaint ar fhrith-léirsitheoirí).[133]

Aistriúchán gan fíorú

129 An Rómáin, tuarascáil tíre. M. Abramovicz (eag.) (2007) *Situation of Bisexual and Homosexual Persons in Poland* [Cás daoine Déghnéasacha agus Homaighnéasacha sa Pholainn]; tuarascáil 2005 agus 2006, *Campaign Against Homophobia and Lambda Warsaw Association* [Feachtas i gCoinne na Homafóibe agus Cumann Lambda Vársá], Vársá. Cruinnithe mar chuid den obair allamuigh sa Laitvia: *Tiesībsarga birojs* [Oifig an Ombudsman] (12 Márta 2008) agus leis an Eagraíocht Neamhrialtasach LADT Mozaika (12 Márta 2008)

130 Féach http://www.icj.org/IMG/European_Compilation-web.pdf (26.11.2008)

131 Cruinniú mar chuid den obair allamuigh le SEKÜ agus *Diversity* [Éagsúlacht] (an Eastóin, 10 Márta 2008)

132 An Eastóin/Õiguskantsleri kantselei (09.2007) 'Soovitus õiguspärasuse ja hea halduse tava järgimiseks' ['Moladh go gcomhlíonfaí an dlíthiúlacht agus an dea-rialachas'], litir chuig an *politseiprefekt* [Maor Póilíneachta] Raivo Kütt, lch. 13

133 An Eastóin/Õiguskantsleri kantselei (09.2007) 'Soovitus õiguspärasuse ja hea halduse tava järgimiseks' ['Moladh go gcomhlíonfaí an dlíthiúlacht agus an dea-rialachas], litir chuig an politseiprefekt [Maor Póilíneachta] Raivo Kütt, lch. 13

De réir daoine a cuireadh faoi agallamh, tharla baic cosúil leo siúd i ndáil le Máirseáil Éagsúlachta sa **Rómáin** in 2008, nuair a d'éiligh póilíní áitiúla go soláthródh na heagraithe plean rialála tráchta.[134]

Frith-fhreagairtí

Níl na freagairtí i gcoinne léirsithe LADT amhail imeachtaí Bróid teoranta d'údaráis phoiblí. I samhradh 2008, tuairiscíodh ionsaithe foréigneacha ar mháirseálacha Bróid i bpríomhchathracha **Phoblacht na Seice, na hUngáire** agus **na Bulgáire** sna meáin nuachta idirnáisiúnta. Tá ionsaithe foréigneacha ar léirsithe tarlaithe **sa tSualainn, sa Pholainn, san Eastóin, i bPoblacht na Seice, san Ungáir, sa Rómáin**, agus **sa Bhulgáir** le blianta beaga anuas.[135]

'*The neo-Nazis that beat me up at the Pride parade in 2003 hit the jackpot because I'm both a "blatte" [derogatory term for a non-white Swede, or people of colour, for example of Arab or Latino descent] and gay. Today I feel that it's more important than ever to walk in the Pride parade. There are so many gays, dykes and transgendered people who don't dare walk. Get out in the streets, show yourselves!*' ['Fuair na nua-Naitsithe a bhuail mé ag an bparáid Bhróid in 2003 an pota óir i gceart toisc gur "*blatte*" mé [focal dímheasúil ar Shualannach neamhbhán, nó ar dhaoine daite, mar shampla, daoine de bhunadh Arabach nó Laideanóiseach] agus duine aerach freisin. Inniu mothaím go bhfuil sé níos tábhachtaí ná riamh siúl sa pharáid Bhróid. Tá an oiread daoine aeracha, leispiacha agus tras-inscne ann nach bhfuil sé de dhánacht iontu siúl. Téigh amach ar na sráideanna, taispeánaigí sibh féin!'][136] (Fear, An tSualainn)

De réir Eagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT agus Comhlachtaí Náisiúnta Comhionannais sna tíortha thuasluaite, tá sé tipiciúil go mbíonn roinnt grúpaí ag eagrú frithléirsithe, agus iad ag feidhmiú i gcomhghuaillíochtaí straitéiseacha uaireanta, agus d'fhéadfadh na grúpaí seo a leanas a bheith san áireamh leo: Grúpaí Faisisteacha agus grúpaí nua-Naitsíocha, grúpaí ultra-náisiúnacha agus/nó grúpaí Ceartchreidmheacha, Caitliceacha nó Críostaithe Soiscéalacha caomhacha.

I gcuid mhaith cásanna, imríonn slógadh na bhfrithléirsithe tionchar ar dhaoine ar leibhéal níos fairsinge seachas díreach ar bhaill ghrúpaí den sórt sin, agus tarlaíonn léirsithe móra poiblí dá thoradh lena n-iarrtar, mar shampla *'the death of sodomites'* ['bás na sodomach'][137] agus le manaí amhail *'Gay Pride = Aids Pride'*, *'Stop the Western decadence'* or *'Gays are like Jews—they must die*" [Bród Aerach = Bród as SEIF', 'Cuir Stop leis an Meath ón Iarthar' nó 'Tá Aeraigh cosúil le Giúdaigh—caithfidh siad bás a fháil"].[138]

---

[134] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh le *ACCEPT* [GLAC] (an Rómáin, 7 Aibreán 2008)
135 Faisnéis ó thuarascálacha tíre
[136] *RFSL* [Cónaidhm na Sualainne um Chearta do Dhaoine Leispiacha, Aeracha Déghnéasacha agus Tras-Inscne] (2005) '*Belonging*' ['Muintearas'], ar fáil ag http://www.rfsl.se/public/rfsl_belonging_2.pdf 06.02.2009)
[137] An Rómáin, tuarascáil tíre
[138] S.P. Knudsen, "'Gay Pride er vestlig decadence"' in Dagbladet Information, 02.06.2008, ar fáil ag: http://www.information.dk/160136 (21.07.2008)

Aistriúchán gan fíorú

Mar shampla de na dúshláin a bhíonn roimh eagraithe na n-imeachtaí poiblí LADT, fuarthas amach le suirbhé sa Pholainn in 2005 go raibh 78 faoin gcéad d'fhreagróirí i gcoinne ceart a bheith ag eagraíochtaí LADT léirsiú go poiblí.[139]

De réir na dtorthaí taighde ón obair allamuigh, seachas ionsaithe ar pharáideanna nó ar mháirseálacha, tuairiscíonn go leor Eagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT fadhbanna slándála do na rannpháirtithe roimh agus go háirithe i ndiaidh imeachtaí Bróid.[140] De réir tuairiscí, ní raibh na póilíní ábalta nó toilteanach na rannpháirtithe a chosaint ar ionsaithe.[141]

Is iomaí sampla atá ann de pholaiteoirí ag diúltú chun tacú le himeachtaí Bróid, ach nuair a bhíonn polaiteoirí den sórt sin freagrach as an gcóir chomhionann go díreach, bíonn an teachtaireacht pholaitiúil iontach láidir. I mí na Bealtaine 2008, dhiúltaigh an tAire nuacheaptha um Chomhdheiseanna **san Iodáil** tacú leis an mBród Aerach sa Róimh ar na forais nach ndéantar idirdhealú i gcoinne na homaighnéasach san Iodáil a thuilleadh. Níor aontaigh sí leis an aidhm a chonacthas a bheith i gceist le Bród Aerach dar leis na heagraithe, chun an dlisteanacht chéanna a thabhairt do lánúin homaighnéasacha is a thugtar don phósadh heitrighnéasach.

Agus an chóir ó na húdaráis á cur san áireamh, chomh maith le tréithe na bhfrithléirsithe agus na díospóireachta poiblí a bhaineann le léirsithe LADT, is léir nach iad na hantoiscigh na haon ghníomhaithe a chuireann an ceart ar shaoirse chomhthionóil do léirsithe LADT i mbaol. Sna Ballstáit inar dhiúltaigh na húdaráis cead a dheonú do léirsithe LADT, nó a raibh drogall orthu amhlaidh a dhéanamh, is iontu siúd a tharla cuid mhaith de na frithléirsithe foréigneacha freisin.

Coisc, baic agus ionsaithe ar léirsithe LADT

Le cúig bliana anuas, tá baic ó thaobh cúrsaí riaracháin agus ionsaithe eagraithe ar léirsithe poiblí LADT tarlaithe **sa Bhulgáir**, **san Eastóin**, **sa Laitvia**, **sa Pholainn** agus **sa Rómáin**. Tá ionsaithe eagraithe (ach gan aon chosc ná bhac) tarlaithe **i bPoblacht na Seice**, **san Ungáir**, **san Iodáil** agus **sa tSualainn**.

Níor tuairiscíodh aon fhadhbanna ina leith seo sa Phortaingéil, sa Spáinn, sa Fhrainc, sa Bheilg, sa Ghearmáin, san Ostair, sa tSlóvaic, sa tSlóivéin, i Málta,

Aistriúchán gan fíorú

---

[139] *Public Opinion Research Center (2005) Acceptance of rights for gay and lesbian persons and social distance towards them*, [Ionad Taighde ar Thuairimí an Phobail (2005) Glacacht le cearta do dhaoine aeracha agus leispiacha agus an chóngracht shóisialta ina dtreo], ar fáil ag: http://www.cbos.pl/SPISKOM.POL/2005/K_127-05.PDF (21.07.2008)

[140] Cruinnithe mar chuid den obair allamuigh le *RFSL* [Cónaidhm na Sualainne um Chearta do Dhaoine Leispiacha, Aeracha Déghnéasacha agus Tras-Inscne] (an tSualainn, 5 Márta 2008), *Háttér Társaság a Melegekért* [Cumann Tacaíochta Háttér] (an Ungáir, 17 Aibreán 2008), Mozaika (an Laitvia, 12 Márta 2008) mar shampla

[141] Cruinnithe mar chuid den obair allamuigh le, *ACCEPT* [GLAC] (an Rómáin, 7 Aibreán 2008), *Háttér Társaság a Melegekért* [Cumann Tacaíochta Háttér] (an Ungáir, 17 Aibreán 2008), *Campaign Against Homophobia* [Feachtas i gCoinne na Homafóibe] (an Pholainn, 17 Márta 2008) mar shampla

in Éirinn, sa Ríocht Aontaithe, i Lucsamburg, san Ísiltír, sa Ghréig, sa Danmhairg nó san Fhionlainn.

Cuireann taighde mar chuid den obair allamuigh ar ár gcumas cás **na Liotuáine** a nótáil, áit, in aineoinn go leor iarrachtaí le himeachtaí poiblí LADT a eagrú, ag tráth scríofa na tuarascála seo, nár reáchtáladh aon imeachtaí, mar gheall ar choisc ó údaráis áitiúla.[142] **Sa Chipir,** níor eagraíodh imeachtaí poiblí LADT riamh.[143]

Infhaighteacht na nÁitreabh

Bíonn fadhbanna ag daoine agus ag eagraíochtaí LADT i roinnt Ballstát freisin ó thaobh áitreabh a aimsiú le haghaidh gníomhaíochtaí polaitíochta nó cultúir. I ngach Ballstát, seachas **an Chipir**, oibríonn Eagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT ina n-oifigí féin nó roinneann siad oifigí le hEagraíochtaí Neamhrialtasacha eile. Bíonn fadhbanna i gceist le seilbh a fháil ar áitreabh den sórt sin uaireanta le gníomhaíochtaí polaitíochta, sóisialta nó cultúir a eagrú. De réir taighde mar chuid den obair allamuigh, mar shampla, **sa Liotuáin,** dhiúltaigh eagraíocht neamhrialtasach do dhaoine faoi mhíchumas spás oifige a ligean ar cíos don *Lithuanian Gay League* (*LGL*) [Conradh Aerach na Liotuáine], ar na forais nach raibh siad ag iarraidh daoine LADT ar a n-áitreabh.[144]

Bhí ceiliúradh dheich mbliana na gluaiseachta LADT sa **tSlóivéin** ceaptha le tarlú ag Caisleán Liúibleána. Chuir léas-sealbhóir an chaisleáin an t-imeacht ar ceal nuair a fuair sé amach gur bhain sé le cúrsaí LADT.[145]

**San Iodáil** in 2005, léirsigh eagraíochtaí leispiacha i Milan i gcoinne Chúige Mhilan as diúltú do sheimineár idirnáisiúnta faoi shaincheisteanna leispiacha teacht ar ionad roinnt laethanta roimh an imeacht. Cuireadh urchosc ar eagraíochtaí LADT páirt a ghlacadh i gcomhdháil rialtais faoin teaghlach a d'eagraigh an Aireacht Teaghlaigh i mí na Bealtaine 2007. Thairis sin, is leis an Eaglais Chaitliceach go leor amharclann, pictiúrlann agus suíomh eile a úsáidtear le haghaidh díospóireachtaí poiblí san Iodáil, agus diúltaíodh cead leis na suímh seo a úsáid le haghaidh imeachtaí a bhaineann le cearta LADT.[146]

Conclúidí

Aistriúchán gan fíorú

[142] Cruinnithe mar chuid den obair allamuigh leis an *Lithuanian Gay League* [Conradh Aerach na Liotuáine] (an Liotuáin, 13 Márta 2008) agus *The Equal Opportunities Ombudsperson* [an tOmbudsman um Chomhdheiseanna] (an Liotuáin, 14 Márta 2008)
[143] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh le *Cypress Gay Liberation Movement* [Gluaiseacht na Cipire um Shaoradh Daoine Aeracha] (an Chipir, 10 Aibreán 2008)
[144] Cruinnithe mar chuid den obair allamuigh leis an *Lithuanian Gay League* [Conradh Aerach na Liotuáine] (an Liotuáin, 13 Márta 2008) agus *The Equal Opportunities Ombudsperson* [an tOmbudsman Comhdheiseanna] (an Liotuáin, 14 Márta 2008)
[145] An tSlóivéin, tuarascáil tíre
[146] An Iodáil, tuarascáil tíre; agus cruinniú mar chuid den obair allamuigh le Arcigay agus Arcilesbica, Márta 5, 2008

I bhformhór na mBallstát, is féidir le daoine LADT a gceart ar shaoirse chomhthionóil a fheidhmiú faoi shaoirse. Le blianta beaga anuas, áfach, chuir coisc nó baic riaracháin stop le heagrú léirsithe síochánta, poiblí LADT i roinnt Ballstát (**an Eastóin**, **an Laitvia**, **an Liotuáin**, **an Pholainn**, **an Rómáin**, agus **an Bhulgáir**). Seachas **an Liotuáin** áfach, d'éirigh le hEagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT a n-imeachtaí a eagrú sna Ballstáit sin ina dhiaidh.

Freisin, i roinnt Ballstát, ní raibh údaráis phoiblí ábalta, nó toilteanach, sábháilteacht rannpháirtithe i léirsithe poiblí LADT ar ionsaithe ó fhrithléirsithe antoisceacha na heite deise, ó fhrithléirsithe náisiúnacha, caomhacha agus/nó reiligiúnacha, a chinntiú. Le cúig bliana anuas, tá ionsaithe den sórt sin tarlaithe **sa tSualainn**, **san Eastóin**, **sa Laitvia**, **sa Pholainn**, **i bPoblacht na Seice**, **san Ungáir**, **san Iodáil**, **sa Rómáin**, agus **sa Bhulgáir**.

De réir faisnéise a bailíodh in agallaimh, thuairiscigh Eagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT freisin gur féidir fadhbanna a bheith i gceist maidir le háitreabh a aimsiú le haghaidh gníomhaíochtaí LADT i roinnt Ballstát.[147]

Aistriúchán gan fíorú

[147] Faisnéis ó agallaimh mar chuid den obair allamuigh san Iodáil, sa Liotuáin and sa tSlóivéin

# An Margadh Saothair

Scrúdaítear saincheisteanna éagsúla sa rannán seo maidir leis an idirdhealú ar fhorais an treoshuímh ghnéasaigh san fhostaíocht, is é sin dofheictheacht daoine LADT, conas a thagann daoine LADT ar a gcearta sa mhargadh saothair, fianaise ar leibhéal an idirdhealú agus an homafóibe a bhaineann do dhaoine sa láthair oibre, leitheadúlacht an idirdhealaithe sa mhargadh saothair, agus dearcaí agus freagrachtaí fostóirí ar dhaoine LADT.

**Oscailteacht versus dofheictheacht daoine LADT**

I ngach Ballstát, thug Eagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT ar cuireadh agallamh orthu sa réimse le fios go bhfuil go leor daoine LADT ann nach bhfuil le feiceáil sa mhargadh sothair. Tacaíodh leis an toradh seo in agallaimh le Comhlachtaí Náisiúnta Comhionannais agus le húdaráis phoiblí i 27 mBallstát uile an AE.[148] Faoi mar atá nótáilte ag an gCoimisiún, '*the group subject to discrimination is hardly identified in the public statistics and does not always wish to be… We were told that discrimination based on sexual orientation occurred once a person had been hired and once the information on the person's sexuality had been revealed, whether willingly or not.*'['is beag nach n-aithnítear an grúpa a ndéantar idirdhealú ina gcoinne sna staitisticí poiblí ar chor ar bith agus ní mian leo go n-aithneofaí iad i gcónaí ar aon nós… Insíodh dúinn gur tharla idirdhealú bunaithe ar an treoshuíomh gnéasach nuair a fostaíodh duine agus nuair a nochtadh an fhaisnéis ar ghnéasacht an duine, cibé acu dá dheoin nó dá ainneoin.'] [149]

De réir tuarascála ó ***ILGA-Eoraip***[150], níl 42 faoin gcéad d'fhreagróirí LADT 'amuigh' ina láthair oibre. D'ainmnigh 66 faoin gcéad an faitíos roimh bhearta díoltais mar fhachtóir ina rogha chun fanacht faoi cheilt.

Taispeánadh le suirbhé **sa tSualainn**[151] a sheol an *Arbetslivsinstitutet* [an Institiúid Náisiúnta don Saol Oibre], nach raibh 50 faoin gcead d'fhreagróirí LAD oscailte faoina dtreoshuíomh gnéasach ag an obair. Sheachain 40 faoin gcéad díobh gníomhaíochtaí agus imeachtaí sóisialta ar fhaitios go 'nochtófaí' iad.

Aistriúchán gan fíorú

[148] Cruinnithe mar chuid den obair allamuigh le hEagraíochtaí neamhrialtasacha LADT, Comhlachtaí Náisiúnta Comhionannais agus údaráis phoiblí i ngach Ballstát den AE, Márta-Bealtaine 2008

[149] Coimisiún Eorpach, '*The Fight against Discrimination and the Promotion of Equality. How to Measure Progress Done*' [An Troid i gCoinne an Idirdhealaithe agus Comhionannas a Chur Chun Cinn. Conas Dul Chun Cinn atá Déanta a Thomhas'], lch. 62 ar fáil ag http://ec.europa.eu/employment_social/fundamental_rights/pdf/pubst/stud/measprog08_en.pdf (16.12.2008)

[150] S. Quinn agus E. Paradis (2007) *Going Beyond the Law: promoting equality in employment,* [Ag Dul Thar an Dlí: an comhionannas á chur chun cinn san fhostaíocht] ILGA-Eoraip

[151] Arbetslivsinstitutet (2003) Arbetsvillkor och utsatthet. Stócólm

I suirbhé **sa Ghearmáin**[152] ar 2,230 fostaí aerach agus leispiach, taispeánadh patrún cosúil leis sin: níor nocht 52 faoin gcéad de dhaoine aeracha agus leispiacha a dtreoshuíomh gnéasach dá gcomhleacaithe nó níor nocht siad ach do dhornán beag é. Bhí céatadán na ndaoine a nocht a dtreoshuíomh gnéasach do mhaoirseoirí nó d'fheidhmeannaigh i bhfad níos ísle (níor nocht 65.1 faoin gcéad é nó níor nocht siad ach do dhornán beag maoirseoirí nó feidhmeannach). In earnálacha sonracha oibre, mar shampla, an t-arm agus an eaglais, tá céatadán na ndaoine a nochtann a dtreoshuíomh gnéasach i bhfad níos ísle ná an meánfhigiúr.

Tugadh le fios i staidéar **san Fhionlainn**[153] go bhfuil fostaithe LAD i riocht ar leith, i gcomparáid le mionlaigh eile, ó thaobh an tionchar a imríonn an oscailteacht ar a saol oibre. Luadh an neamhdhiongbháilteacht faoin bhfostaíocht mar cheann de na príomhnithe a spreag an rúndacht ag an láthair oibre. De réir staidéir eile san Fhionlainn[154], tá sé coitianta go gceapfadh daoine LADT straitéisí chun an nochtadh dá stádas mar dhuine LAD a sheachaint, mar shampla, ag athrú ábhar na cainte nó ag imeacht ar shiúl ó chomhrá sa láthair oibre.

*'I've often thought that afterwards they'd, that if we have young girls as patients, they'd probably never let me take care of them again, I mean I'd probably never be made a responsible nurse or anything. That they'd probably think I was a paedophile or something. That's how I'd feel, like, God if [they] found out now.'* ['Is minic a smaoinigh mé ina dhiaidh, dá mbeadh cailíní óga mar othair againn, is dócha nach ligfidís dom aire a thabhairt dóibh arís go deo, measaim nach dóigh go ndéanfaí banaltra fhreagrach díom in aon chor. Gur dócha go gceapaidís gur péidifileach mé nó rud éigin. Sin mar a mhothaím, a Thiarna dá bhfaigheadh [siad] amach anois.'] '[155] (Bean, 31, An Fhionlainn)

Aistriúchán gan fíorú

[152] D. Frohn (2007) "Out im Office?!" Sexuelle Identität, (Anti-)Diskriminierung und Diversity am Arbeitsplatz. Köln: Schwules Netzwerk NRW e.V. (eag.) arna mhaoiniú ag an Aireacht um Ghnóthaí ó Ghlúin go Glúin, Gnóthaí Teaghlaigh, Ban & Imeasctha Thuaisceart na Réine-Westphalia

[153] J. Lehtonen agus K. Mustola eagarthóirí (2004) *"Straight people don't tell, do they ...?": Negotiating the boundaries of sexuality and gender at work* ["Ní insíonn daoine díreacha, an insíonn …?": Idirbheartaíocht faoi theorainneacha na gnéasachta agus na hinscne ag an obair] Tuarascálacha Taighde 2b/04, Aireacht Saothair

[154] M. Kaskissari (2004) *'Young Lesbian and Bisexual Women and their coping at work'* ['Leispiaigh agus Mná Déghnéasacha Óga agus iad ag déileáil leis ag an obair'], in J. Lehtonen, K. Mustola eagarthóirí (2004) *"Straight people don't tell, do they ...?": Negotiating the boundaries of sexuality and gender at work* ["Ní insíonn daoine díreacha, an insíonn …?": Idirbheartaíocht faoi theorainneacha na gnéasachta agus na hinscne ag an obair'] Tuarascálacha Taighde 2b/04, Aireacht Saothair

[155] J. Lehtonen agus K. Mustola eds. (2004) *'Straight people don't tell, do they ...?': Negotiating the boundaries of sexuality and gender at work* ['Ní insíonn daoine díreacha, an insíonn …?': Idirbheartaíocht faoi theorainneacha na gnéasachta agus na hinscne ag an obair'], Tuarascálacha Taighde 2b/04. Aireacht Saothair

Mar a nótáil ionadaí ón **Swedish** Federation for Lesbian, Gay, Bisexual and Transgender Rights (RFSL) [Cónaidhm na Sualainne um Chearta do Dhaoine Leispiacha, Aeracha Déghnéasacha agus Tras-Inscne]: 'You might feel that you have to be vague in your answers, and eventually you become this grey person in comparison to the others. You definitely don’t become a member of the team this way, so the social aspect of your work is a flop. And after all, we spend one-third of our lives at work, so being part of the team is very important.' [‘B’fhéidir go mothóidh tú go gcaithfidh tú a bheith doiléir i do chuid freagraí, agus ar deireadh, gur duine sórt liath a bhíonn ionat i gcomparáid leis na daoine eile. Is cinnte nach n’éiríonn leat bheith i do bhall den fhoireann ar an gcaoi seo, mar sin, is teip iomlán é an ghné shóisialta de do chuid oibre. Agus tar éis an tsaoil, caithimid an tríú cuid dár saol ag an obair, mar sin tá sé an-tábhachtach a bheith mar chuid den fhoireann.’] [156]

Tugtar le fios le taighde go bhfuil iarmhairtí i gceist le síor-iomrascáil den sórt sin i saol duine ag an láthair oibre. Taispeánadh le staidéar **sa tSualainn**[157] go mbaineann rioscaí don tsláinte le treoshuíomh gnéasach a bheith á choinneáil faoi cheilt ag duine ag an obair, agus léiríodh le staidéar **sa Ríocht Aontaithe**[158] go gcreideann daoine LADT go mbíonn siad níos táirgiúla ag an obair má bhíonn siad oscailte.

**Ag teacht ar chearta sa mhargadh saothair**

Toirmisctear an t-idirdhealú díreach agus indíreach araon leis an Treoir um Chomhionannas Fostaíochta,[159] chomh maith leis an gciapadh, ar fhorais an treoshuímh ghnéasaigh sna hearnálacha príobháideacha agus poiblí araon san obair agus san fhostaíocht. Tá an toirmeasc seo i bhfeidhm i ndáil le coinníollacha maidir le rochtain ar fhostaíocht, ar fhéinfhostaíocht nó ar ghairm, le rochtain ar ghairmthreoir nó ar ghairmoiliúint, le coinníollacha fostaíochta agus oibre, agus le ballraíocht de, agus rannpháirtíocht in, eagraíochtaí oibrithe nó fostóirí. Bhí Ballstáit an AE leis an treoir a chur chun feidhme faoin 2 Nollaig 2003. Ach ní mar a chéile a bhí gach Ballstát faio sin.[160]

Sna hagallaimh le Comhlachtaí Náisiúnta Comhionannais agus Eagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT, cruthaíodh go raibh an cheist ó thaobh conas a

Aistriúchán gan fíorú

[156] RFSL [Cónaidhm na Sualainne um Chearta do Dhaoine Leispiacha, Aeracha Déghnéasacha agus Tras-Inscne] (2007) *Open Up Your Workplace: challenging homophobia and hetero-normativity*, [Oscail Suas Do Láthair Oibre: Ag cur dúshláin faoin homafóibe agus faoin heitreanormatacht] lch. 19. Stócólm

[157] Arbetslivsinstitutet (2003) ‘Arbetsvillkor och utsatthet’, ar fáil ag http://www.rfsl.se/public/hobi_almedalen2003.pdf (6.2.2009)

[158] Stonewall (2008) *Serves You Right. Lesbian and gay people’s expectations of discrimination* [Is Maith an Díol Ort É. Ionchais daoine leispiacha agus aeracha faoin idirdhealú]

[159] Treoir ón gComhairle 2000/78/ (27.11.2000)

[160] Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (2008) *Homophobia and Discrimination on Grounds of Sexual Orientation in the EU Member States: Part 1 – Legal Analysis* [An Homafóibe agus an tIdirdhealú ar Fhorais an Treoshuímh Ghnéasaigh i mBallstáit an AE: Cuid 1 – Anailís ar Chúrsaí Dlí, FRA 2008], lch. 36-52.

thagann daoine LADT ar a gcearta agus conas a lorgann siad sásamh as cóir idirdhealaitheach, ina saincheist sna 27 mBallstát ar fad.

Má dhéantar idirdhealú ar dhuine LADT, ní mór go bhfuil siad in ann teacht ar mheicníochtaí gearáin. Chuige sin, tá sé fíorthábhachtach go mbeadh Comhlacht Náisiúnta Comhionannais ann a phléann le gearáin ar fhorais an treoshuímh ghnéasaigh ar mhaithe le féidearthachtaí daoine LADT teacht ar an gceart ar neamh-idirdhealú. Níl comhlacht ar bith den sórt sin i gcuid mhaith Ballstát áfach.

Léirítear sa léarscáil cá háit a gclúdaíonn Comhlachtaí Náisiúnta Comhionannais an t-idirdhealú ar fhorais an treoshuímh ghnéasaigh sna 27 mBallstát:

Comhlachtaí Náisiúnta Comhionannais




Aistriúchán gan fíorú

| | Insert translation | | Insert translation |
|---|---|---|---|
| **Country Results** | **Torthaí na Tíre** | Lithuania | An Liotuáin |
| The Netherlands | An Ísiltír | Italy | An Iodáil |
| Sweden | An tSualainn | Finland | An Fhionlainn |
| Denmark | An Danmhairg | Portugal | An Phortaingéil |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Austria | An Ostair | Slovenia | An tSlóivéin |
| Belgium | An Bheilg | Estonia | An Eastóin |
| Spain | An Spáinn | Hungaria | Hungaria |
| Germany | An Ghearmáin | Slovakia | An tSlóvaic |
| Luxembourg | Lucsamburg | Bulgaria | An Bhulgáir |
| France | An Fhrainc | Greece | An Ghréig |
| United Kingdom | Ríocht Aontaithe | Cyprus | An Chipir |
| **European Union (27)** | **Aontas Eorpach (27)** | Latvia | An Laitvia |
| Ireland | Éire | Romania | An Rómáin |
| Czech Republic | Poblacht na Seice | Malta | Málta |
| Single Equality Body | | Comhlacht Comhionannais Aonair | |
| Moving towards a Single Equality Body | | Ag dul i dtreo Comhlachta Comhionannais Aonair | |
| No Equality Body addressing discrimination on ground of sexual orientation | | Gan aon Chomhlacht Comhionannais ann lena dtugtar aghaidh ar an idirdhealú ar fhoras an treoshuímh ghnéasaigh | |

Tá gluaiseacht choitianta ann i dtreo eiseamláir an Chomhlachta Comhionannais aonair a bheidh inniúil chun déileáil le gach foras idirdhealaithe. Tá eiseamláir den sórt sin i bhfeidhm cheana féin in 18 mBallstát (**an Bheilg**, **an Bhulgáir**, **an Danmhairg**, **an Ghearmáin**, **an Ghréig**, **an Fhrainc**, **Éire**, **an Chipir**, **an Laitvia**, **an Liotuáin**, **Lucsamburg**, **an Ungáir**, **an Ísiltír**, **an Ostair**, **an Rómáin**, **an tSlóivéin**, **an tSlóvaic** agus **an Ríocht Aontaithe**). Lena chois sin, cé nach bhfuil Comhlachtaí Comhionannais ag naoi mBallstát, tráth scríofa na tuarascála seo, atá inniúil chun aghaidh a thabhairt ar an idirdhealú ar fhoras an treoshuímh ghnéasaigh, tá trí Stát ag gluaiseacht sa treo seo (**an Eastóin**, **an Iodáil** agus **an Phortaingéil**).

Níl comhlacht, ar cuireadh de dhualgas go sonrach air déileáil leis an idirdhealú ar fhoras an treoshuímh ghnéasaigh ach ag **an tSualainn** amháin, mar atá, *HomO*, ceann de cheathrar Ombudsman um Comhionannais. Ach ón 1 Eanáir 2009, cumaisceadh an tOmbudsman i gCoinne an Idirdhealaithe ar fhorais an Treoshuímh Ghnéasaigh leis na hOmbudsman eile i gcoinne an idirdhealaithe agus cruthaíodh an tOmbudsman Sualannach um Comhionannais astu. Beidh gníomhaíochtaí an Ombudsman nua bunaithe ar an Acht nua i gCoinne an Idirdhealaithe a thiocfaidh in ionad an tseacht bpíosa reachtaíochta atá ann cheana féin maidir leis an idirdhealú.[161] San iomlán, faoi cheann bliain nó dhó, is dócha go mbeidh Comhlacht Comhionannais aonair, a bheidh inniúil chun aghaidh a thabhairt ar gach foras idirdhealaithe, in 22 Bhallstát.

Níl Comhlacht Comhionannais, atá inniúil chun aghaidh a thabhairt ar an idirdhealú ar fhorais an treoshuímh ghnéasaigh, ag naoi mBallstát (**Poblacht na Seice**, **an Danmhairg**, **an Eastóin**, **an Spáinn**, **an Iodáil**, **Málta**, **an Pholainn**, **an Phortaingéil**, agus **an Fhionlainn**). I gcúig chinn díobh seo, d'fhéadfadh institiúid Ombudsman a bheith inniúil chun ghearáin a fháil faoin idirdhealú ar

[161] Cinnteoidh an tOmbudsman Comionannais nach dtarlaíonn an t-idirdhealú ar fhorais ghnéis, fhéiniúlachta nó léirithe tras-inscne, eitneachais, reiligiúin nó chreidimh eile, mhíchumais, treoshuímh ghnéasaigh nó aoise in aon chuid den tsochaí. Cuirfidh an tOmbudsman cearta agus deiseanna comhionanna chun cinn tuilleadh, déanfaidh maoirseacht maidir leis an Acht um Idirdhealú a bheith á chomhlíonadh, láimhseáilfidh gearáin indibhidiúla agus cuirfidh an comhionannas chun cinn trí comhairle agus oideachas a sholáthar. http://www.homo.se/o.o.i.s/1210 (23.10.2008)

Aistriúchán gan fíorú

fhorais an treoshuímh ghnéasaigh (**Poblacht na Seice**, **an Eastóin**, **an Spáinn**, **an Pholainn**, agus **an Fhionlainn**). Ní chomhlíonann na cineálacha institiúidí Ombuds seo raon na gcumhachtaí a samhlaíodh do Chomhlachtaí Comhionannais leis an Treoir um Chomhionannas Ciníocha áfach.

**Sonraí faoin idirdhealú**

Is beag sonraí staitistiúla oifigiúla atá ann faoi ghearáin faoin idirdhealú. Tiomsaíonn 10 mBallstát (**an Ostair**, **Poblacht na Seice**, **an Chipir**, **an Eastóin**, **an Ungáir**, **an Laitvia**, **an Liotuáin**, **an Ísiltír**, **an Rómáin** agus **an tSualainn**) sonraí staitistiúla faoi ghearáin. Léirítear líon na ngearán i ngach tír sa tábla seo a leanas, in éineacht le líon iomlán na gcinntí gur tharla idirdhealú[162]:

| Tír | Líon iomlán na ngearán faoin idirdhealú ar fhoras an treoshuímh ghnéasaigh – comhlacht comhionannais, binsí fiosrúcháin, cúirteanna etc.(2007) [163] | Líon iomlán na gcinntí gur tharla idirdhealú, arna ndearbhú in 2007 ag comhlacht comhionannais, binsí fiosrúcháin, cúirteanna etc. (2007) [164] |
|---|---|---|
| **An Ostair** | 45 | 0 |
| **Poblacht na Seice** | 1 | 1 |
| **An Chipir** | 1 | Cinneadh ar feitheamh |
| **An Eastóin** | 1 | 0 |
| **An Ungáir** | 2 | 0 |
| **An Laitvia** | 12 | 1 |
| **An Liotuáin** | 18 | 1 |
| **An Ísiltír** | 6 | 3 |
| **An Rómáin** | 7 | 1 |
| **An tSualainn** | 62 | 6[165] |

Aistriúchán gan fíorú

Tugadh an fhíric chun suntais in agallaimh le Comhlachtaí Náisiúnta Comhionannais agus Eagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT sna 27 mBallstát ar fad, in aineoinn reachtaíocht an AE a bheith curtha chun feidhme agus dlíthe den sórt sin a bheith trasuite i reachtaíocht náisiúnta timpeall an AE, gurb údar iontais a laghad cásanna, faoin idirdhealú ar fhoras an treoshuímh ghnéasaigh, ar tugadh bunús leo.

[162] Faisnéis ó thuarascálacha tíre FRALEX ar chúrsaí dlí; faisnéis don tSualainn ó *HomO*

[163] Clúdaíonn na gearáin gach réimse sóisialta den idirdhealú (fostaíocht, oideachas, tithíocht, earraí agus seirbhísí etc.)

[164] Ní gá go dtagann líon na ngearán in 2007 le cinntí ó 2007 toisc nach dtagtar ar roinnt cinntí sa bhliain chéanna ina ndearnadh an gearán.

[165] Tá sé tábhachtach a nótáil nach léirítear leis an 6 chás ach na cásanna sin a bhfuarthas fianaise leordhóthanach ina leith faoin idirdhealú agus na cásanna sin a ndearnadh cinneadh ina leith lenar dearbhaíodh an fhianaise. Sa 56 cás eile, ní bhfuarthas aon chinneadh gur tharla sárú. Ní gá go dtabharfadh seo le fios nach raibh aon idirdhealú i gceist sna cásanna, ach mar shampla, go raibh an fhianaise chun tacú le héileamh an idirdhealaithe rólag.

Sa **Laitvia**, tugann *Oifig an Ombudsman* agus an eagraíocht neamhrialtasach LADT *Mozaika* le fios gur féidir líon íseal na gcásanna idirdhealaithe a chur síos do roinnt cúiseanna, amhail drogall daoine LADT chun déileáil le poiblíocht cháis chúirte agus an easpa aitheantais, ar na fadhbanna a bhíonn rompu, mar idirdhealú.[166]

Faoi mar a dúirt ionadaí ón eagraíocht neamhrialtasach LADT *Mozaika*, i rith agallaimh: '*Generally people are not open about their sexual orientation at work and they don't know their rights and want to avoid publicity. There is also the issue of internalised homophobia; Latvian society is so homophobic that LGBT people adopt negative views about themselves.*' ['Ní bhíonn daoine oscailte faoina dtreoshuíomh gnéasach ag an obair agus ní bhíonn a gcearta ar eolas acu agus bíonn siad ag iarraidh poiblíocht a sheachaint. Tá saincheist na homafóibe inmheánaithe ann freisin; tá sochaí na Lativia chomh homafóibeach go nglacann daoine LADT dearcaí diúltacha orthu féin.'][167]

Aistriúchán gan fíorú

Ag agallamh, nótáil an eagraíocht neamhrialtasach LADT *Campaign Against Homophobia* [Feachtas i gCoinne na Homafóibe] **sa Pholainn**, go mbeadh an baol ann go gcaillfeadh duine a phost dá gcuirfeadh sé gearán isteach.[168] I bhfianaise an ráta dífhostaíochta sa Pholainn a bheith réasúnta ard, bíonn faitíos ar dhaoine LADT go ndéanfar cos ar bolg orthu, agus feictear do dhaoine gur lú deiseanna a bheidh acu fostaíocht nua a aimsiú má chuireann siad gearán isteach i gcoinne fostóra.[169] Chuir ionadaithe ón *Údarás Comhionannais* in **Éirinn** in iúl d'agallóirí go mbíonn drogall ar dhaoine LADT, fiú daoine atá ar an eolas go maith faoina gcearta, teacht chun tosaigh agus éilimh a dhéanamh mar gheall ar fhaitíos roimh phoiblíocht.[170]

**Sa Ghréig**, taispeánadh le roinnt taighde teoranta um idirdhealú a thástáil[171] go raibh drogall ar fhostóir as gach ceathrar glaoch ar iarrthóirí arbh eol dóibh go raibh siad aerach nó a ndearna siad talamh slán de go raibh ['lipéadaithe mar aerach'] chuig agallaimh le haghaidh poist. Tá an céatadán seo níos airde d'fhostóirí fir (1 as 3).

---

[166] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh le *Mozaika* (An Laitvia, 12 Márta 2008)
[167] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh le hOifig an Ombudsman agus Mozaika in (an Laitvia, 12 Márta 2008)
[168] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh le *Kampania*, (an Pholainn, 17 Márta 2008)
[169] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh le *Kampania*, (an Pholainn, 17 Márta 2008)
[170] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh leis an *Údarás Comhionannais*, Éire, (Éire, 4 Aibreán)
171 Drydakis Nick (2007), *Dual Life for Equal Labour? Sexual Orientation Discrimination in the Greek Labour Market*, [Saol Dúbailte ar Shaothar Comhionann? Idirdhealú ar bhonn an Treoshuímh Ghnéasaigh i Margadh Saothair na Gréige], Roinn Eacnamaíochta, Ollscoil na Créite, B.E.N.E.Tec, ar fáil ag http://www.soc.uoc.gr/econ/wpa/docs/Sexual_Orientation_Discrimination_in_Greece_Drydakis.pdf (11.09.2009)

Sa Fhrainc, d'inis na hEagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT *Inter LGBT* agus *L'Autre Cercle* d'agallóirí faoi 'lúb ar lár' idir an focal 'idirdhealú' agus treoshuíomh gnéasach: *"When you mention the word 'discrimination' people automatically think of gender and race/ethnicity—whereas the other grounds, including sexual orientation, are left far behind*." ["Nuair a luann tú an focal 'idirdhealú' bíonn daoine ag smaoineamh ar inscne agus ar chine/eitneachas ar an bpointe – agus fágtar na forais eile, lena n-áirítear treoshuíomh gnéasach, i bhfad ina ndiaidh."] [172]

**Dea-chleachtas: Sa Fhrainc**, tá an Chairt Éagsúlachta [*la charte de la diversité*] forbartha agus scaipthe ag *HALDE* [Ardúdarás don Troid i gCoinne an Idirdhealaithe agus ar son an Chomhionannais] ar na céadta cuideachta Fhrancach, ag múscailt feasachta agus ag gríosú na príomhpháirtithe leasmhara le hathbhreithniú a dhéanamh ar a gcleachtais sa réimse seo.[173]

**San Ostair**, bhí tiománaí tram i Vín a ndearna comhghleacaithe leis bulaíocht air le blianta fada, agus bhris an chuideachta iompair phoiblí as a phost ar deireadh é. D'agair an tiománaí an dlí ar an gcuideachta agus bhuaigh sé a chás ina chéad éisteacht ag cúirt thionsclaíoch i Vín. Toisc go ndearna an chuideachta iompair achomharc i gcoinne an chinnidh seo, tá an cás fós ar feitheamh sa chúirt achomhairc.[174]

Tacaíonn cinntí taighde leis an bhfaisnéis arna soláthar ag na hEagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT. Thángthas ar an gconclúid i staidéar,[175] lenar clúdaíodh Tuaisceart Éireann sa **Ríocht Aontaithe** agus **Éire araon**, a bhí bunaithe ar agallaimh le daoine LAD, Eagraíochtaí Neamhrialtasacha agus baill foirne de Chomhlachtaí Comhionannais "*that all potential claimants face certain barriers during the identification and pursuit of complaints; however, many of these are heightened for LGB people*." ["go mbíonn bacainní áirithe roimh gach duine, a d'fhéadfadh éileamh a dhéanamh, i rith an phróisis le gearáin a aithint agus an próiseas lena leantar leo; bíonn go leor de na bacainní sin níos troime ar dhaoine LAD áfach."] Ar roinnt de na bacainní a aithníodh bhí: faitíos go n-imreofaí cos ar bolg orthu, baol go mbrisfí as a bpost iad agus baol go mbeidís thíos le gníomhartha homafóibeacha nó idirdhealaitheacha.

Tugadh le fios le suirbhé an Eorabharaiméadair freisin go raibh easpa tromchúiseach ann d'fheasacht ar an reachtaíocht ábhartha i gcoinne an idirdhealaithe. Creideann beagnach leathchuid (45 faoin gcéad) de shaoránaigh

[172] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh le *Inter LGBT* agus *L'Autre Cercle*, (an Fhrainc, 10 Márta 2008)
[173] Féach http://www.charte-diversite.com (7.2.2009)
[174] Féach: http://wien.orf.at/stories/270683 (10.01.2009)
[175] J. Walsh, C. Conlon, B. Fitzpatrick agus U. Hansson (2007) *Enabling Gay, Lesbian and Bisexual Individuals to Access their Rights under Equality Law* [Daoine Aeracha, Leispiacha agus Déghnéasacha a Chumasú le Teacht ar a gCearta faoi Dhlíthe Comhionannais]. Baile Átha Cliath; Béal Feirste: Údarás Comhionannais agus Coimisiún Comhionannais do Thuaisceart Éirinn lch. 4

Aistriúchán gan foirú

an AE nach bhfuil aon dlíthe ann lena dtoirmisctear an t-idirdhealú ar fhorais an treoshuímh ghnéasaigh agus duine nua á fhostú.[176]

Taithí ar an idirdhealú agus ar an homafóibe sa láthair oibre

Bhí ceisteanna san áireamh sa suirbhé leictreonach ar pháirtithe leasmhara maidir leis na deiseanna le fostaíocht a fháil mar dhuine LADT a bhí oscailte faoina threoshuímh gnéasach i gcomparáid le duine heitrighnéasach. Dúirt 43 faoin gcéad d'fhreagróirí gur cheap siad go mbeadh deiseanna 'éagothroma' nó 'réasúnta éagothrom' ag daoine LADT a bhí oscailte faoina dtreoshuímh gnéasach i gcomparáid le heitrighnéasaigh. Cheap 51 faoin gcéad go mbeadh 'deiseanna measartha cothrom' nó 'deiseanna cuíosach cothrom' acu, ach ní dúirt ach sé faoin gcéad go mbeadh deiseanna cothroma ag duine LAD a bhí oscailte faoina threoshuímh gnéasach. Maidir le deiseanna le fostaíocht a fháil mar dhuine tras-inscne a bhí oscailte faoi, áfach, mheas 71 faoin gcéad de na freagróirí go mbeadh deiseanna 'éagothroma' nó 'réasúnta éagothrom' acu ar phost a fháil.

### Taighde maidir le heispéiris sa láthair oibre

Tá na torthaí ón suirbhé leictreonach agus ó agallaimh mar chuid den obair allamuigh ag teacht le cinntí taighde i gcuid mhaith Ballstát, mar shampla, **an Bheilg**,[177] **an Ghearmáin**,[178] **an tSualainn**,[179] **an tSlóvaic**,[180] **Éire**,[181] **an Danmhairg**,[182] **an Ungáir**,[183] **an Fhionlainn.**[184]. Mar achoimre, taispeántar leis na staidéir thaighde seo go mbaineann idirdhealú agus homafóibe do

176 Eorabharaiméadar 263 (2007), ar fáil ag http://ec.europa.eu/public_opinion/archives/ebs/ebs_263_en.pdf (12.01.2009)

177 *Social and Economic Council Flanders (SERV)* [Comhairle Shóisialta agus Eacnamaíochta Fhlóndras], 'Holebi's en de arbeidsmarkt', SERV 2005; John Vincke, Alexis Dewaele, Wim Van den Berghe agus Nele Cox, 'Zzzip – een statistisch onderzoek met het oog op het verzamelen van basismateriaal over de doelgroep holebi's', Gent 2006

178 D. Frohn (2007) „Out im Office?!" Sexuelle Identität, (Anti-)Diskriminierung und Diversity am Arbeitsplatz. Köln: Schwules Netzwerk NRW e.V. (eag.) arna mhaoiniú ag an Aireacht um Ghnóthaí ó Ghlúin go Glúin, Gnóthaí Teaghlaigh, Ban & Imeasctha Thuaisceart na Réine-Westphalia.

179 Arbetsvillkor och utsatthet, Arbetslivsinstitutet 2003

180 P.Jójárt, M. Šípošová agus A. Daučíková (2002) '*Report on Discrimination of Lesbians, Gay men and Bisexuals in Slovakia*', [Tuarascáil faoin Idirdhealú i gcoinne Leispiach, Fear Aerach agus Déghnéasach sa tSlóvaic] Cartlann, an Bhratasláiv

181 An tÚdarás Comhionannais (2002) *Implementing Equality for Lesbians, Gays and Bisexuals*' [An Comhionannas á Chur Chun Feidhme do Leispiaigh, do Dhaoine Aeracha agus do Dhéghnéasaigh']. Baile Átha Cliath

182 Taighde CATINÉT a sheol an suirbhé thar ceann Ugebrevet A4. Foilsíodh torthaí in Ugebrevet A4, Lúnasa 8, 2005 (A.F. Thøgersen, S. Kudahl).

183 J. Takács, L. Mocsonaki, agus T. P. Tóth, 'A leszbikus, meleg, biszexuális és transznemű (LMBT) emberek társadalmi kirekesztettsége Magyarországon' (Eisiamh Sóisialta Daoine LADT san Ungáir), Búdaipeist: MTA SZKI 2007. Taispeánadh le suirbhé a rinneadh le déanaí san Ungáir (Takács, Mocsonaki, agus Tóth 2008), go ndúirt breis is an tríú cuid d'fhreagóirí LADT gur bhain idirdhealú agus claontacht dóibh ina láthair oibre

184 J. Lehtonen agus K. Mustola eds. (2004)*"Straight people don't tell, do they ...?": Negotiating the boundaries of sexuality and gender at work* ["Ní insíonn daoine díreacha, an insíonn …?": Idirbheartaíocht faoi theorainneacha na gnéasachta agus na hinscne ag an obair], Tuarascálacha Taighde 2b/04. Aireacht Saothair

Aistriúchán gan fíorú

dhaoine LADT sa láthair oibre trí idirdhealú díreach agus indíreach (rochtain ar fhostaíocht, á mbriseadh as a bpoist agus easpa arduithe céime); trí chóir éagothrom i réimse an mheasúnaithe, trí bhrú ó thaobh na feidhmíochta, trí dhul chun cinn, oiliúint, tuilleamh, agus/nó saoire, trí chiapadh i bhfoirm ráiteas díspeagúil nó dímheasúil, leasainmneacha á nglaoch ar dhaoine nó maslaí, trí chaint drochídeach á n-úsáid ag comhghleacaithe, trí fhonóid, magadh, cúlchaint nó ráflaí; trí thagairtí gáirsiúla; agus imeallú sóisialta.

Cé go bhféadfadh fadhb an idirdhealaithe ar bhonn an treoshuímh ghnéasaigh a bheith dofheicthe de bharr easpa na hoscailteachta faoi, baineann idirdhealú do dhaoine LADT nach bhfuil oscailte faoina dtreoshuíomh gnéasach freisin. Taispeánadh le taighde a seoladh **i bPoblacht na Slóvaice**[185], gur bhain ciapadh do bhreis is 25 faoin gcéad daoine LAD cé go gceileann go leor díobh a dtreoshuíomh gnéasach ag an obair. **Sa tSualainn**, thuairiscigh fear arna fhostú ag ospidéal i Skåne a fhostóir don Chomhlacht Comhionannais *HomO* as idirdhealú sa saol oibre ar fhorais a threoshuímh ghnéasaigh, toisc, tar éis dó a lua ag a chuid oibre gur homaighnéasach a bhí ann, go raibh a chomhghleacaithe ag cur rudaí i gcéill go hindíreach faoi, ag déanamh ráiteas díspeagúil faoi agus ag plódú timpeall air á ionsaí amach is amach ar feadh roinnt mhaith blianta. In aineoinn gur impigh sé ar a mhaoirseoir gníomhú ina leith cuid mhaith uaireanta, ní dhearnadh aon rud. Chuaigh *HomO* i dteagmháil leis an *Swedish Municipal Workers' Union* [Cumann Oibrithe Bardasacha na Sualainne], a raibh an fear ina bhall de, agus d'fheidhmigh an ceardchumann ar a shon in idirbheartaíochtaí leis an bhfostóir, a d'admháil gur theip air a oibleagáidí a chomhlíonadh maidir le gníomh a dhéanamh. Bronnadh cúiteamh de bhreis is SEK 30,000 (3,000 EUR a bheag nó a mhór) ar an ngearánaí.[186]

Aistriúchán gan fíorú

**Dea-chleachtas:** Is éard atá in *TRACE – Transnational Cooperation for Equality* [Comhoibriú Trasnáisiúnta ar son an Chomhionannais][187] ná an toradh ar an gcomhoibriú idir ceithre thionscadal EQUAL **sa Fhrainc** (*Deledios*), **sa Liotuáin** (*Open and Safe at Work* [Oscailte agus Sábháilte ag an Obair], **sa tSlóivéin** (*Partnership for Equality*) [Comhpháirtíocht ar son an Chomhionannais] agus **sa tSualainn** (*Beneath the Surface*) [Faoi Bhun an Dromchla] agus tá sé mar aidhm aige an t-idirdhealú agus an éagothroime i gcoinne daoine LAD san fhostaíocht a chomhrac. Is leabhar é *Open Up Your Workplace: Challenging Homophobia and Hetero-normativity* [Fuascail Do Láthair Oibre: Ag Cur Dúshláin Faoin Homafóibe agus faoin Heitreanormatacht] atá comhdhéanta d'eispéiris agus de chomhairle phraiticiúil

[185] Paula Jójárt, Marianna Šípošová agus Anna Daučíková, '*Report on Discrimination of Lesbians, Gay men and Bisexuals in Slovakia'* [Tuarascáil faoin Idirdhealú i gcoinne Leispiach, Fear Aerach agus Déghnéasach sa tSlóvaic'], Cartlann, an Bhratasláiv 2002.

[186] Féach www.homo.se (19.08.2008) (Cinneadh 6 Samhain 2000, Sainchomhad Uimh. 103/99)

[187] Féach http://www.atviri.lt/index.php/about_trace__transnational_cooperation/about_trace/1277 (22.10.2008)

a bailíodh ó *TRACE*, agus lena scrúdaítear conas a fheidhmíonn noirm agus an chlaontacht ag an láthair oibre agus conas iad a athrú.[188]

**Leitheadúlacht an idirdhealaithe**

Tá roinnt staidéar seolta leis an aidhm go ndéanfaí suirbhé faoi fhairsinge an idirdhealaithe i gcoinne daoine LADT sa mhargadh saothair. Tugtar suirbhéanna **sa Fhrainc**, **sa tSualainn**, **sa Danmhairg**, **san Ungáir** agus **sa Ríocht Aontaithe** chun suntais sa rannán seo, lena dtugtar leitheadúlacht an idirdhealaithe agus an idirdhealaithe mheabhairbhraite le fios.

**Sa Fhrainc**, taispeánadh leis an bpobalbhreith náisiúnta a reáchtáil faireachlann *L'Autre Cercle* nach bhfuil 42 faoin gcéad de homaighnéasaigh infheicthe laistigh dá gcuideachta, agus go mbaineann 16 faoin gcéad de na cásanna homafóibe a tuairiscíodh sa tuarascáil bhliantúil *SOS Homophobie* (2007) leis an obair. **Sa tSualainn**, taispeánadh le suirbhé[189] arna dhéanamh ag an *Arbetslivsinstitutet* [an Institiúid Náisiúnta don Saol Oibre] go ndúirt 30 faoin gcéad de mhná homaighnéasacha agus déghnéasacha go raibh ráitis díspeagúla faoi dhaoine LAD coitianta ag an obair.[190] Taispeánadh le suirbhé a reáchtáladh maidir leis an idirdhealú ar bhonn an treoshuímh ghnéasaigh i gcoinne leispiach agus fear aerach an **sa Danmhairg** gur bhain idirdhealú do 39 faoin gcéad ag an obair mar gheall ar a dtreoshuíomh gnéasach.[191] Taispeánadh le hanailís a rinneadh le déanaí ar 150 cuntas pearsanta faoin idirdhealú agus le suirbhé a reáchtáil an Institiúid Socheolaíochta **san Ungáir** gur bhain idirdhealú agus claontacht do bhreis is an tríú cuid de na freagróirí LADT ag an obair.[192] I suibhé[193] a sheol an ceardchumann (*UNISON*) **sa Ríocht Aontaithe**, dúirt 52 faoin gcéad de bhaill LADT go ndearnadh idirdhealú ina gcoinne mar gheall ar a dtreoshuíomh gnéasach.

Taispeánadh le staidéar eile **sa Ríocht Aontaithe**,[194] arna dhéanamh ag Stonewall, lena ndearnadh suirbhé ar 1,658 duine LAD trasna na Breataine, gur bhain bulaíocht óna gcomhghleacaithe do 20 faoin gcéad d'fhreagróirí mar gheall ar a dtreoshuíomh gnéasach. Thairis sin, taispéanadh le torthaí go bhfuil sé 50 faoin gcéad níos dóichí go mbainfidh bulaíocht do chatagóirí áirithe d'fhostaithe leispiacha agus aeracha - amhail oibrithe láimhe oilte, leathoilte agus neamhoilte – ná fostaithe ardbhainistíochta, riaracháin ná cléireachais.

---

188 Féach http://www.atviri.lt/index.php/about_trace__transnational_cooperation/publications/1822 (22.10.2008).

189 Arbetsvillkor och utsatthet, Arbetslivsinstitutet 2003. Stócólm.

190 Arbetsvillkor och utsatthet, Arbetslivsinstitutet 2003. Stócólm.

191 Taighde CATINÉT a sheol an suirbhé thar ceann Ugebrevet A4. Foilsíodh torthaí in Ugebrevet A4, Lúnasa 8, 2005 (A.F. Thøgersen, S. Kudahl).

192 J. Takács, L. Mocsonaki, and T. P. Tóth, 'A leszbikus, meleg, biszexuális és transznemű (LMBT) emberek társadalmi kirekesztettsége Magyarországon' (Eisiamh Sóisialta Daoine LADT san Ungáir), Búdaipeist: MTA SZKI 2007.

193 Suirbhé neamhfhoilsithe ar bhaill LADT UNISON

194 R. Hunt agus S. Dick (2008) *Serves You Right. Lesbian and gay people's expectations of discrimination* [Is Maith an Díol Ort É. Ionchais daoine leispiacha agus aeracha faoin idirdhealú] Stonewall

Aistriúchán gan fíorú

Is léir go bhfuil cion na ndaoine a mbaineann idirdhealú dóibh bunaithe ar an treoshuíomh gnéasach sna suirbhéanna seo doghlactha ard. Lena chois sin, luíonn sé le ciall go ndéanfaí talamh slán de, mar gheall ar an easpa infheictheachta agus líon na ndaoine LADT nach nochtann a bhféiniúlacht inscne, go gceiltear cuid d’fhíorscála na faidhbe.

**Dearcaí agus freagrachtaí fostóirí maidir le daoine LADT ar a bhfoireann**

Le dlíthe an AE i gcoinne an idirdhealaithe, cuirtear oibleagáidí ar fhostóirí fostaithe a chosaint ar an idirdhealú, agus cóir chomhionann ar fhorais an treoshuímh ghnéasaigh a chinntiú. Mar sin féin, b’annamh a luaigh na Comhlachtaí Náisiúnta Comhionannais, údaráis phoiblí agus Eagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT freagracht an fhostóra i rith na n-agallamh a cuireadh orthu mar chuid den obair allamuigh.

Fuarthas le staidéar **sa Ríocht Aontaithe** lenar tugadh aghaidh ar thionchar na reachtaíochta um chomhionannas fostaíochta[195] go ndúirt 34 faoin gcéad d’fhreagóirí LAD go raibh tionchar dearfach ag reachtaíocht um chomhionannas fostaíochta agus go ndúirt 65 faoin gcéad gur dóichí go gcuirfidís gearán isteach dá dtiocfadh fadhb chun cinn tar éis do na rialacháin a bheith tugtha isteach.

Dea-chleachtas: 'Equality for lesbian and gay people is integral to our corporate equality policies. We want to be a safe place for lesbian and gay people to work. As the largest employer in the county we also see our role as setting an example to other employers in the area.' ['Tá an comhionannas do dhaoine leispiacha agus aeracha ina dhlúthchuid dár mbeartais chorparáideacha um chomhionannas. Is mian linn go mbeadh an áit seo ina háit shábháilte do dhaoine leispiacha agus aeracha le bheith ag obair ann. Mar an bhfostóir is mó sa chontae breathnaímid ar ár ról mar cheann lena leagtar síos deashampla d’fhostóirí eile sa limistéar freisin’.] [196] (Ardoifigeach Oideachais, Comhairle Contae Denbighshire, RA)

Aistriúchán gan fíorú

Tugtar ról na bainisteoireachta chun suntais leis na torthaí seo. Taispeánadh le staidéar **sa Ghearmáin** go dtéann gníomhaíochtaí bainistíochta éagsúlachta agus cultúr neamhchlaonta (lena dtairgtear sochair do pháirtí, mar shampla) i bhfeidhm ar oscailteacht agus ar leas fostaithe LAD[197]. Rinne agallaithe an

[195] Colgan, F., Creegan, C., McKerney, A. agus Wright, T. (gan dáta) *Lesbian, Gay and Bisexual Workers: equality, Diversity and Inclusion in the Workplace: A Qualitative Research Study.* [Oibrithe Leispiacha, Aeracha agus Déghnéasacha: comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú sa Láthair Oibre: Staidéar Taighde Cáilíochtúil] COERC/*London Metropolitan University* [Ollscoil Mhetrapolaiteach Londan]

[196] Stonewall (2007) *Sexual Orientation Employer Handbook* [Lámhleabhar don Fhostóir maidir leis an Treoshuíomh Gnéasach], Tríú hEagrán, lch. 8.

[197] D. Frohn (2007) „Out im Office?!“ Sexuelle Identität, (Anti-)Diskriminierung und Diversity am Arbeitsplatz. Köln: Schwules Netzwerk NRW e.V. (eag.) arna mhaoiniú ag an Aireacht um

pointe nach gá go gcoiscfí an t-idirdhealú díreach mar gheall ar bheartais bhainistíochta éagsúlachta a bheith ann.[198] Mar sin féin, is féidir leis a bheith ina chéad chéim thábhachtach in aon eagraíocht.

De réir tuarascála ó *ILGA-Eoraip*, is é an rud atá ag teacht de thoradh gníomhartha ó fhostóirí agus iad ag freagairt do bhrú go gcomhlíonfaí dlíthe, ná go bhfuil an argóint, maidir le cás na héagsúlachta 'ar mhaithe le cúrsaí gnó', ag dul i dtreise.[199] **Sa Ghearmáin**, mar shampla, tacaíonn roinnt cuideachtaí ilnáisiúnta (Ford, Schering agus Deutsche Bank, gan ach beagán a lua) le hiarrachtaí le líonraí LAD a chruthú laistigh dá gcuideachtaí agus áiríonn siad sochair do pháirtithe d'oibrithe LAD agus heitrighnéasacha araon.[200]

- Dea-chleachtas: Cláir um Éagsúlacht: Bunaíodh clár *Diversity Champions* [Seaimpíní na hÉagsúlachta] Stonewall **sa Ríocht Aontaithe** in 2001 chun eagraíochtaí a thabhairt le chéile, a bhí ag iarraidh dul i ngleic leis an idirdhealú ar bhonn an treoshuímh ghnéasaigh, dea-chleachtais a roinnt, smaointe a chur i gcóimheas lena chéile agus a fhorbairt agus an éagsúlacht a chur chun cinn sa láthair oibre. Tá roinnt beart, a leagadh amach i gclár Seaimpíní na hÉagsúlachta Stonewall, déanta ag na cuideachtaí atá páirteach ann: Mar shampla, tá beartas scríofa um chomhionannas agus éagsúlacht forbartha agus curtha chun cinn acu lena gcuirtear urchosc ar an idirdhealú agus lena n-aithnítear an treoshuíomh gnéasach go sonrach mar ghné an idirdhealaithe; tá meitheal/foireann éagsúlachta forbartha acu lena gcuimsítear saincheisteanna LAD; tá duine ceaptha acu ar leibhéal an bhoird/an phríomhfheidhmeannaigh a bheidh ar an bpríomhdhuine a phléifidh le saincheisteanna LAD; tá grúpa líonra LAD bunaithe acu le haghaidh tacaíochta, comhairliúcháin agus treorach maidir le beartas ag an láthair oibre.[201]

Aistriúchán gan fíorú

Ghnóthaí ó Ghlúin go Glúin, Gnóthaí Teaghlaigh, Ban & Imeasctha Thuaisceart na Réine-Westphalia

[198] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh le Cigale (Lucsamburg 7 Aibreán 2008), Cruinniú mar chuid den obair allamuigh le Arcigay agus Arcilesbica, (an Iodáil 5 Márta 2008).

[199] S. Quinn, B. Hardt agus E. Paradis (2007) *Going Beyond the Law: promoting equality in employment* [Ag Dul Thar an Dlí: an comhionannas á chur chun cinn san fhostaíocht]. Turascáil ILGA-Eoraip

[200] S. Quinn, B. Hardt agus E. Paradis (2007) *Going Beyond the Law: promoting equality in employment* [Ag Dul Thar an Dlí: an comhionannas á chur chun cinn san fhostaíocht]. Turascáil ILGA-Eoraip

[201] Féach http://www.stonewall.org.uk/workplace/1447.asp (18.02.2009)

Dea-chleachtas: Tugadh roinnt eagraíochtaí le chéile tríd an tionscadal comhpháirtíochta *All Clear* [Gach Rud Soiléir] na Sualainne, a raibh sé de chomhaidhm acu timpeallacht oibre a chruthú ina mbeadh meas uilíoch ar dhaoine gan aird ar a dtreoshuíomh gnéasach. D'oibrigh eagraíochtaí fostóirí, ceardchumainn, eagraíochtaí LAD agus bardasacht le chéile, ag tairiscint seimineár, seisiún oiliúna agus foilseachán éagsúil. Oileadh thart ar 8,000 ionadaí ceardchumainn, fostóir agus daoine eile tríd an tionscadal i gcaitheamh trí bliana. Tháinig deireadh leis an tionscadal i bhfómhar na bliana 2007.[202]

**Dea-chleachtas**: In 2007 d'ullmhaigh an eagraíocht leispiach *ŠKUC LL*, **sa tSlóivéin**, an fógrán teilifíse *'Stop homophobia: Safe workplace for everyone'* ['Cuir stop leis an homafóibe: Láthair oibre sábháilte do chách']. Bhí daoine cáiliúla LADT **na Slóivéine** ag an obair le feiceáil san fhógrán. Taispeánadh ar an teilifís náisiúnta agus ar chainéil áitiúla agus tráchtála eile teilifíse.[203]

Conclúidí

Bíonn daoine LADT thíos leis an homafóibe agus idirdhealú sa mhargadh saothair ar roinnt bealaí: idirdhealú díreach, ciapadh, bulaíocht, fonóid á déanamh futhu agus iad fágtha amach as an gcomhluadar sóisialta d'aon turas. Mar gheall ar dhofheictheacht daoine LADT agus leibhéal réasúnta íseal na ngearán taifeadata curtha chuig Comhlachtaí Náisiúnta Comhionannais, ní féidir fairsinge iarbhír na homafóibe, na trasfóibe agus an idirdhealaithe a shainiú. Rud a mhíníonn cuid den fheiniméan seo is ea an easpa feasachta ginearálta ar chearta, in éineacht leis an drogall a bhíonn ar dhaoine LADT a dtreoshuíomh gnéasach nó a bhféiniúlacht inscne a thaispeáint go poiblí trí bhinse fiosrúcháin nó chás cúirte.

Is iomaí láthair oibre nach meastar a bheith ina 'dtearmainn shábháilte' do bhaill foirne LADT faoi láthair. Cé go mbíonn sonraí éagsúil de réir an chomhthéacs náisiúnta, léirítear le staidéir agus agallaimh le Comhlachtaí Náisiúnta Comhionannais agus Eagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT go mbíonn drogall, nó ábhairín drogaill, i gcoitinne ar thromlach na ndaoine LADT a bheith amuigh agus oscailte sa láthair oibre.

Eispéiris a bhí acu roimhe nó faitíos roimh an homafóibe agus idirdhealú, an baol go mbrisfear duine as a phost, agus timpeallacht na láithreach oibre; imríonn na nithe seo ar fad ról sa phróiseas lena ndéanfaidh daoine LADT a gcinntí faoin oscailteacht sa láthair oibre. Mar sin féin, má choinnítear treoshuímh ghnéasacha faoi cheilt, téann sé i bhfeidhm ar shláinte agus ar fholláine ball foirne LADT agus d'fhéadfadh torthaí oibre níos neamhshásúla teacht dá dheasca sin.

Aistriúchán gan fíorú

[202] Féach http://www.frittfram.se/default.asp?lid=1 (22.10.2008).
[203] Féach http://www.ljudmila.org/lesbo/english.htm (22.10.2008).

Dhá rud a théann i bhfeidhm ar dhaoine LADT ó thaobh a bheith ag breathnú ar a dtimpeallacht oibre mar thimpeallacht shábháilte uilechuimsitheach, is ea ról na bainisteoireachta agus beartais maidir leis an gcóir chomhionann agus éagsúlacht a bheith sa láthair oibre. Anseo, rud a théann i bhfeidhm ar na dreasachtaí le cásanna faoin idirdhealú a thabhairt chun tosaigh is ea an reachtaíocht um chomhionannas fostaíochta a bheith ann, agus daoine LADT a bheith áirithe faoi sin.

Aistriúchán gan fíorú

# Oideachas

Scrúdaítear bulaíocht agus ciapadh daoine LADT óga i scoileanna sa rannán seo chomh maith lena thionchar sin, agus dofheictheacht saincheisteanna faoin treoshuíomh gnéasach i gcuraclaim agus sa chultúr scoile.

Faoi mar atá nótáilte ag an gCoimisiún Eorpach, '[t]here is considerable evidence of discrimination on grounds of sexual orientation in schools, primarily involving homophobic bullying.'['tá fianaise nach beag ann faoin idirdhealú ar fhorais an treoshuímh ghnéasaigh i scoileanna, agus is leis an mbulaíocht homafóibeach a bhaineann sé go príomha.'][204] Taispeántar le staidéar a sheol An tÚdarás Comhionannais **in Éirinn** go dtagann go leor daoine LAD ar an eolas faoina dtreoshuíomh homaighnéasach sula mbíonn siad in aois a gcúig bliana dhéag, rud a chiallaíonn gur minic go dtéann daoine LADT trí bhlianta na ndéaga agus na scoile agus a bhféiniúlacht ghnéasach ar eolas acu, rud a fhágann go bhféadfaidís a bheith leochaileach.[205] Thairis sin, de réir staidéar ILGA-Eoraip,[206] tá blianta na ndéanga ina dtréimhse chriticiúil i sóisialú an duine, nuair "a fhoghlaimíonn cailíní conas a bheith ina gcailíní agus buachaillí conas a bheith ina mbuachaillí", i.e. nuair a théann daoine eile i bhfeidhm ar theorainneacha an léirithe agus an iompair inscne, lena n-áirítear baill de ghrúpa piaraí, cairde, múinteoirí agus daoine sa teaghlach.

Trasna an AE, d'aithin agus thug tromlach na gComhlachtaí Náisiúnta Comhionannais, na n-Eagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT agus na n-údarás poiblí ar cuireadh agallamh orthu, an bhulaíocht agus ciapadh, chomh maith le heaspa ionadaíochta d'fhéiniúlachtaí agus do shaincheisteanna LADT, chun suntais mar nithe atá ina bpríomhúdair imní san oideachas.

Bulaíocht agus ciapadh daoine LADT óga i scoileanna

Soláthraítear roinnt fianaise i roinnt Ballstát le staidéir agus suirbhéanna cuimsitheacha faoin homafóibe, trasfóibe agus idirdhealú i gcoinne daoine LADT san oideachas. Taispeánadh le hagallaimh le Comhlachtaí Náisiúnta Comhionannais, údaráis phoiblí agus Eagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT i ngach ceann den 27 mBallstát go bhfuil léirithe na homafóibe ina bhfadhb mhór i suímh oideachasúla trasna an AE.

Aistriúchán gan fíorú

[204] Féach Doiciméad Inmheánach Oibre an Choimisiúin i dteannta Togra le haghaidh Treorach ón gComhairle maidir prionsabal na córa comhionainne idir daoine a chur chun feidhme beag beann ar reiligiún nó ar chreideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar threoshuíomh gnéasach. SEC (2008) 2180, 2.7.2008, lch 18

[205] An tÚdarás Comhionannais (2002) *Implementing Equality for Lesbians, Gays and Bisexuals* [An Comhionannas á Chur Chun Feidhme do Leispiaigh, do Dhaoine Aeracha agus do Dhéghnéasaigh'], Baile Átha Cliath

[206] J. Takács (2006) *Social Exclusion of young lesbian, gay, bisexual and transgender (LGBT) people in Europe* [Eisiamh Sóisialta daoine óga leispiacha, aeracha, déghnéasacha agus tras-inscne (LADT) san Eoraip], an Bhruiséil: ILGA-Eoraip agus IGLYO

*s from the guys didn't bother me because that was just guys being guys. I mean, it shouldn't be that way but it doesn't bother you because when you've heard it about a million times you get to know it all and it's just, you don't think that is so important for you. But the certain individual…did bother me because I don't really need someone who I thought was a friend commenting on my sexuality with loads of others. So I mean, that did bother me and affected my studies because I was quite angry and filled up about that individual. And I didn't go to school for quite a while because I was so angry with that individual*. [Níor chuir ráitis ó na leaids isteach orm toisc nach raibh siad ach ag déanamh de réir mar a dhéanann leaids. Ar ndóigh, níor cheart go mbeadh sé mar sin ach ní chuireann sé isteach ort toisc go mbíonn tú cleachtaithe leis ar fad nuair a bhíonn sé cloiste thart faoi milliún uair agat agus níl ann ach, nach gceapann tú go bhfuil sé chomh tábhachtach duit. Ach an duine áirithe… chuir sé isteach orm mar is beag atá sé ag teastáil uaim, go mbeadh duine, ar cheap mé gur chara é, ag caint faoi mo ghnéasacht le go leor daoine eile. Le fírinne, chuir sin isteach orm agus chuaigh sé i bhfeidhm ar mo chuid staidéar toisc go raibh an-fhearg orm agus go raibh mé coipthe faoin duine sin. Agus ní dheachaigh mé ar scoil ar feadh achar sách fada toisc go raibh mé chomh feargach leis an duine sin.] (Fear aerach, 17 mbliana d'aois, Londain)[207]

In agallamh ba é tuairim na heagraíochta neamhrialtasaí LADT *Arc en Ciel* **sa Bheilg** ná gur saincheisteanna iad an homafóibe agus an bhulaíocht i scoileanna atá ina b údar imní ollmhór.[208] Ar an gcaoi chéanna, d'inis an eagraíocht neamhrialtasach LADT *FELGT*, **sa Spáinn**, d'agallóirí go mbíonn baol don tsábháilteacht i gceist má 'thagann duine amach' sa mheánscoil agus go leanann eachtraí homafóibe ar aghaidh le bheith ag tarlú i meánscoileanna.[209] Nótáil an eagraíocht neamhrialtasach LADT *Hàttèr*, i rith agallaimh, go bhfuil ardleibhéil chiaptha agus bhulaíochta i gcoinne daoine LADT ar siúl i scoileanna **na hUngáire**.[210]

Rinne go leor Eagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT agus Comhlachtaí Náisiúnta Comhionannais pointe faoi úsáid an fhocail '*gay*' ['aerach'] mar théarma coitianta dímheasúil i scoileanna. Dúirt siad freisin gur minic go mbíonn drogall ar mhúinteoirí déileáil le leas-ainmneacha a bheith á nglaoch ar dhaoine, agus le cineálacha ciaptha LADT eile, mar rud tromchúiseach.

Aistriúchán gan fíorú

---

207 Fiona Colgan, Chris Creegan, Aidan McKearney agus Tessa Wright, *Lesbian, Gay and Bisexual Workers: Equality, Diversity and Inclusion in the Workplace. A Qualitative Research Study* [Oibrithe Leispiacha, Aeracha agus Déghnéasacha: Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú sa Láthair Oibre: Staidéar Taighde Cáilíochtúil], *Comparative Organisation and Equality Research Centre (COERC)* [Eagraíocht Chomparáideach agus Ionad Taighde um Chomhionannas] *London Metropolitan University* [Ollscoil Mhetrapolaiteach Londan], ar fáil ag http://www.unison.org.uk/file/A2742.pdf (14.02.2009)

208 Cruinniú mar chuid den obair allamuigh le Arc en Ciel (an Bheilg 3 Aibreán 2008)

209 Cruinniú mar chuid den obair allamuigh le FELGT (an Spáinn 13 Márta 2008)

210 Cruinniú mar chuid den obair allamuigh le Hàttèr (an Ungáir 17 Aibreán 2008)

Rinneadh staidéar ar bhulaíocht agus ar chiapadh daltaí LADT **sa Ríocht Aontaithe**, **i Málta**, **in Éirinn** agus ag *ILGA-Eoraip*.

Sa **Ríocht Aontaithe** scrúdaíodh eispéiris daoine LAD san oideachas i suirbhé 2006 ar 1,100 daoine LAD óga.[211] Fuarthas amach leis an suirbhé go ndúirt beagnach 65 faoin gcéad de dhaoine óga LAD gur bhain bulaíocht dóibh i scoileanna na Breataine mar gheall ar a dtreoshuíomh gnéasach. Bhí na cineálacha ciapadh seo a leanas san áireamh: drochíde ó bhéal (92 faoin gcéad), drochíde fhisiciúil (41 faoin gcéad), bulaíocht ar an idirlíon (41 faoin gcéad), bagairtí báis (17 faoin gcéad) agus ionsaí gnéasach (12 faoin gcéad). Dúirt beagnach gach duine LAD óg go gcloiseann siad frásaí cosúil le '*that's so gay*' á úsáid ar bhealach díspeagúil agus go gcloiseann siad ráitis ar nós 'piteog' agus 'daidhce'.

I **Málta** chinntigh an *Gay Rights Movement* [Gluaiseacht Chearta Aeracha], a bhí i mbun staidéir ar an mbulaíocht, ciapadh agus foréigean homafóibeach ó dhaltaí agus ó mhúinteoirí, gur fhág daltaí tras-inscne an scoil go luath nó nach ndeachaigh siad chuig roinnt ranganna mar gheall ar an mbulaíocht, ciapadh nó easpa tuisceana ó mhúinteoirí agus ó dhaltaí.[212]

In **Éirinn**, seoladh taighde ar an mbulaíocht homafóibeach in 365 scoil.[213] De réir na dtorthaí, bhí 79 faoin gcéad de na múinteoirí sa suirbhé ar an eolas faoi eachtraí inar tharla bulaíocht homafóibeach ó bhéal agus tháinig 16 faoin gcéad de na múinteoirí ar eachtraí inar tharla bulaíocht homafóibeach fhisiciúil. Toradh eile de bharr an taighde ná gur dóichí go dtarlódh an bhulaíocht homafóibeach i scoileanna aonghnéis do bhuachaillí agus i scoileanna comhoideachais ná i scoileanna aonghnéis do chailíní.

Bhí 754 freagairtí ó dhaoine LADT óga ó 37 tír Eorpacha i dtaighde[214] arna sheoladh ag ***ILGA-Eoraip*** agus ***IGLYO***. Fuarthas amach leis an taighde gur thagair 61 faoin gcéad d'eispéiris diúltacha phearsanta ar scoil a bhain lena stádas mar dhuine LADT agus thuairiscigh 53 faoin gcéad go ndearnadh

Aistriúchán gan fíorú

[211] R. Hunt, J. Jensen (2007) *The Experiences of Young Gay People in Britain's Schools. The School Report* [Eispéiris Daoine Aeracha Óga i Scoileanna na Breataine. An Tuarascáil Scoile]. Stonewall

[212] *Malta Gay Rights Movement (2003) Sexual Orientation Discrimination in Malta: A Report on Discrimination, Harassment, and Violence against Malta's Gay, Lesbian and Bisexual Community, Malta: Union Press.* [Gluaiseacht Chearta Aeracha Mhálta (2003) Idirdhealú ar bhonn an Treoshuímh Ghnéasaigh i Málta: Tuarascáil faoin Idirdhealú, Ciapadh agus Foréigean i gCoinne Phobal Aerach, Leispiach agus Déghnéasach Mhálta, Málta] Agus J. Takács (2006) *Social exclusion of young lesbian, gay, bisexual and transgender (LGBT) people in Europe,* [Eisiamh Sóisialta daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha agus tras-inscne (LADT) óga san Eoraip], an Bhruiséil: ILGA-Eoraip agus IGLYO

[213] N. James, M. Galvin agus G. McNamara (2006) *Straight talk: Researching gay and lesbian issues in the school curriculum*. [Caint dhíreach: Taighde á dhéanamh ar shaincheisteanna maidir le daoine aeracha agus leispiacha sa churaclam scoile] Baile Átha Cliath: *Centre for Educational Evaluation* [Ionad um Meastóireacht Oideachasúil], Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

[214] J. Takács (2006) *Social exclusion of young lesbian, gay, bisexual and transgender (LGBT) people in Europe*, [Eisiamh Sóisialta daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha agus tras-inscne (LADT) óga san Eoraip], ILGA-Eoraip agus IGLYO

bulaíocht orthu. Taispeánadh leis an taighde freisin go mbíonn idir dhaoine LADT óga agus dhaoine óga heitrighnéasacha, nach ndéanann de réir na léirithe agus an iompair steiréitipiciúil inscne, i mbaol sa timpeallacht scoile. Ba mhinic a léirmhínigh freagróirí gur bhain bulaíocht le nó gur tháinig sé de bharr *iompar, tréithe agus cuma nach raibh de réir na hinscne* – nó de réir a bhfacthas a bheith i gceist leo siúd do dhaoine eile.

ainn, rinne dalta fir gearán gur chiap daltaí eile agus foireann na scoile é ar fhorais an treoshuímh ghnéasaigh i rith na dtrí bliana deiridh den tréimhse éigeantach naoi mbliana ar scoil. De réir an ghearánaí, bhí an scoil ar an eolas go raibh sé á chiapadh ach theip ar an scoil bearta leordhóthanacha a dhaingniú chun tuilleadh córa táirchéimneacha a chosc. I dteagmhálacha leis an Ombudsman, dúirt an bardas a bhí freagrach as an scoil go raibh iarrachtaí móra déanta ag an scoil le cás an dalta a fheabhsú agus gur chomhlíon sé na héilimh a cuireadh air. Thángthas ar shocraíocht idir an Ombudsman agus an bardas ina dhiaidh. San áireamh sa tsocraíocht, bhí íocaíocht 30,000 SEK (€3,200 a bheag nó a mhór) ón mbardas leis an dalta.[215]

Aistriúchán gan fíorú

Thug Eagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT agus Comhlachtaí Náisiúnta Comhionannais ar cuireadh agallamh orthu i rith na dturas allamuigh pointe ar leith chun suntais, is é sin, nach bhfreagraíonn múinteoirí d'úsáid chainte homafóibí ar scoil nó go dteipeann orthu bearta a dhéanamh chun úsáid chaint den sórt sin a chosc. Fuarthas le staidéar sa **Ríocht Aontaithe** go leanann an bhulaíocht agus an ciapadh homafóibeach ar aghaidh in aineoinn foireann na scoile a bheith ar an eolas faoi: as measc 300 scoil ar breathnaíodh orthu, bhí 82 faoin gcéad ar an eolas faoin homafóibe ó bhéal agus thuairiscigh 26 faoin gcéad go raibh siad ar an eolas faoi eachtraí bulaíochta fisiciúla homafóibí. Ach cé go raibh beartais ghinearálta frithbhulaíochta ag gach scoil, níor aithin ach 6 faoin gcéad díobh seo an bhulaíocht homafóibeach go sonrach.[216]

Sa chomhthéacs seo, fuarthas le taighde in Éirinn go bhfuil beartais frithbhulaíochta agus um chóir chomhionann ag tromlach na scoileanna dara leibhéal in Éirinn, ach gur beag beartas atá ann ina dtagraítear do chomhionannas daoine aeracha agus leispiacha go sonrach: bhí formhór na múinteoirí ar an eolas faoi bhulaíocht homafóibeach ina scoileanna, agus dúirt 41 faoin gcéad go mbíonn sé níos deacra freagairt dó siúd ná do chineálacha bulaíochta eile. Níor mheas roinnt múinteoirí go raibh aon rud seachas 'pleidhcíocht' i gceist leis an gcineál seo iompair.[217] D'fhéadfadh roinnt daltaí

[215] Cinneadh, 3 Lúnasa 2007, Sainchomhad uimh. 620-2006) ar fáil ag www.homo.se/o.o.i.s/4034 11/072008 (12.10.2008)

[216] S. Averill (2004) *How can young people be empowered to achieve justice when they experience homophobic crime*? [Conas is féidir daoine óga a chumhachtú le ceartas a bhaint amach nuair a bhaineann coireacht homafóibeach dóibh?] ar fáil ag http://www.schools-out.org.uk/research/docs/Partners%20An%20update%20to%20tackling%20homophobia.pdf (11.11.2008)

[217] J. Norman, M. Galvin agus G. McNamara (2006) *Straight talk: Researching gay and lesbian issues in the school curriculum*. [Caint dhíreach: Taighde á dhéanamh ar shaincheisteanna

an cur chuige seo a léirmhíniú mar rud a cheadaíonn iompar den sórt sin freisin áfach.

**Sa tSualainn**, tugtar le fios le taighde nach bhfuil na huirlisí ag múinteoirí le haghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna LADT. Taispeántar le suirbhé a sheol an tionscadal *Beneath the Surface*, [Faoin Dromchla] inter alia, nach gceapann ach 8 faoin gcéad d'fhreagróirí ar mhúinteoirí iad gur oileadh iad le haghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna den sórt sin mar is ceart.[218]

**Dea-chleachtas: Feachtas scoile in aghaidh na bulaíochta homafóibí: In Éirinn,** dhírigh an tionscnamh *Making Your School Safe* [Scoil Shábháilte a Dhéanamh de do Scoilse], a sheol *an tÚdarás Comhionannais* agus *BeLonG To*, ar phríomhoidí, ar mhúinteoirí agus ar dhaltaí scoile. Bhí gníomhaíochtaí éagsúla san áireamh ann, amhail póstaeir do scoileanna ar a raibh an teachtaireacht: 'Níl an bhulaíocht homafóibeach inghlactha in ár scoil', leabhráin, bileoga gearra, srl. Bhíothas i mbun feachtais leis an tionscadal ar son tuilleadh gníomhartha ó scoileanna, mar shampla, beartais frithbhulaíochta agus frithchiaptha a fhorbairt, chomh maith le cóid iompair, saincheisteanna LADT a áireamh mar chuid de bheartais scoile um chomhionannas; baill foirne a oiliúint agus a chumhachtú le haghaidh a thabhairt ar an gciapadh agus ar an mbulaíocht homafóibeach ar scoil ar bhealach níos éifeachtaí, á chinntiú go mbeidh treoirchomhairleoirí oilte mar is ceart ó thaobh saincheisteanna maidir leis an bhféiniúlacht inscne.[219]

**Dea-chleachtas: Il-Ghníomhartha lena ndírítear ar mhúinteoirí agus ar pholaiteoirí:** Sa **tSualainn**, seoladh mórthionscadal *EQUAL*[220] *Under Ytan* [Faoin Dromchla] idir 2004 agus 2007 lenar pléadh le go leor comhpháirtithe, amhail Eagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT, Comhlachtaí Náisiúnta Comhionannais, údaráis phoiblí, ollscoileanna agus ceardchumainn. Cuimsíodh gníomhaíochtaí éagsúla leis an tionscadal, lena n-áirítear, mar shampla, acmhainní agus modhanna oideachasúla a fhorbairt chun feasacht a mhúscailt i scoileanna, ábhair ionspioráide a fhorbairt le húsáid ar scoil, oiliúint chun cur in aghaidh na heitreanormatachta, tacaíocht do mhúinteoirí a bhí i mbun oibre maidir le saincheisteanna a bhain leis an treoshuíomh gnéasach agus an homafóibe, tacaíocht do scoileanna agus d'údaráis áitiúla agus reachtaíocht i gcoinne an idirdhealaithe á cur chun feidhme sa timpeallacht scoile acu.[221]

### Tionchar an chiaptha agus na bulaíochta ar dhaoine LADT

Aistriúchán fíorú

maidir le daoine aeracha agus leispiacha sa churaclam scoile] Baile Átha Cliath: *Centre for Educational Evaluation* [Ionad um Meastóireacht Oideachasúil], Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath arna lua in Éirinn, tuarascáil tíre.

[218] Féach http://www.ytan.se/?p=1892 (18.08.2008)

[219] Féach http://www.equality.ie/index.asp?docID=593 (17.10.2008)

[220] Le haghaidh tuilleadh faisnéise ar thionscnamh *EQUAL* an Choimisiúin Eorpaigh féach http://ec.europa.eu/employment_social/equal/index_en.cfm (10.12.2009)

[221] Féach http://www.ytan.se/?p=1892 (18.08.2008)

Tugtar iarmhairtí diúltacha an chiaptha agus na bulaíochta homafóibí, ar a fheabhas is a éiríonn le daltaí LADT ar scoil, agus ar a bhfolláine i gcoitinne, chun suntais le staidéir **sa Ríocht Aontaithe** agus le tionscadal óige trasnáisiúnta eagraíochta neamhrialtasaigh lenar clúdaíodh **an Iodáil**, **an Spáinn**, **an Pholainn** agus **an Ostair**—*The School Mates Project 2007* [Tionscadal na gCompánach Scoile 2007].

Taispeántar le staidéir **sa Ríocht Aontaithe** go bhféadfadh leibhéil neamhláithreachais agus neamhfhreastail níos airde ar an meánscoil a bheith ag daoine LADT óga de thoradh timpeallachta homafóibí scoile, rud a laghdaíonn a seansanna le dul isteach in ardoideachas nó i mbreisoideachas.[222]

Tugtar le fios le staidéir eile **sa Ríocht Aontaithe** go bhféadfadh éifeachtaí tromchúiseacha, lena ndíchumhachtaítear daltaí LADT, teacht de thoradh bulaíochta, agus imeallú sóisialta agus strus síceolaíoch dá bharr, go háirithe do dhaoine óga a fhaigheann amach go bhfuil siad homaighnéasach níos luaithe agus iad sna gráid scoile atá níos ísle. Imríonn an homafóibe agus an bhulaíocht homafóibeach i scoileanna tionchar diúltach ar fhéiníomhá, ar fhéinmhuinín agus ar obair scoile daltaí LADT freisin.[223]

Aistriúchán gan fíorú

[222] M. Jenett (2004) *Stand up for us: Challenging homophobia in schools* [Seas an fód ar ár son: Ag cur dúshláin faoin homafóibe i scoileanna], Yorkshire: *Crown Copyright* [Cóipcheart na Corónach]; H. Wallace (2005) *Time to Think, London: Metro Centre* [Am le Smaoineamh, a Mhuintir Londan: Ionad Meitreo], ar fáil ag http://calm-seas.co.uk/timetothink/intro.htm (27.07.2008)

[223] S. Averill, *How can young people be empowered to achieve justice when they experience homophobic crime*? [Conas is féidir daoine óga a chumhachtú le ceartas a bhaint amach nuair a bhaineann coireacht homafóibeach dóibh?] ar fáil ag http://www.schools-out.org.uk/research/docs/Partners%20An%20update%20to%20tackling%20homophobia.pdf (20.12.2008); Colgan, F., Creegan, C., McKerney, A. agus Wright, T. (gan dáta) *Lesbian, Gay and Bisexual Workers: equality, Diversity and Inclusion in the Workplace: A Qualitative Research Study* [Oibrithe Leispiacha, Aeracha agus Déghnéasacha: comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú sa Láthair Oibre: Staidéar Taighde Cáilíochtúil]. *COERC/London Metropolitan University* [Eagraíocht Chomparáideach agus Ionad Taighde um Chomhionannas/ Ollscoil Mhetrapolaiteach Londan]

'*When I was at school, I was bullied for being gay but it was only because my classmates presumed I was gay …it was before I even told people I was gay. I was verbally and physically bullied and I had no friends for the first three years of high school. It made me very insecure as a person and I found it hard to make friends after that as it had made me really paranoid and vulnerable*.' ['Nuair a bhí mé ar scoil, rinneadh bulaíocht orm as a bheith aerach ach níor tharla sé ach toisc go ndearna mo chompánaigh ranga talamh slán de go raibh mé aerach… tharla sé sular inis mé do dhaoine go raibh mé aerach fiú. Rinneadh bulaíocht ó bhéal agus bulaíocht fhisiciúil orm agus ní raibh aon chairde agam don chéad trí bliana ar an meánscoil. D'fhág sé go raibh mé an-neamhdhiongbháilte mar dhuine agus ba dheacair liom cairdeas a dhéanamh le daoine ina dhiaidh sin toisc go raibh mé an-pharanóideach agus leochaileach go deo dá bharr.'] (Fear, 21, RA) [224]

Scrúdaíodh éifeachtaí na bulaíochta i gcomhthéacs an *Schoolmates Project* [Tionscadal na gCompánach Scoile][225] (2006-2008) freisin, ar thionscnamh trasnáisiúnta atá ann de chuid *Arcigay* (cumann leispiach agus aerach na hIodáile) i gcomhpháirtíocht le *COLEGA* Mhaidrid, *KPH* Vársáw agus Cathair Vín. Fuarthas amach leis go bhféadfadh daoine LADT óga cuimhneamh ar dhíobháil a dhéanamh dóibh féin agus dul i mbun iompair ardriosca de thoradh bulaíochta den sórt sin. D'fhéadfadh deacrachtaí ar leith a bheith i gceist do dhéagóirí leispiacha, aeracha, déghnéasacha nó tras-inscne freisin ó thaobh tacaíocht a lorg ón teaghlach nó ón bpobal.

Aistriúchán gan fíorú

---

[224] J. Takács (2006) *Social Exclusion of young lesbian, gay, bisexual and transgender (LGBT) people in Europe* [Eisiamh Sóisialta daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha agus tras-inscne (LADT) óga san Eoraip], an Bhruiséil: ILGA-Eoraip agus IGLYO. Lch. 51

[225] Féach http://www.arcigay.it/schoolmates (12.08.2008)

**An treoshuíomh gnéasach i gcuraclaim agus sa chultúr scoile**

Saincheist eile a thug Eagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT chun suntais i rith na hoibre allamuigh ná dofheictheacht ghinearalta na saincheisteanna a bhaineann leis an treoshuíomh gnéasach i scoileanna, rud a bhféadfadh iarmhairtí diúltacha a bheith i gceist leis d'fhéinmheas daoine LADT óga. Fuarthas amach le staidéar sa **Ríocht Aontaithe** gur thug roinnt mhaith de na daoine LADT óga a scrúdaíodh le fios gur mhothaigh siad nach raibh siad in ann 'a bheith mar a bhí siad le fírinne' dá thoradh seo.[226]

Nótáil Eagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT ar cuireadh agallamh orthu i ngach Ballstát den AE dofheictheacht ghinearálta na saincheisteanna a bhaineann leis an treoshuíomh gnéasach chomh maith le heaspa aon léirithe dearfacha de dhaoine LADT laistigh den oideachas.[227]

Taispeánadh leis an suirbhé leictreonach ar pháirtithe leasmhara go gcreideann 65 faoin gcéad 'nár cuimhníodh' ar shaincheisteanna LADT i gcuraclaim scoile nó 'gur taispeánadh nár cuimhníodh mórán orthu' iontu (mar shampla, socruithe teaghlaigh, caidrimh, róil inscne nó roghanna gnéasacha neamhthraidisiúnta).

De réir an *School Mates Project* [Tionscadal na gCompánach Scoile], a luadh níos luaithe, cothaíonn ciúnas agus dearcaí claonta ó mhúinteoirí agus ó phiaraí maidir le saincheisteanna LADT dearcaí diúltacha ar homaighnéasaigh, rud a mhéadaíonn braistint an imeallaithe agus na leochaileachta a mhothaíonn déagóirí homaighnéasacha.

Tugtar chun suntais le staidéir **sa Bheilg** freisin nach leor an leibhéal fáisnéise agus oiliúna atá ann do dhaltaí agus do mhúinteoirí maidir le cúrsaí LADT.[228]

Fuarthas amach le staidéar cuimsitheach a mhair dhá bhliain[229] in 12 scoil **in Éirinn** agus a bhí bunaithe ar bhreathnadóireacht sa seomra ranga, ar agallaimh le daltaí agus leis an bhfoireann, ar fhócasghrúpaí agus ar thorthaí suirbhéanna gurb ábhar tabú é an treoshuíomh gnéasach. Atreisíodh an dofheictheacht institiúideach le heaspa focal le difríocht ghnéasach a ainmniú agus a phlé. Tháinig ciúnas, míchompord, faitíos agus naimhdeacht nuair a bhí treoshuíomh

[226] F. Colgan, C. Creegan agus A., McKerney T. Wright (gan dáta) *Lesbian, Gay and Bisexual Workers: equality, Diversity and Inclusion in the Workplace: A Qualitative Research Study* [Oibrithe Leispiacha, Aeracha agus Déghnéasacha: comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú sa Láthair Oibre: Staidéar Taighde Cáilíochtúil]. *COERC/London Metropolitan University* [Eagraíocht Chomparáideach agus Ionad Taighde um Chomhionannas/ Ollscoil Mhetrapolaiteach Londan]

[227] Cruinnithe mar chuid den obair allamuigh san AE Aibreán-Bealtaine 2008

[228] K. Pelleriaux agus J. Van Ouytsel (2003), 'De houding van Vlaamse scholieren tegenover holebiseksualiteit', Antuairp; Universiteit Antwerpen

[229] K. Lynch agus A. Lodge (2002) *Equality and Power in Schools. Redistribution, recognition and representation* [Comhionannas agus Cumhacht i Scoileanna. Athdháileadh, aitheantas agus ionadaíocht]. Routledge. Londain. lch. 181-182

Aistriúchán gan fíorú

gnéasach á phlé i rang nó i bhfócasghrúpaí mar sin. Cé go raibh steiréitíopáil diúltach á déanamh ar dhaoine míchumasaithe, agus ar mhionlaigh reiligiúin agus chine chomh maith, níor dúisíodh an leibhéal céanna naimhdeachta nó dímheasa dá bharr is a tharla i leith daoine aeracha agus leispiacha. Chuirfeadh 55 faoin gcéad de dhaltaí deireadh le cairdeas dá bhfaigheadh siad amach go raibh an duine aerach nó leispiach.

Taispeánadh leis an suirbhé leictreonach ar pháirtithe leasmhara gur mheas breis is leathchuid díobh leibhéal na glacachta le daoine LADT i measc phearsanra na scoile a bheith 'réasúnta íseal' agus 'gan a bheith ann ar chor ar bith'. I rith taighde mar chuid den obair allamuigh, thuairiscigh Eagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT nár thug údaráis scoile cead isteach chuig scoileanna i gcónaí go seolfaí tionscnaimh mhúscailte feasachta. Déantar tagairt i dtuarascálacha tíre **Mhálta**, **na Fraince**, **Lucsamburg**, **na Polainne** agus **na Bulgáire** do shamplaí de chásanna nár thug údaráis scoile aird ar Eagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT nó ina ndeachaigh siad i mbealach orthu agus na heagraíochtaí ag iarraidh feasacht a mhúscailt faoin homafóibe agus é a chomhrac i scoileanna.[230]

**Sa Bhulgáir,** mar shampla, nuair a rinneadh iarracht leis tionscadal *Deafening Silence: The Case in My School* [Ciúnas Bodhraitheach: An Cás i Mo Scoil] arna mhaoiniú ag Clár MATRA ambasáid na hÍsiltíre, leis an bhfeasacht ar shaincheisteanna LADT a ghrinnscrúdú i meánscoileanna na Bulgáire, níor fhreagair ach 15 den 144 meánscoil ar tugadh cuireadh dóibh páirt a ghlacadh i gcruinniú tosaigh don tionscadal i samhradh 2007, agus níor ghlac ach seachtar páirt ann.

**Dea-chleachtas: Ábhar oideachasúil do scoileanna: Sa Bheilg**, d'eisigh Aire Oideachais Chomhphobal na Fraince treoirleabhar oideachasúil in 2006 faoin homafóibe ar scoil a seoladh chuig gach bunscoil agus meánscoil sa réigiún ina labhraítear an Fhraincis.[231] Sa Bheilg freisin, d'fhóirdheonaigh an rialtas Pléimeannach tionscadal ceannródaíoch i Réigiún Pléimeannaise Brabant in 2007 lenar forbraíodh foireann uirlisí faoin 'éagsúlacht inscne agus tras-inscne'do dhaltaí ó 14 go 18 bliana d'aois.[232]

**Dea-chleachtas**: **Leabhair do leanaí**: Bhí ILGA **na Portaingéile** páirteach in obair le dhá leabhar a tháirgeadh do leanaí a raibh sé d'aidhm leo tuismitheoirí agus leanaí a shroicheadh, agus lena mínítear ábhar na héagsúlachta gnéasaí agus lena miondealaítear steiréitíopaí agus an chlaontacht i gcoinne daoine agus teaghlach LADT.[233]

Aistriúchán gan fíorú

[230] Cruinnithe mar chuid den obair allamuigh i mBallstáit an AE (Márta-Aibreán 2008)
[231] An Bheilg, tuarascáil tíre
[232] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh le *Flanders Ministry of Education* [Aireacht Oideachais Fhlóndras] (an Bheilg 4 Aibreán 2008) agus an Bheilg, tuarascáil tíre
[233] W. Pena (2007) Por quem me apaixonarei? Associacão ILGA An Phortaingéil/eraseunavez.com and J.T. Delgado (2007) De onde venho? Associacão ILGA An

**Áis teagaisc maidir leis an bhféiniúlacht inscne: Sa tSlóivéin**, d'eisigh *The Peace Institute* [an Institiúid Síochána] CD-ROM *'Diversity Makes Us Richer, Not Poorer: The Everyday Life of Gays and Lesbians'* ['Fágann an Éagsúlacht Muid Níos Saibhre Seachas Níos Boichte: Saol Laethúil Daoine Aeracha agus Leispiacha'] in 2003 ina raibh trí scannán ghearra faoi eispéiris an idirdhealaithe a bhí ag daoine aeracha agus leispiacha sa saol laethúil agus sé shraith agallamh le daoine leispiacha agus aeracha lenar pléadh saincheisteanna maidir le bheith ag teacht amach, an teaghlach, foréigean, an láthair oibre, cairde, srl. Tá sé i gceist leis go mbeadh sé ina chúnamh do mhúinteoirí i gcomhráite ranga faoin homaighnéasacht.[234]

**Conclúidí**

Tuairiscítear eachtraí bulaíochta agus ciaptha i gcoinne daoine LADT i suímh oideachasúla trasna an AE agus is rud é a théann i bhfeidhm ar a fheabhas is a éiríonn le daltaí LADT ar scoil agus ar a bhfolláine agus tagann imeallú agus drochshláinte dá dtoradh nó fágann daoine an scoil go luath dá bharr. Is beag aird a thugann údaráis scoile trasna an AE ar na feiniméin seo arb údar imní iad agus is minic nach mbíonn an fheasacht, oiliúint agus uirlisí ag múinteoirí le fadhbanna den sórt sin a aithint agus le dul i ngleic leo go héifeachtach.

Ardaíonn Eagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT trasna an AE údair imní faoin bhfíric nach bhfuil saincheisteanna maidir leis an treoshuíomh gnéasach i gcuraclaim oideachasúla, ach oiread le léiriúcháin dearfacha de dhaoine LADT agus dá dteaghlaigh, toisc go gcuireann sé le himeallú sóisialta daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha agus tras-inscne óga ar scoil. Tá an pointe déanta acu freisin gur minic a sheachnaíonn múinteoirí saincheisteanna maidir leis an treoshuíomh agus féiniúlacht ghnéasach.

Aistriúchán gan fíorú

Phortaingéil/eraseunavez.com, Féach http://www.ilga-portugal.pt/noticias/20071208.htm (22.01.2008)

[234] Féach http://www2.mirovni-institut.si/razlicnost/eng/index.html (17.10.2008)

# Sláinte

Breathnaítear sa rannán seo ar shaincheisteanna na homafóibe agus an idirdhealaithe agus daoine ag teacht ar sheirbhísí sláinte, maidir le haitheantas do pháirtithe aon-inscne mar 'neasghaol', sláinte daoine LADT, agus an t-aithisiú a ghabhann le stádas VEID agus le fir aeracha agus dhéghnéasacha.

**An homafóibe agus idirdhealú agus daoine ag teacht ar sheirbhísí sláinte**

Ina thogra le haghaidh Treorach 'cothrománaí' i gcoinne an idirdhealaithe[235] nótáil an Coimisiún Eorpach, ***'[in] the health-care area, many LGB people fear stigma and prejudice from health-care providers'*** ['i réimse an chúraim sláinte, go mbíonn faitíos ar go leor daoine LAD roimh stiogma agus chlaontacht ó sholáthraithe cúraim sláinte']. I rith na n-agallamh mar chuid den obair allamuigh, thug Eagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT agus Comhlachtaí Náisiúnta Comhionannais samplaí éagsúla chun suntais de chásanna a bhain le hiompar agus idirdhealú homafóibeach. I rith taighde sa réimse, mar shampla, **sa Laitvia**, thagair an eagraíocht neamhrialtasach LADT *Mozaika* d'eachtra inar léirigh dochtúir dearcadh homafóibeach ar othar óg leispiach agus ar a máthair ina dhiaidh sin as iníon leispiach a bheith aici.[236]

Tugtar le fios le staidéir **sa Ríocht Aontaithe**, **sa tSlóivéin** agus **sa Phortaingéil** freisin go mbaineann idirdhealú agus homafóibe do dhaoine LADT agus iad ag teacht ar sheirbhísí sláinte. Sa suirbhé is mó den chineál seo **sa Ríocht Aontaithe**[237] a raibh 6,178 bean leispiach agus déghnéasach páirteach ann, bhain homafóibe agus idirdhealú do leathchuid na bhfreagróirí agus iad ag teacht ar chúram sláinte. **Sa tSlóivéin**, taispeánadh le taighde faoin idirdhealú ar bhonn an treoshuímh ghnéasaigh gur tugadh de chomhairle do 7 faoin gcéad de na daoine LAD sa suirbhé dul faoi chóireáil síceolaíochta mar gheall ar a homaighnéasacht agus bhain idirdhealú do 7.6 faoin gcéad d'fhreagróirí i seirbhísí cúraim sláinte.[238] Ardaítear an tsaincheist ó thaobh na heitreanormatachta i measc oibrithe liachta le taighde **sa Phortaingéil**. Mar shamplaí, áirítear gínéiceolaithe ag bheith ag déanamh talamh slán de go follasach go bhfuil othair i gcaidrimh heitrighnéasacha, agus fir aeracha a bheith á gcomhcheangal le VEID/SEIF go huathoibríoch.[239] I suirbhé náisiúnta, ar 350 freagróir, mhothaigh 13.3 faoin gcéad go ndearna oibrithe gairmiúla

[235] *Proposal for a Council Directive on implementing the principle of equal treatment between persons irrespective of religion or belief, disability, age or sexual orientation* [Togra le haghaidh Treorach ón gComhairle maidir prionsabal na córa comhionainne idir daoine a chur chun feidhme beag beann ar reiligiún nó ar chreideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar threoshuíomh gnéasach], SEC(2008) 2180, 2.7.2008, lch 18

[236] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh le Mozaika (an Laitvia 12 Márta 2008)

[237] Ruth Hunt agus Dr Julie Fish, *Prescription for Change: Lesbian and Bisexual women's health check 2008* [Oideas le haghaidh Athraithe: Seiceáil Sláinte 2008 maidir le Mná Leispiacha agus Déghnéasacha], *Stonewall Equality* [Comhionannas Stonewall] ar fáil ag http://www.stonewall.org.uk/documents/prescription_for_change_1.pdf (05.02.2009)

[238] T. Greif, N. Velikonja (2001) "Anketa o diskriminaciji na osnovi spolne usmerjenosti", Lesbo 11/12, http://www.ljudmila.org/lesbo/raziskave_porocilo1.htm (Márta 29, 2008)

[239] An Phortaingéil, tuarascáil tíre

Aistriúchán gan fíorú

sláinte idirdhealú ina gcoinne, go díreach nó go hindíreach, ar fhorais a dtreoshuímh ghnéasaigh uair amháin ar a laghad.[240] Thairis sin, breathnaíonn go leor síciteiripeoirí sa Phortaingéil ar an homaighnéasacht mar 'fhadhb'.[241]

**Dea-chleachtas: Oiliúint á cur ar oibrithe gairmiúla sa chúram sláinte san inniúlacht maidir le cúrsaí LADT: Sa tSualainn**, oileann an eagraíocht neamhrialtasach LADT *RFSL* [Cónaidhm na Sualainne um Chearta do Dhaoine Leispiacha, Aeracha Déghnéasacha agus Tras-Inscne] oibrithe gairmiúla sa chúram sláinte san inniúlacht maidir le cúrsaí LADT. I rith na bliana seo caite, ghlac thart faoi 15 ospidéal agus grúpa mac léinn san earnáil chúraim sláinte an rang. I rith 2007, thosaigh *RFSL Stóchólm* agus *RFSL Náisiúnta* ar a bheith ag obair leis na critéir lena gcáileofaí ospidéal mar 'inniúil maidir le cúrsaí LADT' a shainmhíniú.[242]

Seoladh 43 agallamh dhoimhne mar chuid de staidéar arna choimisiúnú ag *An Údarás Comhionannais* **in Éirinn** le freagróirí LAD lenar díríodh ar an treoshuíomh gnéasach a bheith á nochtadh dá ndochtúir ginearálta.[243] I dtromlach na gcásanna (26 as 33), sa chás gur chuir agallaithe dochtúirí ar an eolas faoina bhféiniúlacht mar dhuine LAD, thuairiscigh siad go raibh a ndochtúirí ginearálta ar a suaimhneas agus iad á bhfreagairt, agus gur athdhearbhaíodh idir ghlacacht agus rúndacht, gur soláthraíodh faisnéis ábhartha, agus gur athdhearbhaíodh nár breathnaíodh ar an homaighnéasacht mar rud galarach. Nótáil na daoine sin, a thuairiscigh go bhfuair siad freagairtí diúltacha óna ndochtúirí ginearálta, comharthaí míchompoird, amhail easpa amhairc sa tsúil, an chuid eile den choinne á bhrostú, easpa cairdiúlachta, srl. Leagtar béim leis an staidéar ar an tábhacht a bhaineann le timpeallacht tacúil agus le rúndacht idir an dochtúir ginearálta agus an t-othar LAD a dhaingniú.

Aistriúchán gan fíorú

[240] T.L. Monteiro, V. Policarpo, F.V. da Silva (2006) Inquérito Nacional sobre Experiências da Homossexualidade em an Phortaingéil (Relatório de Pesquisa/2006), Lisboa, Centro de Investigação

[241] G. Moita (2001) Discursos sobre a homossexualidade no contexto clínico: a homossexualidade de dois lados do espelho, Tese de Doutoramento em Ciências Biomédicas, Universidade do Porto

[242] An tSualainn, tuarascáil tíre

[243] M. Gibbons, M. Manandhar, C. Gleeson agus J. Mullan (2008) *Recognising LGB Sexual Identities in Health Services* [Féiniúlachtaí Gnéasacha LAD á nAithint i Seirbhísí Sláinte]. Baile Átha Cliath: an tÚdarás Comhionannais agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, lch. 46

**Sa tSualainn,** rinne bean leispiach gearán faoi chiapadh ó dhochtúir ag aonad cúraim síciatraigh in ospidéal as comparáidí a dhéanamh, de réir mar a líomhnaíodh, idir a treoshuíomh homaighnéasach, agus péidifilia agus daoine a dhéanann gníomhartha gnéasacha le hainmhithe, rud a d'fhág í den tuairim gur mheas sé gur neamhord meabhrach a bhí ina treoshuíomh gnéasach. Léirigh údaráis chúraim sláinte a n-aiféala ó chroí faoin eachtra agus mhaígh nach raibh sé ina chomhartha go raibh fadhb chórasach sna seirbhísí sláinte.[244]

I rith taighde mar chuid den obair allamuigh, luann Eagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT sa **Rómáin** agus san **Ungáir**, i measc tíortha eile, go dtéann neamhnochtadh na féiniúlachta mar dhuine LADT i bhfeidhm ar a mhéad agus gur féidir fairsinge an idirdhealaithe ar fhorais an treoshuímh ghnéasaigh a bhrath: *'People do not trust health personnel and do not tell their doctor that they are gay; they are even afraid that the doctor will find out,'* ['Ní bhíonn muinín ag daoine as pearsanra sláinte agus ní insíonn siad dá ndochtúir go bhfuil siad aerach; bíonn faitíos orthu go bhfaighidh an dochtúir amach fiú,'][245] agus nótáil freagróir san Ungáir: *'People don't say they are LGBT, so that's why very few problems are known'.'* ['Ní deir daoine gur LADT iad, agus is é sin an fáth go bhfuil fíorbheagán eolais ann faoi fhadbhanna.'][246]

Aistriúchán gan fíorú

Dearbhaítear an drogall a bhíonn ar dhaoine LADT a dtreoshuíomh gnéasach a nochtadh le torthaí suirbhéanna i roinnt Ballstát. I suirbhé[247] **i Málta** mhaígh 32.5 faoin gcéad d'fhreagróirí gur cheil siad a dtreoshuíomh gnéasach agus iad ag teacht ar sheirbhísí cúraim sláinte. **Sa Ghearmáin**, léiríodh le staidéir[248] go gcoinníonn daoine LADT a bhféiniúlacht inscne faoi cheilt agus iad i dteagmháil le hinstitiúidí sláinte mar gheall ar fhaitíos roimh an idirdhealú. I suirbhé **sa tSlóvaic**,[249] dúirt 50 faoin gcéad d'fhreagróirí go gcoinníonn siad a dtreoshuíomh gnéasach faoi cheilt ar oibrithe liachta i gcónaí agus ní nochtann ach 22 faoin gcéad é ach ar uairibh, feiniméan ann féin a bhféadfadh rioscaí sláinte teacht dá thoradh.

### Easpa aitheantais do pháirtithe aon-inscne san earnáil sláinte

Rud eile a thugtar chun suntais mar fhadhb sna tuarascálacha tíre **don Bhulgáir**, **don Ungáir**, **don Iodáil** agus **don Eastóin** ná deacrachtaí le bheith ag teacht ar fhaisnéis ar shláinte pháirtí toisc go ndiúltaítear stádas mar

---

[244] Cinneadh 20 Nollaig 2006, sainchomhad uimh. 399-2006 www.homo.se (22.08.2008)
[245] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh le *ACCEPT* [GLAC] (an Rómáin 7 Aibreán 2008)
[246] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh le Háttér (an Ungáir 17 Aibreán 2008)
[247] Málta, tuarascáil tíre
[248] G. Dennert (2004) Die gesundheitliche Situation lesbischer Frauen in Deutschland: Ergebnisse einer Befragung [Tráchtas], Nürnberg: Med. Diss. FAU Erlangen-Nürnberg
[249] Poblacht na Slóvaice, tuarascáil tíre

‘neasghaol’. Faightear áfach go ndiúltaítear stádas mar neasghaol i mBallstáit ina n-aithnítear páirtíochtaí aon-inscne freisin, faoi mar a léirítear sa sliocht thíos.

'*My partner had an accident in Wales and the staff wouldn't recognise me as next of kin until we made a fuss. My partner was not physically touched by the female nurses during her six days stay. She had to wash herself or wait till the male nurse came on*'.[250] [‘Bhí timpiste ag mo pháirtí sa Bhreatain Bheag agus ní aithneodh an fhoireann mise mar an neasghaol go dtí go ndearna muid raic faoi. Níor leag na banaltraí oiread agus méar ar mo pháirtí i rith na sé lá a bhí sí ann. Bhí uirthi í féin a ní nó fanacht go dtí go dtiocfadh seal oibre an altra fir.’] (Bean, 59, RA)

I rith cruinnithe allamuigh sa réimse, thug ionadaithe na heagraíochta neamhrialtasaí LADT *SEKÜ* **san Eastóin** sampla amháin chun suntais faoi lánúin leispiach nár tugadh cead do pháirtí na máithreach a bheith i láthair agus leanbh á thabhairt ar an saol.[251] Ar an gcaoi chéanna, tugann ionadaithe na nEagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT *Arcigay* agus *Arcilesbica* **san Iodáil** diúltú an stádais mar ‘neasghaol’ chun suntais freisin, rud a fhágann go mbraitheann an chóir a thugtar d’othair LADT agus dá bpáirtithe ar dhearcaí ball foirne aonair.[252]

I gcodarsnacht leis sin, nochtadh eispéiris níos dearfaí leis an gcúram sláinte ag daoine LAD in agallaimh le hionadaithe *LBL* [An Eagraíocht Náisiúnta do Dhaoine Aeracha agus Leispiacha] **sa Danmhairg** agus le *CIGALE* **i Lucsamburg**.[253] Dúirt a n-ionadaithe nár chosúil go raibh aon fhadhbanna móra ann maidir le cuairt a bheith á tabhairt ar pháirtithe in aonaid dianchúraim, in ospidéil nó maidir le bheith i láthair agus leanbh á thabhairt ar an saol ag páirtí. Nótáil an dá eagraíocht neamhrialtasacha, áfach, go bhféadfadh fadhbanna a bheith i gceist do dhaoine LADT leis na focail a úsáidtear i bhfoirmeacha riaracháin ospidéil, faoi mar taispeánadh le dhá staidéar sa Ghearmáin.[254]

Aistriúchán gan fíorú

[250] Stonewall (2008) *Prescription for Change: Lesbian and Bisexual women's health check 2008* [Oideas le haghaidh Athraithe: Seiceáil Sláinte 2008 maidir le Mná Leispiacha agus Déghnéasacha], 2008 lch. 14

[251] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh le *Diversity* [Éagsúlacht] agus SEKÜ (an Eastóin 10 Márta 2008)

[252] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh le ARCIGAY and ARCILESBICA (AL) (an Iodáil 5 Márta 2008)

[253] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh le Cigale (Lucsamburg 7 Aibreán 2008) agus LBL (an Danmhairg 26 Aibreán 2008)

[254] Féach mar shampla: H. Seyler (2004) Lesben, die unsichtbaren Patientinnen. Düsseldorf: Láithriú Páipéir don Choimisiún maidir le “Frauengerechte Gesundheitsversorgung in NRW.” [10 February 2004]. Agus G. Wolf (2006) "Diskriminierung und Gewalt gegen Lesben, Schwule und Bisexuelle im medizinischen und psychotherapeutischen Setting", in Verhaltenstherapie und psychosoziale Praxis, 38 (3)

'*I was an out patient at hospital and they did not have a section to record that I was in a civil partnership on their computer system. I was told that it went on the computer as single'*.[255] [' Bhí mé i m'othar seachtrach ag ospidéal agus ní raibh rannán ar a gcóras ríomhaire go dtaifeadófaí go raibh mé i bpáirtíocht shibhialta. Dúradh liom gurb éard a iontráladh sa ríomhaire ná singil.'] (Bean, 34, RA)

Sa tuarascáil ó Éirinn, a luadh níos luaithe, meastar gurb údar imní tromchúiseach an easpa aitheantais do stádas mar 'neasghaol' freisin, go háirithe má chuirtear páirtí in ospidéal, toisc gur féidir leis dul i bhfeidhm ar an teacht a bheidh ag páirtí ar fhaisnéis, ar chuairteanna agus ar a rannpháirtíocht i gcinnteoireacht.

Aithisiú na bhfear aerach agus déghnéasach a bhfuil VEID orthu

Saincheist eile atá ina húdar imní agus a d'ardaigh Eagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT **sa Bheilg**,[256] **san Ostair**,[257] **sa Phortaingéil**[258] agus **sa tSlóivéin** ná stádas VEID, fuildeonadh agus claontacht a bhí nasctha le steiréitíopaí faoi fhir aeracha agus dhéghnéasacha,[259] rud a théann i bhfeidhm ar an bhfuildeonadh ach go háirithe. Faoi mar a fuarthas amach le staidéar **sa Pholainn**, ní chuireann roinnt ionad fuildeonta ceisteanna ach faoi threoshuíomh gnéasach deontóirí seachas faoina gcleachtais ghnéasacha iarbhír nó faoi iompair ar rioscaí iad.[260]

Mheas 29 faoin gcéad de na freagróirí don suirbhé leictreonach ar pháirtithe leasmhara go bhfuil dearcadh "*somewhat negative*" ["measartha diúltach"] nó "*negative*" ["diúltach] ag pearsanra sláinte ar fhir aeracha a bhfuil VEID/SEIF orthu.

Tá leideanna den sórt céanna i staidéir eile. **Sa tSlóivéin** bhí tuairisc i staidéar faoi chás a bhain le fear aerach 24 bliana d'aois a briseadh as a phost mar gheall ar a stádas VEID agus cás eile a bhain le fear ar coisceadh air dul isteach ina árasán nuair a fuair a chomharsana amach go raibh sé VEID-dearfach.[261]

Aistriúchán gan fíorú

[255] Stonewall (2008). *Prescription for Change: Lesbian and Bisexual women's health check 2008* [Oideas le haghaidh Athraithe: Seiceáil Sláinte 2008 maidir le Mná Leispiacha agus Déghnéasacha], 20008 lch. 16

[256] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh le Holebifederatie agus Arc-en-ciel (an Bheilg 3 Aibreán 2008)

[257] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh le HOSI-WIEN (an Ostair 1 Bealtaine 2008)

[258] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh le ILGA-an Phortaingéil (17 Márta 2008)

[259] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh le Legebitra (28 Aibreán 2008)

[260] R. Biedron (2007) Tuarascáil Seirbhísí Sláinte 2005 agus 2006. *Can homosexual persons become blood donors*? [An féidir le daoine homaighnéasacha a bheith ina ndeontóirí fola?] in: *Situation of bisexual and homosexual persons in Poland* [Cás daoine déghnéasacha agus homaighnéasacha sa Pholainn]. M. Abramowicz (eag.); *Campaign Against Homophobia* [Feachtas i gCoinne na Homafóibe] *Lambda Warsaw Association* [Cumann Lambda Vársá]

[261] An tSlóivéin, tuarascáil tíre

**I Málta**, nochtadh in agallaimh le hionadaithe ó *Malta Gay Rights Movement* [Gluaiseacht Chearta Aeracha Mhálta] go raibh fadhbanna le cúrsaí rúndachta sa chóras sláinte, go háirithe maidir le daoine a raibh VEID/SEIF orthu, rud a d'fhág gur lorg roinnt díobh cóireáil i dtír eile.[262]

Sláinte daoine LADT

Is fíorbheag sonraí atá ar fáil maidir le sláinte daoine LADT. Taispeánadh le hagallaimh le hEagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT nach bhfuil dóthain taighde déanta go háirithe maidir le riachtanais sláinte na leispiach agus na mban déghnéasach.[263] In agallamh, thug *Stonewall*, **sa Ríocht Aontaithe**, le fios go mbíonn drogall ar leispiaigh freagairt do theachtaireachtaí faoin gcúram sláinte maidir le bealaí le fadhbanna sláinte a chosc nó maidir le tacaíocht liachta a lorg.[264]

Tá roinnt fianaise ann lena dtugtar le fios gur féidir le heipéiris na homafóibe, an idirdhealaithe, an chiaptha agus an imeallaithe, go háirithe san oideachas agus sa mhargadh saothair, tionchar diúltach a imirt ar shláinte daoine LADT.[265]

'*Things weren't going right and I felt wasted and I felt that I should pull the plug, if I could. That was really the main big issue - me being gay and family not accepting it. And I just felt that, well, if I was out of their way they would never have to worry about me*.' ['Ní raibh ag éirí go maith le rudaí agus mhothaigh mé gur saol amú gan mhaith a bhí agam agus gur chóir dom deireadh a chur leis, dá bhféadfainn. B'shin an príomhrud mór domsa le fírinne – go raibh mé aerach agus nár ghlac mo theaghlach leis. Agus is éard a mhothaigh mé, go díreach, bhuel, dá mbeinn as a mbealach ní bheadh orthu imní a dhéanamh fúm riamh.'] (Fear, **Ríocht Aontaithe**)[266]

San **Iodáil**, chuir dalta 16 bliana dhéag d'aois lámh ina bhás féin ar scoil teicniúil i dTurin. D'fhulaing an t-íospartach céasadh óna chompánaigh scoile ar feadh roinnt bliana as a bheith "ró-chosúil le cailín".'[267]

Aistriúchán gan fíorú

---

[262] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh le *Malta Gay Rights Movement* [Gluaiseacht Chearta Aeracha Mhálta] (Málta 3 Márta 2008)

[263] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh le ARCHIGAY (AG) agus ARCHILESBICA (AL) (an Iodáil 5 Márta 2008)

[264] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh le Stonewall (RA 31 Márta 2008) RA

[265] Mar shampla: *National Institute for Working Life* [Institiúid Náisiúnta don Saol Oibre]. Arbetsvillkor och utsatthet, Arbetslivsinstitutet 2003. An tSualainn; M. Jenett (2004) *Stand up for us: Challenging homophobia in schools* [Seas an fód ar ár son: Ag cur dúshláin faoin homafóibe i scoileanna], Yorkshire: *Crown Copyright* [Cóipcheart na Corónach]

[266] An tÚdarás Comhionannais agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (2007) *Recognising LGB Sexual Identities in Health Services* [Féiniúlachtaí Gnéasacha LAD á nAithint i Seirbhísí Sláinte, *The Experiences of Lesbian, Gay and Bisexual People with Health Services in North West Ireland* [Eispéiris Daoine Leispiacha, Aeracha agus Déghnéasacha le Seirbhísí Sláinte in Iarthuaisceart Éireann], lch. 66

[267] Eagraíocht um Shlándáil agus Chomhoibriú san Eoraip/Oifig um Institúidí Daonlathacha agus um Chearta Daoine (2008) *Hate Crimes in the OSCE Region - Incidents and Responses. Annual Report for 2007* [Fuathchoireanna i Réigiún na hEagraíochta um Shlándáil agus

I gcoitinne, tugtar le fios in agallaimh le hEagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT gur mó an baol go mbeidh daoine LADT i ndrochshláinte ná a bpiaraí heitrighnéasacha. Rud ar leag an eagraíocht neamhrialtasach LADT *Holebifederatie* **sa Bheilg** béim air ná go mbíonn sláinte mheabhrach daoine LADT ina húdar imní go seasta agus go mbíonn dúlagar ar chion ard de dhaoine LDHT.[268] Coimisiúnófar staidéar eile chun saincheisteanna maidir le sláinte agus leis an bhféinmharú i measc na mban leispiach óg a scrúdú.[269] Dearbhaítear measúnacht *Holebifederatie* le cuid mhaith tuarascálacha ina dtagraítear do dhaoine LADT mar ghrúpa leochaileach ó thaobh roinnt táscairí sláinte. Mar shampla, de réir staidéar **sa Bheilg**, tá sé dhá oiread níos dóichí go mbeidh daoine LAD thíos le galar ainsealach.[270]

Taispeánadh le taighde sa **Ríocht Aontaithe** go ndearna 20 faoin gcéad de na mná leispiacha agus déghnéasacha sa suirbhé díobháil dóibh féin d'aon turas i gcomparáid le 0.4 faoin gcéad den daonra ginearálta, agus go ndearna 16 faoin gcéad d'fhreagróirí faoi bhun aois 20 iarracht lámh a chur ina mbás féin, i gcomparáid le 0.12 faoin gcéad den daonra iomlán faoi bhun 18 (de réir meastacháin ó *ChildLine*); maidir le scagadh ailse, ní bhfuair 15 faoin gcéad de mhná leispiacha agus déghnéasacha os cionn aois 25 tástáil riamh lenar tógadh smearadh as an gceirbheacs, i gcomparáid le 7 faoin gcéad de mhná i gcoitinne; ba lú ná 50 faoin gcéad líon na mban leispiach agus déghnéasach sa suirbhé a scagadh le haghaidh ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha.[271]

**Dea-chleachtas:** Nochtadh le hagallaimh gur fhág an méadú ar líon na leispiach a bhí ag teacht chuig ionad LADT-*IDF* Pháras **sa Fhrainc** ag iarraidh go seolfaí iad ar aghaidh chuig ginéiceolaithe neamhchlaonta gur chruthaigh an t-ionad **Treoirleabhar Sláinte do Leispiaigh** ina raibh seoltaí de ghínéiceolaithe 'cairdiúla'. Tugtar aghaidh sa treoirleabhar ar shaincheisteanna ginearálta sláinte, go háirithe rioscaí na hailse brollaigh agus broinne.[272]

Aistriúchán gan fíorú

Chomhoibriú san Eoraip – Eachtraí agus Freagairtí. Tuarascáil Bhliantúil i gcomhair 2007], lch. 110. Arna lua i rún Pharlaimint na hEorpa an 26 Aibreán 2007 maidir leis an homafóibe, ar fáil ag http://www.europarl.europa.eu/sides/getDoc.do?pubRef=-//EP//TEXT+TA+P6-TA-2007-0167+0+DOC+XML+V0//EN&language=EN (06.10.2008)

[268] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh le Holebifederatie agus Arc-en-ciel (an Bheilg 3 Aibreán 2008)

[269] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh leis an Aireacht Oideachais (an Bheilg 4 Aibreán 2008)

[270] K. Heeringen agus J. Vincke, '*Suicidal acts and ideation in homosexual and bisexual young people: a study of prevalence and risk factors', Social Psychiatry and Psychiatric Epidemiology* ['Gníomhartha féinmharaithe agus idéú faoi i ndaoine homaighnéasacha agus déghnéasacha óga: staidéar ar leitheadúlacht agus ar fhachtóirí rioscaí', Síciatracht Sóisialta agus Eipidéimeolaíocht Síciatrach ] 35(11): 494-499

[271] R. Hunt agus J. Fish (2008) *Prescription for Change: Lesbian and Bisexual women's health check* [Oideas le haghaidh Athraithe: Seiceáil Sláinte 2008 maidir le Mná Leispiacha agus Déghnéasacha], Stonewall

[272] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh le Inter-LGBT agus L'Autre Cercle, (an Fhrainc, 10 Márta 2008)

**Suirbhé ar Shláinte Mheabhrach Daoine LADT:** Choimisiúnaigh an eagraíocht neamhrialtasach LADT Éireannach, *GLEN*, agus iad ag comhoibriú leis an Tionscadal Óige *BeLonG To*, taighdeoirí ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus ó Choláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath leis an gcéad mhórstaidéar ar shláinte mheabhrach agus ar fholláine daoine LADT in **Éirinn** a sheoladh arna mhaoiniú ag an *An Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc*. Is é aidhm an staidéir ná fachtóirí rioscaí agus athléimneachta ó thaobh na sláinte mheabhrach agus maidir le féinmharú daoine LADT a aithint agus eiseamláir den chleachtas is fearr a fhorbairt chun sláinte mheabhrach a chur chun cinn do dhaoine LADT agus an féinmharú ina measc a chosc.[273]

Taispeántar le torthaí ó shuirbhé *The **Swedish** National Institute for Public Health* [Institiúid Náisiúnta Sláinte Phoiblí na Sualainne][274] go bhfuil bail mhaith ar shláinte fhormhór mór na ndaoine LADT (daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha agus tras-inscne). Bhí sláinte níos measa ag cion níos mó de dhaoine LADT ná mar a bhí amhlaidh i gcás na coda eile den daonra. Bhí an tsláinte mheabhrach cuid mhaith níos measa acu ach go háirithe. Bhí difríochtaí nach beag ann freisin ó thaobh na sláinte i measc daoine LADT. Beagnach gan eisceacht, is ag daoine trasghnéasacha a bhí an tsláinte ba mheasa, agus daoine déghnéasacha agus leispiacha/aeracha ina ndiaidh. Thairis sin, taispeánadh leis an suirbhé go bhfuil sé i bhfad níos coitianta i measc daoine LADT go gcuimneoidís ar an bhféinmharú. Taispeánadh torthaí cosúil leo siúd i *GLEN Mental Health Report* [Tuarascáil *GLEN* faoin tSláinte Mheabhrach] **in Éirinn**.[275]

Conclúidí

Is ann don idirdhealú agus don homafóibe/trasfóibe i gcórais chúraim sláinte. Is deacair a leitheadúlaí is atá siad a dhéanamh amach, áfach, toisc gur minic a bhíonn an fhadhb dofheicthe mar gheall ar an easpa infheictheachta maidir le treoshuíomh gnéasach daoine LADT. Le staidéir agus le hagallaimh le Eagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT agus Comhlachtaí Náisiúnta Comhionannais, taispeántar meascán d'fhreagairtí dearfacha agus diúltacha ó phearsanra sláinte nuair a nochtar an treoshuíomh gnéasach. Tá comhairle go lorgódh othair LAD cúnamh síciatrach i measc na bhfreagairtí diúltacha. I measc na bhfreagairtí ba dhearfaí, soláthraíodh faisnéis ábhartha do dhaoine LAD, athdhearbhaíodh an rúndacht agus glacacht le stádas LAD an othair.

Mar gheall ar fhaitíos roimh an idirdhealú, i measc fachtóirí eile, d'fhéadfadh othair LADT seachaint cúram a lorg, iompar a bhféadfadh rioscaí sláinte teacht dá bharr. I dtaighde atá ann cheana féin, comhghaolaítear taithí ar an homafóibe, ar an trasfóibe, ar chiapadh nó ar imeallú le sláinte mheabhrach agus fhisiciúil níos measa a bheith ag daoine LADT i gcoitinne. Tuairiscíonn

Aistriúchán gan fíorú

[273] Éire, tuarascáil tíre

[274] *Swedish National Institute for Public Health* [Institiúid Náisiúnta Sláinte Phoiblí na Sualainne] (2006) *Health on Equal Terms* [Sláinte ar Théarmaí Comhionanna], ar fáil ag http://www.fhi.se/upload/ar2006/Rapporter/r200608_HBT_web.pdf (12.01.2009)

[275] *2003 GLEN Mental Health Report* [Tuarascáil GLEN 2003 faoin tSláinte Mheabhrach] (arna foilsiú i gcomhar le hiar-Bhord Slainte an Limistéir Thuaidh)

na hEagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT agus údaráis phoiblí a cuireadh faoi agallamh go bhfuil rátaí níos airde den drochshláinte mheabhrach, d'fhéinmharú agus den mhí-úsáid substaintí i measc daoine LADT. Tá gá le tuilleadh taighde ar shláinte daoine LADT.

Aistriúchán gan fíorú

# Institiúidí Reiligiúnacha

Tuairiscíodh in agallaimh le hEagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT go dtéann ionadaithe eaglaise i gcuid mhaith Ballstát, lena n-áirítear **an Chipir**,[276] **an Ghréig**,[277] **an Laitvia**,[278] **an Liotuáin**,[279] **an Iodáil**,[280] **an Pholainn**[281] agus **an Rómáin**,[282] go háirithe ó na sainchreidrimh Cheartchreidmheacha agus Chaitliceacha, i mbun díospóireachta poiblí maidir le cearta daoine LADT, agus agus is minic a bhíonn siad i mbun gníomhaíochta agus stocaireachta le daoine a spreagadh le cur i gcoinne cearta den sórt sin a bheith á nglacadh. Ar an láimh eile, ní bhfuarthas go n-imríonn daoine mór le rá agus institiúidí Giúdacha agus Moslamacha ról suntasach le daoine a thabhairt le chéile le gníomhú i gcoinne daoine LADT nó i ndíospóireachtaí polaitíochta maidir le cearta LADT in aon cheann de na Ballstáit.

Mar shampla, sa **Liotuáin**, tá seasamh i gcoinne cearta LADT glactha ag an eaglais. Tá sé ráite ag an Aire Gnóthaí Sóisialta agus Saothair[283] sa Pharlaimint gur phléigh agus gur cheadaigh Comhdháil Easpag na Liotuáine leasuithe a chur leis an Dlí um Chóir Chomhionann (lena gcuirfí an Chreat-Treoir Fostaíochta 2000/78/CE chun feidhme) agus go raibh Feisirí Parlaiminte ag argóint i gcoinne reachtaíochta i gcoinne an idirdhealaithe trí thagairt a dhéanamh 'do thraidisiúin Chríostaí na Liotuáine'. Rinne an Eaglais Cheartchreidmheach sa **Rómáin** stocaireacht ar son athraithe sa Bhunreacht ionas go ndiúltófaí don fhéidearthacht go bpósfaí lánúineacha aon-inscne.[284] Dúirt Eagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT **san Iodáil**[285] agus **sa Pholainn**[286] i rith agallaimh go measann siad go bhfuil an Eaglais Chaitliceach ar cheann de na príomhghníomhaithe polaitíochta i gcoinne reachtaíochta nua maidir le cearta daoine LADT.

**An éagsúlacht agus an t-idirdhealú in eagraíochtaí reiligiúnacha**

Aistriúchán gan fíorú

---

[276] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh leis an *Cypress Gay Liberation Movement* [Gluaiseacht na Cipire um Shaoradh Daoine Aeracha] (10 Aibreán 2008)
[277] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh leis an Eagraíocht Neamhrialtasach LADT OLKE, (14 Aibreán 2008)
[278] Cruinnithe mar chuid den obair allamuigh leis an Eagraíocht Neamhrialtasach LADT Mozaika agus *Tiesībsarga birojs* [Oifig an Ombudsman] (an Laitvia, 12 Márta 2008)
[279] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh leis an *Lithuanian Gay League* [Conradh Aerach na Liotuáine] (13 Aibreán 2008)
[280] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh le Acrigay/Arcilesbica (an Iodáil, 5 Márta 2008)
[281] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh leis an *Campaign Against Homophobia* [Feachtas i gCoinne na Homafóibe] (an Pholainn, 17 Márta 2008)
[282] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh leis an Eagraíocht Neamhrialtasach LADT *ACCEPT* [GLAC] (an Rómáin, 7 Aibreán 2008)
[283] Suí na Parlaiminte Meán Fómhair 18, 2007, luathscríbhinn ar fáil ag http://www3.lrs.lt/pls/inter3/dokpaieska.showdoc_l?p_id=304466 (14.02.2008)
[284] An Rómáin, tuarascáil tíre
[285] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh le Arcilesbica agus Arcigay (an Iodáil, 5 Márta 2008)
[286] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh le *Campaign Against Homophobia* [Feachtas i gCoinne na Homafóibe] (an Pholainn, 17 Márta 2008)

**San Fhionlainn**, fuarthas amach le staidéar[287] a bhí bunaithe ar agallaimh le deichniúr fostaí den Eaglais Liútarach Soiscéalach a d'aithin iad féin mar dhaoine aeracha, leispiacha nó déghnéasacha, cé go raibh fostaithe eaglaise ag cuimhneamh ar an bhféidearthacht go mairfidís go hoscailte de bharr na gluaiseachta ginearálta i dtreo timpeallachta sóisialta níos oscailte agus na díospóireachta leanúnaí maidir le stádas mionlach gnéasach laistigh den Eaglais, ag an am céanna, cruthaíodh brú de bharr na díospóireachta poiblí agus bhí faitíos ar dhaoine an fód a sheasamh dá bharr: "*The risk of being stigmatised or discriminated against is present in many of the daily situations involving discussion about the status of lesbian, gay and bisexual people within the Church*."["Tá an riosca go ndéanfar aithisiú nó idirdhealú i gcoinne duine le fáil i gcuid mhaith de na cásanna laethúla a bhíonn i gceist leis an bplé faoi stádas daoine leispiacha, aeracha agus déghnéasacha laistigh den Eaglais."][288] Ar an láimh eile, dar le hagallaithe, réitigh diminsean an ghlao leis an obair go huile is go hiomlán.

**Sa tSualainn**, ghlac Cumann Pharóistí agus *Pastorates* Eaglais na Sualainne páirt in éineacht le EKHO (Cumann Éacúiméineach Dhaoine Leispiacha, Aeracha, Déghnéasacha agus Tras-inscne Críostaí na Sualainne) sa tionscadal EQUAL "*Normgiving Diversity*" [Éagsúlacht a thugann Noirm] lenar díríodh ar thrí ghairm a raibh feidhm acu ó thaobh caighdeáin na normatachta a leagan síos sa tsochaí: na póilíní, an eaglais agus an t-arm, mar iarracht le feasacht ar éagsúlacht ghnéasach agus ar stádas na bhfostaithe a chur chun cinn go fadtéarmach.[289]

I roinnt Ballstát, léirmhíníonn roinnt eagraíochtaí reiligiúnacha an díolúine d'fhostóirí le hidirdhealú a dhéanamh i gcoinne fostaithe 'nach ngníomhaíonn le dea-rún agus le dílseacht d'éiteas na heagraíochta' ar bhealaí lena gcuimsítear an treoshuíomh gnéasach. Faoi mar atá nótáilte ag an gCoimisiún, '[*m*]*any of the difficulties encountered in implementing the sexual orientation provisions of the Employment Equality Directive relate to the breadth of any*

---

[287] K. Valve (2004) '*Vocation and the Everyday - Lesbian, Gay and Bisexual Employees' Experiences in Different Work Communities Within the Church* [An Glao agus an Saol Laethúil – Eispéiris Fhostaithe Leispiacha, Aeracha agus Déghnéasacha i bPobail Oibre Difriúla Laistigh den Eaglais], in J. Lehtonen, K. Mustola (eag.) '*Straight people don't tell, do they ...? Negotiating the boundaries of sexuality and gender at work*' ['Ní insíonn daoine díreacha, an insíonn …?: Idirbheartaíocht faoi theorainneacha na gnéasachta agus na hinscne ag an obair], Heilsincí. Aireacht Saothair ar fáil ag http://www.esr.fi/esr/fi/_yleiset/researchreport2b04.pdf (04.02.2009)

[288] K. Valve (2004) '*Vocation and the Everyday - Lesbian, Gay and Bisexual Employees' Experiences in Different Work Communities Within the Church* [An Glao agus an Saol Laethúil – Eispéiris Fhostaithe Leispiacha, Aeracha agus Déghnéa'sacha i bPobail Oibre Difriúla Laistigh den Eaglais], in J. Lehtonen, K. Mustola (eag.) '*Straight people don't tell, do they ...? Negotiating the boundaries of sexuality and gender at work*' ['Ní insíonn daoine díreacha, an insíonn …?": Idirbheartaíocht faoi theorainneacha na gnéasachta agus na hinscne ag an obair'], Heilsincí. Aireacht Saothair ar fáil ag http://www.esr.fi/esr/fi/_yleiset/researchreport2b04.pdf (04.02.2009)

[289] Féach http://ec.europa.eu/employment_social/equal/news/20051026-sweden_en.cfm (6.02.2009). In 2005, cumaisceadh an tionscadal seo le níos mó eagraíochtaí gur cruthaíodh comhoibriú nua dar teideal *All Clear* [Gach Rud Soiléir] arna mhaoiniú ag EQUAL agus a bhfuil sé d'aidhm aige timpeallacht oibre a chruthú ina mbíonn meas ar chách, gan aird ar a dtreoshuíomh gnéasach.

Aistriúchán gan fíorú

*exceptions applying to employers with a religious ethos… These exceptions are sensitive because some employers may be hostile to homosexuality because of religious beliefs*.'[baineann go leor de na deacrachtaí a bhíonn ann, ó thaobh forálacha na Treorach um Chomhionannas Fostaíochta a chur chun feidhme, le fairsinge aon eisceachtaí a bhaineann d'fhostóirí a bhfuil éiteas reiligiúnach acu… Bíonn na heisceachtaí seo íogair toisc go bhféadfadh roinnt fostóirí a bheith naimhdeach don homaighnéasacht mar gheall ar chreidimh.'] [290]

**Sa Ghearmáin**, bhris *Kolpingwerk*, eagraíocht sóisialta Chaitliceach a bhfuil fócas ar an oideachas aige (i dtithe leanaí agus in ionaid óige, i measc áiteanna eile), agus atá díolmhaithe ón dlí i gcoinne an idirdhealaithe mar eagraíocht shainchreidimh, fostaí aerach 53 bliain d'aois as a phost tar éis go bhfuarthas amach faoin threoshuíomh gnéasach.[291] **San Ísiltír,** tá díolúiní cosúil leo siúd i nDlí na hÍsiltíre um Chóir Chomhionann maidir le fostaíocht do chumainn atá bunaithe ar reiligiún nó ar chreideamh. Is féidir leis na cumainn seo ceanglais a fhorchur maidir le sealbhú poist a mheastar, i bhfianaise chuspóir na heagraíochta, a bheith riachtanach ionas go bhfíorófar a phrionsabail bhunaidh. Déantar de choinníoll sa Dlí um Chóir Chomhionann nach bhféadfar idirdhealú a dhéanamh de bharr ceanglas den sórt sin ar fhorais aifinideachta polaitíochta, chine, ghnéis, náisiúntachta, treoshuímh heitrighnéasaigh nó homaighnéasaigh nó stádais sibhialta, agus ar na forais sin amháin, ach go bhféadfaidh na ceanglais a bheith bunaithe ar 'chúinsí breise' nach dtugtar tuilleadh sonraí sonracha ina leith. Tá na forais seo, lena dtugtar údar leis an idirdhealú, cáinte ag an AE, agus mar fhreagairt dó sin, mhol *Commissie Gelijke Behandeling* [an Coimisiún um Chóir Chomhionann] gur chóir na forálacha seo a athshonrú.[292] Nochtadh le hobair allamuigh **sa Laitvia** go bhfuil ministrí coinnealbháite ag an Eaglais Liútarach dhá huair mar gheall ar a ndearcaí easaontacha maidir leis an homaighnéasacht agus cearta LADT. Nocht ministir amháin go raibh sé aerach agus chuir an dearcadh in iúl go poiblí nár pheaca é an homaighnéasacht agus nach raibh sé ag teacht salach ar an gCríostaíocht. Coinnealbhádh é as iompar peacach a chur chun cinn. Coinnealbhádh ministir eile, a bhí ina dhéan ar dhámh diagachta Ollscoil na Laitvia, tar éis dó gníomh na hEaglaise sa chás thuasluaite a cháineadh. Tá sé i mbun seirbhíse mar thréadaí Anglacach anois i bpobal beag Anglacach i Ríga – an t-aon sainchreidreamh reiligiúin bhunaithe sa Laitvia a thacaíonn le cearta LADT.[293] **In Éirinn**, is le comhlachtaí reiligiúnacha formhór mór na mbunscoileanna agus líon suntasach de mheánscoileanna, agus is iad a bhainistíonn na cinn sin freisin. D'fhéadfadh sé seo cur le dofheictheacht na homaighnéasach agus na ndéghnéasach i

Aistriúchán gan fíorú

[290] Coimisiún Eorpach, '*Developing Anti-Discrimination Law in Europe: The 25 EU Member States Compared*' [Dlí i gCoinne an Idirdhealaithe á Fhorbairt san Eoraip: 25 Bhallstát an AE Curtha i gComparáid lena Chéile'] leathanaigh.24, 54, ar fáil ag http://ec.europa.eu/employment_social/fundamental_rights/pdf/legnet/06compan_en.pdf.
[291] Welt Online (2006) Fristlose Kündigung wegen Homosexualität. 24 Samhain 2006. Ar fáil ag: http://www.welt.de/vermischtes/article96880/Fristlose_Kuendigung_wegen_Homosexualitaet.html (28.07.2008)
[292] Tuairim chomhairleach maidir le litir an fhógra foirmiúil don Ísiltír ón gCoimisiún Eorpach i dtaca le hiompar mícheart Threoir 2000/78/CE; CGB Tuairim chomhairleach/2008/02, Márta 2008
[293] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh leis an *Ombudsman's Office* [Oifig an Ombudsman], (12 Márta 2008)

scoileanna. Is le comhlachtaí reiligiúnacha líon suntasach d'ospidéil agus de sheirbhísí sláinte agus is iad a bhainistíonn na cinn sin freisin. In Alt 37 den Acht um Chomhionannas Fostaíochta, díolmhaítear comhlachtaí agus seirbhísí reiligiúnacha i gcásanna ina léirítear go bhfuil an t-idirdhealú riachtanach chun éiteas an chomhlachta reiligiúnaigh a chaomhnú, agus níor tástáladh an díolúine seo sa chúirt riamh. San **Ungáir**, tá beartas ag dámh diagachta Ollscoil Chailvíneach Karoli Gaspar lena gcoisctear oideachas mar thréadaithe nó mar mhúinteoirí reiligiúin ar mhic léinn a leanann 'nós maireachtála homaighnéasaí'. Rialaigh Cúirt Uachtarach na hUngáire i bhfabhar na dáimhe agus chinn go raibh sé ceadmhach leispiaigh agus fir aeracha a eisiamh.[294]

Is minic a bhíonn sé deacair an éagsúlacht maidir leis an treoshuíomh gnéasach a chur chun cinn i dtimpeallachtaí a bhíonn faoi rialú eagraíochtaí reiligiúnacha atá naimhdeach do shaincheisteanna LADT. Mar shampla, **i Málta**, mar a riarann an Eaglais Chaitliceach thart faoin tríú cuid de na scoileanna, de réir an Íoschuraclaim Náisiúnta, 'ní mór do mhúinteoirí comhthéacs luachanna morálta agus reiligiúnacha na ndaltaí agus a dtuismitheoirí a choinneáil i gcuimhne'. Sa chomhthéacs seo, tuairiscíodh gur coisceadh ar an *Maltese Gay Rights Movement* (MGRM) [Gluaiseacht Chearta Aeracha Mhálta], bileoga nó ábhair oideachais, ina gcuirtear saincheisteanna LADT i láthair, a scaipeadh.

Tá samplaí d'institiúidí reiligiúnacha trasna an Aontais Eorpaigh a bhfuil cur chuige difriúil acu áfach i leith daoine agus saincheisteanna LADT. Mar shampla, bhí ráiteas eisithe faoi 1995 cheana féin ag sionad *Netherlands Reformed Church* [Eaglais Leasaithe na hÍsiltíre] **san Ísiltír** á rá go bhfuil cearta comhionanna ag baill den eaglais, gan aird ar a dtreoshuíomh gnéasach ná a nós maireachtála.[295] In 1990 d'iarr sionad Emmen de na *Reformed Churches in the Netherlands* [Eaglaisí Leasaithe san Ísiltír] "ar gach pobal glacadh le baill homaighnéasacha, agus le baill in oifigí freisin". In 1995, chinn sionad Liútarach *Protestant Church in the Netherlands* [na hEaglaise Protastúnaí san Ísiltír] na caidrimh homaighnéasacha seo a bheannú san eaglais chomh maith á rá nach raibh aon argóintí ó thaobh na diagachta 'i gcoinne geallúint bheirt do chairdeas, don chaoindúthracht agus don dílseacht buan, a bheannú'. **San Fhionlainn**, ó 1999 i leith, de réir tuairiscí, ghlac *pobal Kallio* (Kallion seurakunta) i Heilsincí le "muintir an bhogha báistí" le fonn agus reáchtáladh "Aifrinn an Bhogha báistí" i dtaca le himeachtaí Bróid Aeraigh i Vaasa, Helsincí agus Tampere.[296] Tá grúpa éacúiméineach ar a dtugtar *Yhteys* (comhghuaillíocht) ag obair chun dearcaí níos liobrálaí ar mhionlaigh ghnéasacha agus inscne a chur chun cinn laistigh den Eaglais. **Sa tSualainn**, faoi mar a luadh níos luaithe, ghlac an Eaglais páirt in imeacht Bhród 2008.

**Conclúidí**

[294] S. Quinn, E. Paradis (2007) *Going Beyond the Law: promoting equality in employment* [Ag Dul Thar an Dlí: an comhionannas á chur chun cinn san fhostaíocht], an Bhruiséil: ILGA-Eoraip

[295] Féach http://www.protestantchurch.nl/default.asp?inc=info&rIntId=1649 (06.02.2009)

[296] Féach http://kallio.kirkkohelsinki.net/?deptID=2590&searchword=Yhteys (07.02.2009)

Aistriúchán gan fíorú

I roinnt Ballstát, is minic a théann institiúidí agus eagraíochtaí reiligiúnacha i mbun díospóireachtaí polaitíochta maidir le cearta LADT agus i mbun stocaireachta i gcoinne cearta den sórt sin a bheith á nglacadh agus cuireann siad bac mar sin ar reachtaíocht nua sa réimse seo. Tá roinnt grúpaí reiligiúnacha agus daoine mór le rá ón aos reiligiúin i roinnt Ballstát gníomhach freisin le léirsithe a thabhairt le chéile i gcoinne imeachtaí LADT.

I roinnt Ballstát, is leis an eaglais líon suntasach scoileanna, seirbhísí sóisialta agus ionad pobail a úsáidtear le haghaidh díospóireachtaí nó imeachtaí poiblí, agus is í an eaglais a riarann na scoileanna, seirbhísí agus ionaid seo freisin. Diúltaíodh d'Eagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT teacht ar áitreabh den sórt sin agus cuireadh cosc orthu faisnéis a scaipeadh faoi shaincheisteanna LADT nó páirt a ghlacadh i ndíospóireachtaí polaitíochta.

Léirmhínítear díolúiní i reachtaíocht i gcoinne an idirdhealaithe, lena gceadaítear d'fhostóirí idirdhealú a dhéanamh i gcoinne fostaithe 'nach ngníomhaíonn le dea-rún agus le dílseacht d'éiteas na heagraíochta' ar bhealach a fhágann go ndéantar idirdhealú i gcoinne daoine LADT i roinnt Ballstát.

Tá roinnt samplaí dearfacha ann freisin faoi eagraíochtaí reiligiúnacha a bheith ag dul i mbun idirchaidrimh le daoine LADT.

Aistriúchán gan fíorú

# Spóirt

Tugtar aghaidh sa rannán seo ar na deacrachtaí a bhíonn i gceist le bheith i mbun spórt mar dhuine LADT atá oscailte faoi agus ar úsáid an bhéalrá agus na béadchainte homafóibí i suímh ghairmiúla agus neamhghairmiúla spóirt.

**An homafóibe sa saol spóirt**

Nótáiltear i dtromlach na dtuairiscí tíre a laghad taighde cainníochtúla nó cáilíochtúla atá ann faoin homafóibe sa saol spóirt. Tugtar le fios leis an líon teoranta faisnéise atá ar fáil gurb ann don homafóibe i roinnt comhthéacs spóirt agus go bhfuil dúshláin shuntasacha i gceist le bheith i mbun spóirt mar dhuine LADT atá oscailte faoi. Dírítear ar an bpeil ghairmiúil den chuid is mó leis an taighde agus na sonraí atá ann cheana féin.

Bíonn manaí homafóibeacha peile á gcanadh ag an lucht leanúna chun fonóid a dhéanamh faoin réiteoir nó faoin bhfoireann eile in imeachtaí peile uile an lárshrutha nach mór.[297] Sa **Ríocht Aontaithe,** ní neamhthipiciúil an sampla faoin imreoir peile a d'úsáid drochíde homafóibeach ó bhéal i gcoinne an réiteora.[298]

**San Iodáil**, nótáil na hEagraíochtaí Neamhrialtasacha *Arcigay* agus *Arcilesbica* i rith agallamh gur gnách ráitis frith-LADT a bheith i gcultúr lucht leanúna na peile, agus go bhfuil ionadaíocht ag grúpaí nuafhaisisteacha i gcuid mhaith clubanna don lucht leanúna agus i ngrúpaí amhas.[299]

Ní raibh aon fhaisnéis sa tuarascáil tíre don **Ríocht Aontaithe** faoi aon imreoirí gairmiúla peile atá sa Bhreatain faoi láthair agus atá oscailte faoina bhféiniúlacht aerach, ach comhairlíodh d'imreoirí peile aeracha, de réir tuairiscí, íomhá heitrighnéasach a choinneáil ar bun.

> *'I think it would be easier and better accepted to come out as homosexual in the political party I'm active in than in sports. In sports, masculinity is still the ideal. When I played soccer when I was younger, it was important to distinguish yourself from the 'sissies' and the 'fags*'. ['Ceapaim go mbeadh níos éasca agus gur fearr mar a ghlacfaí leis dá dtiocfadh duine amach mar dhuine homaighnéasach sa pháirtí polaitíochta a bhfuilim gníomhach ann seachas i spóirt. I spóirt, is é an fhearúlacht an rud idéalach fós. Nuair a d'imir mise sacar nuair a bhí mé níos óige, bhí sé tábhachtach idirdhealú a dhéanamh idir thú féin agus na 'piteoga' agus mar sin.']

[297] T. Walther (2006). *Kick It Out: Homophobia in Football. European Gay and Lesbian Sport Federation* [Ciceáil Amach É: An Homafóibe sa Pheil. Cónaidhm Eorpach um Spórt Aerach agus Leispiach] (eag). Beirlín, Amstardam

[298] Féach http://www.guardian.co.uk/commentisfree/2006/sep/28/paulscholesandantigayabuse (08.08.2008)

[299] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh le Arcigay agus Arcilesbica (an Iodáil 5 Márta 2008)

Aistriúchán gan fíorú

(Fear, iarchóitseálaí leadóige, An tSualainn)[300]

De réir an *European Gay and Lesbian Sports Federation* (EGLSF) [Cónaidhm Eorpach um Spórt Aerach agus Leispiach], a bunaíodh in 1989 leis an aidhm go dtroidfí an t-idirdhealú sa saol spóirt agus go dtabharfaí tacaíocht go dtiocfadh lúthchleasaithe aeracha agus leispiacha amach, ní bhíonn sé éasca teacht amach i ngrúpa spóirt neamhghairmiúil san Eoraip. Cé go mbíonn eispéiris éagsúla ag daoine LADT i mBallstáit difriúla, is iomaí cuntas atá ann faoi dhaoine LADT a bheith ag mothú go bhfuil a gcomhbhaill chlub á gciapadh agus ag diúltú dóibh.[301]

**Dea-chleachtas:** Nochtadh in agallaimh **san Fhionlainn**, gur fhoilsigh an *Sports Federation* [an Chónaidhm Spóirt] treoirleabhar *Involved and Visible: Sexual and Gender Minorities in Sports and Physical Activities* [Páirteach agus Infheicthe: Mionlaigh Ghnéasacha agus Inscne i nGníomhaíochtaí Spóirt agus Fisiciúla] i dtrí theanga: an Fhionlainnis, an tSualainnis, agus Béarla.[302]

**Dea-chleachtas**: **Sa Ghearmáin** sheol an *Deutscher Fußball Bund* [Cónaidhm Pheile na Gearmáine] feachtas dar teideal '*Football and Homophobia*' ['An Pheil agus an Homafóibe'] agus shínigh dearbhú i gcoinne an idirdhealaithe ar fhorais an treoshuímh ghnéasaigh in 2007.[303]

**Infheictheacht daoine LADT sa saol spóirt**

Faoi mar a thuairiscigh *Outsports.com*, ag na cluichí Oilimpeacha deiridh i mBéising in 2008, ní raibh ach deichniúr den 10,708 lúthchleasaí oscailte faoina bhféiniúlacht aerach nó leispiach.[304] Sa suirbhé ar pháirtithe leasmhara, dúirt 41 faoin gcéad nach raibh 'deis ar bith' ann nó nach raibh ach 'leibhéal íseal deiseanna' ann le bheith 'amuigh' mar dhuine LADT fiú i saol an spóirt neamhghairmiúil.

'*Those who do play at a high level are usually in denial of their sexuality in order to gain grants/scholarships etc. Being a known lesbian in sport in Éire I think would limit all types of support…both financial and social.*' ['Maidir leo siúd a bhíonn ag imirt ar ardleibhéal, bíonn a ngnéasacht á séanadh acu de ghnáth chun deontais/scoláireachtaí a fháil etc. Dá mbeadh duine aitheanta mar leispiach sa saol

Aistriúchán gan fíorú

[300] RFSL [Cónaidhm na Sualainne um Chearta do Dhaoine Leispiacha, Aeracha Déghnéasacha agus Tras-Inscne] (2007) *All Clear 2.0, Gay, Lesbian, Bi & Hetero at Work* [Gach Rud Soiléir 2.0, Aerach, Leispiach, Déghnéasach agus Heitrighnéasach ag an Obair], lch. 55
[301] Féach http://www.eglsf.info/eglsf-about.php (10.08.2008)
[302] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh leis an Aireacht Fostaíochta agus Eacnamaíochta, an Aireacht Oideachas agus leis an Aireacht Gnóthaí Baile (an Fhionlainn, 4 Márta 2008)
[303] An Ghearmáin, tuarascáil tíre
[304] Féach http://www.outsports.com/os/index.php/Olympics/2008/In-Beijing-Olympics-only-5-openly-gay-athletes.html (25.01.2009)

spóirt in Éirinn, chuirfeadh sin srian le gach cineál tacaíocht dar liom … idir thacaíocht airgeadais agus shóisialta.'] (Bean, Éire)[305]

De réir *Údarás Comhionannais na hÉireann*, bíonn lúthchleasaithe LADT dofheicthe den chuid is mó, rud a chruthaíonn easpa de facto de rólchuspaí LADT sa spórt gairmiúil.[306] I rith agallaimh, nótáil na hEagraíochtaí Neamhrialtasacha *Arcigay* agus *Arcilesbica* leibhéal an-íseal ó thaobh na hinfheictheachta maidir le daoine LADT sa saol spóirt **san Iodáil** freisin.[307]

**An homafóibe á chomhrac sa saol spóirt**

Tugadh le fios i bpobalbhreith a reáchtáladh **sa tSualainn** go bhfuil fócas teoranta ar an homafóibe a aithint agus ar a bheith ag dul i ngleic leis sa saol spóirt.[308] Rinneadh pobalbhreith ar 40 cumann spóirt sa tSualainn le tionscadal arna mhaoiniú ag *Aireacht Tionscail* na Sualainne agus fuarthas amach leis nár phléigh formhór na gcumann saincheist na homafóibe nó an scéal ó thaobh daoine LADT ina gcumann riamh. D'fhreagair a bhformhór freisin nach raibh aon daoine ina gcumann a bhí oscailte faoina bhféiniúlacht LADT agus nach raibh beartas ná plean gníomhaíochta acu faoin ábhar.

Sa Ríocht Aontaithe thug an eagraíocht neamhrialtasach LADT *Stonewall* le fios gur beag aird a fuair iarrachtaí leis an homafóibe a chomhrac i suímh spóirt agus gur tugadh tús áite d'iarrachtaí leis an gciníochas a chomhrac sa pheil nuair a bhíothas ag díriú ar an gcomhionannas agus ar an idirdhealú sa pheil ghairmiúil.[309]

In 2003 thug Tionól Parlaiminte Chomhairle na hEorpa aghaidh ar shaincheist na homafóibe sa saol spóirt: *'The Assembly believes that homophobia in sport, both among participants and in their relations with spectators, should be combated on the same grounds as racism and other forms of discrimination'*. ['Creideann an Tionól gur chóir an homafóibe sa saol spóirt, idir an homafóibe i measc rannpháirtithe agus an homafóibe ina gcaidreamh leis an lucht féachana, a chomhrac ar na forais chéanna is a dhéantar i gcás an chiníochais agus cineálacha idirdhealú eile.'][310]

D'fhéadfadh tionscnaimh áirithe a dtacaíonn clár PROGRESS an Choimisiúin Eorpaigh leo cabhair shuntasach a thabhairt le dearcaí sa saol spóirt a athrú. Áirítear an feachtas '*Run for Diversity*' [Rith ar son na hÉagsúlachta] i measc

[305] L. Greene (2007) *Lesbian Athletes and Their Experiences of Gender and Sexuality in Competitive Sports in Ireland* (1980-2007) [Lúthchleasaithe Leispiacha agus a nEispéiris ar an Insce agus ar an nGnéasacht i Spóirt Iomaíocha in Éirinn (1980-2007)], Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath: *College of Human Sciences* [Coláiste Eolaíochtaí Daonna]

[306] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh leis an Údarás Comhionannais, (Éire 4 Aibreán 2008)

[307] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh le Arcigay agus Arcilesbica (5 Márta 2008)

[308] Féach http://www.homo.se/o.o.i.s/3950 (14.08.2008)

[309] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh le Stonewall (RA 31 Márta 2008)

[310] Moladh 1635 (2003), Daoine leispiacha agus aeracha sa saol spóirt, Téacs arna ghlacadh ag an mBuanchoiste, ag gníomhú thar ceann an Tionóil, an 25 Samhain 2003

Aistriúchán gan fíorú

samplaí, feachtas lena gceadaítear do reathaithe i maratóin áirithe feisteas spóirt an AE i gcoinne an idirdhealaithe a chaitheamh chun feasacht ar an idirdhealú a chur chun cinn agus lena mothúcháin faoin idirdhealú a chur in iúl.[311]

**Dea-chleachtas: Comhpháirtíochtaí a bhfuil cláir oideachais á bhforbairt acu:** Ó 2007 bhí *The **Swedish** Federation for Lesbian, Gay, Bisexual and Transgender Rights* (RFSL) [Cónaidhm na Sualainne um Chearta do Dhaoine Leispiacha, Aeracha Déghnéasacha agus Tras-Inscne] agus *HomO* [an tOmbudsman i gcoinne an Idirdhealaithe ar fhorais an Treoshuímh Ghnéasigh] ag obair in éineacht le chéile ar thionscadal leis an *Riksidrottsförbundet* [an Chónaidhm Náisiúnta Spóirt] agus le *SISU*, eagraíocht oideachais sa saol spóirt. Is é aidhm an tionscadail ná cóitseálaithe a oiliúint faoi shaincheisteanna LADT. Tá faoi *RFSL* agus *SISU* cláir oideachais a fhorbairt agus iad a thairiscint do chlubanna spóirt. Lena linn seo, tá staidéir ar shaincheisteanna LADT sa saol spóirt á ndearadh agus á reáchtáil ag *Riksidrottsförbundet*.[312]

**Dea-chleachtas: Comhoibriú idir clubanna spóirt agus eagraíochtaí um chearta daonna:** Fuarthas amach trí agallaimh go bhfuil an club peile *Paris Saint Germain* ag comhoibriú leis an gclub peile aerach *Paris Foot Gay* agus leis an *Ligue Internationale Contre le Racisme et l'Antisémitisme* [An Conradh Idirnáisiúnta i gcoinne an Chiníochais agus an Fhrith-Sheimíteachais] **sa Fhrainc** chun beartas a fhorbairt maidir leis an idirdhealú a chosc agus a chomhrac, le fócas ar an homafóibe.[313]

**Sa Ghearmáin** d'fhág an timpeallacht naimhdeach sa pheil gur chruthaigh leispiaigh agus daoine aeracha a gclubanna neamhghairmiúla féin.[314] Tá a gcumainn spóirt féin bunaithe ag daoine LADT i mBallstáit eile freisin. Tá Craobhchomórtas bliantúil Spóirt Leispiaigh agus Aeraigh na hEorpa (*Eurogames*) chomh maith le *Outgames* ar shamplaí eile d'imeachtaí spóirt LADT.[315]

Aistriúchán gan fíorú

### Conclúidí

Díríonn sonraí ar an homafóibe sa saol spóirt ar an bpeil ghairmiúil den chuid is mó. I gcomhthéacs na peile, cuirtear an homafóibe in iúl i gcultúr an luchta leanúna agus i measc peileadóirí, agus úsáidtear caint homafóibeach go coitianta ag imeachtaí peile chun fonóid a dhéanamh faoi chéilí comhraic nó faoi réiteoirí. Toradh suntasach a fuarthas i réimse an spóirt ná easpa infheictheachta daoine LADT. Feictear do dhaoine go mbíonn leibhéil ísle

[311] Féach http://www.stop-discrimination.info/56.0.html (12.01.2008)
[312] An tSualainn, tuarascáil tíre
[313] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh le Inter LGBT agus L'Autre Cercle (an Fhrainc 10 Márta 2008)
[314] An Ghearmáin, tuarascáil tíre; Féach freisin http://www.queer footballfanclubs.com (20.03.2008)
[315] http://www.eurogames.info/eurogames-welcome.html agus www.copenhagen2009.org (08.08.2008)

deiseanna ag daoine LADT le bheith oscailte sa saol spóirt mar gheall ar an mbaol go gciapfar iad, mar gheall ar bhaol na homafóibe nó an baol go ndiúltóidh comhbhaill a gclub dóibh.

Ní thugann formhór na gcumann spóirt tús áite ná baol air don homafóibe sa chlár oibre i gcoinne an idirdhealaithe, go háirithe i gcomparáid le hiarrachtaí leis an gciníochas a laghdú.

Aistriúchán gan fíorú

# Na Meáin

Scrúdaítear sa rannán seo conas a léirítear agus athláithrítear daoine LADT agus a saol sna meáin trasna an AE. Clúdaítear na meáin phoiblí agus phríobháideacha leis na meáin sa chomhthéacs seo,[316] chomh maith leis na meáin fhíseacha agus scríofa, mar shampla, an tIdirlíon, nuachtáin agus teilifís.

**Dioscúrsaí homafóibeacha sna meáin**

Aithníodh eachtraí ina bhfacthas dioscúrsa homafóibeach sna meáin in agallaimh le hEagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT san **Iodáil** agus **sa Pholainn** agus leis an gComhlacht Náisiúnta Comhionannais sa **Laitvia**, i measc tíortha eile.[317] Fuarthas amach le suirbhé a rinneadh le déanaí ar an mbealach a athláithríodh daoine leispiacha, aeracha agus tras-inscne i bPreas **na hAlban** gur cosúil go raibh nuachtáin sásta litreacha a chur i gcló ina raibh leibhéal drochíde homafóibí nach nglacfaí leis dá mba drochíde chiníoch a bhí ann.[318] Fuarthas amach le staidéar sa **Liotuáin**, go n-úsáideann roinnt iriseoirí caint homafóibeach.[319]

> **Dea-chleachtas:** In éineacht le h***Aontas Craolacháin na hEorpa***, d'fhorbair an ***Lithuanian Gay League*** [Conradh Aerach na Liotuáine] *Guide for better media reporting on LGBT issues* [Treoir le haghaidh tuairisceoireacht níos fearr sna meáin maidir le saincheisteanna LADT]. Soláthraítear uirlisí sa Treoir d'iriseoirí agus do ghníomhaígh atá éasca le cur i bhfeidhm chun tuairisceoireacht dhearfach faoi shaincheisteanna LADT a fheabhsú. Dá thoradh sin, baineadh comhoibriú níos dlúithe amach leis na meáin, agus bhí ailt agus faisnéis níos cothroime maidir le daoine LADT sna meáin dá thoradh.[320]

Aistriúchán gan fíorú

---

[316] Níorbh fhéidir idirdhealú a dhéanamh idir meáin phoiblí agus phríobháideacha agus an homafóibe á himscrúdú i ndioscúrsaí sna meáin.

[317] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh le ARCIGAY agus ARCILESBICA (AL) (an Iodáil 5 Márta 2008), *Campaign against Homophobia* [Feachtas i gcoinne na Homafóibe] (an Pholainn 17 Márta 2008) agus le Mozaika (an Laitvia 12 Márta 2008, *the Ombudsman's Office* [Oifig an Ombudsman] (an Laitvia 12 Márta 2008)

[318] Stonewall (2007) WRITTEN OUT. *The Scottish Press' portrayal of lesbian, gay, bisexual and transgender people* [SCRÍOFA AMACH. Athláithriú daoine leispiacha, aeracha, déghnéasach agus tras-inscne i bPreas na hAlban], Albain, ar fáil ag http://www.stonewallscotland.org.uk/documents/stonewall__written_out.pdf (05.02.2009)

[319] A A. Tereskinas (2007) "*Not Private Enough": Homophobic and injurious speech in the Lithuanian Media*" ["Gan a bheith Sách Príobháideach": Caint homafóibeach agus díobhálach i Meáin na Liotuáine"], ar fáil ag http://www.lgl.lt/projektaie.php?pid=35 (05.02.2009)

[320] Féach http://www.ilga-europe.org/europe/funding_capacity_building/working_with_media (17.10.2008)

**Léiriúcháin ar Dhaoine LADT sna meáin**

Sa suirbhé leictreonach ar pháirtithe leasmhara, iarraidh orthu léiriú daoine LADT sna meáin a mheas agus cibé ar measadh gur léiríodh na miondifríochtaí a bhíonn i gceist le daoine LADT mar ghrúpa ilghnéitheach, seachas iad a bheith taispeáinte ar bhealach steiréitipiciúil. Níor mheas ach ceathair déag faoin gcéad d'fhreagóirí go gcuirtear cur síos ar dhaoine LADT i láthair sna meáin ar bhealach mionchruinn nó measartha mionchruinn.

Thuairiscigh formhór na n-Eagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT ar cuireadh agallamh orthu i rith na hoibre allamuigh nach minic a chuirtear saincheisteanna LADT i láthair sna meáin, agus, go pointí éagsúla, go bhfuil an claonadh ag na meáin daoine agus saincheisteanna LADT a shimpliú, scéalta gáifeacha a dhéanamh díobh agus iad a steiréitíopáil. Nuair a cuireadh iad faoi agallamh, thug ionadaithe ón eagraíocht neamhrialtasach LADT *CIGALE* i **Lucsamburg** le fios go mbíonn claonadh ag na meáin saincheisteanna intleachtúla agus polaitíochta maidir le daoine LADT a sheachaint agus díriú ar shaincheisteanna éadroma ina n-áit, mar shampla, conas a ghléasann daoine LADT iad féin ag imeachtaí Bróid.[321] Tuairiscítear in agallaimh leis an eagraíocht neamhrialtasach LADT *Campaign Against Homophobia* [Feachtas i gCoinne na Homafóibe] **sa Pholainn** go bhfuil roinnt nuachtán agus stáisiúin teilifíse agus raidió Caitliceacha homafóibeach agus sin go hoscailte, ach nótálann siad go bhfuil meáin ann freisin a léiríonn pictiúr neodrach faoi dhaoine agus faoi shaincheisteanna LADT.[322] Thug *The Office of the Ombudsman* [Oifig an Ombudsman] sa **Laitvia**, le fios go mbíonn cainéil mheáin idir dhearfach agus dhiúltach. Bhí ráitis homafóibeacha i nuachtán saor in aisce a tugadh amach ag stáisiúin bhus mar shampla.[323] Dá thoradh sin, chuir an eagraíocht neamhrialtasach LADT *Mozaika* gearán faoina bhráid maidir leis an bhfuathchaint. In agallamh le hionadaithe ó *Landsforeningen for Bøsser og Lesbiske* [Cumann na Danmhairge do Dhaoine Aeracha agus Leispiacha], dúradh gurb íomhánna agus léaráidí steiréitipiciúla a bhí i dtreis sa dioscúrsa sna meáin faoi shaincheisteanna LADT. Fiú in ailt thromchúiseacha maidir le cearta homaighnéasacha, bíonn pictiúir ag gabháil leo d'fhir leathghléasta ó Pharáid Bhróid Chóbanhávan.[324]

Tacaíonn roinnt torthaí taighde leis na tuairimí seo, lena dtaispeántar go meastar, go pointí éagsúla, gur tabú an homaighnéasacht fós agus gur fíorbheag aird a tharraingítear sna meáin air dá bharr. I staidéar **sa Ghearmáin** ar léirúcháin ar dhaoine LADT ar an teilifís, cheap 63 faoin gcéad de na freagróirí LADT go bhfuil aon léiriúchán den neamh-heitrighnéasacht ina thabú fós.[325] Fuarthas le staidéar **sa Bheilg** nach raibh clúdach ar bith ann beagnach sna

Aistriúchán gan fíorú

---

321 Cruinniú mar chuid den obair allamuigh le CIGALE (Lucsamburg 7 Aibreán 2008)

322 Cruinniú mar chuid den obair allamuigh le *Campaign Against Homophobia* [Feachtas i gCoinne na Homafóibe] (an Pholainn, 17 Márta 2008)

323 Cruinniú mar chuid den obair allamuigh le *Office of the Ombudsman* [Oifig an Ombudsman], (Latvia, 12 March 2008)

324 Cruinniú mar chuid den obair allamuigh le LBL (an Danmhairg, 26 Aibreán 2008)

325 V. Jung, (2003). Darstellung von Homosexualität in TV-Unterhaltungssendungen. [Tráchtas]. Bamberg: Ollscoil Bamberg.

meáin ar shaincheisteanna bhain le daoine tras-inscne, seachas tagairtí do shaincheisteanna nó d'fhadhbanna ó thaobh cúrsaí liachta.[326] Is cosúil gur téama coitianta trasna an AE é seo. Tugtar le fios i staidéar **sa Phortaingéil** áfach, le deich mbliana anuas, go bhfuil méadú tagtha ar infheictheacht den sórt sin, i meáin na tíre, ach nótáiltear go bhfuil leispiaigh agus déghnéasaigh beagnach dofheicthe agus go bhfuil gannionadaíocht i gceist ina leith, nuair a chuirtear iad i gcomparáid le léiriúcháin d'fhir aeracha.[327]

Tagraítear i roinnt staidéar do léiriúcháin ina gcuirtear daoine LADT as a riocht. Scrúdaíodh na meáin chlóite ó 1970-2000 in anailís chuimsitheach ar na meáin **sa tSlóivéin** agus aithníodh feinimeán na *steiréitíopála* – ag brath ar scéimeanna righne inscne lena gcuirtear fir aeracha i láthair mar fhir bhaineanda agus leispiaigh i láthair mar mhná fearúla; *saincheist ó thaobh na liachta á déanamh den homaighnéasacht* – an homaighnéasacht á coinneáil i sféir na liachta agus na síceolaíochta agus cúiseanna á lorg leis; *an gnéasú* – ag laghdú a bhfuil i gceist leis an homaighnéasacht agus gan trácht á dhéanamh ach ar chleachtais ghnéasacha; *an rúndacht* - á chur i gcéill gur rud faoi cheilt atá sa homaighnéasacht agus rud a bhaineann leis an náire agus aiféala; *an normálú* – cuma heitrighnéasach á chur ar homaighnéasaigh ionas nach mbeidh an homaighnéasacht chomh bagarthach agus polaitithe.[328]

Nótáladh sa suirbhé in Albain a rinne *Stonewall Scotland* agus a luadh sa rannán seo roimhe gur minic a atreisítear leis an gclúdach sa phreas an dearcadh nach bhfuil i gceist leis an treoshuíomh gnéasach ach gnéas agus sin amháin, agus i dtuairiscí coireachta, go leagtar béim ar threoshuíomh an déantóra, fiú mura mbíonn baint ar bith aige leis an gcoir a rinneadh.

**Dea-chleachtas: Sa Ríocht Aontaithe,** leathnaigh an *Press Complaints Commission,* comhlacht neamhspleách a phléann le gearáin faoi ábhar eagarthóireachta nuachtán agus irisí, Clásal 12 (an tIdirdhealú) dá Chód i mí na Bealtaine 2005ionas go gclúdófaí tuairisceoireacht idirdhealaitheach sa phreas faoi dhaoine tras-inscne. Faoin gClásal nua, caithfidh an preas tagairt chlaonta nó díspeagúil do chine, do dhath, do reiligiún, d'inscne, do threoshuíomh gnéasach an duine nó d'aon tinneas nó mhíchumas fisiciúil ná meabhrach atá ag an duine a sheachaint.[329]

Aistriúchán gan fíorú

[326] A. Dewaele and D. Paternotte. (2008) *The situation concerning homophobia and discrimination on grounds of sexual orientation in Belgium* [An scéal maidir leis an homafóibe agus idirdhealú ar fhorais an treoshuímh ghnéasaigh sa Bheilg]. Anvers/Bruxelles: Steunpunt Gelijkekansenbeleid (Consortium Universiteit Antwerpen & Universiteit Hasselt)/Université libre de Bruxelles

[327]Caldeira (2006) *A Representação das Minorias Sexuais na Informação Televisiva Portuguesa*, Lisboa: Livros Horizonte

[328] R. Kuhar (2003) *Media Representations of Homosexuality*: *An Analysis of Print Media in Slovenia* [Léiriúcháin sna Meáin ar an Homaighnéasacht: Anailís ar na Meáin Chlóite sa tSlóivéin], 1970-2000, Mediawatch: Liúibleána. Ar fáil ag: http://mediawatch.mirovni-institut.si/eng/mw13.htm (05.02.2009)

[329] Faisnéis arna soláthar ag *Transgender Europe* [Eoraip Tras-Inscne] ag cruinniú comhairliúcháin chomhchéime maidir leis an homafóibe agus an trasfóibe a chomhrac san AE, Meitheamh 2008, Cóbanhávan.

Fuarthas amach le taighde maidir le léiriúcháin ar dhaoine LADT i meáin na **Portaingéile** agus **na Gearmáine** go bhfuil claonadh ag na meáin go mbíonn léiriúcháin ar dhaoine LADT simplithe agus neamhionadaíoch, agus cé go mbíonn picitúr níos mionchruinne á tharraingt i meáin chlóite agus ar shuímh ghréasáin na Gearmáine, úsáidtear clíséanna agus steiréitíopaí ar an teilifís lárshrutha fós.[330]

**Treochtaí dearfacha maidir le léiriúcháin na meán cumarsáide ar dhaoine LADT**

Tá forbairtí dearfacha aitheanta i staidéir freisin ó thaobh níos mó daoine agus saincheisteanna LADT a bheith i láthair san meáin agus pictiúr níos mionchruinne de dhaoine agus de shaincheisteanna LADT a bheith á gcur i láthair sna meáin. Fuarthas amach le staidéar[331] **i bPoblacht na Seice**, cé go raibh an steiréitíopáil diúltach, an gnéasú agus comhthéacsanna coiméideacha nó coiriúla i dtreis i léiriúcháin ar dhaoine LADT sa chéad leath de na 1990aidí, le deich mbliana anuas, is minice a bhíonn daoine LADT le feiceáil i gcláir fhaisnéise agus i sraitheanna teilifíse i gcomhthéacs an ghnáthshaoil sóisialta.

Tugadh faoi deara i dtuarascáil tíre **na Spáinne** go mbíonn clúdach mionchruinn i bhformhór na meán anois maidir le himeachtaí suntasacha polaitíochta agus sóisialta LADT amhail ceiliúrthaí Bróid Aeraigh, rialuithe breithiúnacha nó dlíthe, arna rith ag an bParlaimint agus atá ina ndíol suntais, agus gur tearc iad léiriúcháin homafóibeacha. Tugadh faoi deara i dtuarascáil tíre **na Sualainne** freisin go bhfuil pictiúr níos cruinne á thabhairt ag meáin faoin éagsúlacht laistigh den phobal LADT, agus **sa Liotuáin,** tá an clúdach ar ábhair thromchúiseacha LADT dulta i méad le blianta beaga anuas.[332]

**Dea-chleachtas:** Sa **Danmhairg**, leagtar sprioc follasach síos sa Chonradh Seirbhíse Poiblí idir an tAire Cultúir agus Raidió na Danmhairge (*Corparáid Chraolacháin na Danmhairge)* go léireofar an éagsúlacht agus tá clásal i gcoinne an idirdhealaithe ann lena dtagraítear do léiriúcháin agus do shaincheisteanna LADT: '*DR shall offer a broad societal coverage of Denmark and thus reflect the diversity of culture, outlook on life and living conditions*

Aistriúchán gan fíorú

[330] T.L. Monteiro, V. Policarpo, F.V. da Silva (2008) *The situation concerning homophobia and discrimination on grounds of sexual orientation in Portugal* [An scéal maidir leis an homafóibe agus idirdhealú ar fhorais an treoshuímh ghnéasaigh sa Phortaingéil], Tuarascáil tíre.; Walters, S. D. (2001). *Take my Domestic Partner, Please: Gays and Marriage in the Era of the Visible* [Tóg mo Pháirtí Baile, Le Do Thoil: Daoine Aeracha agus an Pósadh i Ré na hInfheictheachta]. In M. Bernstein & R. Reimann (eag.), *Queer families, Queer Politics: Challenging Culture and the State* [Teaghlaigh Aiteacha, Polaitíocht Aiteach: Ag Cur Dúshláin faoin gCultúr agus faoin Stát] (lch. 338-357), Nua Eabhrac: Columbia UP

[331] *Working Group for the Issues of Sexual Minorities of the Minister for Human Rights and National Minorities (2007) Analysis of the Situation of Lesbian, Gay, Bisexual and Transgender Minority in the Czech Republic* [Meitheal le haghaidh Saincheisteanna a bhaineann le Mionlaigh Ghnéasacha an Aire um Chearta Daonna agus Mionlaigh Náisiúnta (2208) Anailís ar Scéal an Mhionlaigh Leispiaigh, Aeraigh, Déghnéasaigh agus Tras-Inscne i bPoblacht na Seice]. Rialtas Phoblacht na Seice

[332] A. Tereskinas (2007) *"Not Private Enough": Homophobic and injurious speech in the Lithuanian Media* ["Gan a bheith Sách Príobháideach?" Caint Homafóibeach agus díobhálach i Meáin na Liotuáine]

*found in different parts of the country […] The programs must not in any way incite hatred on grounds of race, gender, religion, nationality or sexual orientation.*' [333] [‘Tairgeoidh Raidió na Danmhairge clúdach leathan ar shochaí na Danmhairge agus léireoidh sé an éagsúlacht chultúir, an éagsúlacht maidir leis an dearcadh ar an saol agus an éagsúlacht na gcoinníollacha maireachtála a bhíonn le fáil i gcodanna difriúla na tíre *[…]* Ní foláir do na cláir gan fuath a ghríosú ar bhealach ar bith ar fhorais chine, inscne, reiligiúin, náisiúntachta nó treoshuímh ghnéasaigh.’]

Is léir go mbaineann an-tábhacht le rólchuspaí infheicthe dearfacha LADT sna meáin. Is minice a bhíonn rólchuspaí den sórt sin le feiceáil i roinnt Ballstát, ó thaobh cúrsaí polaitíochta agus cultúir araon. Sampla atá ina léiriú air sin ná cás Mhéara Bheirlín, Klaus Wowereit, mar shampla, a d’fhóin mar Uachtarán ar Pharlaimint na Gearmáin in 2001/02. Ba é an ráiteas poiblí cáiliúil uaidh ná: ‘Táim aerach—agus tá sin togha! ' ('Ich bin Schwul – und das ist gut so!).

**Sa Ghréig**, léirsigh grúpaí LADT i gcoinne rialaithe ón gComhairle Náisiúnta Raidió agus Teilifíse, údarás poiblí neamhspleách na tíre, lenar forchuireadh fíneáil 100,000 Euro ar *Mega Channel* [Cainéal Mega], mórchainéal teilifíse as beirt charachtar fir a thaispeáint agus iad ag pógadh ar shraithchlár teilifíse a bhfuil an-mheas sa tír air. I mí na Nollag 2006, chuir cúirt riaracháin uachtarach na tíre an cinneadh seo ar neamhní á rialú go raibh an fhíneáil míbhunreachtúil, toisc nach raibh á léiriú sa radharc ach ‘réaltacht sóisialta ghrúpa sóisialta amháin, i measc an iomaí ceann lena ndeántar sochaí oscailte daonlathach, nach bhfuil a roghanna gnéasacha le cáineadh.’

Ar leibhéal an AE, tá tionscnaimh amhail comhoibriú an Choimisiúin Eorpaigh leis an gcainéal ceoil MTV lena n-áirítear spota fógraíochta, Comórtas Cruthaíoch, lena ndírítear ar luchtanna féachana níos óige i ndáil leis an idirdhealú ciníoch, chomh maith leis an ngradam bliantúil d’iriseoir lena dtugtar luach saothair d’iriseoirí a chuireann le tuiscint níos fearr ar an éagsúlacht agus ar fhadhbanna an idirdhealaithe, ina mbearta luachmhara ó thaobh úsáid a bhaint as na meáin le dearcaí an phobail a athrú agus iad siúd atá ag obair sna meáin a spreagadh le hathscrúdú a dhéanamh ar an mbealach a athláithríonn siad daoine a bhaineann le grúpaí agus mionlaigh shóisialta áirithe.[334]

**Conclúidí**

Bíonn eachtraí cainte homafóibí fós le fáil sna meáin trasna an AE agus meastar gur tabú í an homaighnéasacht fós, go pointi éagsúla. Bíonn easpa infheictheachta i gceist maidir le daoine LADT sna meáin i gcoitinne, cé go mbíonn fir aeracha níos infheicthe ná leispiaigh nó daoine tras-inscne.

Bíonn daoine LADT thíos le cineálacha éagsúla steiréitíopaí sna meáin. Nuair a bhaintear úsáid as léaráidí leath-earótacha in ailt lena gclúdaítear ábhair atá

[333] An Conradh Seirbhíse Poiblí idir Corparáid Chraolacháin na Danmhairge (DR) agus an tAire Cultúir 2007-2010: 2

[334] Féach http://www.stop-discrimination.info/99.0.html (11.12.2008)

Aistriúchán gan fíorú

fíorthábhachtach do dhaoine LADT, cuirtear leis an gclaontacht agus atreisítear an smaoineamh nach mbíonn i gceist leis an treoshuíomh gnéasach ach gníomhaíocht agus roghanna gnéasacha. Rachfadh tuiscint níos fearr ar shaincheisteanna a bhaineann le daoine LADT chun tairbhe d'iriseoirí ar fud an AE ionas go mbeifí ag tuairisceoireacht ar bhealach ionadaíoch cothrom.

Tá fianaise ann freisin áfach go bhfuil rudaí ag athrú go mall agus nótáiltear le roinnt staidéar cheana féin go bhfuil méadú ar líon na léiriúchán sna meáin trasna an AE lena gcuimsítear peirspictíocht níos mionchruinne agus níos eolaí maidir le daoine agus saincheisteanna LADT

Aistriúchán gan fíorú

# Tearmann

Is tearc faisnéis agus sonraí sa réimse seo, ach tugtar dhá réimse atá ina n-údar imní chun suntais leis an taighde atá ann cheana féin agus le faisnéis a bailíodh tríd an obair allmauigh, is é sin, an bealach a chaitear leis an treoshuíomh gnéasach agus leis an bhféiniúlacht inscne i nósanna imeachta maidir le tearmann agus na coinníollacha d'iarrthóirí tearmainn LADT in ionaid tearmainn.

**An creat ginearálta maidir le tearmann**

Is féidir anailís níos mionsonraithe ar an gcreat reachtaíochta ginearálta maidir leis an treoshuíomh gnéasach agus leis an bhféiniúlacht inscne i gcomhthéacs cúrsaí tearmainn agus na fochosanta a aimsiú in Anailís FRA ó thaobh cúrsaí Dlí,[335] lena nótáiltear, de réir Choinbhinsiún 1951 maidir le Stádas Dídeanaithe (Airt.1A(2)), agus Threoir 2004/83/CE ón gComhairle, gur féidir daoine LADT atá ag lorg tearmainn mar gheall ar ghéarleanúint ar fhorais an treoshuímh ghnéasaigh i mBallstáit an AE a aithint mar dhídeanaithe atá ina mbaill de 'ghrúpa sóisialta ar leith'.[336]

Foráiltear sa chreat dlí i mBallstáit an AE le haghaidh na féidearthachta mar sin go n-aithnítear daoine LADT a ndearnadh géarleanúint orthu ar fhorais an treoshuímh ghnéasaigh nó na féiniúlachta inscne mar dhídeanaithe agus go ndeonaítear tearmann dóibh. Dá bharr sin, tá cuid mhaith daoine LADT ann ar deonaíodh tearmann dóibh ar na forais seo i mBallstáit an AE.

Taispeántar leis na sonraí atá ar fáil gur deonaíodh tearmann do dhaoine LADT san **Ostair**, **sa Bheilg**, **sa Danmhairg**, **sa Fhrainc**, **sa Ghearmáin**, **sa Ghréig**, **san Ungáir**, **san Iodáil**, i **Lucsamburg**, **san Ísiltír**, **sa Pholainn**, **sa Phortaingéil**, **sa Spáinn**, **sa tSualainn, i bPoblacht na Seice** agus **sa Ríocht Aontaithe**. Ní gá gur liosta uileghabhálach é seo áfach toisc nach soláthraíonn aon Bhallstát léargas ginearálta staitisticiúil ar líon na gcásanna ina ndeonaítear tearmann ar fhorais an treoshuímh ghnéasaigh nó na féiniúlachta inscne. I roinnt Ballstát (mar shampla **sa Chipir**, **sa Fhrainc**, **sa Ghearmáin** agus **sa tSlóvaic**) níl figiúir oifigiúla ann, agus deir údaráis inimirce san **Eastóin** agus

[335] Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, (2008) *Homophobia and Discrimination on Grounds of Sexual Orientation in the EU Member States:* Part *I - Legal Analysis*. [An Homafóibe agus an tIdirdhealú ar Fhorais an Treoshuímh Ghnéasaigh i mBallstáit an AE: Cuid I - Anailís ar Chúrsaí Dlí]. lch. 83-98

[336] Agus an Danmhairg mar an eisceacht, toisc nach n-aithníonn an Danmhairg homaighnéasaigh nó daoine tras-inscne mar 'ghrúpaí sóisialta áirithe', sa mhéid is nach bhfeidhmíonn na húdaráis inimirce leis an gcatagóir 'grúpa sóisialta áirithe' sa chleachtas dlí. Is féidir cead cónaithe a dheonú lena mbaineann 'stádas cosanta' áfach má chinneann na húdaráis inimirce go bhfuil 'riosca básaithe nó íde atá mídhaonna nó táireach sa tír thionscnaimh', cros-tagair do Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, (2008) *Homophobia and Discrimination on Grounds of Sexual Orientation in the EU Member States:* Part *I - Legal Analysis*. [An Homafóibe agus an tIdirdhealú ar Fhorais an Treoshuímh Ghnéasaigh i mBallstáit an AE: Cuid I - Anailís ar Chúrsaí Dlí]

Aistriúchán gan fíorú

**sa Laitvia**[337] nach raibh aon éilimh ar thearmann ann ar fhorais an treoshuímh ghnéasaigh nó na féiniúlachta inscne.

I mBallstáit eile, tugtar le fios le sonraí go bhfuil roinnt cásanna ann. **Sa Bheilg** láimhseáladh 116 cás ar a laghad in 2006 (agus deonadh stádas dídeanaí do 33 duine) agus 188 in 2007 ar a laghad (agus deonadh stádas mar dhídeanaí do 60 duine).[338] **Sa tSualainn**, mheas *Migrationsvärket* [Bord Imirce na Sualainne] in 2002 gur 300 in aghaidh na bliana a bheag nó a mhór líon na n-iarratasóirí ar thearmann ar fhorais an treoshuímh ghnéasaigh nó na féiniúlachta inscne. Chinn Parlaimint na Sualainne in 2005 go bhféadfaí stádas mar dhídeanaí a dheonú do dhaoine a bhí i mbaol géarleanúna ar bhonn gnéis nó rogha gnéasaí (Bille Rialtais 2005/06:06).[339]

*Treoshuíomh gnéasach agus féiniúlacht inscne sa nós imeachta iarratais*

Tugtar le fios i staidéir[340] gur minic go mbíonn an fhaisnéis an-teoranta faoi threoshuíomh gnéasach, fhéiniúlacht inscne agus faoi choinníollacha do dhaoine LADT ina dtír thionscnaimh, sna tuarascálacha faoin tír thionscnaimh a úsáidtear i nósanna imeachta le stádas dídeanaí a chinneadh. Tugtar chun suntais leis na staidéir freisin go mbaineann bun-saincheist le creidiúnacht an iarrthóra tearmainn sna nósanna imeachta maidir le hiarratas ar thearmann. I gcásanna maidir leis an ngéarleanúint ar fhorais an treoshuímh ghnéasaigh, tagann an ghné seo chun a bheith ina ceist a ndéantar fiosrúchán criticiúil faoi ann féin, agus tuairiscítear i gcuid mhaith cuntas "gur minic nach gcreideann iad siúd a bhfuil éilimh ar thearmann á ndéanamh acu go bhfuil iarrthóir ar thearmann LADT le fírinne." Tá dhá chúis ar a laghad leis seo. Ar dtús, feictear do dhaoine go bhfuil féiniúlachtaí, léirithe agus cleachtais áirithe níos creidiúnaí ná cinn eile. Faoi mar a thaispeántar le sampla ón **Danmhairg,** d'fhéadfadh sé a bheith amhrasach má athraítear roghanna gnéasacha nó má bhíonn duine déghnéasach:

Aistriúchán gan fíorú

---

[337] San Eastóin: *The Citizenship and Migration Board* [an Bord Saoránachta agus Imirce]. Sa Laitvia: *The Office of Citizenship and Migration* [an Oifig Shaoránachta agus Imirce]

[338] Faisnéis arna soláthar ag Commissariat Général aux Réfugiés et aux Apatrides (CGRA)

[339] An tSualainn, tuarascáil tíre

[340] S. Jivraj, A. de Jong, T. Tauqir (2003) *Initial Findings: Identifying the Difficulties experienced by Muslim lesbian, bisexual and transgender women in accessing social and legal services* [Torthaí Tosaigh: Na Deacrachtaí á nAithint, a bhaineann do mhná Moslamacha leispiacha, déghnéasacha agus tras-inscne ó thaobh a bheith ag teacht ar sheirbhísí sóisialta agus dlí], Londain: Tionscadal Safra, agus M.T. Drud-Jensen, S.P. Knudsen (2007) Migrationsvæsenets skab - betingelser for ikke-heteroseksuelle i forbindelse med asyl og familiesammenføring i en nutidig dansk kontekst. Ollscoil Chóbanhávan: Roinn Socheolaíochta

'*And there are some cases where people are homosexual and then in a way they are not. It can be hard to assess. We had one [applicant] who said that he was homosexual, but now he was not anymore because he did not think it was fun anymore. We also meet such things, and it can be difficult to take it seriously*.'[341] ['*Agus tá roinnt cásanna ann gur daoine homaighnéasacha atá i gceist agus ansin, ní homaighnéasaigh iad ar bhealach. D'fhéadfadh sé a bheith deacair a mheasúnú. Bhí [iarratasóir] amháin againn a dúirt gur homaighnéasach é, ach nárbh amhlaidh sin a thuilleadh toisc nár cheap sé go raibh aon spraoi ann a thuilleadh. Bíonn nithe den sórt sin faoinár mbráid freisin, agus d'fhéadfadh sé a bheith deacair é a thógáil i ndáiríre*.'] (fostaí, *Immigration Service* [Seirbhís Inimirce], an Danmhairg)

Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh cinnteoirí tearmainn ciall a bhaint as an bhfíric go bhfuil nó go raibh iarrthóir pósta nó i mbun caidrimh heitrighnéasaigh ar bhealach eile, nó go bhfuil leanaí aige, gur comhartha heitrighnéasachta atá ann.

Pointe eile ná go mb'fhéidir nach nochtódh iarrthóir tearmainn a threoshuíomh nó a treoshuímh gnéasach go dtí céimeanna níos deireanaí sa phróiseas iarratais mar gheall gur rud leochaileach nó tabú atá i gceist leis nó mar gheall ar neamhchinnteacht faoi na freagairtí ó údaráis agus ón bhfoireann (ateangairí san áireamh).[342] D'fhéadfadh seo a bheith amhlaidh mar gheall ar easpa faisnéise faoin treoshuíomh gnéasach sa phróiseas iarratais freisin nó mar gheall nach bhfuil an t-éilitheoir 'tagtha amach' go fóill. [343]

Má ardaítear treoshuíomh gnéasach níos déanaí sa phróiseas áfach, d'fhéadfadh na húdaráis breathnú ar an iarrthóir tearmainn mar dhuine neamhiontaofa, agus a mhaíomh nach bhfuil sé/sí ach 'á chumadh' díreach leis an gcás a 'láidriú'.[344]

Ní gá gur mar gheall ar an homafóibe nó idirdhealú na saincheisteanna seo, ach is comhartha iad faoi easpa eolais agus uirlisí le haghaidh a thabhairt ar an treoshuíomh gnéasach. Cuireann comhalta boird den *Riksförbundet För Sexuellt Likaberättigande* (RFSL) [Cónaidhm na Sualainne um Chearta do Dhaoine

[341] Arna lua in M.T. Drud-Jensen, S.P. Knudsen (2007) Migrationsvæsenets skab - betingelser for ikke-heteroseksuelle i forbindelse med asyl og familiesammenføring i en nutidig dansk kontekst. Ollscoil Chóbanhávan: Roinn Socheolaíochta, lch.132

[342] S. Jivraj, A. de Jong, T. Tauqir (2003) *Initial Findings: Identifying the Difficulties experienced by Muslim lesbian, bisexual and transgender women in accessing social and legal services* [Torthaí Tosaigh: Na Deacrachtaí á nAithint, a bhaineann do mhná Moslamacha leispiacha, déghnéasacha agus tras-inscne ó thaobh a bheith ag teacht ar sheirbhísí sóisialta agus dlí], Londain: Tionscadal Safra,. M.T. Drud-Jensen, S.P. Knudsen (2007) Migrationsvæsenets skab - betingelser for ikke-heteroseksuelle i forbindelse med asyl og familiesammenføring i en nutidig dansk kontekst. Ollscoil Chóbanhávan: Roinn Socheolaíochta

[343] Arna lua in A. Webster (2008), ar fáil ag http://www.divamag.co.uk/diva/features.asp?AID=3139 (25.07.2008)

[344] M.T. Drud-Jensen, S.P. Knudsen (2007) Migrationsvæsenets skab - betingelser for ikke-heteroseksuelle i forbindelse med asyl og familiesammenføring i en nutidig dansk kontekst. Ollscoil Chóbanhávan: Roinn Socheolaíochta

Aistriúchán gan fíorú

Leispiacha, Aeracha Déghnéasacha agus Tras-Inscne], a oibríonn le saincheist an tearmainn, síos air mar fheiniméan na heitreanormachta:

'*We talk a lot about hetero-normativity and that you cannot always assume the person sitting in front of you is heterosexual […] A real example is an interviewer asking the question "do you have a girlfriend?" And by asking that way you exclude the possibility that you could have a male partner, if you are a male asylum seeker. […] There are also other examples, e.g. that an interviewer says that it is strange that you have gone to a park to get in contact with other homosexuals […] It shows that you have no idea about how homosexuals socialize and make contacts'.* ['Labhraímid faoin heitreanormatacht cuid mhór agus nach féidir leat talamh slán a dhéanamh de i gcónaí gur duine heitrighnéasach an duine atá ina shuí os do chomhair […] Sampla fírinneach ná agallóir ag cur na ceiste "an bhfuil cailín agat?" Agus má chuirtear an cheist ar an gcaoi sin, cuirtear an fhéidearthacht as an áireamh go bhféadfadh páirtí fir a bheith agat, más iarrthóir tearmainn fir thú. […] Tá samplaí eile ann freisin, e.g. go ndeir agallóir gurb ait an rud é go ndeachaigh tú chuig páirc chun dul i dteagmháil le homaighnéasaigh eile […] Taispeánann sé nach bhfuil tuairim dá laghad agat faoi nósanna sóisialta na homaighnéasach agus faoin mbealach a théann siad i dteagmháil le daoine.'] (Comhalta Boird, *Riksförbundet För Sexuellt Likaberättigande* (RFSL) [Cónaidhm na Sualainne um Chearta do Dhaoine Leispiacha, Aeracha Déghnéasacha agus Tras-Inscne].[345]

Ach d'fhéadfadh idirdhealú tarlú sna nósanna imeachta tearmainn freisin áfach. San **Ungáir**, idir 2004 agus 2007, tá tuairim ó shaineolaí síciatrach iarrtha ag an the *Immigration Office* [Oifig Inimirce] maidir le treoshuíomh gnéasach iarrthóra tearmainn. I gcásanna eile tearmainn, mar shampla, iad siúd a bhí bunaithe ar an ngéarleanúint reiligiúin nó pholaitíochta, níor iarradh aon tuairim den sórt sin ó shaineolaí.[346] **Sa tSlóivéin**, tá cás achomhairc ar feitheamh faoi láthair maidir le lánúin aerach ón gCosaiv. In agallamh leis an iris LADT *Narobe*, mhínigh an lánúin, cé go raibh na póilíní tacúil tuisceanach nuair a bhí siad ag plé leo ar dtús, mhothaigh siad go rabhthas ag caitheamh leo ar nós coirpeach ag an éisteacht ag an ionad tearmainn i Liúibleána.[347] Diancheistíodh iad ar leithligh agus bhí orthu a mhíniú go mionsonraithe conas a éigníodh duine díobh cuid mhaith uaireanta. Bhí faitíos orthu gur diúltaíodh dá n-iarratas, toisc nach raibh siad in ann freagra beacht a thabhairt ar cheist faoi cathain a tháinig deireadh leis an gcogadh sa Chosaiv agus faoin teocht a bhí ann lá an éignithe. Thairis sin, líomhníodh go ndúirt duine de na baill foirne ag an ionad tearmainn leo gur féidir an homaighnéasacht a leigheas le teiripe. Tá an cás

[345] Arna lua in M.T. Drud-Jensen, S.P. Knudsen (2007) Migrationsvæsenets skab - betingelser for ikke-heteroseksuelle i forbindelse med asyl og familiesammenføring i en nutidig dansk kontekst. Ollscoil Chóbanhávan: An Roinn Socheolaíochta

[346] Lilla Farkas, '*Thematic Legal Study on Homophobia and Discrimination on Grounds of Sexual Orientation, Hungary*' ['Staidéar Téamach ar Chúrsaí Dlí ó thaobh na Homafóibe agus an Idirdhealaithe ar Fhorais an Treoshuímh Ghnéasaigh, an Ungáir'], Aibreán 2008, ar fáil ag http://www.fra.europa.eu

[347] R. Kuhar (2007) "Svojega življenja ne bi spremenil za deset vaših normalnih življenj", Narobe 2, http://www.narobe.si/stevilka-2/intervju-s-kadrijem-in-demirjem.html (10.03.2008)

Aistriúchán gan fíorú

maidir le foréigean, a bhféadfadh a bheith bainteach le fuath, ó phóilíní i gcoinne na lánúine ón gCosaiv fós á éisteacht ag an *Human Rights Ombudsman* [an tOmbudsman um Chearta an Duine].

**Dea-chleachtas:** Scrúdaigh *Migrationsvärket* [Bord Imirce na Sualainne] riachtanais ghrúpaí leochaileacha agus na hoibleagáidí a fhorchuireann siad ar na húdaráis agus na hinstitiúidí a bhíonn i gceist sa phróiseas iarratais. Tá baill foirne a bhíonn ag déileáil le hiarrthóirí tearmainn agus a bhíonn páirteach i nósanna imeachta maidir le stádas a chinneadh, ag fáil oiliúna ó 2004 maidir leis an bpeirspictíocht inscne agus maidir leis an treoshuíomh gnéasach mar chuid de chlár an Bhoird le 'cáilíocht a dhearbhú'. Chabhraigh an Riksförbundet För Sexuellt Likaberättigande (RFSL) [Cónaidhm na Sualainne um Chearta do Dhaoine Leispiacha, Aeracha Déghnéasacha agus Tras-Inscne] leis an oiliúint a fhorbairt. [348]

**Dea-chleachtas: Sa Bheilg**, ag *Commissariat Général aux Réfugiés et aux Apatrides* [Ard-Choimisinéir do Dhídeanaithe agus do Dhaoine Gan Stát] bíonn ball foirne ag déileáil le hiarratais ar thearmann atá bunaithe ar an inscne nó ar an treoshuíomh gnéasach, agus leis na hiarratais sin amháin, agus tá treoirlínte a bhaineann le hiarratais ar thearmann ar fhorais treoshuímh ghnéasaigh oibrithe amach in éineacht le grúpaí LADT.[349]

*Coinníollacha in ionaid tearmainn*

Réimse eile atá ina údar imní ná coinníollacha in ionaid tearmainn don lucht iarrtha tearmainn LADT. Faoi mar a thugtar le fios leis an ráiteas seo a leanas ó bhall foirne de Chrois Dhearg na **Danmhairge**, is féidir leis an saol in ionaid tearmainn a bheith an-deacair ar fad do dhaoine LADT.

'*[LGBT asylum seekers] are the ones having the hardest time living here, who are keeping something very important a secret.*' ['Is dóibhsean [iarrthóirí tearmainn LADT] is deacra cónaí anseo, iad siúd a bhfuil rud an-tábhachtach á choinneáil faoi rún acu.'] (ball d'fhoireann sláinte na Croise Deirge, ionad tearmainn Sandholm, An Danmhairg)[350]

Aistriúchán gan fíorú

[348] Migrationsvärket (2005) En samlad analys av asylprocessen under åren 2001-2004
[349] A. Dewaele, D. Paternotte (2008) '*Thematic Legal Study on Homophobia and Discrimination on Grounds of Sexual Orientation, Belgium*' ['Staidéar Téamach ar Chúrsaí Dlí ó thaobh na Homafóibe agus an Idirdhealaithe ar Fhorais an Treoshuímh Ghnéasaigh, an Bheilg'], Aibreán 2008, ar fáil ag http://www.fra.europa.eu
[350] Arna lua in M.T. Drud-Jensen, S.P. Knudsen (2007) Migrationsvæsenets skab - betingelser for ikke-heteroseksuelle i forbindelse med asyl og familiesammenføring i en nutidig dansk kontekst. Ollscoil Chóbanhávan: An Roinn Socheolaíochta , lch. 5

Tá fianaise ann go mbíonn an t-imeallú sóisialta roimh iarrthóirí tearmainn LADT chomh maith le heaspa faisnéise sna hionaid.[351] Thairis sin, bíonn drochíde ó bhéal, drochíde fhisiciúil agus ghnéasach forleathan ansin, toisc nach mbíonn príobháideachas ag daoine de thairbhe go mbítear ag roinnt seomraí agus áiseanna, agus cuireann an t-easpa príobháideachais sin le himeallú na n-iarrthóirí LADT agus leis an gciapadh a fhaigheann siad ó iarrthóirí eile. Is féidir le hiarrthóirí tearmainn LADT a bheith imeallaithe ó thaobh cúrsaí sóisialta freisin, toisc gur minic nach mbíonn aon líonra teaghlaigh nó sóisialta acu le haghaidh tacaíochta. Ina theannta sin, is minic nach n-imeascann iarrthóirí tearmainn LADT le daoine ón tír nó ón réigiún tionscnaimh chéanna, nó nach mian leo amhlaidh a dhéanamh ionas go seachnóidh siad a dtreoshuíomh gnéasach a nochtadh. Thairis sin, tá roinnt fianaise ann gur féidir fadhbanna ar leith a bheith ag baint le deighilt na n-inscní sna hionaid maidir le daoine tras-inscne.[352]

Mar shampla, i rith agallaimh thuairiscigh *The Lithuanian Gay League* (LGL) [Conradh Aerach na Liotuáine] cás faoi shaoránach Úcráineach a chuir isteach ar thearmann **sa Liotuáin** toisc go ndearnadh géarleanúint air mar fhear aearach. San ionad tearmainn, bhuail agus bhagair iarrthóirí tearmainn eile é. Chuaigh sé chuig an *LGL* le haghaidh cabhrach agus d'fhág sé an Liotuáin ina dhiaidh agus faitíos air faoina shábháilteacht..[353]

**Dea-chleachtas: Sa tSualainn**, tá an *Riksförbundet För Sexuellt Likaberättigande* (RFSL) [Cónaidhm na Sualainne um Chearta do Dhaoine Leispiacha, Aeracha Déghnéasacha agus Tras-Inscne] feiceálach in ionaid tearmainn, ag dáileadh paimfléad i dteangacha éagsúla lena gcuirtear síos ar fhéidearthachtaí le haghaidh comhairleoireachta do dhaoine LADT, ar an nós imeachta maidir le hiarratais ar thearmainn, ar an treoshuíomh gnéasach agus ar an bhféiniúlacht inscne i ndáil le cearta tearmainn agus LADT. Soláthraíonn RFSL comhairleoireacht freisin.[354]

Aistriúchán gan fíorú

**Dea-chleachtas**: Sa **tSualainn**, ní chuirtear iallach ar iarrthóirí tearmainn cónaí in ionaid tearmainn. Is féidir leis an Migrationsvärket [Bord Imirce na Sualainne] tithíocht mhalartach a sholáthar. Ina theannta sin, tugtar cead d'iarrthóirí tearmainn a gcóiríocht féin a aimsiú, a gcaithfidh siad íoc as iad féin, as íocaíocht mhíosúil an-teoranta áfach.[355]

---

[351] K. Dolk, A.Schwanter (2007) Homosexualität und (Abschiebungs) Schutz in Deutschland. Cologne: Páipéar Comhdhála le Amnesty International ag cruinniú Chumann LSVD 2007

[352] M.T. Drud-Jensen, S.P. Knudsen (2007) Migrationsvæsenets skab - betingelser for ikke-heteroseksuelle i forbindelse med asyl og familiesammenføring i en nutidig dansk kontekst. Ollscoil Chóbanhávan: An Roinn Socheolaíochta .

[353] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh le *Lithuanian Gay League* [Conradh Aerach na Liotuáine] , Márta 13, 2008

[354] Féach http://www.rfsl.se/?p=629 (24.10.2008)

[355] Féach http://www.migrationsverket.se/index.jsp?news/getArticleList.do?name=faq&ldid=17&nolist=true (24.10.2008)

Conclúidí

Aithníonn na Ballstáit ar fad, i bprionsabal, an ghéarleanúint ar fhorais an treoshuímh ghnéasaigh agus na féiniúlachta inscne mar fhoras bailí le haghaidh tearmainn. Tá nósanna imeachta maidir le hiarratais ar thearmainn fós míshoiléir i gcuid mhaith Ballstát i ndáil le daoine LADT áfach.

Bíonn deacrachtaí ar leith roimh dhaoine LADT sa phróiseas iarrtha tearmainn, toisc go bhféadfadh sé a bheith deacair faisnéis fíorphearsanta, faisnéis ghnéasach nó ar tabú í a chur i láthair údarás poiblí go hoscailte. Ina theannta sin, is minic nach n-aithnítear an deacracht seo i dteicnící foirne agus agallóireachta. Is minic nach mbíonn ach cnámha an scéil ag na húdaráis faoi na coinníollacha do dhaoine LADT ina dtíortha tionscnaimh, agus is é an breac-eolas sin a úsáidtear agus iad ag cinneadh stádais duine mar dhídeanaí.

Diúltaíodh do chuid mhaith iarrthóirí tearmainn LADT toisc gur measadh nach bhféadfaí iontaoibh a bheith ag na húdaráis as a n-éileamh gur homaighnéasach a dtreoshuíomh gnéasach nó toisc go rabhthas ag súil go mbeidís in ann maireachtáil ina dtír thionscnaimh mar homaighnéasaigh ‘go príobháideach’ (.i. agus a dtreoshuíomh faoi cheilt).

Bíonn easpa faisnéise ar iarrthóirí tearmainn LADT in ionaid choinneála agus d’fhéadfadh imeallú sóisialta agus drochíde baint dóibh mar gheall ar a dtreoshuíomh gnéasach nó a bhféiniúlacht inscne.

Aistriúchán gan fíorú

# An tIl-Idirdhealú

Má bhaineann duine le mionlach laistigh de mhionlach, bíonn dúshláin ar leith roimhe nó roimpi i sochaí ilghnéitheach, agus má bhíonn níos mó ná tréith mhionlaigh amháin ag daoine, d’fhéadfadh riosca níos mó a bheith ann go ndéanfar idirdhealú ina gcoinne. D’fhéadfadh an t-idirdhealú baint d’fhear gorm aerach, mar shampla, mar gheall ar a ‘chine’ agus a threoshuíomh gnéasach araon.

Cuirtear síos sa chuid seo ar shaincheisteanna a théann i bhfeidhm ar dhaoine LADT le míchumais, ar dhaoine a bhfuil cúlra mionlaigh eitnigh acu agus/nó ar dhaoine scothaosta. Roghnaíodh na forais mhíchumais, aoise, bhunúis eitnigh agus chine toisc gurbh iad sin is coitianta a aithníodh i dtaighde atá ann cheana féin agus in agallaimh le hEagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT agus Comhlachtaí Náisiúnta Comhionannais.

An tIl-Idirdhealú á chur i gcomhthéacs

Feiniméan réasúnta nua atá san il-idirdhealú i ndíospóireachtaí na hEorpa maidir leis an gcóir chomhionann agus an frith-idirdhealú agus sa réimse LADT freisin mar sin. Faoi mar a nótáladh i dtuarascáil ón gCoimisiún Eorpach le déanaí,[356] ‘*there is widespread ignorance about different cultures, personal characteristics and lifestyles as well as a lack of recognition of multiple identities*.’ [Is forleathan an t-aineolas ar chultúir, ar thréithe pearsanta agus ar nósanna maireachtála difriúla agus tá easpa aitheantais d’ilfhéiniúlachtaí forleathan freisin.’] Taispeánadh leis na hagallaimh le hEagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT i ngach Ballstát go bhfuil eolas agus gníomhaíocht sa réimse réasúnta teoranta. Mar sin féin, tá méadú ag teacht ar an bhfeasacht i measc Eagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT go bhféadfadh an t-idirdhealú a bheith ag baint dá mbaill ar dhá fhoras nó níos mó. Níl ach líon réasúnta beag de ghníomhartha díreacha á dhéanamh áfach atá dírithe ar an gcineál idirdhealú seo a chomhrac go díreach.

Taispeántar le hagallaimh le Comhlachtaí Náisiúnta Comhionannais i ngach Ballstát go mbíonn siad ag caitheamh le cásanna agus cur chuige, lena ndírítear ar ‘aon fhoras amháin’, á úsáid acu go príomha.[357] Rud a mhíníonn cuid de seo ná bearnaí sa reachtaíocht náisiúnta, lena gcuirtear bac roimh chur chuige a chuimseodh níos mó ná foras amháin, agus toisc, ó thaobh na beartaíochta, go meastar go dtagann dlíthíocht rathúil de thoradh an chur chuige a mbíonn ‘aon fhoras amháin’ i gceist leis. Thairis sin, d’fhéadfadh sé a bheith deacair cén cineál idirdhealú a tharlaíonn, a chinneadh:

[356] An Coimisiún Eorpach (2007), ‘*Tackling Multiple Discrimination. Practices, policies and laws’*, [‘Ag Dul i nGleic leis an Il-idirdhealú. Cleachtais, beartais agus dlíthe’], lch 39

[357] Cruinnithe mar chuid den obair allamuigh le Comhlachtaí Náisiúnta Comhionannais san AE, Márta-Bealtaine 2008

Aistriúchán gan fíorú

*a case where a man was harassed at his workplace. They thought he was gay because he was considered very feminine. It was hard to know who should take the case because it had to do with both gender and sexual orientation'* ['Bhí cás againn a bhain le fear a ciapadh ag a láthair oibre. Cheapadar go raibh sé aerach toisc gur measadh go raibh sé an-bhanúil. Ba dheacair a dhéanamh amach cén dream ar chóir dóibh an cás a thógáil toisc gur bhain sé le hinscne agus leis an treoshuíomh gnéasach'.] (HomO, an tOmbudsman um Idirdhealú ar bhonn an Treoshuímh Ghnéasigh, An tSualainn)[358]

Ar bhonn agallamh le Comhlachtaí Náisiúnta Comhionannais éagsúla, is féidir an méid seo a leanas a lua mar shamplaí lena dtugtar tús áite don il-idirdhealú i rith a n-oibre: *The Equal Treatment Commission* [An Coimisiún um Chóir Chomhionann] (**An Ísiltír**), *an tÚdarás Comhionannais* (**Éire**), *The National Council for Combating Discrimination* [An Chomhairle Náisiúnta um Idirdhealú a Chomhrac] (**An Rómáin**) and *The **Danish** Institute for Human Rights* [Institiúid na Danmhairge um Chearta an Duine].[359] I reachtaíocht na **Rómáine** meastar gurb imthoisc fhorthromaitheach atá ann má dhéantar idirdhealú i gcoinne duine ar níos mó ná foras amháin.[360] **In Éirinn**, tá staitisticí mionsonraithe ar fáil maidir le cásanna a raibh idirdhealú ar níos mó ná foras amháin i gceist leo, lena n-áirítear cásanna a bhfuil an treoshuíomh gnéasach i gceist leo chomh maith le forais eile.[361]

Níl ach méid réasúnta teoranta sonraí ann ar eispéiris daoine LADT ar an il-idirdhealú san AE. De réir an Údaráis Náisiúnta Míchumas (2005) **in Éirinn**, 'being an accepted member of a subculture is vital to [the] process of valuing one's own identity and social role.'['Rud atá ríthábhachtach sa phróiseas ó thaobh meas a bheith ag an duine ar a fhéiniúlacht féin agus ar a ról féin sa tsochaí, ná go nglactar leis an duine sin mar bhall d'fhochultúr.'][362] Rud a d'fhéadfadh baill de ghrúpaí ilfhéiniúlachta a chur i riocht leochaileach agus iad a spreagadh lena bpobail féin a bhunú ná an t-eispéireas nuair nár glacadh iad mar bhall d'aon fhochultúr nó de phobal mionlach ar bith. Thairis sin, faoi mar a nótáiltear i dtuarascáil leis an gCoimisiún Eorpach[363], tharlódh nach n-éireodh leis an gcur chuige a bhíonn dírithe ar aon fhoras amháin réaltacht an

Aistriúchán gan fíorú

[358] An Coimisiún Eorpach (2007), '*Tackling Multiple Discrimination. Practices, policies and laws'*, ['Ag Dul i nGleic leis an Il-idirdhealú. Cleachtais, beartais agus dlíthe'] lch. 44

[359] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh leis an *Equal Treatment Commission* [an Coimisiún um Chóir Chomhionann] (an Ísiltír 31 Márta 2008); an tÚdarás Comhionannais (Éire 3 Aibreán 2008); *the Danish Institute For Human Rights* [Institiúid na Danmhairge um Chearta an Duine] (an Danmhairg 23 Aibreán 2008); *the National Council for Combating Discrimination* [An Chomhairle Náisiúnta um Idirdhealú a Chomhrac] (an Rómáin 7 Aibreán 2008)

[360] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh le the *National Council for Combating Discrimination* [An Chomhairle Náisiúnta um Idirdhealú a Chomhrac] (an Rómáin 7 Aibreán 2008)

[361] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh leis an Údarás Comhionannais (Éire 3 Aibreán 2008)

[362] an tÚdarás Comhionannais (2005) *Disability and Sexual Orientation: A Discussion Paper* [Míchumas agus an Treoshuíomh Ghnéasach: Plépháipéar]. Baile Átha Cliath: Údarás Náisiúnta Míchumais. LCH. 14

[363] An Coimisiún Eorpach (2007) *Tackling Multiple Discrimination. Practices, policies and laws*, [Ag Dul i nGleic leis an Il-idirdhealú. Cleachtais, beartais agus dlíthe]

idirdhealaithe a léiriú faoi mar a bhaineann sé do dhaoine a bhfuil ilfhéiniúlachtaí acu.

**Deachleachtas:** In agallamh, thug an Eagraíocht Neamhrialtasach LADT *Cultuur en Ontspannings-Centrum* [*COC* **na hÍsiltíre**] chun suntais go bhfuil grúpaí speisialta bunaithe aige do dhaoine LADT míchumasaithe agus go mbíonn sé ag comhoibriú le heagraíochtaí do dhaoine scothaosta. Tá caifé oscailte acu in Nijmegen do dhaoine aeracha agus leispiacha a bhfuil míchumais mheabhrach orthu.[364] Thionscain cuid mhaith eagraíochtaí sochaí sibhialta tionscadal eile san Ísiltír a bhain le daoine LADT scothaosta, le maoiniúchán ón rialtas. Leis an tionscadal, aithnítear riachtanais daoine LADT scothaosta, go háirithe ó thaobh cúraim shóisialta agus liachta.[365]

Tá tionscadail phíolótacha do dhaoine LADT óga a thagann as cúlra eitneach neamh-Ísiltíreach ag tarlú in Amstardam, Rotterdam, sa Háig agus i dTilburg, agus iad ag díriú ar an imeallú a bhriseadh agus comhairleoireacht, tacaíocht agus sciath a sholáthar.[366]

Duine LADT atá ina bhall de mhionlach eitneach

Léirítear stádas mionlaigh dúbailte daoine LADT ar bhealaí difriúla agus tagann dúshláin chasta chun cinn dá bharr. D'fhéadfadh deacrachtaí ar leith a bheith i gceist leis an bpróiseas lena 'dtagann duine amach' laistigh dá phobal/pobal féin i gcás duine LADT de bhunadh mionlaigh eitnigh, faoi mar a dearbhaíodh i rith agallaimh le hionadaí Eagraíochta Neamhrialtasaí **sa Rómáin**, a dúirt 'Go bhfuil sé fíordheacair ar fad teacht amach sa phobal Romach'.[367]

Fadhb eile a thagann chun cinn de bharr an stádais mhionlaigh dúbailte ná riosca méadaithe na fuathchoireachta arb é an ciníochas agus treoshuíomh gnéasach an íospartaigh an ceannfháth leis.

Aistriúchán gan fíorú

[364] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh leis an gCOC (an Ísiltír 31 Márta 2008)
[365] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh leis an gCOC (an Ísiltír 31 Márta 2008)
[366] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh leis an gCOC (an Ísiltír 31 Márta 2008)
[367] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh le *ACCEPT* [GLAC] (an Rómáin 7 Aibreán 2008)

*ng on which part of Berlin I go to, in one I get punched in the mouth because I'm a foreigner and in the other because I'm a queen [slang for effeminate transgender or gay male person*].' ['Ag brath ar an gcuid de Bheirlín dá dtéim ann, buailtear sa phus in áit amháin mé toisc gurb eachtrannach mé agus san áit eile toisc gur 'síle' mé [béarlagair ar fhear baineanda tras-inscne nó aerach]] (Duine Tras-inscne, An Ghearmáin) [368]

I staidéar cáilithíoch ón **Danmhairg**, thug freagróirí LAD chun suntais an dúshlán a bhí i gceist do dhuine ó thaobh cúlra mionlaigh eitnigh nó reiligiúin a thabhairt le chéile le stádas LADT.[369] In 2005, bhunaigh *The National Organisation for Gays and Lesbians* [an Eagraíocht Naisiúnta do Dhaoine Aeracha agus Leispiacha] **sa Danmhairg** *Salon Oriental*, grúpa do dhaoine LADT a tháinig as cúlra mionlaigh eitneach, go sonrach sa chaoi is go dtabharfaí aghaidh ar an dúshlán seo. D'aithin eagraíocht neamhrialtasach eile, *Sabaah*, 'an fhéiniúlacht, "ag teacht amach", reiligiún, uaigneas, coimhlintí sa teaghlach, freagairtí ó thuismitheoirí, caidrimh agus an saol aerach' mar réimsí a bhí ina n-údar imní do dhaoine LADT a tháinig as cúlra mionlaigh eitnigh.[370] Lena chois sin, tá leabhar foilsithe d'agallaimh le daoine aeracha agus leispiacha as cúlraí mionlaigh eitnigh.[371]

Do roinnt daoine LADT as cúlraí mionlaigh eitnigh, baineann an ciníochas agus an gnéasú sa phobal LADT níos leithne dóibh ar fhorais a n-eitneachais mheabhairbhraite, chomh maith leis an homafóibe i bpobail mhionlaigh eitnigh.

De réir Thionscadal *Safra* **na Ríochta Aontaithe**[372] **-** arna rith ag agus do mhná Moslamacha LAD – bíonn go leor de na mná seo imeallaithe ó thaobh cúrsaí sóisialta toisc, cé go n-aithníonn siad féin iad féin mar dhaoine leispiacha, déghnéasacha nó tras-inscne, ní ghlacann siad páirt i saol aerach an lárshrutha, toisc gur daoine bána is mó a bhíonn páirteach ann agus gur minic a bhaineann gníomhaíochtaí an tsaoil aeraigh le halcól. Ina theannta sin, is féidir leis an gciníochas, an Ioslamafóibe agus daoine a bheith neamh-mhothálach ar chultúir

---

368 *BERLIN JOURNAL* [IRIS-LEABHAR BHEIRLÍN], '*Gay Muslims Pack a Dance Floor of Their Own*' [Moslamaigh Aeracha ina Sluaite ar Urlár Damhsa Dá gCuid Féin']. Arna fhoilsiú: Eanáir 1, 2008, ar fáil ag http://www.nytimes.com/2008/01/01/world/europe/01berlin.html?n=Top/Reference/Times%20Topics/Subjects/R/Religion%20and%20Belief (31.07.2008)

369 C. Osander (2005) Københavnerliv - en interviewundersøgelse med homoseksuelle med minoritetsetnisk baggrsund. Cóbanhávan: *National Organisation for Gays and Lesbians* [Eagraíocht Náisiúnta do Dhaoine Aeracha agus Leispiacha]

370 Tuilleadh faisnéise ar fáil ag http://sabaah.dk/web/index.php?option=com_content&task=view&id=16&Itemid=47 (20.08.2008)

371 M. Fenger-Grøndahl, M.N. Larsen (2007) Den forbandede kærlighed, Copenhagen: CDR-Forlag

372 Tuilleadh faisnéise ar fáil ag http://www.safraproject.org (01.08.2008)

Aistriúchán gan fíorú

laistigh den saol aerach féin, a bheith ina bhfachtóirí a chuirfeadh fonn orthu fanacht amach uaidh. Dá bharr sin, mothaíonn go leor ban Moslamach LADT nach mbaineann siad leis an bpobal LADT ná leis an bpobal Moslamach.

**Deachleachtais: Eagraíochtaí Neamhrialtasacha Ilfhorais:** Is éard atá i *Sabaah* ná eagraíocht sochaí sibhialta a dhíríonn ar dhaoine LADT de mhionlaigh eitneacha **sa Danmhairg**. Bunaíodh é chun líonra sóisialta a chruthú lena gcumhachtófaí daoine LADT de mhionlaigh eitneacha le dul i ngleic leis na fadhbanna a bhíonn rompu ó thaobh a bhféiniúlacht ghnéasach agus a gcúlra mionlaigh eitnigh a thabhairt le chéile.

**Deachleachtas: Clár faisnéise ar dhaoine LADT ó phobail na mionlach eitneach:** Is éard atá i ‘*My sister Zahra*’ [‘Zahra, mo dheirfiúr’] ná clár faisnéise a rinne Saddie Choua **sa Bheilg**. Taispeántar scéal Zahra ann, leispiach a d’éirigh aníos i dteaghlach Moslamach. Taispeántar an clár faisnéise i meánscoileanna agus tagann comhráite ina dhiaidh arna struchtúrú ar bhonn modheolaíochta a d’fhorbair an scátheagraíocht LADT Pléimeannach ‘Holebifederatie’. Tacaíonn an Rialtas Pléimeannach leis an tionscnamh.[373]

Duine LADT le míchumas

Cás eile a gcaithfear aird ar leith a thabhairt air ná daoine atá aerach agus a bhfuil míchumas orthu freisin. Is féidir leis an easpa rochtaineachta a bheith ina gconstaic thromchúiseach do shaol agus do riachtanais daoine LADT, agus is minic a théann sé i bhfeidhm ar a gcumas cairdeas a dhéanamh le daoine nó bualadh le páirtithe. De réir staidéir sa Ghearmáin, ní amháin gur minic a thugtar neamhaird ar ghnéasacht daoine míchumasaithe (nó go ndéantar talamh slán de nach bhfuil gnéasacht ar bith acu), ach fágann saincheisteanna ó thaobh na soghluaiseachta agus an idirdhealaithe laistigh den phobal LADT féin go mbíonn sé deacair dul i dteagmháil le páirtithe féideartha.[374]

Aistriúchán gan fíorú

[373] An Bheilg, tuarascáil tíre
[374] T. Rattay (2007). Volle Fahrt voraus – Lesben und Schwule mit Behinderung. Beirlín: Querverlag

*y difficult sometimes being gay and having a disability, especially when it comes to accessibility. Generally it is extremely difficult getting around in the city and in terms of meeting people it becomes a real problem that there isn't a single place which is accessible and gay or just gay friendly. It is obviously quite difficult to become part of a community that you can't access*.' ['Bíonn sé an-deacair uaireanta a bheith aerach agus míchumas a bheith ort freisin, go háirithe nuair a bhíonn cúrsaí inrochtaineachta i gceist. I gcoitinne, bíonn sé fíordheacair ar fad dul thart sa chathair agus maidir le bheith ag bualadh le daoine, is fadhb mhór é nach bhfuil aon áit ar bith ann atá inrochtana agus aerach nó díreach cairdiúil do dhaoine aeracha. Is follas go mbíonn sé sách deacair a bheith páirteach i bpobal nach féidir leat teacht air.'] (Maya, 22, An Danmhairg)[375]

In dhá staidéar ó Éirinn[376] maidir le daoine le míchumais agus daoine LADT óga, thagair freagróirí d'eispéiris na homafóibe in eagraíochtaí do dhaoine míchumasaithe agus i bpobail daoine míchumasaithe, chomh maith le dearcaí agus iompair chlaonta i leith daoine le míchumais sa phobal LAD.[377] Tugtar le fios i dtuarascáil tíre na Breataine go bhfuil easpa aitheantais ann i gcoitinne do shaincheisteanna ó thaobh gnéasachta, leasanna agus riachtanas maidir le daoine míchumasaithe **sa Ríocht Aontaithe**, go háirithe i measc daoine a bhfuil laguithe níos déine orthu. Is rídhócha go mbeidh daoine LADT le míchumais imeallaithe.[378]

Aistriúchán gan fíorú

---

[375] An Coimisiún Eorpach (2007) *Tackling Multiple Discrimination. Practices, policies and laws*, [Ag Dul i nGleic leis an Il-idirdhealú. Cleachtais, beartais agus dlíthe], lch. 40

[376] K. Zappone (eag.) (2003) '*Re-thinking Identity The Challenge of diversity*' ['Athmhachnamh ar an bhFéiniúlacht Dúshlán na hÉagsúlachta'] Arna choimisiúnú ag an *Joint Equality and Human Rights Forum* [an Comhfhóram um Chomhionannas agus Chearta Daonna]. *On the intersection of disability and sexual orientation* [Maidir le míchumas agus treoshuíomh gnéasach a bheith i gceist in éineacht] féach freisin Zappone: Brothers, Michael (2003) *It's not just about Ramps and Braille: Disability and Sexual Orientation* [Ní faoi Rampaí agus Braille amháin atá sé: Míchumas agus an Treoshuíomh Ghnéasach] lch. 49-69. *On the intersection of disability and sexual orientation* [Maidir le míchumas agus treoshuíomh gnéasach a bheith i gceist in éineacht] Féach Loudes, Christine (2003) '*Learning to grow up. Young Lesbians, Gay and Bisexual People in Northern Ireland*' ['Ag foghlaim conas fás suas. Daoine Leispiacha, Aeracha agus Déghnéasacha Óga i dTuaisceart Éireann']

[377] K. Zappone (ed) (2003) ) '*Re-thinking Identity The Challenge of diversity*' ['Athmhachnamh ar an bhFéiniúlacht Dúshlán na hÉagsúlachta'] Arna choimisiúnú ag an *Joint Equality and Human Rights Forum* [an Comhfhóram um Chomhionannas agus Chearta Daonna] lch.147 agus ag an Údarás Náisiúnta Míchumais (2005) *Disability and Sexual Orientation: A Discussion Paper* [Míchumas agus an Treoshuíomh Ghnéasach: Plépháipéar]. Baile Átha Cliath: ÚNM

[378] Féach mar shampla Neal, C. agus Davies, D. (2000) (eag.) *Issues in Therapy with lesbian, gay, bisexual and transgender clients. Pink Therapy series 3* [Saincheisteanna i dTeiripe le cliaint leispiacha, aeracha, déghnéasacha agus tras-inscne. Sraith Teiripe Bhándearg 3]

Duine LADT atá scothaosta

Is féidir leochaileacht daoine LADT a bheith méadaithe nuair a bhíonn idir aois agus threoshuíomh gnéasach i gceist:

*ny [being gay] if anyone asks directly, and Panbladet [a gay magazine] is always lying on the table. But otherwise it is not a place where you can be open about your sexuality. The rumours would spread. Of course it would be more secure and friendly living together with other homosexuals.*' ['Ní shéanaim [go bhfuilim aerach] má chuireann aon duine an cheist orm go díreach agus bíonn Panbladet [iris aerach] ar an mbord i gcónaí. Ach seachas sin, ní áit é mar ar féidir le duine a bheith oscailte faoina ghnéasacht. Scaipfí ráflaí. Ar ndóigh bheadh sé i bhfad níos socair agus cairdiúla dá mbeadh duine ina chónaí le homaighnéasaigh eile'.[379] (Fear 73, An Danmhairg)

De réir na hEagraíochta Neamhrialtasaí LADT *GLEN*, **in Éirinn**, is minic nach n-aithnítear caidreamh aon-inscne i dtithe daoine scothaosta, agus is minic a bhíonn daoine LADT scothaosta ina dtost agus imeallaithe mar gheall ar fhaitíos roimh idirdhealú agus imeallú sóisialta.[380] D'fhéadfadh easpa tacaíochta institiúidí nó líonra tacaíochta a bheith ar chónaitheoir ar léan leis bás páirtí, mar shampla, go bhféadfadh sé nó sí tarraingt as.[381] Taispéanadh le staidéar ón nGearmáin[382] go mbíonn steiréitíopaí diúltacha, a léiríonn an fhoireann agus cónaitheoirí eile, roimh dhaoine LADT i dithe altranais.

**Deachleachtas:** Sheol *Gerontology Department of Copenhagen University* [Roinn Seaneolaíochta Ollscoil Chóbanhávan] tionscadal taighde in 2008, a nascadh le hobair le straitéis a fhorbairt leis an éagsúlacht a fheabhsú sa chúram sláinte do dhaoine scothaosta, agus díríodh ar homaighnéasaigh agus ar dhéghnéasaigh scothaosta leis an tionscadal.[383]

Aistriúchán gan fíorú

[379] Arna lua in L.E. Frank "Leif i Lyngby", in Panbladet, Samhain 2004, lch. 10
[380] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh le *GLEN* (Éire 3 Aibreán 2008)
[381] Cruinniú mar chuid den obair allamuigh le *GLEN* (Éire 3 Aibreán 2008)
[382] Ministerium für Gesundheit, Soziales, Frauen und Familie des Landes Nordrhein-Westfalen [MGSFF] (2003) Grundlagenforschung zu Ursachen und Auswirkungen. Einsamkeit und soziale Isolation schwuler Männer. Düsseldorf: Údar
[383] An Danmhairg, tuarascáil tíre

Conclúidí

D’fhéadfadh daoine le hilfhéiniúlachtaí imeallú sóisialta a fhulaingt, as a bhféadfadh dúshláin bhreise teacht, ach d’fhéadfadh pobail agus Eagraíochtaí Neamhrialtasacha ‘ilfhorais’ teacht dá bharr ar deireadh freisin.

Baineann an t-idirdhealú agus an t-eisiamh do dhaoine míchumasaithe, do dhaoine scothaosta agus do dhaoine de mhionlaigh eitneacha/reiligiúin ar bhealaí difriúla. Bíonn mionlaigh eitneacha i mbaol an idirdhealaithe ar fhorais treoshuímh ghnéasaigh nó fhéiniúlachta inscne laistigh dá bpobal eitneach agus i mbaol an idirdhealaithe ar fhorais chine nó chúlra eitnigh sa phobal LADT. Baineann ‘*an t-éighnéasú*’ do dhaoine LDHT míchumasaithe, ó chúramóirí agus ó bhaill den phobal LADT féin, i measc daoine eile. Thairis sin, fágann ionaid, beáir agus áiteanna cruinnithe LADT neamh-inrochtana go mbíonn sé deacair ar dhaoine LADT míchumasaithe páirt a ghlacadh i saol an phobail LADT.

Bíonn an t-imeallú sóisialta agus steiréitíopáil roimh roinnt daoine LADT in áiseanna cúraim ó dhaoine sa phearsanra agus ó chónaitheoirí eile.

Aistriúchán gan fíorú

# CUID II: Daoine tras-inscne: saincheisteanna sonracha

Tá léargas ginearálta sa rannán seo ar an scéal mar atá ó thaobh daoine tras-inscne san AE maidir leis an trasfóibe agus idirdhealú.

**Céard is trasfóibe ann?**

Ní úsáidtear an téarma trasfóibe go coitianta, agus is minic a bhaineann sé le comhráití níos leithne faoin homafóibe.[384] Faoi láthair, is féidir cur síos a dhéanamh ar an trasfóibe mar fhaitíos neamhréasúnach roimh dhaoine nach n-iompraíonn iad féin de réir a n-inscne nó a sháraíonn nósanna inscne, amhail faitíos roimh, nó col le mná fearúla, fir bhanúla, trasfheisteoirí, trasinscnigh, trasghnéasaigh agus daoine eile nach bhfuil de réir steiréitíopaí inscne atá ann cheana féin faoin inscne a bhí acu nuair a tháinig siad ar an saol. Níl sé i gceist go dtabharfaí le fios agus an focal 'fóibe' á úsáid sa chomhthéacs seo go bhfuil neamhord ar an duine trasfóibeach agus/nó ar an íospartach trasfóibe.[385]

D'fhéadfadh cineálacha difriúla trasfóibe a bheith ann: *an trasfóibe phearsanta*, lena dtagraítear do dhuine nó do ghrúpa sainmhínithe daoine a bhfuil trasfóibe orthu. D'fhéadfadh seo baint do dhuine i bhfoirm fhoréigin agus/nó idirdhealaithe follasaigh ('ní bhfaigheann tú an post toisc gur duine tras-inscne thú'), eisiamh follasach ('níl cead isteach do dhaoine tras-inscne). Is cineál eisiamh níos indírí é an *trasfóibe fhorasaithe* ('níl rud ar bith againn i gcoinne daoine tras-inscne, ach caithfidh gach cailín gúna a chaitheamh/ní féidir leat do theastas breithe a athrú/tabharfaimid Mac Uí. ort toisc go ndeirtear ar do chárta aitheantais gur fear thú'). Ar deireadh, is éard is *trasfóibe inmheánaithe* ann ná creideamh coinsiasach nó fochoinsiasach daoine tras-inscne nach bhfuil siad féin chomh maith le daoine eile ar bhealach éigin.[386]

**Cosaint Dleathach[387]**

---

[384] An 16 Eanáir 2006 ghlac Parlaimint na hEorpa rún maidir leis an homafóibe san Eoraip, lenar cuireadh an t-idirdhealú ar fhorais na féiniúlachta inscne san áireamh leis an téarma 'homafóibe'. http://www.europarl.europa.eu/sides/getDoc.do;jsessionid=4DB2429ABF36AA0D33AF2F8C09062763.node2?type=TA&language=EN&reference=P6-TA-2006-0018 (12.12.2008)

[385] Hill, D agus Willoughby, B. (2005) *The Development and Validation of the Genderism and Transphobia Scale, in Sex Roles* [Forbairt agus Bailíochtú an Scála Inscneachta agus Trasfóibe, i Róil Ghéis], Iml. 53, Uimh. 7-8, Deireadh Fómhair 2005, an Ísiltír: Springer

[386] Justus Eisfeld, (2008), '*The situation concerning transphobia and discrimination on grounds of gender identity and/or gender expression in the EU Member States'* [An scéal maidir leis an trasfóibe agus idirdhealú ar fhorais na féiniúlachta inscne agus/nó an léirithe inscne i mBallstáit an AE'], *DIHR* [Institiúid na Danmhairge um Chearta Daonna]

[387] Tá an rannán seo bunaithe ar an tuarascáil *'Homophobia and discrimination on grounds of sexual orientation in the EU Member States, Part 1 Legal Analysis, FRA, 2008* [An Homafóibe agus an tIdirdhealú ar Fhorais an Treoshuímh Ghnéasaigh i mBallstáit an AE: Cuid 1 – Anailís ar Chúrsaí Dlí, FRA 2008], lch. 123-137, 153-154

Aistriúchán gan fíorú

Tá anailís mhionsonraithe ar an gcosaint dleathach a thugtar do dhaoine tras-inscne i ndlíthe an AE agus i ndlíthe idirnáisiúnta i dtuarascáil fhoilsithe an FRA "*Homophobia and Discrimination on Grounds of Sexual Orientation in the EU Member States: Part 1 – Legal Analysis*" [An Homafóibe agus an tIdirdhealú ar Fhorais an Treoshuímh Ghnéasaigh i mBallstáit an AE: Cuid 1 – Anailís ar Chúrsaí Dlí]. Tugtar léargas ginearálta gearr anseo chun cúlra a sholáthar maidir leis na saincheisteanna atá fágtha agus a phléifear sa rannán seo. Tá trí phríomhmheán cosanta i gcoinne an idirdhealaithe bunaithe ar an trasinscneacht le fáil i measc Bhallstáit an AE:

Ar dtús, féadfar an t-idirdhealú ar bhonn na trasinscneachta a léirmhíniú ar bhealach a fhágann go dtagann sé faoi chuimsiú an idirdhealaithe ar bhonn gnéis laistigh d'ionstraimí lena dtoirmisctear idirdhealú idir fir agus mná. Tagann trí Bhallstát déag den AE faoi chuimsiú an chatagóra seo (**an Bheilg**, **an Danmhairg**, **an Fhrainc**, **Éire**, **an Iodáil**, **an Laitvia,**[388] **an Ísiltír,**[389] **an Ostair,**[390] **an Pholainn**, **an tSlóvaic,**[391] **an Fhionlainn**, **an tSualainn**, **an Ríocht Aontaithe**).[392]

An dara bealach go bhféadfar é a léirmhíniú ná go dtagann sé faoi chuimsiú an idirdhealaithe ar bhonn an treoshuímh ghnéasaigh. Tagann dhá Bhallstát den AE faoi chuimsiú an chatagóra seo (**an Ghearmáin**,[393] **an Spáinn**).

An tríú bealach go bhféadfar é a léirmhíniú ná go dtagann sé faoi chuimsiú toirmisc ghinearálta ar an idirdhealú, gan gnéas ná treoshuíomh gnéasach a bheith curtha in iúl go sainráite mar na forais toirmiscthe. Is é a thagann dá thoradh sin ná go bhfuil cúrsaí ó thaobh an dlí neamhchinnte maidir leis an

Aistriúchán gan fíorú

---

[388] An Laitvia/Latvijas Republikas Augstākās tiesas Senāta Administratīvo lietu departaments/A42229505 SKA – 5/2008 (14.01.2008).

[389] Cúirt Achomhairc Leeuwarden, 13.01.1995, *NJ* [Tuarascálacha Dlí na hÍsiltíre] 1995 uimh. 243 agus, mar shampla, Tuairimí *Commissie Gelijke Behandeling* [Coimisiún um Chóir Chomhionann] 1998-12 agus 2000-73

[390] An Ostair/ Erläuterungen [Nótaí Míniúcháin]/ RV 415dB XXIII. GP, ar fáil ag: http://www.parlament.gv.at/PG/DE/XXIII/I/I_00415/fname_096505.pdf (08.01.2008) (míniúcháin arna n-iarcheangal le bille an rialtais maidir le Treoir 2004/113/CE ón gComhairle a chur chun feidhme lena dtoirmisctear idirdhealú idir fir agus mná maidir le rochtain ar agus soláthar earraí agus seirbhísí).

[391] Airt. 6 (3)a. an tSlóvaic/ Antidiskriminačný Zákon 365/2004 (20.05.2004)

[392] Sa Bhreatain Mhór, tá na forálacha ábhartha sa *Sex Discrimination Ac*t 1975 (SDA) [Acht i gCoinne an Idirdhealaithe ar Bhonn Gnéis], arna leasú leis an *Sex Discrimination (Gender Reassignment) Regulations* 1999 [Rialacháin um Idirdhealú ar Bhonn Gnéis (Athrú Inscne)] . I dTuaisceart Éireann, tugtar cosaint leis an *Sex Discrimination (NI) Order 1976 (SDO)* [Ordú um Idirdhealú ar Bhonn Gnéis (TÉ)], arna leasú leis na *Sex Discrimination (Gender Reassignment) Regulations (NI)* 1999 [Rialacháin um Idirdhealú ar Bhonn Gnéis (Athrú Inscne) (TÉ)] 1999.
Sa Ríocht Aontaithe freisin, sa chás gur féidir le duine *Gender Recognition Certificate* [Teastas Aitheantais Inscne] a fháil faoin *Gender Recognition Act 2004 (GRA)* [Acht um Aitheantas Inscne] ní bheadh sé dleathach idirdhealú a dhéanamh seachas ar fhorais go mbainfeadh sé le duine ar bith eile a bhfuil an inscne atá faighte aige nó aici. (Tá eisceacht amháin ann: is féidir le reiligiún eagraithe idirdhealú a dhéanamh sa chás go bhfuil fíorchúiseanna reiligiúnacha ann le diúltú duine trasghnéasach a fhostú fiú má tá Teastas Aitheantais Inscne ag an duine).

[393] Féach *the Explanatory Memorandum to the General Law on Equal Treatment* [an Meabhrán Mínithe maidir leis an Dlí Ginearálta um Chóir Chomhionann]: Bundestag, uimh. fhoilseacháin 16/1780, lch. 31


gcosaint bheacht atá ann do dhaoine tras-inscne ar an idirdhealú. Tagann aon Bhallstát déag faoi chuimsiú an chatagóra seo (**an Bhulgáir**, **Poblacht na Seice**, **an Eastóin**, **an Ghréig**, **an Chipir**, **an Liotuáin**, **Lucsamburg**, **Málta**, **an Phortaingéil**, **an Rómáin**, agus **an tSlóivéin**).

Ar deireadh, **san Ungáir**, tugtar aghaidh ar an idirdhealú bunaithe ar an trasinscneacht ar fhorais na féiniúlachta inscne faoin Acht um Chóir Chomhionann.[394]

Aistriúchán gan fíorú

[394] Féadfar daoine tras-inscne a chosaint ar an idirdhealú mar sin, nuair a thugtar cóir dóibh atá difriúil leis an gcóir a thugtar do dhaoine eile den inscne chéanna leis an inscne atá faighte. San Ungáir, tá féiniúlacht inscne áirithe san *Act on Equal Treatment* [Acht um Chóir Chomhionann] (an Ungáir/2003 évi CXXV Törvény/28.12.2003) mar cheann de na forais idirdhealaithe (Airteagal 8-n), An Ungáir/2003 évi CXXV Törvény/28.12.2003)

Catagóiriú an idirdhealaithe i gcoinne daoine tras-inscne




*Dearcaí ar dhaoine tras-inscne*

| | Insert translation | | Insert translation |
|---|---|---|---|
| **Torthaí Tíre** | | Lithuania | An Liotuáin |
| The Netherlands | An Ísiltír | Italy | An Iodáil |
| Sweden | An tSualainn | Finland | An Fhionlainn |
| Denmark | An Danmhairg | Portugal | An Phortaingéil |
| Austria | An Ostair | Slovenia | An tSlóivéin |
| Belgium | An Bheilg | Estonia | An Eastóin |
| Spain | An Spáinn | Hungaria | An Ungáir |
| Germany | An Ghearmáin | Slovakia | An tSlóvaic |
| Luxembourg | Lucsamburg | Bulgaria | An Bhulgáir |
| France | An Fhrainc | Greece | An Ghréig |
| United Kingdom | Ríocht Aontaithe | Cyprus | An Chipir |
| **European Union (27)** | | Latvia | An Laitvia |
| Ireland | Éire | Romania | An Rómáin |
| Czech Republic | Poblacht na Seice | Malta | Málta |
| Sex discrimination | | Idirdhealú gnéasach | |
| Sexual orientation discrimination | | Idirdhealú ar bhonn treoshuímh ghnéasaigh | |
| Legal uncertainly | | Neamhchinnteacht ó thaobh an dlí de | |
| Sexual identify discrimination | | Idirdhealú ar bhonn féiniúlachta gnéasaí | |

Aistriúchán gan fíorú

Tá fíoreaspa sonraí eolaíochta ann, lena gcuimsítear an Eoraip ar fad, maidir le dearcaí na sochaí ar dhaoine tras-inscne. Tá roinnt taighde ar fáil, áfach, lena gcuimsítear an Eoraip ar fad agus lena ndírítear ar eispéireas daoine tras-inscne

a bhí thíos le dearcaí trasfóibeacha agus baineann an taighde leis an earnáil chúraim sláinte (féach rannán maidir le cúram sláinte). Tá taighde cosúil leis ar fáil d'earnálacha eile i roinnt Ballstát, agus luadh iad seo ina rannáin chuí freisin.[395]

Taispeántar le roinnt taighde atá ann cheana féin maidir le dearcaí diúltacha ar dhaoine tras-inscne, mar shampla, staidéar amháin[396] a raibh 151 mac léinn síceolaíochta agus innealtóireachta sa Bhreatain páirteach ann agus ceann eile a raibh 407 mac léinn fochéime agus iarchéime páirteach ann, gur cosúil go bhfuil an trasfóibe nasctha go dlúth le, i measc rudaí eile, dearcaí reiligiúnacha, tiarnasacha agus heitrighnéasaíocha, creideamh i mbunús bitheolaíochta na féiniúlachta inscne agus gan mórán teagmhála a bheith ag duine le mionlaigh inscne roimhe.

Bhí formhór an taighde ar dhaoine tras-inscne teoranta do ghnéithe den fhéiniúlacht inscne agus den trasdul inscne a bhaineann le cúrsaí liachta. Seoladh taighde faoin trasfóibe go sonrach i gcuid mhaith tír san Eoraip, áfach, an ceann is suntasaí ná staidéar '*Engendered Penalties*' ['Pionóis In-Inscnithe'][397] ar 872 freagróir a d'aithin iad féin mar dhaoine tras-inscne, agus fuarthas torthaí an-chosúil leo siúd a fuarthas sa taighde thuas. Taispeánadh le torthaí leathana an taighde seo go bhfuil an scéal do dhaoine tras-inscne go dona i ngach ceann de na tíortha seo. Seoladh staidéar amháin lenar cuimsíodh an Eoraip ar fad[398] in 2007, agus lenar táirgeadh saibhreas sonraí ar 2,700 duine tras-inscne san Eoraip, ach ní raibh maoiniúchán dóthanach ar fáil go dtí seo ach le haghaidh anailíse teoranta ar na sonraí seo ó thaobh cúrsaí dlí agus an scéal i gcúrsaí cúraim sláinte. Leis an léirmheas ar thaighde, tugtar chun suntais go bhfuil treocht ann i dtreo toilteanais le taighde ardchaighdeáin, arna mhaoiniú go maith, a sheoladh i mBallstáit a bhfuil gluaiseacht láidir tras-inscne iontu, amhail **an Ríocht Aontaithe** agus **an Fhionlainn**. Do chodanna móra den Eoraip, go háirithe i gcodanna sa Dheisceart agus san Oirthear den AE, níl aon taighde eolaíochta foilsithe ann faoin trasfóibe ar chor ar bith.

Ar leibhéal na mBallstát, tagann an taighde is cuimsithí maidir le dearcaí sa tsochaí ón Albain, mar ar áiríodh ceisteanna faoi thrasghnéasaigh i suirbhé

Aistriúchán gan fíorú

[395] Justus Eisfeld, (2008), *The situation concerning transphobia and discrimination on grounds of gender identity and/or gender expression in the EU Member States'* [An scéal maidir leis an trasfóibe agus idirdhealú ar fhorais na féiniúlachta inscne agus/nó an léirithe inscne i mBallstáit an AE'], *DIHR* [Institiúid na Danmhairge um Chearta Daonna], lch. 12

[396] Tee, N, Hegarty, P (2006) *Predicting Opposition to the Civil Rights of Trans Persons in the United Kingdom, in: Journal of Community & Applied Social Psychology* [Réamhaithris faoi Dhaoine a Chuirfeadh i gCoinne Cearta Sibhialta Daoine Tras-Inscne sa Ríocht Aontaithe, in: Irisleabhar Síceolaíochta Pobail & Sóisialta Feidhmí], 16: 70-80, Wiley InterScience

[397] Whittle, S, Turner, L, Al-Alami M (2007) *Engendered Penalties: Transgender and Transsexual People's Experiences of Inequality and Discrimination* [Pionóis In-Inscnithe: Eispéiris Daoine Tras-Inscne agus Trasghnéasacha ar an Míchothromaíocht agus Idirdhealú], Wetherby: *The Equalities Review* [an Léirmheas ar Mhíchothromaíochtaí]

[398] Whittle, S, Turner, L, Combs, R, Rhodes, S (2008) *Transgender EuroStudy: Legal Survey and Focus on the Transgender Experience of Health Care* [EoraStaidéar Tras-Inscne: Suirbhé ar chúrsaí Dlí agus Fócas ar Eispéireas Daoine Tras-Inscne ar an gCúram Sláinte], an Bhruiséil: ILGA-Eoraip

eolaíochta ar mhórscála bunaithe ar shampla de 1,594 duine fásta.[399] Thángthas ar an gconclúid: '*discriminatory attitudes are more widespread in respect of some groups than others. They are particularly common in respect* of Gypsies/Travellers *and someone who has had a sex change operation (a description designed to refer to a transgender person*'['tá dearcaí idirdhealaitheacha níos forleithne i leith grúpaí áirithe thar a chéile. Tá siad iontach coitianta i leith na nGiofóg/an Lucht Siúil agus i leith duine a chuaigh faoi obráid athraithe inscne (cur síos a dearadh chun tagairt do dhuine tras-inscne')].[400] Fianaise láidir dó seo ná an fhíric go ndúirt 50 faoin gcéad de fhreagróirí an tsuirbhé '[that] *they would be unhappy about a relative forming a long-term relationship with a transsexual person*' ['go mbeidís míshásta dá ndéanfadh gaol leo caidreamh fadtéarmach le duine trasghnéasach']. Taispeántar le tuilleadh anailíse go bhfuil dearcaí diúltacha ar dhaoine tras-inscne coitianta i measc an daonra ar fad agus gurb i measc na bhfear reiligiúnach gan oideachas os cionn aois 65 ba choitianta a bhí siad. Bhí 44 faoin gcéad de na freagróirí a chomhaontaigh gur chóir don Albain fáil réidh le gach cineál claontacht míshásta, áfach, faoi thrasghnéasaigh mar chleamhnaithe.[401]

Sa staidéar sa Bhreatain, a luadh níos luaithe, a raibh 151 mac léinn síceolaíochta agus innealtóireachta sa Bhreatain páirteach ann agus a úsáideadh chun réamhaithriseoirí a dhéanamh amach maidir le daoine a chuirfeadh i gcoinne cearta daoine tras-inscne, ba léir go raibh ardleibhéal trasfóibe ann i suibiachtaí uile an staidéir.[402]

Mar chuid den suirbhé leictreonach i measc Eagraíochtaí Neamhrialtasacha LADT, Comhlachtaí Náisiúnta Comhionannais agus údarás poiblí, cuireadh ceist ar na páirtithe leasmhara seo faoin nglacacht le daoine tras-inscne ina dtír. Taispeántar leis an suirbhé go gcreideann 73 faoin gcéad de na freagróirí nach bhfuil 'aon ghlacacht ar bith' ann do dhaoine tras-inscne nó 'glacacht teoranta'.

**Deachleachtas: San Iodáil**, réachtáil seirbhís LADT halla baile Turin, an cumann LADT áitiúil "Groupa Luna" agus trí scoil ealaíne comórtas i gcomhar lena chéile, idir gach ceann den trí scoil, le haghaidh sraith phóstaer i gcoinne an idirdhealaithe ar fhorais na homaighnéasachta agus na trasghnéasachta. Cuireadh na póstaeir ar taispeáint ar shráideanna an bhaile agus ar áiseanna áitiúla iompair phoiblí. Sa phóstaer ar tugadh an chéad duais dó, bhí tréad

[399] Bromley, C, Curtice, J, Given, L (2007) *Attitudes to discrimination in Scotland: 2006, Scottish Social Attitudes Survey, Edinburgh: Scottish Government Social Research* [Dearcaí ar an idirdhealú in Albain: 2006, Suirbhé na hAlban ar Dhearcaí Sóisialta, Dún Éideann: Taighde Sóisialta Rialtas na hAlban]

[400] Bromley, C, Curtice, J, Given, L (2007) *Attitudes to discrimination in Scotland: 2006, Scottish Social Attitudes Survey, Edinburgh: Scottish Government Social Research* [Dearcaí ar an idirdhealú in Albain: 2006, Suirbhé na hAlban ar Dhearcaí Sóisialta, Dún Éideann: Taighde Sóisialta Rialtas na hAlban], lch. ix

[401] Bromley, C, Curtice, J, Given, L (2007) *Attitudes to discrimination in Scotland: 2006, Scottish Social Attitudes Survey, Edinburgh: Scottish Government Social Research* [Dearcaí ar an idirdhealú in Albain: 2006, Suirbhé na hAlban ar Dhearcaí Sóisialta, Dún Éideann: Taighde Sóisialta Rialtas na hAlban]

[402] Comhfhreagras ríomhphoist le P. Hegarty, Meitheamh 12, 2008

Aistriúchán gan fíorú

caorach dubh agus bán agus aon chaora bhándearg amháin ann lena léirítear an "mionlach laistigh de mhionlaigh" (i.e. an trasghnéasacht) agus scaipeadh an póstaer go forleathan. Tá tús curtha le tionscnaimh cosúil leis i mbailte eile san **Iodáil**.[403] Is féidir teacht ar an bpóstaer buach agus ar na cinn eile ar fad ag: www.comune.torino.it/politichedigenere/man/index.htm

**Deachleachtas: Sa Ríocht Aontaithe,** soláthróidh Feidhmeannas na hAlban €75.000 in aghaidh na bliana ar feadh ceithre bliana (2007-2011) chun tionscadal náisiúnta lánaimseartha de chuid an *Scottish Transgender Alliance* a mhaoiniú chun cúnamh a sholáthar le polasaithe a fhorbairt agus treoir maidir le deachleachtais a sholáthar do sheirbhísí poiblí, d'fhostóirí agus do chomhlachtaí rialtais na hAlban, agus chun cumas gníomhaíoch a fhorbairt sa phobal tras-inscne; agus iii) cuimsiú daoine tras-inscne i sochaí na hAlban a chur chun cinn.[404]

Aistriúchán gan fíorú

An chóir a fhaigheann daoine tras-inscne óna dteaghlach

Feictear do bheagnach gach duine tras-inscne go mbaineann fadhbanna le bheith "ag teacht amach" dá dteaghlach. Cé nach bhfuil mórán sonraí ar fáil ar chor ar bith maidir le méid na faidhbe, fuarthas leis an staidéar '*Engendered Penalties'* [Pionóis Ininscnithe] gur cliseadh ar a gcaidreamh lena dteaghlach i gcás 45 faoin gcéad de na freagróirí, gur thuairiscigh 37 faoin gcéad gur mhothaigh siad eisiata ó imeachtaí teaghlaigh agus go bhfuil daoine ina dteaghlach nach labhraíonn leo i gcás 36 faoin gcéad mar gheall ar a bhféiniúlachtaí tras-inscne.[405]

Sa suirbhé **Albanach** ar eispéiris daoine tras-inscne, thuairiscigh 46 faoin gcéad de na freagróirí drochíde thrasfóibeach i gcaidreamh baile – i bhfoirm drochíde ó bhéal den chuid is mó. Bhí iompar bagarthach (17 faoin gcéad), drochíde fhisiciúil (11 faoin gcéad) agus drochíde ghnéasach (4 faoin gcéad) coitianta freisin áfach.[406] I suirbhé **Sualannach,** dúirt 32 faoin gcéad d'fhreagróirí tras-inscne go raibh easpa tacaíochta mothúchánaí ina saol acu i gcomparáid le 19 faoin gcéad d'fhreagróirí aeracha agus thart faoi 10 d'fhreagróirí heitrighnéasacha. D'airigh 15 faoin gcéad tacaíocht phraiticiúil uathu i gcoinne 4 faoin gcéad den daonra heitrighnéasach agus 9 faoin gcéad den daonra aerach. Ar deireadh thuairiscigh 37 faoin gcéad de dhaoine tras-

[403] An Iodáil, tuarascáil tíre
[404] *Scottish Transgender Alliance* [Comhghuaillíocht Tras-Inscne na hAlban] (2008) *Transgender Experiences in Scotland - Research Summary,* [Eispéiris Daoine Tras-Inscne in Albain – Achoimre Taighde], Dún Éideann*: Equality Network* [Líonra Comhionannais] lch. 3
[405] Whittle, S, Turner, L, Al-Alami M (2007) *Engendered Penalties*: *Transgender and Transsexual People's Experiences of Inequality and Discrimination* [Pionóis In-Inscnithe: Eispéiris Daoine Tras-Inscne agus Trasghnéasacha ar an Míchothromaíocht agus Idirdhealú], Wetherby: *The Equalities Review* [an Léirmheas ar Mhíchothromaíochtaí], lch. 68
[406] *Scottish Transgender Alliance* [Comhghuaillíocht Tras-Inscne na hAlban] (2008) *Transgender Experiences in Scotland - Research Summary,* [Eispéiris Daoine Tras-Inscne in Albain – Achoimre Taighde], Dún Éideann*: Equality Network* [Líonra Comhionannais], lch. 11

inscne gur beag nach raibh muinín acu in aon duine eile.[407] San **Ungáir**, '*rejection was the most often mentioned reaction from family… After several years of struggle some had experienced practical signs of acceptance'* ['ba é an diúltú an fhreagairt ba mhinice a luadh go bhfuarthas ón teaghlach… Tar éis roinnt blianta dóibh a bheith ag sracadh leis, fuair roinnt díobh comharthaí praiticiúla gur glacadh leo'].[408] **Sa tSualainn** is tearc duine tras-inscne a bhíonn oscailte faoina fhéiniúlacht inscne ina dteaghlach tionscnaimh – thart faoi 80 faoin gcéad ina measc siúd a rugadh sna 60aidí nó níos déanaí, agus 54-60 faoin gcéad ina measc siúd a rugadh roimh na 60aidí.[409]

An Fhuathchoireacht

Is beag atá ar eolas faoi fhairsinge na fuathchoireachta i gcoinne daoine tras-inscne san AE. Níl aon sonraí taighde ar an ábhar seo d'aon Bhallstát den AE. Tá leideanna ann áfach go mbíonn daoine tras-inscne ina n-íospartaigh fhuathchoireachta go han-mhinic i gcaitheamh a saoil, idir chiapadh, bhulaíocht agus dhrochíde ó bhéal agus fhoréigean fisiciúil, ionsaithe gnéasacha agus fiú dúnmharú. Faoi mar a nótáladh thuas, '*the European Parliament has monitored a proliferation of hate speech targeting the lesbian, gay, bisexual and transgender (LGBT) community in a number of European countries'* ['Tá monatóireacht déanta ag Parlaimint na hEorpa ar leathadh na fuathchainte lena ndírítear ar an bpobal leispiach, aerach, déghnéasach agus tras-inscne (LADT) i roinnt tíortha san Eoraip'].[410] Dúirt an Eagraíocht um Shlándáil agus Chomhoibriú san Eoraip an méid seo a leanas ina dtuarascáil '*Hate Crimes in the OSCE Region: Incidents and Responses*' [Fuathchoireanna i Réigiún na hEagraíochta um Shlándáil agus Chomhoibriú san Eoraip – Eachtraí agus Freagairtí]: '*Homophobic hate crimes and incidents often show a high degree of cruelty and brutality. They often involve severe beatings, torture, mutilation, castration, even sexual assault. They are also very likely to result in death. Transgender people seem to be even more vulnerable within this category*.' ['Is minic go mbíonn ardleibhéal cruálachta agus brúidiúlachta ag baint le fuathchoireanna agus fuatheachtraí homafóibeacha. Is minic go mbíonn greadadh, céasadh, ciorrú, coilleadh, fiú ionsaí gnéasach i gceist leo. Is rí-

Aistriúchán gan fíorú

[407] Statens Folkshälsoinstitut (2005) Homosexuellas, bisexuellas och transpersoners hälsosituation, Återrapportering av regeringsuppdrag att undersöka och analysera hälsosituationen bland hbt-personer, Östersund: FHI, lch. 33f

[408] Solymár, B, Takács, J (2007) *Wrong Bodies and Real Selves: Transsexual People in the Hungarian Social and Health Care System* [Colainneacha Cearra agus an Fhíor-Fhéin: Daoine Trasghnéasacha i gCóras Sóisialta agus Cúraim Sláinte na hUngáire], in: Kuhar, R, Takács, J (eag.) (2007) *Beyond the Pink Curtain; Everyday Life of LGBT People in Eastern Europe* [Thar an gCuirtín Bándearg: Saol Laethúil Daoine LADT in Oirthear na hEorpa], Liúibleána: *Mirovni Institut* [Institiúid Mhirovni], lch. 153

[409] Statens Folkshälsoinstitut (2005) Homosexuellas, bisexuellas och transpersoners hälsosituation, Återrapportering av regeringsuppdrag att undersöka och analysera hälsosituationen bland hbt-personer, Östersund: FHI, lch. 37

[410] Rún Pharlaimint na hEorpa, '*Homophobia in Europe'* ['An Homafóibe san Eoraip'] a glacadh 26 Aibreán 2007, P6_TA(2007)0167

dhócha go bhfaighidh an t-íospartach bás dá thoradh freisin. Is cosúil go bhfuil daoine tras-inscne níos leochailí fós laistigh den chatagóir seo.'][411]

Bhain roinnt cásanna maidir le daoine tras-inscne a dúnmharaíodh na meáin náisiúnta agus idirnáisiúnta amach le roinnt blianta beaga anuas. Is é an cás a fuair an aird is mó ná cás faoi thrasghnéasach i gcathair Porto, **an Phortaingéil**, ar chéas, ar éignigh agus ar chaith grúpa déagóirí fir i dtobar tréigthe é le bás a fháil.[412] Bhí cásanna dúnmharuithe eile, sa Háig, **san Ísiltír** in 2007[413] agus arís **sa Phortaingéil**, in 2008[414] ina scéalta nuachta idirnáisiúnta freisin. Ach ní heol fíorlíon na ndaoine tras-inscne a dúnmharaíodh mar gheall ar a bhféiniúlacht inscne.

Aistriúchán gan fíorú

[411] Eagraíocht um Shlándáil agus Chomhoibriú san Eoraip/Oifig um Institúidí Daonlathacha agus um Chearta Daoine (2007) '*Hate Crimes in the OSCE Region - Incidents and Responses. Annual Report for 2006*' [Fuathchoireanna i Réigiún na hEagraíochta um Shlándáil agus Chomhoibriú san Eoraip – Eachtraí agus Freagairtí. Tuarascáil Bhliantúil i gcomhair 2006']; Vársá: Eagraíocht um Shlándáil agus Chomhoibriú san Eoraip/Oifig um Institúidí Daonlathacha agus um Chearta Daoine, lch. 53f

[412] Eagraíocht um Shlándáil agus Chomhoibriú san Eoraip/Oifig um Institúidí Daonlathacha agus um Chearta Daoine (2007) '*Hate Crimes in the OSCE Region - Incidents and Responses. Annual Report for 2006*' [Fuathchoireanna i Réigiún na hEagraíochta um Shlándáil agus Chomhoibriú san Eoraip – Eachtraí agus Freagairtí. Tuarascáil Bhliantúil i gcomhair 2006']; Vársá: Eagraíocht um Shlándáil agus Chomhoibriú san Eoraip/Oifig um Institúidí Daonlathacha agus um Chearta Daoine, lch.54

[413] AD Den Haag (2007) Travestiet overleden na mishandeling, Den Haag: Algemeen Dagblad 19 Aibreán 2007, ar fáil ag http://www.ad.nl/denhaag/stad/article1295771.ece; vreerBlog (2007) RIP Henriëtte Wiersinga, ar fáil ag http://www.vreer.net/wordpress/archives/78 (12.06.2008)

[414] Diário de Notícias (2008) Transsexual assassinada um ano depois de Gisberta, Lisboa: Diário de Notícias 1.3.2008, ar fáil ag http://dn.sapo.pt/2008/03/01/cidades/transexual_assassinada_ano_depois_gi.html (12.06.2008)

**Deachleachtas:** Tar éis an dúnmharaithe uafásaigh in 2006 **sa Phortaingéil**, tharraing "*Panteras Rosas*" aird an phobail ar an eachtra scáfar seo agus throid i gcoinne na tuairisce claonta a rinne ceannairí eaglasta agus daoine sa phobal i gcoitinne ar an gcoir sna meáin. Agus iad ag comhoibriú le *Transgender Europe* [Tras-Inscne Eoraip], agus le heagraíochtaí eile atá cairdiúil do dhaoine tras-inscne, d'eagraigh siad feachtas ilteangach lenar iarradh feasacht níos mó ar an bhfadhb agus triail chomh maith. De bharr na gcomhiarrachtaí seo, forbraíodh díospóireacht phoiblí maidir leis an "bhfuathchoireacht" lenar díríodh ar fhóbartaigh seachas ar na híospartaigh.[415]

Ceann den bheagán samplaí mar a dtaifeadann fórsa póilíní an foréigean trasfóibeach ná sa **Ríocht Aontaithe**, i dTuaisceart Éireann, mar a dtaifeadann na póilíní fuathchoireanna trasfóibeacha.[416] Bhí líon na n-eachtraí d'fhoréigean trasfóibeach a tuairiscíodh i dTuaisceart Éireann réasúnta íseal - tuairiscíodh 32 eachtra trasfóibeach in 2006/2007 agus 7 gceann in 2007/2008.

I gcontrárthacht leis sin, is cosúil go bhfuil ardleibhéal ciaptha agus foréigin trasfóibigh ann, de réir tuairiscí ó dhaoine tras-inscne. Sa staidéar '*Engendered Penalties*' [Pionóis In-Inscnithe], thuairiscigh 73 faoin gcéad de na freagróirí tras-inscne ráitis dhiúltacha, drochíde ó bhéal, drochíde fhisiciúil nó ghnéasach nó iompar bagarthach.[417] **Sa tSualainn**, thuairiscigh 41 faoin gcéad den 374 freagróir tras-inscne i staidéar ar mhórscála ar shláinte daoine LADT go raibh siad ina n-íospartaigh iompair/chóra maslaí sna trí mhí roimhe i gcomparáid le 30 faoin gcéad de homaighnéasaigh. Thuairiscigh 12 faoin gcéad de dhaoine tras-inscne i gcomparáid le 6 faoin gcéad d'fhreagróirí aeracha go ndearnadh drochíde arís is arís eile orthu. Thuairiscigh an tríú cuid de na freagróirí tras-inscne gur fhulaing siad ciapadh ag pointe éigin ina saol agus thuairiscigh an tríú cuid den ghrúpa seo eispéiris den sórt sin le bliain anuas.[418] I suirbhé eile **sa tSualainn** thuairiscigh 59 faoin gcéad d'fhreagróirí tras-inscne i suirbhé eile go raibh faitíos orthu roimh chiapadh agus fhoréigean ar bhonn a bhféiniúlachta inscne, agus thuairiscigh fir agus mná aeracha (45 faoin gcéad) agus déghnéasaigh (39 faoin gcéad) figiúir níos ísle.

Níl aon sonraí ar fáil lena gcuimsítear an Eoraip ar fad agus lena dtugtar cuntas mionsionraithe ar an gcóir ó phóilíní agus ar an gcóireáil liachta a fhaigheann

Aistriúchán gan fíorú

---

[415] Faisnéis arna soláthar ag *Transgender Europe* [Eoraip Tras-Inscne] ag cruinniú comhchéime comhairliúcháin maidir leis an homafóibe agus an trasfóibe a chomhrac san AE, Meitheamh 2008, Cóbanhávan

[416] Staitisticí Sheirbhís Phóilíneachta Thuaisceart Éireann (2008) *Annual Statistical Report, Statistical Report No. 3; Hate Incidents & Crimes* [Tuarascáil Staitistiúil Bhliantúil, Tuarascáil Staitistiúil Uimh. 3; Fuatheachtraí & Fuathchoireanna]; 1ú Aibreán 2007 – 31ú Márta 2008; Béal Feirste: SPTÉ; 2008

[417] Whittle, S, Turner, L, Al-Alami M (2007) *Engendered Penalties: Transgender and Transsexual People's Experiences of Inequality and Discrimination* [Pionóis In-Inscnithe: Eispéiris Daoine Tras-Inscne agus Trasghnéasacha ar an Míchothromaíocht agus Idirdhealú], Wetherby: *The Equalities Review* [an Léirmheas ar Mhíchothromaíochtaí], lch. 53

[418] Statens Folkshälsoinstitut (2005) Homosexuellas, bisexuellas och transpersoners hälsosituation, Återrapportering av regeringsuppdrag att undersöka och analysera hälsosituationen bland hbt-personer, Östersund: FHI

íospartaigh tras-inscne na coireachta nuair a thuairiscíonn siad coir do na húdaráis. Thuairiscigh 18.5 faoin gcéad d'fhreagróirí tras-inscne sa staidéar '*Engendered Penalties*' [Pionóis In-Inscnithe] gur mhothaigh siad nár tugadh cóir mar is ceart dóibh agus iad ag idirghníomhú leis na póilíní sa **Ríocht Aontaithe**. Ar an iomlán, thuairiscigh 33.5 faoin gcéad d'freagróirí tras-inscne sa **Ríocht Aontaithe** sa staidéar seo nach mbeidís muiníneach go dtabharfadh baill de na póilíní cóir chuí dóibh sa chás go mbeadh a gcúnamh ag teastáil uathu[419]. Is léir, go rachaidh easpa muiníne den sórt sin as na póilíní i bhfeidhm ar thuairisceoireacht na coireachta ó íospartaigh tras-inscne.

Deachleachtas: Sa Ríocht Aontaithe, tuairiscíonn póilíní Thuaisceart Éireann faoi fhuathchoireanna trasfóibeacha go rialta. Is éard atá le léamh ar a bpreasfhógra staitistiúil ná "*In terms of hate motivated incidents recorded during 2007/08, sectarian incidents were the most common (1,584) followed by racist incidents (976), homophobic (160), faith/religion (68), disability (49) and transphobic (7) motivated incidents.'* ['Ó thaobh eachtraí arbh fhuath an ceannfháth a bhí leo agus a taifeadadh i rith 2007/08, eachtraí seicteacha ba choitianta (1,584) agus eachtraí ciníocha ina ndiaidh (976), eachtraí homafóibeacha (160), eachtraí ar chreideamh/reiligiún (68), agus ar mhíchumas (49) an ceannfháth a bhí leo agus eachtraí trasfóibeacha (7).] [420]

*Saoirse Chomhthionóil*

Tá ballraíocht an aon líonra dá bhfuil ann de ghrúpaí agus de dhaoine aonair tras-inscne, lena gcuimsítear an Eoraip ar fad – *Transgender Europe* [Tras-Inscne Eoraip] – comhdhéanta de ghrúpaí áitiúla den chuid is mó. Níl aon taighde ar ghrúpaí tras-inscne nó ar líonraí daoine tras-inscne san Eoraip.

Tá Eagraíochtaí Neamhrialtasacha tras-inscne níos láidre i dtíortha mar a bhfuil traidisiún fuascailte daoine tras-inscne ann níos faide chomh maith le gluaiseachtaí sóisialta eile, amhail an **Ríocht Aontaithe** agus **an Ísiltír**. I gcontrárthacht leis sin, is beag nach bhfuil aon Eagraíochtaí Neamhrialtasacha ar bith ann i nDeisceart agus in Oirthear na hEorpa a bhfuil fócas sonrach ar dhaoine tras-inscne acu. Bunaithe ar fhianaise scéaltach, d'fhéadfadh fadhbanna a bheith i gceist ó thaobh seasmhachta grúpaí tras-inscne, toisc gur minic go mbíonn baill an ghrúpa díchumhachtaithe de bharr a n-eispéireas pearsanta ar an idirdhealú, chomh maith le heaspa tacaíochta. Dá thoradh sin, is minic a tharlaíonn troideanna inmheánacha agus go mbíonn grúpaí á scoilteadh

Aistriúchán gan fíorú

[419] Whittle, S, Turner, L, Al-Alami M (2007) *Engendered Penalties*: *Transgender and Transsexual People's Experiences of Inequality and Discrimination* [Pionóis In-Inscnithe: Eispéiris Daoine Tras-Inscne agus Trasghnéasacha ar an Míchothromaíocht agus Idirdhealú], Wetherby: *The Equalities Review* [an Léirmheas ar Mhíchothromaíochtaí], lch. 16

[420] Staitisticí Sheirbhís Phóilíneachta Thuaisceart Éireann (2008) *Annual Statistical Report, Statistical Report No. 3; Hate Incidents & Crimes* [Tuarascáil Staitistiúil Bhliantúil, Tuarascáil Staitistiúil Uimh. 3; Fuatheachtraí & Fuathchoireanna]; 1ú Aibreán 2007 – 31ú Márta 2008; Béal Feirste: SPTÉ; 2008

le foghrúpaí a dhéanamh, rud a bhaineann an bonn d’éifeachtúlacht ghluaiseachtaí fuascailte den sórt sin.

Dearbhaítear é seo le tuairiscí faoi struchtúir náisiúnta tras-inscne **sa Beilg**[421] agus **san Ísiltír**.[422] Ní raibh grúpaí tras-inscne in ann maoiniúchán a aimsiú ach i bhfíorbheagán tíortha, amhail **san Fhionlainn**[423] agus **san Ísiltír**,[424] lena gcuirtear ar a gcumas oibrithe pobail/sóisialta a fhostú chun cabhrú le daoine tras-inscne ar leibhéal pearsanta. Is beag grúpa tras-inscne ar bith ar éirigh leis dóthain maoiniúcháin a chruinniú chun oibrithe gairmiúla forbartha pobail nó beartais a fhostú.

Ní raibh aon fhianaise ann gur cuireadh toirmisc ar léirsithe poiblí nó ar imeachtaí eagraithe a bhí ar siúl ag daoine tras-inscne. Is dócha gurb amhlaidh seo toisc gur fíorannamh a eagraíonn grúpaí tras-inscne imeachtaí den sórt sin mar gheall ar an easpa acmhainní daonna agus airgeadais agus mar gheall ar fhaitíos a mball go n-aithneofar go poiblí iad. Tarlaíonn formhór an bheagáin imeachtaí poiblí a dhéantar a cheiliúradh timpeall *Trans Remembrance Day* [Lá Cuimhneacháin Daoine Tras-inscne], nuair a chomórtar íospartaigh dhúnmharuithe trasfóibeacha, agus is fíorbheag aird a thugtar ar na himeachtaí sin sna meáin.

**Deachleachtas:** Tugann an *European Transgender Council* [Comhairle Thras-Inscne na hEorpa] gníomhaígh tras-inscne as gach cearn den Eoraip le chéile ar bhonn débhliantúil. Grúpaí áitiúla gníomhaíoch tras-inscne a eagraíonn an t-imeacht. Deis ar leith atá ann do ghrúpaí tras-inscne iarrachtaí a iolrú, líonraí a láidriú, feachtais a chomhordú, an cleachtas is fearr a mhalartú, agus éilimh agus straitéisí polaitíochta a cheapadh ar bhealach lena gcuimsítear an Eoraip ar fad. Feictear do na rannpháirtithe agus do na grúpaí, na pobail agus na tíortha a bhfuil ionadaíocht acu ar an gComhairle gur taca iontach é. Ag an gComhairle, bíonn an príomhfhócas ar chearta daoine tras-inscne agus conas iad a fháil ó thaobh na polaitíochta ag leibhéal an AE agus ag leibhéal náisiúnta. In 2005 (Vín, **an Ostair**) agus 2008 (Beirlín, **an Ghearmáin**) reáchtáladh an t-imeacht faoi phatrúnacht mhéaraí na gcomhairlí cathrach agus na ndúichí cathrach.[425]

*An Margadh Saothair*

Níl aon fhianaise ann gur bhailigh údaráis gearáin oifigiúla ó dhaoine tras-inscne sa mhargadh saothair go dtí seo. Tá roinnt taighde i dtíortha éagsúla an AE áfach lena léirítear pictiúr dólásach maidir leis an scéal ó thaobh daoine tras-inscne sa mhargadh saothair.

Aistriúchán gan fíorú

[421] Motmans, J (2006) De Transgenderbeweging in Vlaanderen en Brussel in kaart gebracht: Organisatiekenmerken, Netwerken en Strijdpunten, Antwerpen, Hasselt: Steunpunt Gelijkekansenbeleid; Remmerie, L (2008) Naar een Vlaams transgenderoverleg? Visie van transgenderbeweging en zijn potentiële partners, Gent: Arteveldehogeschool
[422] Meulmeester, G, Bos, G, Spaas, J-P, Eisfeld, J (2005) Doe T Zelf - Transgenderorganisaties in Nederland, Amsterdam: Stiching T-Image
[423] Féach http://www.transtukipiste.fi/en/index.html (12.06.2008)
[424] Féach http://www.transvisie.nu (15.06.2008)
[425] Féach http://tgeu.net/ (17.10.2008)

**Sa Spáinn**, taispéanadh le taighde[426] ar 100 freagróir ón *First Gender Identity Disorder Unit* [an Chéad Aonad um Neamhord Féiniúlachta Inscne] go raibh 54 faoin gcéad dífhostaithe agus nach raibh ach 35 faoin gcéad in ann post lánaimseartha a choinneáil, agus go raibh an post ar feadh seal ba ghiorra ná bliain ag an tríú cuid. Bhain idirdhealú do bhreis is 55 faoin gcéad ag an obair nó nuair a bhí siad ag lorg oibre agus bhí ar 17.2 faoin gcéad dul i mbun gníomhaíochtaí dainséaracha nó mídhleathacha le maireachtáil beo.

In Albain sa **Ríocht Aontaithe**, taispeánadh le taighde[427] gur rátáil 40 faoin gcéad d'fhreagróirí tras-inscne seirbhísí a Rann Acmhainní Daonna/Pearsanra mar 'go han-dona ar fad', agus gur bhain idirdhealú nó ciapadh trasfóibeach do 53 faoin gcéad. Mhothaigh 15 faoin gcéad gur theip ar a bhfostóir a bpríobháideachas a chosaint agus bhí ar 21 faoin gcéad a bpoist a athrú no éirí astu mar gheall ar an trasfóibe. Bhí 30 faoin gcéad de na freagróirí ag fáil cúnaimh phoiblí, agus bhí 20 faoin gcéad féinfhostaithe.

Sa **Ríocht Aontaithe,** fuarthas leis an staidéar '*Engendered Penalties*' [Pionóis In-Inscnithe] gur mhothaigh 23 faoin gcéad d'fhreagróirí gur ghá dóibh a bpoist a athrú mar gheall ar a bhféiniúlacht mar dhuine tras-inscne. Bhí ar 22 faoin gcéad leithreasa a d'oir dá mbuninscne a úsáid ag an obair agus níor thuairiscigh ach thart faoin tríú cuid go raibh siad in ann an leithreas a úsáid saor ó ráitis nó ó chiapadh. Níor 'chaith a chomhoibrithe leo le dínit' ach i gcás thart faoi 30 faoin gcéad. Bhain drochíde ó bhéal do 10 faoin gcéad (amhail leas-ainmneacha a bheith á nglaoch) agus rinneadh ionsaithe fisiciúla ar 6 faoin gcéad. Is cosúil go bhfuil go dtéann éifeacht na n-eispéireas seo i bhfeidhm go mór ar dhaoine: rinne 42 faoin gcéad de na daoine nach raibh ag maireachtáil de réir ról na hinscne ab fhearr leo amhlaidh toisc go raibh faitíos orthu go gcaillfidís a bpost.[428]

Fuarthas torthaí cosúil leo siúd i dtaighde **ón bhFionlainn** le 108 rannpháirtí. Ba mhaith leis an tríú cuid de na freagróirí ar thrasfheisteoirí iad a mbanúlacht a léiriú sa láthair oibre ach mhothaigh siad go raibh sé dodhéanta.[429] Bhí 16 faoin gcéad de líon iomlán na bhfreagróirí tras-inscne féinfhostaithe (i

---

[426] Esteva, I et al. (2001) *Social Inequalities: Demographic Characteristics of Patients Treated at the First Gender Identity Disorder Unit in Spain* [Míchothromaíochtaí Sóisialta: Tréithe Déimeagrafacha na nOthar arna gCóireáil ag an gCéad Aonad um Neamhord Féiniúlachta Inscne sa Spáinn], páipéar ag XVII *Harry Benjamin International Gender Dysphoria Association Symposium* [XVII Siompóisiam Harry Benjamin den Chumann Idirnáisiúnta um Diosfóiria Inscne], Galveston, Texas: HGIGDA ar fáil ag http://www.symposion.com/ijt/hbigda/2001/71_eteva.htm (25.05.2008)

[427] *Scottish Transgender Alliance* [Comhghuaillíocht Tras-Inscne na hAlban] (2008) *Transgender Experiences in Scotland - Research Summary,* [Eispéiris Daoine Tras-Inscne in Albain – Achoimre Taighde], Dún Éideann*: Equality Network* [Líonra Comhionannais], lch. 14

[428] Whittle, S, Turner, L, Al-Alami M (2007) Engendered Penalties: *Transgender and Transsexual People's Experiences of Inequality and Discrimination* [Pionóis In-Inscnithe: Eispéiris Daoine Tras-Inscne agus Trasghnéasacha ar an Míchothromaíocht agus Idirdhealú], Wetherby: *The Equalities Review* [an Léirmheas ar Mhíchothromaíochtaí]

[429] Lehtonen, J, Mustola, K (2004) „*Straight people don't tell, do they ...?": Negotiating the boundaries of sexuality and gender at work* [„Ní insíonn daoine díreacha, an insíonn …?": Idirbheartaíocht faoi theorainneacha na gnéasachta agus na hinscne ag an obair], Heilsincí: Aireacht Saothair

Aistriúchán gan fíorú

gcomparáid le 3 faoin gcéad i measc freagróirí LAD) agus bhí 8 faoin gcéad dífhostaithe (i gcomparáid le 3 faoin gcéad i measc freagróirí LAD). Cheil 34 faoin gcéad a bhféiniúlacht tras-inscne nó a léiriú inscne tras-inscne ar a gcomhoibrithe ar fad (i gcomparáid le 17 faoin gcéad i measc freagróirí LAD). Cheil 45 faoin gcéad de na fostaithe tras-inscne a bhféiniúlacht inscne nó a léiriú inscne ar a bhfóstóirí, agus fuair 51 faoin gcéad de na freagróirí gurbh údar struis dóibh é seo. Thuairiscigh 78 faoin gcead de na freagróirí gur chuala siad jócanna míchuí ag an obair. Bhain idirdhealú do 13 faoin gcéad de na freagróirí tras-inscne tar éis dóibh a bheith earcaithe, do 12 faoin gcéad i réimse an phá, do 13 faoin gcéad maidir le deiseanna le dul chun cinn ina ngairm, do 12 faoin gcéad maidir le rochtain ar fhaisnéis agus do 16 faoin gcéad maidir le dearcaí comhoibrithe agus maoirseoirí.

Cé gur chóir go mbeadh daoine a mbaineann idirdhealú dóibh de bharr an athailínithe inscne clúdaithe faoi dhlíthe i gcoinne an idirdhealaithe, is minic nach bhfeidhmíonn Ballstáit an reachtaíocht seo i gcás daoine tras-inscne.[430] Tugann fianaise scéaltach le fios gur beag atá ar eolas ag breithiúna, dlíodóirí, oifigigh phóilíneachta agus ag oifigigh ábhartha eile faoi chosaint dleathach do dhaoine tras-inscne agus fiú laistigh de phobal na ndaoine tras-inscne is cosúil go bhfuil easpa feasachta ann ar chearta.

**Deachleachtas i reachtaíocht:** Sa **Ríocht Aontaithe** ceanglaíonn *Gender Equality Duty* [Dualgas um Chomhionannas Inscne] na hearnála poiblí ar gach údarás poiblí (agus ar a gconraitheoirí chomh maith) idirdhealú agus ciapadh neamhdhleathach ar fhorais ghnéis a dhíothú agus comhionannas deise idir mná agus fir a chur chun cinn, lena n-áirítear trasghnéasaigh den dá inscne. Tá feasacht ar riachtanais daoine tras-inscne sa láthair oibre feabhsaithe de bharr an Dualgais um Chomhionannas Inscne agus d'fhág sé go bhfuil líon na bhfostóirí, atá ag oiliúint ball foirne maidir le saincheisteanna ó thaobh daoine tras-inscne, ag dul i méad.[431]

Oideachas

Sa **Ríocht Aontaithe** fuarthas leis an staidéar 'Engendered Penalties [Pionóis In-Inscnithe]'[432], gur thuairiscigh '64 per cent of females with a male identity reported experiencing some kind of harassment or bullying at school and 44 per cent of natal males with a female identity experienced harassment or bullying at school' ['64 faoin gcéad de mhná a raibh féiniúlacht fir acu gur bhain cineál

[430] Whittle, S, Turner, L, Combs, R, Rhodes, S (2008) *Transgender EuroStudy: Legal Survey and Focus on the Transgender Experience of Health Care* [EoraStaidéar Tras-Inscne: Suirbhé ar chúrsaí Dlí agus Fócas ar Eispéireas Daoine Tras-Inscne ar an gCúram Sláinte], an Bhruiséil: ILGA-Eoraip

[431] Equality and Human Rights Commission (2008) *Overview of the gender equality duty, Guidance for public bodies working in England, Wales and Scotland* [Léargas ginearálta ar an dualgas um chomhionannas inscne, Treoir do chomhlachtaí poiblí atá ag obair i Sasana, sa Bhreatain Bheag agus in Albain]

[432] Whittle, S, Turner, L, Al-Alami M (2007) *Engendered Penalties*: *Transgender and Transsexual People's Experiences of Inequality and Discrimination* [Pionóis In-Inscnithe: Eispéiris Daoine Tras-Inscne agus Trasghnéasacha ar an Míchothromaíocht agus Idirdhealú], Wetherby: *The Equalities Review* [an Léirmheas ar Mhíchothromaíochtaí], lch. 63-65

Aistriúchán gan fíorú

ciapadh nó bulaíocht éigin dóibh ar scoil agus gur bhain ciapadh nó bulaíocht ar scoil do 44 faoin gcéad do dhaoine a raibh féiniúlacht mná acu agus ar bhuachaillí iad nuair a tháinig siad ar an saol']. Tá sé seo cuid mhaith níos airde ná mar a thuairiscíodh maidir le fir aeracha, leispiaigh, nó heitrighnéasaigh de cheachtar inscne i staidéir cosúil leis. Ní hiad piaraí na ndaoine amháin a thionscnaíonn an ciapadh in áiseanna oideachais (b'íospartaigh 71.6 faoin gcéad de na daoine ar chailíní iad nuair a tháinig siad ar an saol, agus 55 faoin gcéad de na daoine ar bhuachaillí iad nuair a tháinig siad ar an saol). Is cosúil go n-imríonn múinteoirí bulaíocht ar leanaí nach n-iompraíonn iad féin de réir a n-inscne chomh maith, rud a thaispeáintear leis an bhfigiúr gur thuairiscigh 28.7 faoin gcéad de na daoine ar chailíní iad nuair a tháinig siad ar an saol agus 21 faoin gcéad de na daoine ar bhuachaillí iad nuair a tháinig siad ar an saol gur bhain an cineál drochíde seo dóibh.

Aistriúchán gan fíorú

**Deachleachtas:** Féachtar leis an tionscadal "*Students for Transgender Inclusion*" [Daltaí ar an Son Daoine Tras-Inscne a Chuimsiú] arna reáchtáil ag an *Association of Nordic LGBTQ Student Organisations – ANSO* [Cumann Eagraíochtaí na Mac Léinn LADTA] (Nollaig 2007-Eanáir 2009) le heolas a sholáthar do na heagraíochtaí seo maidir le saincheisteanna ó thaobh daoine tras-inscne trí ábhair agus léachtaí oideachasúla a chruthú, a bhailiú agus a dháileadh. D'fhreastail gníomhaígh mhac léinn LADTA ó réigiúin uile na dtíortha Nordacha agus Mhuir Bhailt ar an gcomhdháil *Students for Transgender Inclusion* [Daltaí ar an Son Daoine Tras-Inscne a Chuimsiú] in Århus, **An Danmhairg**, 15-21 Bealtaine 2008. Ceann de thorthaí na comhdhála ná an leathanach idirlín www.transweb.wordpress.com.[433]

Sláinte

Baineann fíorthábhacht ar fad leis an gcúram sláinte do go leor daoine tras-inscne, agus ag an am céanna, tá sé ar cheann de an fadhbanna is mó ina saol.

Cúram sláinte do dhaoine tras-inscne go sonrach

Bunriachtanas liachta is ea an cúram sláinte do dhaoine tras-inscne go sonrach (i.e. cúram sláinte a bhaineann le féiniúlacht inscne duine go díreach) agus ba cheart go mbeadh sé clúdaithe ag pleananna cúraim sláinte ar an gcaoi chéanna is a bhíonn gnáthaimh eile atá riachtanach ó thaobh cúrsaí liachta. Bhí an prionsabal seo mar bhonn le cuid mhaith cinntí ó Chúirt na hEorpa um Chearta an Duine, mar a bhí i gcásanna *van Kück v an Ghearmáin*[434] agus *L v. an Liotuáin*.[435]

Taispeántar leis an *Transgender EuroStudy* [Eurostaidéar Tras-inscne], lena gcuimsítear an Eoraip ar fad, gur diúltaíodh maoiniúchán stáit do bhreis is 80 faoin gcéad de na freagróirí le haghaidh cóireálacha hormóin chun an inscne a bhunathrú (is minic go mbíonn siad riachtanach ar feadh saol an duine), agus gur diúltaíodh maoiniúchán stáit le haghaidh máinliachta do 86 faoin gcéad.

Aistriúchán gan fíorú

[433] Féach http://www.anso.dk/ (17.10.2008)

[434] Cúirt na hEorpa um Chearta an Duine: van Kück v. an Ghearmáin, Iarratas uimh. 35968/97, breithiúnas 12 Meitheamh 2003, in: in: *International Commission of Jurists* [Coimisiún Idirnáisiúnta na nDlí-Eolaithe] (2007) *Sexual Orientation and Gender Identity in Human Rights Law; Jurisprudential, Legislative and Doctrinal References from the Council of Europe and the European Union* [an Treoshuíomh Gnéasach agus an Fhéiniúlacht Inscne i nDlíthe um Chearta an Duine; Tagairtí Dlí-Eolaíochta, Reachtaíochta agus Foirceadail ó Chomhairle na hEorpa agus ón Aontas Eorpach] ; an Ghinéiv: *International Commission of Jurists* [Coimisiún Idirnáisiúnta na nDlí-Eolaithe], lch. 36

[435] Cúirt na hEorpa um Chearta an Duine: L. v. an Liotuáin, Iarratas uimh. 27527/03, breithiúnas 11 Meán Fómhair 2007, in: *International Commission of Jurists* [Coimisiún Idirnáisiúnta na nDlí-Eolaithe] (2007) *Sexual Orientation and Gender Identity in Human Rights Law; Jurisprudential, Legislative and Doctrinal References from the Council of Europe and the European Union* [an Treoshuíomh Gnéasach agus an Fhéiniúlacht Inscne i nDlíthe um Chearta an Duine; Tagairtí Dlí-Eolaíochta, Reachtaíochta agus Foirceadail ó Chomhairle na hEorpa agus ón Aontas Eorpach] ; an Ghinéiv: *International Commission of Jurists* [Coimisiún Idirnáisiúnta na nDlí-Eolaithe], lch. 10

Thuairiscigh breis is leathchuid na bhfreagróirí tras-inscne gur mhaoinigh siad a gcóireáil féin.[436]

Constaic eile a bhíonn le sárú ná oibrí gairmiúil sa chúram sláinte a aimsiú a bheidh eolach agus mothálach. Dúirt an tríú cuid d'fhreagróirí, a bheag nó a mhór, gur diúltaíodh cóireáil dóibh toisc nár aontaigh oibrí gairmiúil sa chúram sláinte leis an athailíniú inscne. Diúltaíodh don cheathrú cuid de na freagróirí nuair a chuaigh siad chun cainte le dochtúir nó le síceolaí den chéad uair faoin trasdul.[437] Sa staidéar '*Engendered Penalties*' [Pionóis In-Inscnithe][438] sa **Ríocht Aontaithe** dhiúltaigh Dochtúirí Ginearálta 6.3 faoin gcéad de na freagróirí tras-inscne dá n-iarratais ar chúnamh le cóireáil a aimsiú le haghaidh saincheisteanna ó thaobh na féiniúlachta inscne agus ba chosúil nach raibh 13.4 faoin gcéad eile ag iarraidh cabhair a thabhairt. Cé go raibh 80 faoin gcéad ag iarraidh cabhair a thabhairt, ní raibh ach 20 faoin gcéad in ann cabhair iarbhír a thabhairt toisc go raibh an t-eolas ábhartha acu. Bhí 60 faoin gcéad ag iarraidh cabhair a thabhairt ach bhí easpa faisnéise orthu.

Is annamh go mbíonn eolas dóthanach ag oibrithe gairmiúla sa chúram sláinte ar shaincheisteanna maidir le daoine tras-inscne go mbeidís in ann cabhair éifeachtach a thabhairt. Mar shampla, bíonn sé chomh deacair soláthraí cúraim sláinte a aimsiú **san Ungáir** atá toilteanach (agus ábalta) cabhair a thabhairt nach mbíonn ach na daoine is dianseasmhaí in ann dul tríd an gcóras. Tuairiscíodh cásanna caimiléireachta maidir le cúnamh liachta i ndáil le saincheisteanna tras-inscne.[439] I gcásanna gur beag oibrithe gairmiúla liachta a bhíonn toilteanach, agus rud níos annaimhe, fíorábalta, cabhair a thabhairt do dhuine le tabhairt faoi na gnáthaimh liachta a bhíonn riachtanach le hinscne a athrú, is ródhócha go mbeidh na modhanna obráide contúirteach don othar.

Aistriúchán gan fíorú

[436] Whittle, S, Turner, L, Combs, R, Rhodes, S (2008) *Transgender EuroStudy: Legal Survey and Focus on the Transgender Experience of Health Care* [EoraStaidéar Tras-Inscne: Suirbhé ar chúrsaí Dlí agus Fócas ar Eispéireas Daoine Tras-Inscne ar an gCúram Sláinte], an Bhruiséil: ILGA-Eoraip, lch. 53ff

[437] Whittle, S, Turner, L, Combs, R, Rhodes, S (2008) *Transgender EuroStudy: Legal Survey and Focus on the Transgender Experience of Health Care* [EoraStaidéar Tras-Inscne: Suirbhé ar chúrsaí Dlí agus Fócas ar Eispéireas Daoine Tras-Inscne ar an gCúram Sláinte], an Bhruiséil: ILGA-Eoraip, lch. 55f

[438] Whittle, S, Turner, L, Al-Alami M (2007) *Engendered Penalties*: *Transgender and Transsexual People's Experiences of Inequality and Discrimination* [Pionóis In-Inscnithe: Eispéiris Daoine Tras-Inscne agus Trasghnéasacha ar an Míchothromaíocht agus Idirdhealú], Wetherby: *The Equalities Review* [an Léirmheas ar Mhíchothromaíochtaí], lch. 44

[439] Solymár, Bence (2005) *The Situation of Transgender People in the Hungarian Social and Health Care System* [Scéal Daoine Tras-inscne i gCóras Sóisialta agus Cúraim Sláinte na hUngáire] in: Takács J. (eag.): *A lélek műtétei* [Máinliacht ar an Anam], Búdaipeist: Új Mandátum Kiadó; Solymár, B, Takács, J (2007) *Wrong Bodies and Real Selves: Transsexual People in the Hungarian Social and Health Care System* [Colainneacha Cearra agus an Fhíor-Fhéin: Scéal Daoine Trasghnéasacha i gCóras Sóisialta agus Cúraim Sláinte na hUngáire], in: Kuhar, R, Takács, J (eag.) (2007) *Beyond the Pink Curtain; Everyday Life of LGBT People in Eastern Europe* [Thar an gCuirtín Bándearg: Saol Laethúil Daoine LADT in Oirthear na hEorpa], Liúibleána: *Mirovni Institut* [Institiúid Mhirovni]

**Sa Pholainn**, sainmhíníodh máinlíocht don athailíniú gnéis i bhforaithne ón Aireacht Sláinte (2003) mar ‘sheirbhís liachta neamhchaighdeánach’ agus eisíodh mar sin é ón gCiste Náisiúnta Sláinte.[440]

Tugtar le fios le grianghraif a cuireadh suas ar an idirlíon, chomh maith le fianaise scéaltach, nach bhfaightear torthaí maithe de bharr obráidí i gcoitinne, agus gur beag máinlia dea-oilte atá ann a bhfuil leibhéal an taithí acu a bhíonn riachtanach chun an leibhéal máinliachta seo a dhéanamh go sásúil. San **Ungáir** téann taighdeoirí chomh fada le rá go bhfágann ‘*transphobia and lack of experience make safe treatment unlikely*.’ [‘an trasfóibe agus an t-easpa taithí nach dócha go bhfaighfear cóireáil sábháilte.’][441] Is féidir leis na hagaí feithimh do sheirbhísí cúraim sláinte do dhaoine tras-inscne go sonrach a bheith an-fhada: bíonn dhá bhliain i gceist sa **Ríocht Aontaithe** ar an meán.[442]

Sa **Ríocht Aontaithe**, fuarthas leis an suirbhé *Scottish Needs Assessment Programme Survey* [Suirbhé Chlár na hAlban um Riachtanais a Mheasúnú] i measc gach oibrí gairmiúil sláinte gur minic gur cosúil go mbíonn cóireáil ó oibrithe gairmiúla sláinte, go háirithe síceolaithe, claonta, agus go dtugtar é d’uireasa eolais dóthanaigh sa réimse.[443] San **Ungáir,** fuarthas le taighde ansin go mbíonn dearcaí (heitri)ghnéasaíocha ar an bhféiniúlacht inscne coitianta i measc oibrithe gairmiúla sa tsláinte mheabhrach.[444] San áireamh leis na dearcaí seo tá: trasghnéasaigh á n-eisiamh ó chóireáil más daoine iad: i) nach n-iompraíonn iad féin de réir steiréitíopaí inscne an iomarca; ii) nach n-aithníonn iad féin go hoscailte mar dhaoine aeracha nó leispiacha; nó, iii) a dhearbhaíonn nach bhfuil aon ghnéas inaitheanta acu. Sa **Ríocht Aontaithe**, taispeántar le taighde i measc daoine tras-inscne maidir lena n-eispéiris san Albain ‘gur minic a fhágann easpa tuisceana agus eolais ó shíciatraithe ginearálta go dtugtar cóireáil mhíchuí do dhaoine tras-inscne a dteipeann air cabhrú leo lena lena

Aistriúchán gan fíorú

[440] Whittle, S, Turner, L, Combs, R, Rhodes, S (2008) *Transgender EuroStudy: Legal Survey and Focus on the Transgender Experience of Health Care* [EoraStaidéar Tras-Inscne: Suirbhé ar chúrsaí Dlí agus Fócas ar Eispéireas Daoine Tras-Inscne ar an gCúram Sláinte], an Bhruiséil: ILGA-Eoraip, lch. 34

[441] Solymár, Bence (2005) *The Situation of Transgender People in the Hungarian Social and Health Care System* [Scéal Daoine Tras-inscne i gCóras Sóisialta agus Cúraim Sláinte na hUngáire] in: Takács J. (ed.): *A lélek műtétei* [Máinliacht ar an Anam], Búdaipeist: Új Mandátum Kiadó

[442] Whittle, S, Turner, L, Al-Alami M (2007) *Engendered Penalties*: *Transgender and Transsexual People’s Experiences of Inequality and Discrimination* [Pionóis In-Inscnithe: Eispéiris Daoine Tras-Inscne agus Trasghnéasacha ar an Míchothromaíocht agus Idirdhealú], Wetherby: *The Equalities Review* [an Léirmheas ar Mhíchothromaíochtaí], lch. 47

[443] *Scottish Needs Assessment Programme Survey* [Suirbhé Chlár na hAlban um Riachtanais a Mheasúnú] (2001) *Transsexualism and Gender Dysphoria in Scotland* [an Trasghnéasacht agus Diosfóiria Inscne in Albain], Feidhmeannas na hAlban

[444] Solymár, B, Takács, J (2007) *Wrong Bodies and Real Selves: Transsexual People in the Hungarian Social and Health Care System* [Colainneacha Cearra agus an Fhíor-Fhéin: Daoine Trasghnéasacha i gCóras Sóisialta agus Cúraim Sláinte na hUngáire], in: Kuhar, R, Takács, J (eds.) (2007) *Beyond the Pink Curtain; Everyday Life of LGBT People in Eastern Europe* [Thar an gCuirtín Bándearg: Saol Laethúil Daoine LADT in Oirthear na hEorpa], Liúibleána: *Mirovni Institut* [Institiúid Mhirovni]

riachtanais agus a fhágann moill go leor míonna nó blianta fiú sula mbíonn siad in ann teacht ar mheasúnú ó speisialtóir inscne a bhfuil taithí aige.'[445]

Baineann an-chuid fadhbanna leis an easpa eolais atá ar dhaoine gairmiúla, agus ní hiad sin amháin ach ar an bpobal i gcoitinne freisin, de réir ionad **na hÍsiltíre** le haghaidh saincheisteanna a bhaineann le gnéas agus liostaítear 'fadhbanna maidir leis an bhféiniúlacht inscne' i measc an 10 gceist is minice a chuireann glaoiteoirí.[446]

Cúram Sláinte Ginearálta

Is minic a bhaineann claontachtaí oibrithe gairmiúla sa chúram sláinte an bonn d'iarrachtaí daoine tras-inscne le teacht ar chúram sláinte ginearálta nach mbaineann le cúrsaí tras-inscne. Thuairiscigh an ceathrú cuid de na freagróirí san *EuroStudy* [Eorastaidéar][447] gur thug oibrithe gairmiúla sa chúram sláinte cóir neamhfhabhrach dóibh toisc gur dhaoine tras-inscne iad. Thuairiscigh an cúigiú cuid go dtéann an fhíric gur dhuine tras-inscne iad i bhfeidhm ar an mbealach a thagann siad ar chúram sláinte. Dá thoradh sin, tuairiscíonn go leor daoine tras-inscne go seachnaíonn siad cuairteanna ar an dochtúir oiread agus is féidir mar gheall ar fhaitíos roimh iompar míchuí.

Fuarthas leis an staidéar sa **Ríocht Aontaithe** '*Engendered Penalties* [Pionóis In-Inscnithe][448], gur mhothaigh 22 faoin gcéad d'fhreagróirí an tsuirbhé go ndeachaigh an fhíric gur dhaoine tras-inscne iad i bhfeidhm ar an mbealach a d'fhéadfaidís teacht ar ghnáthchóireáil nach mbaineann le hiad a bheith ina ndaoine tras-inscne. Mhothaigh 29 faoin gcéad de na freagróirí go raibh tionchar neamhfhabhrach ag an bhfíric, gur dhaoine tras-inscne iad, ar an gcóir a thug oibrithe gairmiúla sa chúram sláinte dóíbh.

Is féidir na torthaí a fheiceáil sna staitisticí sláinte: Thuairiscigh 12 faoin gcéad de na freagróirí tras-inscne sa staidéar **Sualannach** go raibh a gcuid sláinte go dona (i gcomparáid le 6 faoin gcéad den daonra ginearálta). Thuairiscigh daoine tras-inscne sláinte mheabhrach níos measa ná freagróirí aeracha (7 faoin

Aistriúchán gan fíorú

---

445 *Scottish Transgender Alliance* [Comhghuaillíocht Tras-Inscne na hAlban] (2008) *Transgender Experiences in Scotland - Research Summary,* [Eispéiris Daoine Tras-Inscne in Albain – Achoimre Taighde], Dún Éideann*: Equality Network* [Líonra Comhionannais], lch. 18

446 Rutgers-Nisso Groep (2008) Trends in Seksualiteit in Nederland – Wat weten we anno 2008?, Utrecht: Rutgers-Nisso Groep

447 Whittle, S, Turner, L, Combs, R, Rhodes, S (2008) *Transgender EuroStudy: Legal Survey and Focus on the Transgender Experience of Health Care* [EoraStaidéar Tras-Inscne: Suirbhé ar chúrsaí Dlí agus Fócas ar Eispéireas Daoine Tras-Inscne ar an gCúram Sláinte], an Bhruiséil: ILGA-Eoraip, lch.59ff

448 Whittle, S, Turner, L, Al-Alami M (2007) *Engendered Penalties*: *Transgender and Transsexual People's Experiences of Inequality and Discrimination* [Pionóis In-Inscnithe: Eispéiris Daoine Tras-Inscne agus Trasghnéasacha ar an Míchothromaíocht agus Idirdhealú], Wetherby: *The Equalities Review* [an Léirmheas ar Mhíchothromaíochtaí], lch. 46

gcéad) nó leispiacha (20 faoin gcéad) freisin. Ba dhóichí go mbeadh fadhbanna codlata ag daoine tras-inscne freisin.[449]

Rátáil 14 faoin gcéad de na freagróirí i staidéar **na hAlban** maidir le heispéiris daoine tras-inscne dochtúirí ginearálta na Seirbhíse Náisiúnta Sláinte mar 'go han-dona' nó 'fíordhona ar fad'. 'Go han-mhaith' nó 'go han-mhaith ar fad' an rátáil a thug 46 faoin gcéad ar an tseirbhís. Ba iad na pointí ba mhó a bhí ina n-údar imní ná easpa eolais na ndochtúirí agus fadhbanna teicniúla ar mhinic nach rabhthas in ann a shárú maidir le marcálaithe inscne ar thaifid a athrú (easpa príobháideachais dá thoradh).[450]

Diúltaíonn cuideachtaí árachais d'iarratais ó dhaoine tras-inscne ar bhonn rialta. Tá fianaise scéaltach ann faoi dhuine tras-inscne **sa Bheilg** a eisíodh ó árachas sláinte príobháidí chun costais a ospidéalaithe a chlúdach agus faoi chuideachtaí árachais **san Ísiltír** a dhiúltaigh árachas saoil a sholáthar d'iarratasóirí tras-inscne, rud a d'fhág go raibh deacrachtaí acu morgáiste a mhaoiniú.

Aistriúchán gan fíorú

[449] Statens Folkshälsoinstitut (2005) Homosexuellas, bisexuellas och transpersoners hälsosituation, Återrapportering av regeringsuppdrag att undersöka och analysera hälsosituationen bland hbt-personer, Östersund: FHI

[450] *Scottish Transgender Alliance* [Comhghuaillíocht Tras-Inscne na hAlban] (2008) *Transgender Experiences in Scotland - Research Summary,* [Eispéiris Daoine Tras-Inscne in Albain – Achoimre Taighde], Dún Éideann*: Equality Network* [Líonra Comhionannais], lch. 15

Féinmharú

Thuairiscigh 30 faoin gcéad d'fhreagróirí tras-inscne an *EuroStudy* [EoraStaidéar] [451] gur fhéach siad le lámh a chur ina mbás féin uair amháin ar a laghad mar dhuine fásta. Thuairiscigh leathchuid na rannpháirtithe tras-inscne i staidéar difriúil ón tSualainn gur chuimhnigh siad ar an bhféinmharú uair amháin ina saol ar a laghad agus chuir 21 faoin gcéad rud i ngníomh tar éis dóibh cuimhneamh air.[452] Ar an gcaoi chéanna, sa staidéar **sa Ríocht Aontaithe** '*Engendered Penalties*' [Pionóis In-Inscnithe], thuairiscigh 34.4 faoin gcéad de na freagróirí gur fhéach siad le lámh a chur ina mbás féin uair amháin ar a laghad mar dhuine fásta.[453]

**Deachleachtais:** Nochtadh i gcomhrá comhchéime go bhfuil ionad liachta fócasaithe cruthaithe ag Ollscoil Gent **sa Bheilg** do dhaoine tras-inscne ar máinlianna agus teiripeoirí a stiúrann an t-ionad, ach ní síciatraithe. Oibríonn an fhoireann dochtúirí ar an bprionsabal nach bhfuil sa trasghnéasachas ach réaltacht do roinnt daoine. Soláthraíonn siad seirbhísí síciatracha do dhaoine tras-inscne a thagann faoina mbráid agus fadhbanna sláinte meabhrach orthu mar gheall ar stiogma, imní agus údair imní gaolmhara eile.[454]

**Deachleachtas:** Sa **Ríocht Aontaithe,** d'oibrigh an Roinn Sláinte in éineacht leis an bpobal tras-inscne chun sraith bhileog agus treoirleabhar a chruthú a bhfuil cruachóipeanna díobh agus cóipeanna ar an idirlíon ar fáil le haghaidh gach gné den chúram sláinte do dhaoine tras-inscne. Tá ceann do dhochtúirí ginearálta san áireamh sna treoirleabhair éagsúla, chomh maith le treoirleabhar maidir le teiripí hormóin, cóireáil do dhéagóirí agus treoirleabhar ginearálta maidir le daoine tras-inscne mar oibrithe agus othair sa tseirbhís sláinte.[455]

**Deachleachtas: Sa Ghearmáin** soláthraíonn *Transray.com*, an córas faisnéise do dhaoine trasghnéasacha, faisnéis cothrom le dáta ó fhoinsí laistigh de phobal

Aistriúchán gan fíorú

[451] Whittle, S, Turner, L, Combs, R, Rhodes, S (2008) *Transgender EuroStudy: Legal Survey and Focus on the Transgender Experience of Health Care* [EoraStaidéar Tras-Inscne: Suirbhé ar chúrsaí Dlí agus Fócas ar Eispéireas Daoine Tras-Inscne ar an gCúram Sláinte], an Bhruiséil: ILGA-Eoraip, lch. 49

[452] Statens Folkshälsoinstitut (2005) Homosexuellas, bisexuellas och transpersoners hälsosituation, Återrapportering av regeringsuppdrag att undersöka och analysera hälsosituationen bland hbt-personer, Östersund: FHI, lch. 21f

[453] Whittle, S, Turner, L, Al-Alami M (2007) *Engendered Penalties*: *Transgender and Transsexual People's Experiences of Inequality and Discrimination* [Pionóis In-Inscnithe: Eispéiris Daoine Tras-Inscne agus Trasghnéasacha ar an Míchothromaíocht agus Idirdhealú], Wetherby: *The Equalities Review* [an Léirmheas ar Mhíchothromaíochtaí], lch. 78

[454] Faisnéis arna soláthar ag *Transgender Europe* [Eoraip Tras-Inscne] ag cruinniú comhairliúcháin comhchéime maidir leis an homafóibe agus an trasfóibe a chomhrac san AE, Meitheamh 2008, Cóbanhávan.

[455] Faisnéis arna soláthar ag *Transgender Europe* [Eoraip Tras-Inscne] ag cruinniú comhairliúcháin comhchéime maidir leis an homafóibe agus an trasfóibe a chomhrac san AE, Meitheamh 2008, Cóbanhávan.

na ndaoine tras-inscne. Bailiúchán cuimsitheach atá ann atá comhdhéanta de dhaoine tras-inscne (4,000), de nuachtáin (750), giorrúcháin (200), cuideachtaí foilsitheoireachta, foilseacháin agus ailt (>8,000), leabhair (800), díolamaí (300), gnéchláir raidió (40), scannáin (250) agus comhdhálacha (30).[456]

Spóirt

De thoradh rialacha nua do lúthchleasaithe tras-inscne ag na Cluichí Oilimpeacha, a leanann go leor comhlachtaí rialaithe eile spóirt, tá cosc ar lúthchleasaithe, go bunúsach, páirt a ghlacadh i spóirt iomaíocha ar feadh cuid mhaith blianta le linn dóibh a bheith ag dul tríd an bpróiseas le hinscne a athrú.[457]

De bharr an rialaithe seo, is dócha gur measa a bheidh na torthaí foriomlána, gur lú seans go rachaidh daoine tras-inscne i mbun gníomhaíochtaí spóirt sa tsochaí ná daoine nach daoine tras-inscne iad. Sa staidéar Sualannach, ní dheachaigh ach 29 faoin gcéad de na freagróirí tras-inscne i mbun spórt ar bhonn rialta, i bhfad níos lú ná freagróirí aeracha (45 faoin gcéad) nó déghnéasacha (43 faoin gcéad) an tsuirbhé, agus níos lú ná an chuid eile den tsochaí fiú.[458] I bhfiosrúchán na hAlban ar eispéiris daoine tras-inscne, dúirt 46 faoin gcéad de na freagróirí nár bhain siad úsáid as aon seirbhísí spóirt nó fóillíochta san Albain riamh.[459]

Na Meáin

Is minic a dhéantar fonóid faoi dhaoine tras-inscne nuair a athláithrítear sna meáin iad, rud a thaispeánann easpa eolais maidir le saol daoine tras-inscne.[460] I scannáin, is minic gur mairtírigh nó íospartaigh dhíchumhachtaithe foréigin a bhíonn i ndaoine tras-inscne. Tugann na léiriúcháin dhiúltacha seo dearcadh an-choimhthíoch neamhréalaíoch ar an bpobal tras-inscne le fios agus leagtar an iomarca béime ar roinnt gnéithe de shaol daoine tras-inscne seachas a bheith ag díriú ar an bhfíric gur pobal beoga ilghnéitheach iad freisin.[461]

Saincheisteanna maidir le cúrsaí tearmainn

Aistriúchán gan fíorú

[456] Faisnéis arna soláthar ag *Transgender Europe* [Eoraip Tras-Inscne] ag cruinniú comhairliúcháin comhchéime maidir leis an homafóibe agus an trasfóibe a chomhrac san AE, Meitheamh 2008, Cóbanhávan.
[457] Cavanagh, S., Sykes, H (2006) *Transsexual Bodies at the Olympics: The International Olympic Committee's Policy on Transsexual Athletes at the 2004 Athens Summer Games in: Body & Society* [Colainneacha Trasghnéasacha ag na Cluichí Oilimpeacha: Beartas Choiste Idirnáisiúnta na gCluichí Oilimpeacha maidir le Lúthchleasaithe Trasghnéasacha ag Cluichí Samhraidh na hAithne 2004 in: an Cholainn agus an tSochaí], Iml. 12(3): 75-102, lch. 78
[458] Statens Folkshälsoinstitut (2005) Homosexuellas, bisexuellas och transpersoners hälsosituation, Återrapportering av regeringsuppdrag att undersöka och analysera hälsosituationen bland hbt-personer, Östersund: FHI, lch. 28
[459] *Scottish Transgender Alliance* [Comhghuaillíocht Tras-Inscne na hAlban] (2008) *Transgender Experiences in Scotland - Research Summary,* [Eispéiris Daoine Tras-Inscne in Albain – Achoimre Taighde], Dún Éideann*: Equality Network* [Líonra Comhionannais], lch. 19
[460] Bunaithe ar shamplaí arna mbailiú ag Justus Eisfeld
[461] Comhrá ríomhphoist le stiúrthóir *Dutch Transgender Filmfestival* [Féile Scannán Tras-inscne na hÍsiltíre] an 14 Meitheamh, 2008

D'éirigh le roinnt daoine tras-inscne tearmann a fháil i gcuid mhaith ballstát den AE, cé nach bhfuil aon fhianaise ann go bhfuil comhbheartas ann. Ní heol cé acu an mbíonn daoine atá ag dul trí nósanna imeachta tearmainn in ann cúram sásúil a fháil óna dtíortha óstacha dá riachtanais sláinte amhail rochtain ar hormóin agus/nó obráid. Ní heol ach oiread an bagairt d'iarrthóirí tearmainn tras-inscne má chuirtear iad in éineacht le comhthírigh a d'fhéadfadh a bheith trasfóibeach nó cé acu an mbíonn iarrthóirí tearmainn tras-inscne in ann teacht ar phobal áitiúil na ndaoine tras-inscne agus ar a struchtúir thacaíochta ar chor ar bith.[462]

An t-Il-idirdhealú

Grúpa amháin de dhaoine tras-inscne a bhíonn i mbaol an il-idirdhealaithe ná inimircigh tras-inscne mná a oibríonn mar oibrithe gnéis, agus creidtear gurb inimircigh gan cháipéisí go leor díobh. Bíonn an grúpa daoine seo imeallaithe, gan ach acmhainní teoranta acu agus is beag faisnéis atá ann ar a gcoinníollacha maireachtála agus ar a n-eispéiris.

Ar an gcaoi chéanna, is fíorbheag atá ar eolas faoi chás daoine tras-inscne ó chúlraí mionlaigh eitnigh agus/nó reiligiúin. Rud atá ar eolas ná gur féidir cur síos ar go leor de na cúlraí cultúir mar chinn atá heitrighnéasaíoch agus dian ina mbraistint faoin inscne, rud a mhéadaíonn an riosca le haghaidh na trasfóibe.[463]

Bíonn an chlaontacht a bhíonn roimh dhaoine tras-inscne le míchumais an-dian ar fad. Sampla amháin ná freagairt an *British Paralympic Association* ar an *Gender Recognition Act* [Acht um Aitheantas Inscne]. D'iarr an Cumann díolúine, mar gheall ar a '*grave concerns over the protection of vulnerable adults and children, and the implications for volunteer supervisors in the world of disability sport, in relation to the issues presented by a pre-operative individual*' ['a dtrombhuarthaí faoi dhaoine fásta agus leanaí leochaileacha a chosaint, agus faoi na himpleachtaí do mhaoirseoirí deonacha i saol spóirt na ndaoine le míchumas, i ndáil leis na saincheisteanna a bhíonn i gceist le duine roimh obráid dó'].[464]

Bhí daoine tras-inscne scothaosta imeallaithe le linn bhlianta na ndéaga dóibh, i rith a saoil mar dhaoine fásta agus le linn na céime deiridh dá saoil. Mar an chéad ghlúin daoine a bhí in ann tabhairt faoi chóireáil hormóin agus/nó faoi

---

[462] Justus Eisfeld, (2008), *The situation concerning transphobia and discrimination on grounds of gender identity and/or gender expression in the EU Member States'* [An scéal maidir leis an trasfóibe agus idirdhealú ar fhorais na féiniúlachta inscne agus/nó an léirithe inscne i mBallstáit an AE'], *DIHR* [Institiúid na Danmhairge um Chearta Daonna], lch. 27-28.

[463] Tee, N, Hegarty, P (2006) *Predicting Opposition to the Civil Rights of Trans Persons in the United Kingdom, in: Journal of Community & Applied Social Psychology* [Réamhaithris faoi Dhaoine a Chuirfeadh i gCoinne Cearta Sibhialta Daoine Tras-Inscne sa Ríocht Aontaithe, in: Irisleabhar Síceolaíochta Pobail & Sóisialta Feidhmí], 16: 70-80, Wiley InterScience

[464] Cavanagh, S., Sykes, H (2006) *Transsexual Bodies at the Olympics: The International Olympic Committee's Policy on Transsexual Athletes at the 2004 Athens Summer Games in: Body & Society* [Colainneacha Trasghnéasacha ag na Cluichí Oilimpeacha: Beartas Choiste Idirnáisiúnta na gCluichí Oilimpeacha maidir le Lúthchleasaithe Trasghnéasacha ag Cluichí Samhraidh na hAithne 2004 in: an Cholainn agus an tSochaí], Iml. 12(3): 75-102, lch. 90

Aistriúchán gan fíorú

chóireáil obráide, tagann ceisteanna bailí chun cinn ó thaobh taighde maidir le héifeachtaí fadtéarmacha na húsáide hormón tras-ghnéis agus a chóir a thugtar do na daoine seo i dtithe lucht scoir agus in áiseanna altranais. Bíonn dínit daoine tras-inscne scothaosta, ar choinnigh go leor díobh a bhféiniúlachtaí faoi cheilt, i mbaol de réir mar a mhéadaíonn a spleáchas ar chúram daoine eile agus, toisc go mb'fhéidir go gcaithfidh siad a stádas inscne a nochtadh ar deireadh, ar chúiseanna praiticiúla seachas aon rud eile.[465]

Bíonn fadhbanna ar leith ag leanaí agus ag déagóirí tras-inscne. Is dóichí ná a mhalairt, go bhfulaingeoidh leanaí, nach n-iompraíonn iad féin de réir a n-inscne dian-iarmhairtí, smachtbhannaí lena dtabharfar aghaidh ar a n-iompar, chomh maith le díchreideamh, smachtúlacht agus mídhiagnóisí.[466]

Bíonn an cineál céanna claontacht roimh dhaoine tras-inscne a aithníonn iad féin mar dhaoine leispiacha, aeracha nó déghnéasacha, agus a bhíonn roimh dhaoine eile LAD sa tsochaí, a fhágann go méadaítear an t-ardleibhéal drochíde a fhaigheann siad cheana féin. Lena chois sin, is minic nach dtuigtear a dtreoshuíomh gnéasach go hiomlán nó go dtógtar in ábhraíocht a bhféiniúlachta inscne é. Is féidir leis an nglacacht laistigh de ghrúpaí LAD a bheith an-difriúil, ag brath ar an ngrúpa. Cé go bhfuil an trasfheistiú ina chuid den chultúr aerach i gcuid mhór tíortha le fada an lá,[467] is minic a bhíonn leibhéal na glacachta le fir agus mná trasghnéasacha an-íseal.

**Deachleachtais: Sa Ghearmáin,** tairgeann suíomh gréasáin do dhaoine tras-inscne óga agus do bhaill a dteaghlaigh agus dá chairde, ar a dtugtar '*Young T – Where you're always welcome*!' ['T Óg – Mar a mbíonn fáilte romhat i gcónaí!'] faisnéis, deis le dul i dteagmháil le daoine i gcásanna cosúil lena gcás féin, agus cabhraíonn sé le daoine tras-inscne óga cairde a aimsiú.[468]

**Deachleachtas:** Sa **Ríocht Aontaithe** d'fhoilsigh *Age Concern* leabhrán '*Planning for later life – transgender people*' ['Ag Pleanáil don saol níos déanaí – daoine tras-inscne'].[469]

Aistriúchán gan fíorú

[465] Witten, T, Whittle, S (2004) *TransPanthers: The Greying of Transgender and the Law, Deakin Law Review* [TrasPhantair: An Tras-Inscne agus an Dlí i Leith na Léithe, Léirmheas Deakin ar an Dlí], Iml. 9 Uimh. 2, 2004

[466] Justus Eisfeld, (2008), '*The situation concerning transphobia and discrimination on grounds of gender identity and/or gender expression in the EU Member States'* ['An scéal maidir leis an trasfóibe agus idirdhealú ar fhorais na féiniúlachta inscne agus/nó an léirithe inscne i mBallstáit an AE'], *DIHR* [Institiúid na Danmhairge um Chearta Daonna], lch. 32

[467] Brooks, R (2000) '*Cross-Dressing in Bulgaria: Gay-Identity, Post-Communist Fear, and Magical Love'* [an Tras-Fheistiú sa Bhulgáir: an Fhéiniúlacht Aerach, Faitíos Iar-Chumannach, agus Grá Draíochtúil'] ar fáil ag http://bad.eserver.org/issues/2000/50/brooks.html (22.05.2008)

[468] Faisnéis arna soláthar ag *Transgender Europe* [Eoraip Tras-Inscne] ag cruinniú comhairliúcháin comhchéime maidir leis an homafóibe agus an trasfóibe a chomhrac san AE, Meitheamh 2008, Cóbanhávan.

[469] Féach http://www.ageconcern.org.uk/AgeConcern/equality_human_rights_policy.asp (13.06.2008)

# Conclúidí

Baineann cineálacha difriúla homafóibe, trasfóibe agus idirdhealú do dhaoine LADT, lena n-áirítear an t-idirdhealú díreach agus indíreach, agus bulaíocht agus ciapadh homafóibeach agus trasfóibeach. Is minic gur ráitis díspeagúla nó dímheasúla, a bhíonn i gceist leis seo, leasainmneacha á nglaoch ar dhaoine, maslaí nó drochíde ó bhéal. Thairis sin, braitheadh cásanna ina ndearnadh ionsaithe ó bhéal agus ionsaithe fisiciúla ar dhaoine LADT sna Ballstáit ar fad.

Téann seo i bhfeidhm ar shaol daoine LADT ar bhealaí difriúla. Ó na haoisghrúpaí is luaithe, úsáidtear focail dímheasúla ar dhaoine aeracha agus leispiacha i scoileanna. Ag an láthair oibre, d’fhéadadh an ciapadh a bheith ag tarlú go laethúil. Is minic nach mbíonn daoine i gcaidreamh in ann stádas a dhaingniú dá chéile mar pháirtithe dleathacha iomlána. D’fhéadfadh sé a bheith amhlaidh nach mbeadh feasacht ar bith ar riachtanais daoine LADT i dtithe lucht scoir.

Aithníodh dearcaí diúltacha ar dhaoine LADT i mBallstáit uile an AE. Tuairiscíonn roinnt saoránach den AE go mbeidís míchompordach dá mbeadh homaighnéasach mar chara, mar chomhghleacaí nó mar chomharsa acu. Bheadh roinnt díobh míchompordach freisin dá ndéanfadh gaol leo caidreamh le duine tras-inscne. Measann roinnt díobh go bhfuil daoine LADT neamh-incháilithe le hoibriú mar mhúinteoirí. Ceapann roinnt díobh nár chóir go mbeadh daoine LADT le feiceáil i spásanna poiblí. Agus creideann roinnt díobh gur tinneas atá sa homaighnéasacht ar chóir cóireáil liachta a thabhairt lena aghaidh.

**Easpa Infheictheachta agus Fairsinge an Idirdhealaithe**

Taispeántar sa tuarascáil seo gur saincheist shuntasach ‘dofheictheacht’ daoine LADT in earnálacha éagsúla de shochaí an AE. Ciallaíonn an fhíric nach mbíonn go leor daoine LADT oscailte faoina stádas go mb’fhéidir nach léirítear eachtraí ina mbaineann idirdhealú do dhaoine, nó eachtraí ina dtarlaíonn idirdhealú meabhairbhraite, i staitisticí nó nach sroicheann na tuairiscí futhu na húdaráis, toisc nach dtuairiscítear iad nó nach gcomhdaítear iad mar chuid de ghearáin le haghaidh athbhreithnithe dlíthiúil.

Thairis sin taispeántar leis an staidéar seo go nglacann go leor daoine LADT *straitéis* na dofheictheachta mar gheall ar, i measc rudaí eile, an faitíos roimh an homafóibe, trasfóibe agus idirdhealú. Arís, fágann an straitéis seo, chomh maith le heaspa feasachta ar chearta, nach dtuairiscíonn daoine LADT eachtraí ina mbaineann idirdhealú dóibh.

Tagann an pictiúr seo lena bhfuair tromlach na gComhlachtaí Náisiúnta Comhionannais amach, is é sin, go bhfuil líon na gcásanna ina dtuairiscítear idirdhealú ar bhonn an treoshuímh ghnéasaigh íseal i gcomparáid le forais idirdhealaithe eile. Oibríonn na fachtóirí seo lena chéile le fágáil nach mbíonn

Aistriúchán gan fíoru

idirdhealú i gcoinne daoine LADT chomh feiceálach agus go mbíonn sé deacair fairsinge an idirdhealaithe a dhéanamh amach.

Aithníodh an homafóibe, an trasfóibe agus an t-idirdhealú sa staidéar seo mar fheiniméin a fhágann go mbíonn saoránaigh LADT eisiata ó rannpháirtíocht iomlán sa saol sóisialta agus polaitíochta.

Taispeántar sa tuarascáil go gcuirtear daoine LADT faoi mhíbhuntáiste i réimsí uile an tsaoil shóisialta de bharr an idirdhealaithe agus na homafóibe, mar shampla:

- Feiniméan forleathan is ea an fhuathchoireacht i gcoinne daoine LADT a théann i bhfeidhm ar dhaoine LADT ar bhealaí éagsúla sna Ballstáit ar fad. Cinntíonn ráta tuairisceoireachta íseal go mbíonn easpa comhleanúnachais ann idir figiúir oifigiúla agus fuatheachtraí iarbhír.

- Cuireadh bac ar dhaoine LADT léirsithe síochánta poiblí a eagrú i roinnt Ballstát le blianta beaga anuas mar gheall ar choisc nó ar bhaic riaracháin, agus bhí cuid mhaith eachtraí ann ina ndearnadh ionsaithe foréigneacha ar pharáideanna agus ar léirsithe LADT.

- Aimsítear samplaí cainte homafóibí sna meáin, agus é curtha in iúl ag daoine mór le rá ón aos polaitíochta nó reiligiúin uaireanta.

- Bíonn dúshláin ar leith roimh theaghlaigh LADT mar gheall ar stiogma na sochaí agus an easpa aitheantais ó institiúidí dá gcaidreamh.

- Bíonn daoine LADT thíos leis an homafóibe agus idirdhealú sa mhargadh saothair ar roinnt bealaí: idirdhealú díreach, ciapadh, bulaíocht, fonóid á déanamh futhu agus iad a bheith fágtha amach as an gcomhluadar sóisialta d'aon turas.

- Aimsítear eachtraí ina ndéantar bulaíocht agus ciapadh ar dhaoine LADT i suímh oideachasúla trasna an AE ar fad, nach é an homafóibe ó bhéal an chuid is lú de, agus úsáidtear focail ar fhir aeracha, leispiaigh nó ar dhaoine tras-inscne mar théarmaí diúltacha.

- Bíonn eachtraí ina ndéantar idirdhealú i gcoinne daoine LADT le fáil i gcúrsaí cúraim sláinte. I measc na n-eispéireas diúltach, tá an treoshuíomh gnéasach a bheith á lipéadú mar shuaitheadh aigne nó mar thinneas agus daoine a bheith ag déanamh talamh slán de roimh ré gur daoine heitrighnéasacha gach cliant nó othar.

- Bíonn deacrachtaí ar leith roimh dhaoine LADT sa phróiseas le tearmann a lorg.

**Easpa sonraí agus taighde**

*Sonraí staitistiúla oifigiúla*

Aistriúchán gan fíorú

Ní bhailítear sonraí oifigiúla ar an idirdhealú ach i mbeagán Ballstát agus ní dhéantar amhlaidh ach i reimsí sonracha:

- An dlí coiriúil (fuathchaint agus fuathchoireacht homafóibeach): Bailítear sonraí ar líon na dtuairiscí póilíneachta nó na gcinntí cúirte **sa Liotuáin**, **Ríocht Aontaithe** agus **sa tSualainn**. Ní bhailítear aon sonraí sa 24 Bhallstát eile.

- Treoir maidir le Fostaíocht: Bailítear sonraí ar líon na ngearán faoin idirdhealú ar fhoras an treoshuímh ghnéasaigh **san Ostair**, **i bPoblacht na Seice**, **sa Chipir**, **san Eastóin**, **san Ungáir**, **sa Laitvia**, **sa Liotuáin**, **san Ísiltír**, **sa Rómáin** agus **sa tSualainn**. Níl aon sonraí ar fáil sna 17 mBallstát eile.

- Tearmann á dheonú: Soláthraítear sonraí ar líon na ndaoine LADT a bhfuil cosaint tearmainn/fochosaint acu mar gheall ar ghéarleanúint ar fhoras an treoshuímh ghnéasaigh **san Ostair**, **sa Bheilg**, **sa Chipir, sa Laitvia** agus **san Eastóin**. Níl aon sonraí ar fáil sna 22 Bhallstát eile.

Is léir go bhfuil córais tuairisceoireachta le sonraí oifigiúla a bhailiú, ar lár nó nach leor iad i bhformhór na mBallstát.

**Bearna shuntasach sna sonraí**

Tá easpa suntasach ann de thaighde acadúil agus de shonraí neamhoifigiúla ó Eagraíochtaí Neamhrialtasacha chomh maith maidir leis an homafóibe, trasfóibe agus idirdhealú ar fhorais an treoshuímh ghnéasaigh agus na féiniúlachta inscne i gcuid mhaith Ballstát agus ar leibhéal an AE. Ó thaobh sonraí atá ann cheana féin ó thaighde a seoladh i gcomhthéacsanna náisiúnta éagsúla, bítear ag brath ar mhodheolaíochtaí difriúla rud a fhágann go mbíonn sé deacair anailís chomparáideach a fhorbairt maidir le fairsinge an idirdhealaithe ar fhorais an treoshuímh ghnéasaigh agus na féiniúlachta inscne trasna an AE sna réimsí ar fad a bhaineann le daoine LADT.

Taispeántar leis an anailís ar an mbearna sna sonraí go bhfuil fíoreaspa taighde agus staitisticí cainníochtúla agus cáilíochtúla maidir leis na réimsí téamacha ar fad a chlúdaítear sa tuarascáil seo. An réimse is coitianta a ndéantar taighde faoi, is cosúil, baineann sé le *dearcaí ar dhaoine LADT*. Tugadh roinnt airde ar réimsí *na fuathchoireachta agus na fuathchainte, na rochtana ar chúram sláinte, ar an margadh saothair agus ar an oideachas* i dtaighde i roinnt Ballstát. Tá fíoreaspa taighde ann ar *shaincheisteanna maidir le daoine tras-inscne, ar an il-idirdhealú, reiligiún, ar an tsaoirse chomhthionóil, ar chúrsaí tearmainn* agus *spóirt* i mBallstáit uile an AE áfach.

Aistriúchán gan fíorú

# Iarscríbhinn 1 Údair na dTuarascálacha Tíre

| Tír | Ainm |
|---|---|
| An Bheilg | Alexis Dewaele agus David Paternotte |
| An Bhulgáir | Milena Dimitrova, Taighdeoir, *Agency for Social and Market Research* [Gníomhaireacht um Thaighde Sóisialta agus Margaidh]. |
| An Chipir | Nicos Trimikliniotis, Ollamh Cúnta & Stiúrthóir, *Centre for the study of Migration, Inter-ethnic & Labour Relations* [Ionad um staidéar ar an Imirce, ar Chaidreamh Idir-eitneach & Saothair] ag Ollscoil Nicosia (Idircholáiste) agus Stavros Stavrou Karayanni |
| An Danmhairg | Mads Ted Drud-Jensen, socheolaí |
| An Eastóin | Agnes Alvela |
| Éire | Judy Walsh, Léachtóir Dlí agus Ceannasaí Staidéar Comhionannais ag Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath agus Ad Astra, Catherine Conlon, Scoláire Taighde ag Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath |
| An Fhionlainn | Kati Mustola, Ollamh Socheolaíochta, Ollscoil Heilsincí |
| An Fhrainc | Natacha Chetcuti |
| An Ghearmáin | Dominic Frohn agus Patrick Stärke |

Aistriúchán gan fíorú

| | |
|---|---|
| An Ghréig | Miltos Pavlou |
| An Iodáil | Chiara Bertone, Taighdeoir agus Léachtóir, Ollscoil Piemonte Orlentale |
| An Ísiltír | Foireann tionscadail |
| An Laitvia | Victor Makarov |
| An Liotuáin | Arturas Tereskinas, Ollamh Comhlach Socheolaíochta, Ollscoil Vytautas Magnus |
| Lucsamburg | Christel Baltes-Loehr, Ollamh Comhlach, Roby Antony, Pia Back, Marion Huss, Adrienne Ouafo agus Sandy Vitali |
| Málta | Marceline Naudi, Phd |
| An Ostair | Gudrun Hauer agus Kurt Krickler |
| An Pholainn | Ireneusz Krzeminski, Ollamh, Ollscoil Vársá |
| An Phortaingéil | Teresa Líbano Monteiro, Taighdeoir agus Ollamh Cúnta, Verónica Policarpo, Iníon Léinn Phd agus Francisco Vieira da Silva, Taighdeoir, Institiúid Eolaíochtaí Sóisialta, Ollscoil Liospóin |
| Poblacht na Seice | Olga Pechová, Síceolaí Phd agus Martina Stepánková, dlíodóir |

Aistriúchán gan fíorú

| | |
|---|---|
| An Ríocht Aontaithe | Surya Monro, Taighdeoir sóisialta |
| An Rómáin | Florin Buhuceanu, Uachtarán na hEagraíochta Neamhrialtasaí LADT *Accept* [Glac]. |
| An tSlóivéin | Roman Kuhar, Ollamh Cúnta, *Peace Institute* [Institiúid Síochána], Liúibleána |
| An tSlóvaic | Paula Jojart, Taighdeoir, Ollscoil Comenius agus Roman Kollárik |
| An Spáinn | Kerman Calvo |
| An tSualainn | Ulrika Westerlund, Iriseoir agus Leasuachtarán *RFSL* [Cónaidhm na Sualainne um Chearta do Dhaoine Leispiacha, Aeracha Déghnéasacha agus Tras-Inscne] |
| An Ungáir | Judit Takács, Phd, *Hungarian Academy of Sciences* [Acadamh Eolaíochtaí na hUngáire] |

Aistriúchán gan fíorú

# Iarscríbhinn 2 Ríomhcheistneoir do Pháirtithe Leasmhara

**Réamhrá**

**Staidéar comparáideach ar an idirdhealú i gcoinne daoine LADT san EU**

**Tá an ceistneoir seo ina chuid de staidéar comparáideach ar an idirdhealú i gcoinne daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha agus tras-inscne (LADT) san AE. Tá an ceistneoir comhdhéanta de roinnt ceisteanna ag brath ar an réimse ar a ndíríonn d'eagraíocht.**

**Tá trí chuid sa cheistneoir.**

**1. Chun cur síos a dhéanamh ar d'eagraíocht.**

**2. Chun measúnacht a fháil ar an scéal mar atá faoi láthair maidir leis an idirdhealú agus cóir éagothrom do dhaoine LADT i do thír.**

**3. Chun léargas ginearálta a fháil ar an obair a dhéanann Eagraíochtaí neamhrialtasacha, Comhlachtaí Náisiúnta Comhionannais agus eagraíochtaí rialtais a bhaineann leis an idirdhealú agus cóir éagothrom do dhaoine LADT.**

**Thar ceann *DIHR* [Institiúid na Danmhairge um Chearta Daonna] agus COWI, gabhaimid buíochas leat as an am a ghlacadh leis an gceistneoir a chomhlánú.**

**Chun leanúint ar aghaidh agus dul chuig an gceistneoir, brúigh an cnaipe "*Start interview*".**

Ceisteanna chun saintréithe d'eagraíochta a thabhairt le fios.

**1. Inis le do thoil, cén tír ina bhfuil bunáit d'eagraíochta?**

- ❑ An Ostair
- ❑ An Fhionlainn
- ❑ An Bheilg
- ❑ An Bhulgáir
- ❑ An Chipir
- ❑ Poblacht na Seice
- ❑ An Danmhairg
- ❑ An Fhrainc
- ❑ Lucsamburg
- ❑ An tSualainn
- ❑ An Spáinn

Aistriúchán gan fíorú

- An tSlóivéin
- An tSlóvaic
- An Rómáin
- An Phortaingéil
- An Pholainn
- An Eastóin
- Málta
- An Ríocht Aontaithe
- An Liotuáin
- An Laitvia
- An Iodáil
- Éire
- An Ungáir
- An Ghréig
- An Ghearmáin
- An Ísiltír

**2. Inis an cineál eagraíocht atá ann le do thoil**

- Údarás poiblí (ÚP) (seachas sa chás gur Comhlacht Náisiúnta Comhionannais atá san ÚP)
- Comhlacht Náisiúnta Comhionannais (CNC)
- Eagraíocht Neamhrialtasach (ENR)

Ceisteanna chun saintréithe d'eagraíochta a thabhairt le fios.
*[Níor chóir ach d'ENR an cheist seo a fhreagairt]*
**3. Inis spriocghrúpa/spriocghrúpaí na heagraíochta le do thoil**

- Daoine Aeracha
- Daoine Leispiacha
- Daoine Déghnéasacha
- Daoine Tras-inscne

*[Níor chóir ach d'eagraíocht nach ENR í an cheist seo a fhreagairt]*
**4. Inis na réimsí a bhfuil spéis ag an eagraíocht iontu le do thoil**

- Dlí Coiriúil (e.g. fuathchoireanna)
- Saincheisteanna teaghlaigh agus sóisialta
- An Margadh saothair
- Tearmann agus athaontú teaghlaigh
- Oideachas
- Seirbhís sláinte
- Reiligiún
- Spóirt
- Na Meáin
- Saincheisteanna maidir le daoine tras-inscne
- Réimsí eile (réimse oscailte le haghaidh téacs)

**Tuairim Ghinearálta**
Do mheasúnacht faoi thuairim an phobail i gcoitinne ar dhaoine LADT.
Inis do mheasúnacht faoina mhéad is ghlactar le daoine LADT i gcoitinne i do thír le do thoil.

Aistriúchán gan fíorú

**5. Daoine leispiacha**

- ❑ 1. Ní ghlactar leo ar chor ar bith
- ❑ 2. Glacann mionlach leo
- ❑ 3. Glacann leathchuid na ndaoine leo
- ❑ 4. Glacann tromlach leo
- ❑ 5. Glactar go hiomlán leo
- ❑ Ní fios
- ❑ Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

**6. Daoine aeracha**

- ❑ 1. Ní ghlactar leo ar chor ar bith
- ❑ 2. Glacann mionlach leo
- ❑ 3. Glacann leathchuid na ndaoine leo
- ❑ 4. Glacann tromlach leo
- ❑ 5. Glactar go hiomlán leo
- ❑ Ní fios
- ❑ Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

**7. Daoine déghnéasacha**

- ❑ 1. Ní ghlactar leo ar chor ar bith
- ❑ 2. Glacann mionlach leo
- ❑ 3. Glacann leathchuid na ndaoine leo
- ❑ 4. Glacann tromlach leo
- ❑ 5. Glactar go hiomlán leo
- ❑ Ní fios
- ❑ Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

**8. Daoine tras-inscne**

- ❑ 1. Ní ghlactar leo ar chor ar bith
- ❑ 2. Glacann mionlach leo
- ❑ 3. Glacann leathchuid na ndaoine leo
- ❑ 4. Glacann tromlach leo
- ❑ 5. Glactar go hiomlán leo
- ❑ Ní fios
- ❑ Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

**An Dlí Coiriúil, An tSaoirse Chomhthionóil /Chainte**

Do mheasúnacht faoin deis a bhíonn ag daoine LADT a gcearta polaitíochta a agairt agus páirt a ghlacadh sa saol poiblí.

**9. Inis do mheasúnacht le do thoil faoi na deiseanna a bhíonn ag daoine LADT na leasanna i saincheisteanna, a bhaineann leis an tsaoirse chomhthionóil agus chainte, a léiriú/a chur in iúl, i gcomparáid le daoine neamh-LADT. (e.g. maidir le paráideanna a phleanáil agus páirt a ghlacadh iontu, tuairimí a léiriú sna meáin, cumainn a bhunú).**

- ❑ 1. Deiseanna ar bith acu
- ❑ 2. Beagán deiseanna acu
- ❑ 3. Roinnt deiseanna acu

Aistriúchán gan fíorú

- 4. Go leor deiseanna acu
- 5. Comhdheiseanna
- Ní fios
- Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

**10. Inis le do thoil an bhfuil, i do thír, aon rialacha, treoirlínte oifigiúla etc. lena gcuirtear srian ar dhaoine, go háirithe daoine LADT, a gceart ar shaoirse chomhthionóil nó chainte a fheidhmiú (Ní cheadaítear do ghrúpaí polaitíochta áirithe i roinnt tíortha den Eoraip máirseálacha léirsithe a reáchtáil nó cur isteach ar phoist pholaitíochta mar gheall ar reachtaíocht speisialta).**

- Tá
- Níl
- Ní fios
- Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

**11. Má tá, an bhféadfá ainm an dlí nó an chleachtais a ainmniú?**

- Cuir téacs isteach

**Dlí Coiriúil, an tSaoirse chomhthionóil**

Do mheasúnacht faoin deis a bhíonn ag daoine LADT a gcearta polaitíochta a agairt agus páirt a ghlacadh i saol poiblí daoine LADT.

Inis do mheasúnacht le do thoil faoin aitheantas do dhaoine LADT mar rannpháirtithe comhionanna i saol polaitíochta do thíre (e.g. a iontofa is a bheadh duine mar pholaiteoir, a d'fhógair go hoscailte gur dhuine aerach, leispiach, déghnéasach nó tras-inscne é nó í)

**12. Daoine leispiacha**

- 1 Ní thugtar aitheantas dóibh
- 2. Tugtar aitheantas éigin dóibh
- 3. Aitheantas óna bhformhór dóibh
- 4. Is beag nach dugtar aitheantas iomlán dóibh
- 5. Tugtar aitheantas iomlán dóibh
- Ní fios
- Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

**13. Daoine aeracha**

- 1 Ní thugtar aitheantas dóibh
- 2. Tugtar aitheantas éigin dóibh
- 3. Aitheantas óna bhformhór dóibh
- 4. Is beag nach dugtar aitheantas iomlán dóibh
- 5. Tugtar aitheantas iomlán dóibh
- Ní fios
- Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

Aistriúchán gan fíoru

**14. Daoine déghnéasacha**

- ❑ 1  Ní thugtar aitheantas dóibh
- ❑ 2. Tugtar aitheantas éigin dóibh
- ❑ 3. Aitheantas óna bhformhór dóibh
- ❑ 4. Is beag nach dugtar aitheantas iomlán dóibh
- ❑ 5. Tugtar aitheantas iomlán dóibh
- ❑ Ní fios
- ❑ Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

**15. Daoine tras-inscne**

- ❑ 1  Ní thugtar aitheantas dóibh
- ❑ 2. Tugtar aitheantas éigin dóibh
- ❑ 3. Aitheantas óna bhformhór dóibh
- ❑ 4. Is beag nach dugtar aitheantas iomlán dóibh
- ❑ 5. Tugtar aitheantas iomlán dóibh
- ❑ Ní fios
- ❑ Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

**Dlí Coiriúil, Cosaint dleathach**
Do mheasúnacht faoi stádas dlíthiúil daoine LADT i do thír.

Inis do mheasúnacht le do thoil faoina mhéad is a thugtar cosaint dleathach do dhaoine LADT i gcoinne an idirdhealaithe/na córa éagothroime.

**16. Dlíthe Sóisialta (e.g. rochtain chomhionann ar shochair shóisialta).**

- ❑ 1. Cosaint ar bith
- ❑ 2. Beagán cosanta
- ❑ 3. Cosaint éigin
- ❑ 4. Cosaint mhaith
- ❑ 5. Ardleibhéal cosanta
- ❑ Ní fios
- ❑ Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

**17. Rialáil an Mhargaidh Shaothair (e.g. easpa sochar fostaíochta do pháirtithe den inscne chéanna)**

- ❑ 1. Cosaint ar bith
- ❑ 2. Beagán cosanta
- ❑ 3. Cosaint éigin
- ❑ 4. Cosaint mhaith
- ❑ 5. Ardleibhéal cosanta
- ❑ Ní fios
- ❑ Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

Aistriúchán gan fíorú

**18. Dlíthe um Rialáil Mhaoine (e.g. ní cheadaítear do roinnt daoine nithe áirithe a bheith ina seilbh, a cheannach)**

- ❑ 1. Cosaint ar bith
- ❑ 2. Beagán cosanta
- ❑ 3. Cosaint éigin
- ❑ 4. Cosaint mhaith
- ❑ 5. Ardleibhéal cosanta
- ❑ Ní fios
- ❑ Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

**19. Rialáil reiligiúin (e.g. srianta ar rochtain ar dheasghnátha áirithe eaglasta, arna gceadú leis an dlí)**

- ❑ 1. Cosaint ar bith
- ❑ 2. Beagán cosanta
- ❑ 3. Cosaint éigin
- ❑ 4. Cosaint mhaith
- ❑ 5. Ardleibhéal cosanta
- ❑ Ní fios
- ❑ Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

**20. Dlíthe teaghlaigh (e.g. ní bhaineann dlíthe áirithe ach le lánúineacha heitrighnéasacha, rud a fhágann go dtugtar cóir dhifriúil do pháirtíochtaí aon-inscne)**

- ❑ 1. Cosaint ar bith
- ❑ 2. Beagán cosanta
- ❑ 3. Cosaint éigin
- ❑ 4. Cosaint mhaith
- ❑ 5. Ardleibhéal cosanta
- ❑ Ní fios
- ❑ Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

**21. Dlíthe cánach (e.g. rialaítear sochair chánach áirithe i leith páirtíochtaí heitrighnéasacha agus ní i leith páirtíochtaí eile)**

- ❑ 1. Cosaint ar bith
- ❑ 2. Beagán cosanta
- ❑ 3. Cosaint éigin
- ❑ 4. Cosaint mhaith
- ❑ 5. Ardleibhéal cosanta
- ❑ Ní fios
- ❑ Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

**22. Cearta polaitíochta (e.g. an tsaoirse chomhthionóiil agus an ceart ar rochtain chomhionann ar mhaoiniúchán poiblí do ghníomhaíochtaí polaitíochta).**

- ❑ 1. Cosaint ar bith
- ❑ 2. Beagán cosanta
- ❑ 3. Cosaint éigin
- ❑ 4. Cosaint mhaith
- ❑ 5. Ardleibhéal cosanta

Aistriúchán gan fíorú

- ❑ Ní fios
- ❑ Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

**23. Dlíthe Inimirce (e.g. aitheantas don ghéarleanúint ar fhorais an treoshuímh ghnéasaigh mar bhonn le haghaidh tearmainn)**

- ❑ 1. Cosaint ar bith
- ❑ 2. Beagán cosanta
- ❑ 3. Cosaint éigin
- ❑ 4. Cosaint mhaith
- ❑ 5. Ardleibhéal cosanta
- ❑ Ní fios
- ❑ Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

**Dlí Coiriúil, Fuathchoireanna**

Do mheasúnacht faoi stádas daoine LADT maidir le ciapthaí agus ionsaithe ar fhorais an treoshuímh ghnéasaigh i do thír (na fuathchoireanna mar dhea)

**24. Inis do mheasúnacht le do thoil faoi leibhéal na n-ionsaithe agus na n-eachtraí ciaptha mar gheall ar an treoshuíomh gnéasach.**

- ❑ 1. Ionsaithe & eachtraí ar bith/leibhéal íseal
- ❑ 2. Leibhéal réasúnta íseal
- ❑ 3. Lárleibhéal
- ❑ 4. Leibhéal réasúnta ard
- ❑ 5. Ardleibhéal
- ❑ Ní fios
- ❑ Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

Do mheasúnacht faoi stádas daoine LADT maidir le ciapthaí agus ionsaithe ar fhorais an treoshuímh ghnéasaigh i do thír (na fuathchoireanna mar dhea)

**25. Inis do mheasúnacht le do thoil faoina ábhartha is atá fuathchoireanna ar dhaoine LADT dar le húdaráis phoiblí i gcomparáid le hionsaithe ar dhaoine eile.**

- ❑ 1. Ní bhíonn siad dáiríre faoin bhfadhb
- ❑ 2. Bíonn siad beagán dáiríre faoin bhfadhb
- ❑ 3. Bíonn siad measartha dáiríre faoin bhfadhb
- ❑ 4. Bíonn siad dáiríre faoin bhfadhb
- ❑ 5. Bíonn siad an-dáiríre faoin bhfadhb
- ❑ Ní fios
- ❑ Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

**Saincheisteanna teaghlaigh agus sóisialta**

Do mheasúnacht faoin scéal maidir le daoine LADT ó thaobh saincheisteanna a bhaineann le cúrsaí teaghlaigh agus sóisialta.

**26. Inis le do thoil, an féidir le duine páirtíocht, a bheidh ceadaithe agus cláraithe go poiblí, a bheith aige nó aici le duine den inscne chéanna i do thír.**

- ❑ Is féidir

Aistriúchán gan fíorú

- ❑ Ní féidir
- ❑ Ní fios
- ❑ Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

**27. Inis do mheasúnacht le do thoil faoi leibhéal na mbac/na ndeacrachtaí riaracháin agus ó thaobh nósanna imeachta a bhíonn roimh dhuine agus é nó í ag maireachtáil i bpáirtíocht aon-inscne i do thír gan an pháirtíocht sin a bheith ceadaithe go poiblí (e.g. páirtíocht neamhchláraithe).**

- ❑ 1. Is iomaí bac/deacracht atá ann
- ❑ 2. Go leor bac/deacrachtaí
- ❑ 3. Roinnt bac/ deacrachtaí
- ❑ 4. Beagán bac/ deacrachtaí
- ❑ 5. Bac/deacracht ar bith
- ❑ Ní fios
- ❑ Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

**28. Is féidir páirtíocht aon-inscne a cheadú i mo thír nó aithnítear páirtíocht aon-inscne faoi: (E.g. an gceadaítear le reachtaíocht í agus an meastar gur páirtíocht bhailí atá ann ina dtéarmaí féin (ceadaítear níos mó ná freagra amháin)**

- ❑ Faoi reachtaíocht ghinearálta
- ❑ Faoi reachtaíocht speisialta
- ❑ Eile (e.g. bardais), más féidir, inis thíos le do thoil
- ❑ Ní fios
- ❑ Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

**29. Inis do mheasúnacht le do thoil, an dtairgeann údaráis phoiblí na bealaí céanna do lánúineacha aon-inscne le teacht ar sheirbhísí poiblí is a thairgeann siad do lánúineacha heitrighnéasacha? (e.g. i ndáil leis an aitheantas do pháirtithe aon-inscne i scoileanna nó in ospidéil).**

- ❑ 1. Bealaí ar bith/leibhéal rochtana íseal
- ❑ 2. Leibhéal rochtana réasúnta íseal
- ❑ 3. Leibhéal rochtana measartha
- ❑ 4. Leibhéal rochtana réasúnta ard
- ❑ 5. Ardleibhéal rochtana
- ❑ Ní fios
- ❑ Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

*[Ná freagair ach sa chás gur ENR:]*

**An margadh saothair**

Do mheasúnacht faoi dhaoine LADT i ndáil le deiseanna sa mhargadh saothair.

**30. Inis do mheasúnacht le do thoil faoin gcomhionannas deiseanna atá ann do dhaoine leispiacha, aeracha agus déghnéasacha ó thaobh poist a fháil, i gcomparáid le heitrighnéasaigh. (e.g. an mbeidh iarratasóir faoi mhíbhuntáiste ó thaobh post a fháil má nochtar a threoshuíomh gnéasach/a treoshuíomh gnéasach i gcomparáid le hiarratasóir heitrighnéasach).**

- ❑ 1. Deiseanna neamhionanna
- ❑ 2. Deiseanna réasúnta neamhionann

Aistriúchán gan fíorú

- 3. Deiseanna réasúnta comhionann
- 4. Deiseanna measartha comhionann
- 5. Deiseanna comhionanna
- Ní fios
- Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

**31. Inis do mheasúnacht le do thoil faoin gcomhionannas deiseanna atá ann do dhaoine tras-inscne ó thaobh poist a fháil, i gcomparáid le heitrighnéasaigh. (e.g. an mbeidh duine atá oscailte faoi a bheith ina dhuine tras-inscne faoi mhíbhuntáistí ó thaobh post a fháil i gcomparáid le daoine eile).**

- 1. Deiseanna neamhionanna
- 2. Deiseanna réasúnta neamhionann
- 3. Deiseanna réasúnta comhionann
- 4. Deiseanna measartha comhionann
- 5. Deiseanna comhionanna
- Ní fios
- Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

Inis do mheasúnacht le do thoil faoin gcomhionannas deiseanna atá ann do dhaoine LADT le dul chun cinn ina ngairm, i gcomparáid le daoine nach daoine LADT iad.

**32. Daoine leispiacha**

- 1. Deiseanna neamhionanna
- 2. Deiseanna réasúnta neamhionann
- 3. Deiseanna réasúnta comhionann
- 4. Deiseanna measartha comhionann
- 5. Deiseanna comhionanna
- Ní fios
- Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

**33. Daoine Aeracha**

- 1. Deiseanna neamhionanna
- 2. Deiseanna réasúnta neamhionann
- 3. Deiseanna réasúnta comhionann
- 4. Deiseanna measartha comhionann
- 5. Deiseanna comhionanna
- Ní fios
- Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

**34. Daoine Déghnéasacha**

- 1. Deiseanna neamhionanna
- 2. Deiseanna réasúnta neamhionann
- 3. Deiseanna réasúnta comhionann
- 4. Deiseanna measartha comhionann
- 5. Deiseanna comhionanna
- Ní fios
- Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

Aistriúchán gan fíorú

**35. Daoine Tras-inscne**

- ❑ 1. Deiseanna neamhionanna
- ❑ 2. Deiseanna réasúnta neamhionann
- ❑ 3. Deiseanna réasúnta comhionann
- ❑ 4. Deiseanna measartha comhionann
- ❑ 5. Deiseanna comhionanna
- ❑ Ní fios
- ❑ Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

Inis do mheasúnacht faoi leibhéal na híocaíochta comhionainne (pá, lena n-áirítear sochair agus sochair do pháirtí) ar obair chomhionann do dhaoine LADT, i gcomparáid le daoine nach daoine LADT iad.

**36. Daoine leispiacha**

- ❑ 1. Íocaíocht neamhionann
- ❑ 2. Íocaíocht réasúnta neamhionann
- ❑ 3. Íocaíocht measartha comhionann
- ❑ 4. Íocaíocht réasúnta comhionann
- ❑ 5. Íocaíocht chomhionann
- ❑ Ní fios
- ❑ Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

**37. Daoine Aeracha**

- ❑ 1. Íocaíocht neamhionann
- ❑ 2. Íocaíocht réasúnta neamhionann
- ❑ 3. Íocaíocht measartha comhionann
- ❑ 4. Íocaíocht réasúnta comhionann
- ❑ 5. Íocaíocht chomhionann
- ❑ Ní fios
- ❑ Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

**38. Daoine Déghnéasacha**

- ❑ 1. Íocaíocht neamhionann
- ❑ 2. Íocaíocht réasúnta neamhionann
- ❑ 3. Íocaíocht measartha comhionann
- ❑ 4. Íocaíocht réasúnta comhionann
- ❑ 5. Íocaíocht chomhionann
- ❑ Ní fios
- ❑ Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

**39. Daoine Tras-inscne**

- ❑ 1. Íocaíocht neamhionann
- ❑ 2. Íocaíocht réasúnta neamhionann
- ❑ 3. Íocaíocht measartha comhionann
- ❑ 4. Íocaíocht réasúnta comhionann
- ❑ 5. Íocaíocht chomhionann

Aistriúchán gan fíorú

- Ní fios
- Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

**Tearmann agus athaontú teaghlaigh**
Do mheasúnacht faoi dhaoine LADT i ndáil le tearmann agus athaontú teaghlaigh.

**40. Inis do mheasúnacht le do thoil faoi fheasacht ghinearálta na n-údarás poiblí ar dhaoine LADT atá ag iarraidh tearmainn agus ar lánúineacha aon-inscne atá ag iarraidh go n-athaontófaí a dteaghlach.**

- 1. Feasacht ar bith ann/Leibhéal feasachta íseal
- 2. Leibhéal feasachta réasúnta íseal
- 3. Leibhéal feasachta measartha
- 4. Leibhéal feasachta réasúnta ard
- 5. Feasacht ann go fairsing
- Ní fios
- Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

**41. Inis do mheasúnacht le do thoil faoina ábhartha is atá iarrthóirí tearmainn LADT, atá ag iarraidh stádais mar dhídeanaí, dar le húdaráis phoiblí?**

- 1. Ní ceist ábhartha í dar leo
- 2. Ceist í atá beagán ábhartha dar leo
- 3. Ceist í atá réasúnta ábhartha dar leo
- 4. Ceist ábhartha go maith atá ann dar leo
- 5. Ceist an-ábhartha ar fad atá ann dar leo
- Ní fios
- Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

*[Ná freagraíodh ach ENR an cheist seo]*

**42. Inis do mheasúnacht le do thoil faoin tábhacht a bhaineann le haird ar leith sa phobal LADT ar iarrthóirí tearmainn LADT agus ar lánúineacha aon-inscne atá ag iarraidh go n-athaontófaí a dteaghlach.**

- 1. Ní bhaineann tábhacht ar bith leis
- 2. Baineann tábhacht éigin leis
- 3. Tá sé measartha tábhachtach
- 4. Tábhachtach
- 5. An-tábhachtach
- Ní fios
- Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

**Oideachas**
Do mheasúnacht faoi dhaoine LADT maidir le saincheisteanna oideachais.
Inis do mheasúnacht le do thoil faoin leibhéal glacachta le daoine LADT ó **phearsanra scoile** ar scoil ar na leibhéil oideachais seo a leanas:

Aistriúchán gan fíorú

**43. Oideachas bunscoile (Bunscoil 0-9 mbliana d'aois)**

- ❑ 1. Ní ghlactar leo ar chor ar bith/Leibhéal glacachta íseal
- ❑ 2. Leibhéal glacachta íseal
- ❑ 3. Leibhéal glacachta measartha
- ❑ 4. Leibhéal glacachta réasúnta ard
- ❑ 5. Ardleibhéal glacachta
- ❑ Ní fios
- ❑ Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

**44. Oideachas Meánscoile (e.g. Dara leibhéal)**

- ❑ 1. Ní ghlactar leo ar chor ar bith/Leibhéal glacachta íseal
- ❑ 2. Leibhéal glacachta íseal
- ❑ 3. Leibhéal glacachta measartha
- ❑ 4. Leibhéal glacachta réasúnta ard
- ❑ 5. Ardleibhéal glacachta
- ❑ Ní fios
- ❑ Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

**45. Oideachas iar-mheánscoile nach oideachas tríú leibhéal é (cúrsaí níos giorra 0, 5-2 bhliain)**

- ❑ 1. Ní ghlactar leo ar chor ar bith/Leibhéal glacachta íseal
- ❑ 2. Leibhéal glacachta íseal
- ❑ 3. Leibhéal glacachta measartha
- ❑ 4. Leibhéal glacachta réasúnta ard
- ❑ 5. Ardleibhéal glacachta
- ❑ Ní fios
- ❑ Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

**46. Oideachas tríú leibhéal B (Gairmoideachas/oideachas gairmiúil 3-4 bliana)**

- ❑ 1. Ní ghlactar leo ar chor ar bith/Leibhéal glacachta íseal
- ❑ 2. Leibhéal glacachta íseal
- ❑ 3. Leibhéal glacachta measartha
- ❑ 4. Leibhéal glacachta réasúnta ard
- ❑ 5. Ardleibhéal glacachta
- ❑ Ní fios
- ❑ Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

**47. Oideachas tríú leibhéal A (Oideachas ollscoile nó taighde 3-8 mbliana)**

- ❑ 1. Ní ghlactar leo ar chor ar bith/Leibhéal glacachta íseal
- ❑ 2. Leibhéal glacachta íseal
- ❑ 3. Leibhéal glacachta measartha
- ❑ 4. Leibhéal glacachta réasúnta ard
- ❑ 5. Ardleibhéal glacachta
- ❑ Ní fios
- ❑ Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

Inis do mheasúnacht le do thoil faoin leibhéal glacachta le daoine LADT ó **dhaltaí eile** ar scoil ar na leibhéil oideachais seo a leanas:

Aistriúchán gan fíorú

**48. Oideachas bunscoile (Bunscoil 0-9 mbliana d'aois)**

- ❑ 1. Ní ghlactar leo ar chor ar bith/Leibhéal glacachta íseal
- ❑ 2. Leibhéal glacachta íseal
- ❑ 3. Leibhéal glacachta measartha
- ❑ 4. Leibhéal glacachta réasúnta ard
- ❑ 5. Ardleibhéal glacachta
- ❑ Ní fios
- ❑ Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

**49. Oideachas Meánscoile (e.g. Dara leibhéal)**

- ❑ 1. Ní ghlactar leo ar chor ar bith/Leibhéal glacachta íseal
- ❑ 2. Leibhéal glacachta íseal
- ❑ 3. Leibhéal glacachta measartha
- ❑ 4. Leibhéal glacachta réasúnta ard
- ❑ 5. Ardleibhéal glacachta
- ❑ Ní fios
- ❑ Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

**50. Oideachas iar-mheánscoile nach oideachas tríú leibhéal é (cúrsaí níos giorra 0, 5-2 bhliain)**

- ❑ 1. Ní ghlactar leo ar chor ar bith/Leibhéal glacachta íseal
- ❑ 2. Leibhéal glacachta íseal
- ❑ 3. Leibhéal glacachta measartha
- ❑ 4. Leibhéal glacachta réasúnta ard
- ❑ 5. Ardleibhéal glacachta
- ❑ Ní fios
- ❑ Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

**51. Oideachas tríú leibhéal B (Gairmoideachas/oideachas gairmiúil 3-4 bliana)**

- ❑ 1. Ní ghlactar leo ar chor ar bith/Leibhéal glacachta íseal
- ❑ 2. Leibhéal glacachta íseal
- ❑ 3. Leibhéal glacachta measartha
- ❑ 4. Leibhéal glacachta réasúnta ard
- ❑ 5. Ardleibhéal glacachta
- ❑ Ní fios
- ❑ Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

**52. Oideachas tríú leibhéal A (Oideachas ollscoile nó taighde 3-8 mbliana)**

- ❑ 1. Ní ghlactar leo ar chor ar bith/Leibhéal glacachta íseal
- ❑ 2. Leibhéal glacachta íseal
- ❑ 3. Leibhéal glacachta measartha
- ❑ 4. Leibhéal glacachta réasúnta ard
- ❑ 5. Ardleibhéal glacachta
- ❑ Ní fios
- ❑ Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

Aistriúchán gan fíorú

Inis do mheasúnacht le do thoil faoina thuisceanaí is a bhítear sna **curaclaim scoile** do shaincheisteanna a bhaineann le daoine LADT ar na leibhéil oideachais seo a leanas.

**53. Oideachas bunscoile (Bunscoil 0-9 mbliana d'aois)**
- ❑ 1. Níltear tuisceanach
- ❑ 2. Leibhéal tuisceana íseal
- ❑ 3. Measartha tuisceanach
- ❑ 4. Léirítear tuiscint go fairsing
- ❑ 5. An-tuisceanach ar fad
- ❑ Ní fios
- ❑ Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

**54. Oideachas Meánscoile (e.g. Dara leibhéal)**
- ❑ 1. Níltear tuisceanach
- ❑ 2. Leibhéal tuisceana íseal
- ❑ 3. Measartha tuisceanach
- ❑ 4. Léirítear tuiscint go fairsing
- ❑ 5. An-tuisceanach ar fad
- ❑ Ní fios
- ❑ Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

**55. Oideachas iar-mheánscoile nach oideachas tríú leibhéal é (cúrsaí níos giorra 0, 5-2 bhliain)**
- ❑ 1. Níltear tuisceanach
- ❑ 2. Leibhéal tuisceana íseal
- ❑ 3. Measartha tuisceanach
- ❑ 4. Léirítear tuiscint go fairsing
- ❑ 5. An-tuisceanach ar fad
- ❑ Ní fios
- ❑ Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

**56. Oideachas tríú leibhéal B (Gairmoideachas/oideachas gairmiúil 3-4 bliana)**
- ❑ 1. Níltear tuisceanach
- ❑ 2. Leibhéal tuisceana íseal
- ❑ 3. Measartha tuisceanach
- ❑ 4. Léirítear tuiscint go fairsing
- ❑ 5. An-tuisceanach ar fad
- ❑ Ní fios
- ❑ Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

**57. Oideachas tríú leibhéal A (Oideachas ollscoile nó taighde 3-8 mbliana)**
- ❑ 1. Níltear tuisceanach
- ❑ 2. Leibhéal tuisceana íseal
- ❑ 3. Measartha tuisceanach
- ❑ 4. Léirítear tuiscint go fairsing
- ❑ 5. An-tuisceanach ar fad
- ❑ Ní fios

Aistriúchán gan fíorú

- ❑ Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

**Seirbhís Sláinte**
Do mheasúnacht faoi dhaoine LADT maidir le hearnáil na seirbhíse sláinte.

**58. Inis do mheasúnacht le do thoil faoin dearcadh a bhíonn ag pearsanra na seirbhíse sláinte i gcoitinne ar riachtanais sonracha a bhaineann le daoine LADT (e.g. leispiaigh atá ag iarraidh inseamhnaithe saorga nó aitheantas do pháirtithe aon-inscne mar ghaolta/bhaill den teaghlach).**

- ❑ 1. Dearcadh diúltach
- ❑ 2. Dearcadh réasúnta diúltach
- ❑ 3. Dearcadh measartha
- ❑ 4. Dearcadh réasúnta dearfach
- ❑ 5. Dearcadh dearfach
- ❑ Ní fios
- ❑ Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

**59. Inis do mheasúnacht le do thoil faoin dearcadh a bhíonn ag pearsanra na seirbhíse sláinte i gcoitinne ar fhir aeracha a bhfuil veid/seif orthu.**

- ❑ 1. Dearcadh diúltach
- ❑ 2. Dearcadh réasúnta diúltach
- ❑ 3. Dearcadh measartha
- ❑ 4. Dearcadh réasúnta dearfach
- ❑ 5. Dearcadh dearfach
- ❑ Ní fios
- ❑ Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

**Reiligiún**
Do mheasúnacht faoin aitheantas do dhaoine LADT sna príomhreiligiúin.

**60. Is féidir páirtíocht aon-inscne a cheadú i mo thír nó aithnítear páirtíocht aon-inscne faoi: (E.g. an gceadaítear le reiligiún é agus an meastar sa reiligiún gur páirtíocht bhailí atá ann ina dtéarmaí féin) (ceadaítear níos mó ná freagra amháin)**

- ❑ Reiligiún náisiúnta mo thíre
- ❑ Reiligiúin eile i mo thír
- ❑ Ní fios/Neamhbhainteach

**Spóirt**
Do mheasúnacht faoi dhaoine LADT i réimse na spórt.

**61. Inis do mheasúnacht le do thoil faoina mhéad agus is féidir le daoine LADT a bheith oscailte faoina dtreoshuíomh gnéasach agus spórt á chleachtadh acu ar leibhéal príobháideach.**

- ❑ 1. Deiseanna ar bith ann
- ❑ 2. Leibhéal íseal deiseanna
- ❑ 3. Leibhéal measartha deiseanna
- ❑ 4. Leibhéal deiseanna réasúnta ard
- ❑ 5. Ardleibhéal deiseanna

Aistriúchán gan fíorú

- ❑ Ní fios
- ❑ Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

**62. Inis do mheasúnacht le do thoil faoin leibhéal glacachta le daoine, atá oscailte faoi gur daoine LADT iad, i ndáil le spóirt a chleachtadh.**

- ❑ 1. Ní ghlactar leo ar chor ar bith/Leibhéal glacachta íseal
- ❑ 2. Leibhéal glacachta íseal
- ❑ 3. Leibhéal glacachta measartha
- ❑ 4. Leibhéal glacachta réasúnta ard
- ❑ 5. Ardleibhéal glacachta
- ❑ Ní fios
- ❑ Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

**Na Meáin**

Do mheasúnacht faoin gcóir a thugann meáin atá faoi úinéireacht phoiblí do dhaoine LADT (teilifís, nuachtáin, suímh idirlín chraoltóirí poiblí, idirlíon srl.)

**63. Inis do mheasúnacht le do thoil faoin gcóir a thugann na meáin do dhaoine LADT i gcoitinne.**

- ❑ 1. Cóir dhiúltach
- ❑ 2. Cóir réasúnta diúltach
- ❑ 3. Cóir neodrach
- ❑ 4. Cóir réasúnta dearfach
- ❑ 5. Cóir dhearfach
- ❑ Ní fios
- ❑ Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

**64. Inis do mheasúnacht le do thoil faoin stéiréitíopáil a dhéantar ar dhaoine LADT sna meáin seachas cur síos mionchruinn.**

- ❑ 1. Dúchuid stéiréitíopála
- ❑ 2. Stéiréitíopáil éigin
- ❑ 3. An mhéid chéanna den stéiréitíopáil agus den chur síos mionchruinn
- ❑ 4. Léiriúcháin réasúnta mionchruinn
- ❑ 5. Léiriúcháin mionchruinn
- ❑ Ní fios
- ❑ Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

**Saincheisteanna maidir le daoine tras-inscne**

Do mheasúnacht faoin scéal mar atá sé ó thaobh daoine tras-inscne.

**65. Inis do mheasúnacht le do thoil faoi fheasacht foriomlán an phobail ar dhaoine tras-inscne.**

- ❑ 1. Feasacht ar bith/Leibhéal feasachta íseal
- ❑ 2. Leibhéal feasachta réasúnta íseal
- ❑ 3. Leibhéal feasachta measartha
- ❑ 4. Leibhéal feasachta réasúnta ard
- ❑ 5. Feasacht fairsing
- ❑ Ní fios
- ❑ Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

Aistriúchán gan fíorú

**66. Inis do mheasúnacht le do thoil faoi fheasacht údarás poiblí ar dhaoine tras-inscne.**

- ❑ 1. Feasacht ar bith/Leibhéal feasachta íseal
- ❑ 2. Leibhéal feasachta réasúnta íseal
- ❑ 3. Leibhéal feasachta measartha
- ❑ 4. Leibhéal feasachta réasúnta ard
- ❑ 5. Feasacht fairsing
- ❑ Ní fios
- ❑ Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

**67. Inis an tábhacht a bhaineann le húdaráis phoiblí a bheith ag tabhairt aird ar leith ar dhaoine tras-inscne i leith riosca an imeallaithe sóisialta.**

- ❑ 1. Ní bhaineann tábhacht ar bith leis
- ❑ 2. Baineann tábhacht éigin leis
- ❑ 3. Tá sé measartha tábhachtach
- ❑ 4. Tábhachtach
- ❑ 5. An-tábhachtach
- ❑ Ní fios
- ❑ Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

**68. Inis do mheasúnacht le do thoil faoin leibhéal idirdhealaithe i gcoinne daoine tras-inscne laistigh den phobal LADT.**

- ❑ 1. Ardleibhéal
- ❑ 2. Leibhéal réasúnta ard
- ❑ 3. Lárleibhéal
- ❑ 4. Leibhéal réasúnta íseal
- ❑ 5. Idirdhealú ar bith/leibhéal íseal
- ❑ Ní fios
- ❑ Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

**69. Inis do mheasúnacht le do thoil faoi a mhéad is a chuimsíonn tú cúrsaí maidir le daoine tras-inscne, mar fhoghrúpa suaithinseach, in obair d'eagraíochta.**

- ❑ 1. Ní chuimsíonn ar chor ar bith
- ❑ 2. Beagán
- ❑ 3. Go pointe éigin
- ❑ 4. Cuid mhaith
- ❑ 5. Go mór
- ❑ Ní fios
- ❑ Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

**Faoi obair d'eagraíochta maidir leis an homafóibe agus idirdhealú.**

Is é cuspóir na gceisteanna seo ná go mbaileoimid sonraí ar an obair atá á déanamh san Eoraip maidir leis an homafóibe agus idirdhealú ar fhorais an treoshuímh ghnéasaigh.

Aistriúchán gan fíorú

**70. An bhfuil aon chuntais, athbhreithnithe nó tuarascálacha scríofa ag d’eagraíocht ar staid reatha cúrsaí maidir le daoine LADT?**

- Tá
- Níl
- Ní fios
- Neamhbhainteach/Ní ceist ábhartha í

**71. Inis roinnt de na réimsí atá clúdaithe agat sna cuntais scríofa le do thoil.**

- Tuairimí Coitianta
- An Margadh Saothair
- Mionlaigh Eitneacha
- Saincheisteanna teaghlaigh agus sóisialta
- Saoirse chomhthionóil
- Dlí Coiriúil
- Fuathchoireanna
- Oideachas
- Seirbhís sláinte
- Spóirt
- Na Meáin
- Saincheisteanna maidir le daoine tras-inscne
- Eile (Cuir réimse ábhartha eile isteach)

**72. Más féidir, inis roinnt de na teidil a bhí ar na cuntais, athbhreithnithe nó tuarascálacha a luadh le do thoil.**

- Cuir téacs isteach

**73. Má tá aon samplaí deachleachtais atá i d’eagraíocht /arna chomhlíonadh ag d’eagraíocht, inis thíos iad le do thoil (e.g. oideachas d’fhostaithe sa tseirbhís phoiblí maidir le saincheisteanna a bhaineann le mionlaigh nó tionscnaimh i gcoinne an idirdhealaithe lena n-áirítear an treoshuíomh gnéasach). Mura bhfuil aon tuairimí agat, fág an spás folamh.**

- Cuir téacs isteach

**74. Má tá aon tuairimí eile agat maidir leis an idirdhealú i gcoinne daoine LADT, a bhaineann le do thírse go sonrach, inis thíos iad. Mura bhfuil aon tuairimí agat, fág an spás folamh.**

- Cuir téacs isteach

*[ná freagair ach sa chás gur NGO nó Comhlacht Comhionannais do chomhlacht atá i gceist]*

**75. Ba mhaith le *DIHR* [Institiúid na Danmhairge um Chearta an Duine] agus COWI cuairt a thabhairt ort i mí Mhárta/Aibreáin. Má tá aon ábhair ann gur mhaith leat a ardú agus a phlé linn, inis thíos iad le do thoil.**

- Cuir téacs isteach

**76. Má tá aon tuairimí eile agat maidir leis an suirbhé, inis thíos iad le do thoil.**

Aistriúchán gan fíorú

- ❑ Cuir téacs isteach

Brúigh an cnaipe “*next*” chun freagraí a shábháil agus an ceistneoir a dhúnadh.
**Go raibh maith agat as do rannchuidiú leis an suirbhé seo.**

Aistriúchán gan fíorú